



Uimhir 26 de 2006

AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL 2006

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

CUID 1

RÉAMHRAITEACH AGUS GINEARÁLTA

Section

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme.
2. Léiriú.
3. Rialacháin.
4. Caiteachais.

CUID 2

CIONTA A IMSCRÚDÚ

5. Áit a ainmniú mar láthair choire.
6. Barántais chuardaigh i ndáil le cionta inghabhála.
7. Cumhacht chun fianaise a urghabháil agus a choimeád.
8. Cionta inghabhála.
9. Leasú ar alt 4 d'Acht 1984.
10. Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Gáinneail ar Dhruaí) 1996.
11. Leasú ar alt 42 den Acht um Cheartas Coiriúil 1999.
12. Cumhacht an Gharda Síochána chun grianghraif a dhéanamh de dhaoine gafa.
13. Leasú ar Acht 1984.
14. Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Fianaise Dí-Eolaíochta) 1990.

CUID 3

INGHLACTHACHT RÁITEAS FINNÉITHE ÁIRITHE

15. Mínithe (*Cuid 3*).

16. Inghlacthacht raiteas finneithe áirithe.
17. Ráitis finné a thugtar do chiomhaltaí den Gharda Síochána.
18. Ráitis finné eile.
19. Rialacháin maidir le ráitis finné áirithe a thaifeadtar.
20. Leasú ar alt 4E d'Acht 1967.

CUID 4

ACHOMHAIRC IN IMEACHTAÍ COIRIÚLA ÁIRITHE

21. Ceist dlí a tharchur chun na Cúirte Uachtaraí.
22. Ní bheidh dul thar bhreith na Cúirte Achomhairc Choiriúil ach amháin ar dheimhniú ón gCúirt, ón Ard-Aighne nó ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.
23. Leasú ar alt 2(2) den Acht um Cheartas Coiriúil 1993.
24. Achomharc i gcoinne ordaithe le haghaidh costas.

CUID 5

LEASÚ AR ACHTANNA NA NÁRM TINE

25. Mínithe (*Cuid 5*).
26. Leasú ar alt 1 den Phríomh-Acht.
27. Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht.
28. Alt nua 2A sa Phríomh-Acht.
29. Alt nua 2B sa Phríomh-Acht.
30. Alt nua a chur in ionad alt 3 den Phríomh-Acht.
31. Alt nua 3A sa Phríomh-Acht.
32. Alt nua a chur in ionad alt 4 den Phríomh-Acht.
33. Alt nua 4A sa Phríomh-Acht.
34. Alt nua 4B sa Phríomh-Acht.
35. Alt nua a chur in ionad alt 5 den Phríomh-Acht.
36. Leasú ar alt 6 den Phríomh-Acht.
37. Leasú ar alt 8 den Phríomh-Acht.
38. Leasú ar alt 9 den Phríomh-Acht.
39. Leasú ar alt 10 den Phríomh-Acht.
40. Alt nua 10A sa Phríomh-Acht.
41. Leasú ar alt 11 den Phríomh-Acht.
42. Alt nua a chur in ionad alt 15 den Phríomh-Acht.

[2006.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil 2006.* [Uimh. 26.]

43. Alt nua 15A sa Phríomh-Acht.
44. Leasú ar alt 17 den Phríomh-Acht.
45. Alt nua a chur in ionad alt 25 den Phríomh-Acht.
46. Alt nua 25A den Phríomh-Acht.
47. Alt nua 25B sa Phríomh-Acht.
48. Alt nua 25C sa Phríomh-Acht.
49. Alt nua 25D sa Phríomh-Acht.
50. Alt nua a cur in ionad alt 27 den Phríomh-Acht.
51. Alt nua 27A sa Phríomh-Acht.

Leasú ar Acht na nArm Tine 1964

52. Leasú ar alt 1 d'Acht na nArm Tine 1964.
53. Alt nua a chur in ionad alt 9 d'Acht na nArm Tine 1964.
54. Leasú ar alt 11 d'Acht na nArm Tine 1964.
55. Leasú ar alt 13 d'Acht na nArm Tine 1964.
56. Leasú ar alt 21 d'Acht na nArm Tine 1964.
57. Alt nua a chur in ionad alt 26 d'Acht na nArm Tine 1964.
58. Alt nua a chur in ionad alt 27 d'Acht na nArm Tine 1964.
59. Alt nua a chur in ionad alt 27A d'Acht na nArm Tine 1964.
60. Alt nua a chur in ionad alt 27B d'Acht na nArm Tine 1964.
61. Alt nua 27C in Acht na nArm Tine 1964.

Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil 1984

62. Leasú ar alt 15 den Acht um Cheartas Coiriúil 1984.

Leasú ar Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach 1990

63. Leasú ar Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach 1990.
64. Alt nua 8A d' Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach 1990.
65. Alt nua 12A in Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach 1990.
66. Leasú ar alt 1 d'Acht na nArm Tine (Deimhniú Airm Tine do Neamhchónaitheoirí) 2000.
67. Leasú ar alt 2 d'Acht na nArm Tine (Deimhniú Airm Tine do Neamhchónaitheoirí) 2000.

CUID 6

LEASÚ AR AN *Explosives Act* 1875

68. Alt nua a chur in ionad alt 80 den *Explosives Act* 1875.
69. Leasuithe eile ar an *Explosives Act* 1875.

CUID 7

COIREACHT EAGRAITHE

70. Léiriú (*Cuid 7*).
71. Cion comhcheilge.
72. Coireacht eagraithe.
73. Cion a dhéanamh thar ceann eagraíochta coiriúla.
74. Imeachtaí a bhaineann le cionta a dhéantar lasmuigh de Stát.
75. Fianaise in imeachtaí faoin gCuid seo.
76. Dliteanas i leith cionta arna ndéanamh ag comhlachtaí corpraithe.
77. Contúirt dhúbailte.
78. Leasú ar Acht 1967.
79. Leasú ar an Sceideal a ghabhann leis an Acht um Bannaí 1997.

CUID 8

MÍ-ÚSÁID DRUGAÍ

80. Míniú.
81. Leasú ar alt 15A d'Acht 1997.
82. Drugaí rialaithe os cionn luach áirithe a allmhairiú.
83. Drugaí rialaithe a sholáthar isteach i bpríosúin agus in áiteanna coinneála.
84. Leasú ar alt 27 d'Acht 1977.
85. Leasú ar alt 29 d'Acht 1977.
86. Leasú ar alt 3(1) den Acht um Cheartas Coiriúil 1994.

CUID 9

OIBLEAGÁIDÍ CIONTÓIRÍ GAINNEÁLA AR DHRUGAÍ FAISNÉIS ÁIRITHE A CHUR IN IÚL

87. Mínithe (*Cuid 9*).
88. Cionta gáinneala ar dhrugaí chun críocha na Coda seo.
89. Daoine atá faoi réir cheanglais na Coda seo.

[2006.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil 2006.* [Uimh. 26.]

90. An treimhse ar lena linn a bheidh duine faoi réir cheanglais na Coda seo agus nithe gaolmhara.
91. Faisnéis a sholáthar chun comhlíonadh na Coda seo a éascú.
92. Ceanglais maidir le fógra a thabhairt.
93. Urscaoileadh ón oibleagáid ceanglais na Coda seo a chomhlíonadh.
94. Cionta i dtaca le ceanglais a bhaineann le fógra a thabhairt.
95. Feidhm na Coda seo maidir le daoine a chiontaítear lasmuigh den Stát.
96. Deimhnithe mar fhianaise go bhfuil duine faoi réir cheanglais na Coda seo.
97. Cruthúnas ar chiontú coigríche i gcásanna áirithe.

CUID 10

PIANBHREITH A GHEARRADH

98. Mínithe (*Cuid 10*).
99. Cumhacht chun pianbhreith a chur ar fionraí.
100. Fíneáil a fhorchur agus pianbhreith a chur siar.
101. Ordú srianta gluaiseachta.
102. Faireachán leictreonach ar ordú srianta gluaiseachta.
103. Ordú srianta gluaiseachta a athrú.
104. Forálacha maidir le níos mó na ordú srianta gluaiseachta amháin.
105. Gan ordú srianta gluaiseachta a chomhlíonadh.
106. Leasú ar alt 5 den Acht um Cheartas Ciriúil 1951.
107. Fianaise dhoiciméadach i ndáil le ciontóirí.
108. Scaoileadh saor sealadach príosúnach.
109. Fianaise dhoiciméadach i ndáil le príosúnaigh a scaoileadh saor go sealadach.
110. Leasú ar alt 2(1) den Acht um Cheartas Coiriúil 1960.
111. Rialacháin maidir le feistí faireacháin leictreonaigh.
112. Faireachán leictreonach.

CUID 11

IMEACHTAÍ SIBHIALTA I NDÁIL LE HIOMPAR FRITHSHÓISIALTA

113. Léiriú agus feidhm na Coda seo.
114. Rabhaidh iompair.

115. Orduithe sibhialta.
116. Achomhairc i gcoinne ordaithe sibhialta.
117. Cuionta.
118. Cúnamh dlíthiúil.
119. Rialacháin (cúnamh dlíthiúil).

CUID 12

LEASÚ AR ACHT NA LEANAÍ 2001

120. Léiriú (*Cuid 12*).
121. Leasú ar alt 2 d'Acht 2001.
122. Leasú ar alt 3 d'Acht 2001.
123. Alt nua a chur in ionad alt 18 d'Acht 2001.
124. Leasú ar alt 19 d'Acht 2001.
125. Leasú ar alt 23 d'Acht 2001.
126. Alt nua a chur in ionad alt 48 d'Acht 2001.
127. Alt nua a chur in ionad alt 49 d'Acht 2001.
128. Leasú ar ar an Teideal a ghabhann le Cuid 5 d'Acht 2001.
129. Alt nua a chur in ionad alt 52 d'Acht 2001.
130. Leasú ar alt 53 d'Acht 2001.
131. Leasú ar alt 59 d'Acht 2001.
132. Alt nua 76A in Acht 2001.
133. Alt nua 76B in Acht 2001.
134. Alt nua 76C in Acht 2001.
135. Alt nua a chur in ionad alt 88 d'Acht 2001.
136. Leasú ar alt 96 d'Acht 2001.
137. Athrú ar theideal an phríomhoifigigh promhaidh agus leasa.
138. Leasú ar alt 91 d'Acht 2001.
139. Alt nua a chur in ionad alt 93 d'Acht 2001.
140. Leasú ar alt 136 d'Acht 2001.
141. Alt nua a chur in ionad alt 149 d'Acht 2001.
142. Leasú ar alt 155 d'Acht 2001.
143. Alt nua 156A in Acht 2001.
144. Alt nua 156B in Acht 2001.

[2006.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil* 2006. [Uimh. 26.]

145. Leasú ar alt 157 d'Acht 2001.
146. Alt nua a chur in ionad alt 159 d'Acht 2001.
147. Alt nua 159A in Acht 2001.
148. Alt nua 159B in Acht 2001.
149. Leasú ar alt 161 d'Acht 2001.
150. Leasú ar alt 165 d'Acht 2001.
151. Alt nua a chur in ionad alt 185 d'Acht 2001.
152. Alt nua a chur in ionad alt 186 d'Acht 2001.
153. Alt nua 186A in Acht 2001.
154. Alt nua a chur in ionad alt 198 d'Acht 2001.
155. Leasú ar alt 215 d'Acht 2001.
156. Leasú ar alt 227 d'Acht 2001.
157. Leasú ar alt 230 d'Acht 2001.
158. Mionleasuithe agus leasuithe iarmhartacha ar Acht 2001.

CUID 13

IOMPAR FRITHSHÓISIALTA AG LEANAÍ

159. Alt nua 257A in Acht 2001.
160. Alt nua 257B in Acht 2001.
161. Alt nua 257C in Acht 2001.
162. Alt nua 257D in Acht 2001.
163. Alt nua 257E in Acht 2001.
164. Alt nua 257F in Acht 2001.
165. Alt nua 257G in Acht 2001.
166. Alt nua 257H in Acht 2001.

CUID 14

AN COISTE COMHAIRLEACH UM CHÓDÚ AN DLÍ CHOIRIÚIL

167. An Coiste Comhairleach um Chódú an Dlí Choiriúil.
168. Feidhmeanna an Choiste.
169. Comhaltas an Choiste.
170. Coinníollacha oifige chomhaltaí an Choiste.
171. Folúntais i measc chomhaltaí an Choiste.
172. Cruinnithe agus nós imeachta.

[Uimh. 26.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil* 2006. [2006.]

173. Clár Oibre an Choiste.

174. An Coiste a mhaoiniú.

175. Tuarascáil ón gCoiste.

CUID 15

ILGHNÉITHEACH

176. Leanaí a chur i mbaol go meargánta.

177. Srian le halt 10(4) den *Petty Sessions (Ireland) Act* 1851.

178. Leasú ar an Acht Cúirteanna Breithiúnais 1924.

179. Leasú ar Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha) 1961.

180. Breitheamh den Chúirt Dúiche d'fheidhmiú cumhachtaí áirithe lasmuigh de dhúiche chúirte dúiche.

181. Ainmneacha finnétithe áirithe a choimeád ceilte.

182. Faisnéis a bhaineann le maoin arna sealbhú ar iontaobhas.

183. Airteagal atá beartaithe lena úsáid i dtaca le cionta áirithe a shealbhú.

184. Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 1994.

185. Leasú ar alt 19 den Acht un Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 1994.

186. Leasú ar alt 1 den Acht um Cheartas Coiriúil (Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Céastóireachta) 2000.

187. Leasú ar an Acht um Chiontaí in Aghaidh an Stáit 1939.

188. Leasú ar alt 5 den Acht um Fhianaise Choiriúil 1992.

189. Leasú ar alt 16B(7) den Acht um Fháltais ó Chuireacht 1996.

190. Leasú ar alt 14 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Choiriúla 1996.

191. Leasú ar alt 5 den Acht um Éilliú a Chosc (Leasú) 2001.

192. Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001.

193. Leasú ar alt 25 den *Petty Sessions (Ireland) Act* 1851.

194. Barántais áirithe a fhorghníomhú.

195. Príosúnacht nó tochsál agus díol earraí i gcás ina mainneofar fíneáil a íoc tar éis ciontú ar díotáil.

196. Leasú ar alt 6(2)(a) den Acht um an Dlí Coiriúil 1976.

197. Leasú ar alt 13 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006.

[2006.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil 2006.* [Uimh. 26.]

SCEIDEAL 1

MÉADÚ AR PHIONÓIS ÁIRITHE FAOI ACHTANNA NA nARM TINE 1925
GO 2000

SCEIDEAL 2

MEADÚ AR PHIONÓIS ÁIRITHE FAOIN *Explosives Act 1875*

SCEIDEAL 3

CIONTA CHUN CRÍOCHA ORDUITHE SRIANTA GLUAISEACHTA

SCEIDEAL 4

MIONLEASUITHE AGUS LEASUITHE IARMHARTACHA AR ACHT NA
LEANÁI 2001

[Uimh. 26.] An tAcht um Cheartas Coiriúil 2006. [2006.]

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht um Bannaí 1997	1997, Uimh. 16
An tAcht um Chúram Leanaí 1991	1991, Uimh. 17
<i>Children Act</i> 1908	8 Edw. 7., c. 67
Acht na Leanaí 2001	2001, Uimh. 24
Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha) 1961	1961, Uimh. 39
An tAcht Cúirteanna Breithiúnais 1924	1924, Uimh. 10
An tAcht Cúirteanna Breithiúnais 1928	1928, Uimh. 15
An tAcht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla 1996	1996, Uimh. 31
An tAcht um Fhianaise Choiriúil 1992	1992, Uimh. 12
An tAcht um Cheartas Coiriúil 1951	1951, Uimh. 2
An tAcht um Dhlínse Choiriúil 1960	1960, Uimh. 27
An tAcht um Cheartas Coiriúil 1984	1984, Uimh. 22
An tAcht um Cheartas Coiriúil 1993	1993, Uimh. 6
An tAcht um Cheartas Coiriúil 1994	1994, Uimh. 15
An tAcht um Cheartas Coiriúil 1999	1999, Uimh. 10
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Gáinneáil ar Dhrugaí) 1996	1996, Uimh. 29
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Fianaise Dlí-Eolaíochta) 1990	1990, Uimh. 34
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Dlíthiúil) 1962	1962, Uimh. 12
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 1997	1997, Uimh. 4
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 1994	1994, Uimh. 2
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005	2005, Uimh. 2
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001	2001, Uimh. 50
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in Aghaidh Céastóireachta) 2000	2000, Uimh. 11
An tAcht um an Dlí Coiriúil 1976	1976, Uimh. 32
An tAcht um an Dlí Coiriúil 1977	1997, Uimh. 14
An tAcht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006	2006, Uimh. 11
An tAcht um an Dlí Coiriúil (Dlínse) 1976	1976, Uimh. 14
An tAcht um an Dlí Coiriúil (Banéigean)(Leasú) 1990	1990, Uimh. 32
<i>Criminal Procedure Act</i> 1865	28 & 29 Vict., c. 18
An tAcht um Nós Imeachta Coiriúil 1967	1967, Uimh. 12
An tAcht Oideachais 1998	1998, Uimh. 51
An tAcht um Barántas Gabhála Eorpach 2003	2003, Uimh. 45
<i>Explosives Act</i> 1875	38 & 39 Vic., c. 17
An tAcht um Eiseachadadh 1965	1965, Uimh. 17
Acht na nArm Teine 1925	1925, Uimh. 17
Acht na nArm Tine 1964	1964, Uimh. 1
Achtanna na nArm Tine 1925 go 2000	
Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach 1990	1990, Uimh. 12
Acht na nArm Tine (Deimhnithe Airm Tine do Neamhchónaitheoirí) 2000	2000, Uimh. 20
Acht an Gharda Síochána 2005	2005, Uimh. 20
An tAcht Cuanta 1946	1946, Uimh. 9
Na hAchtanna Sláinte 1947 go 2006	
An tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2005	2005, Uimh. 27
An tAcht Inimirce 2004	2004, Uimh. 1

[2006.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil 2006.* [Uimh. 26.]

An tAcht Rialtais Áitiúil 2001	2001, Uimh. 37
An tAcht Loingis Thráchtála 1955	1955, Uimh. 29
An tAcht um Mí-Úsáid Drugaí 1977	1977, Uimh. 12
An tAcht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997	1997, Uimh. 26
An tAcht um Chiontaí in Aghaidh an Stáit 1939	1939, Uimh. 13
Na Achtanna um Chiontaí in Aghaidh an Stáit 1939 go 1998	
<i>Petty Sessions (Ireland) Act</i> 1851	14 & 15 Vict., c. 93
<i>Police (Property) Act</i> 1897	60 & 61 Vict., c. 30
An tAcht um Éilliú a Chosc (Leasú) 2001	2001, Uimh. 27
Na hAchtanna um Éilliú a Chosc 1889 go 2001	
Acht na bPríosún 1970	1970, Uimh. 11
Achtanna na bPríosún 1826 to 1980	
An tAcht um Fháiltais ó Choireacht 1996	1996, Uimh. 30
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 1961	1961, Uimh. 24
An tAcht um Chiontóirí Gnéis 2001	2001, Uimh. 18
An tAcht i dTaobh Dearbhuithe Reachtúla 1938	1938, Uimh. 37
An tAcht Oideachais Ghairme Beatha 1930	1930, Uimh. 39
An tAcht um Fhiadhúlra 1976	1976, Uimh. 39



Uimhir 26 de 2006

AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL 2006

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO LEASÚ AGUS DO LEATHNÚ CHUMHACHTAÍ AN GHARDA SÍOCHÁNA I nDÁIL LE CIONTA A IMSCRÚDÚ; DO LEASÚ AN DLÍ CHOIRIÚIL AGUS NÓS IMEACHTA COIRIÚIL AR SHLITE EILE, LENA nÁIRÍTEAR SOCRÚ A DHÉANAMH MAIDIR LE hINGHLACTHACHT RÁITEAS FINNÉITHE ÁIRITHE I bhFIANAISE, LEATHNÚ A DHÉANAMH AR NA hIMTHOSCA INA bhFÉADFAIDH AN tARD-AIGHNE SA CHÁS NÓ, MÁ S RUD É GURB É NÓ Í AN tÚDARÁS IONCHÚISIMH SA TRIAIL, AN STIÚRTHÓIR IONCHÚISEAMH POIBLÍ CEIST DLÍ A THARCHUR CHUIG AN gCÚIRT UACHTARACH LENA CINNEADH NÓ ACHOMHARC A DHÉANAMH IN IMEACHTAÍ COIRIÚLA, SOCRÚ A DHÉANAMH MAIDIR LE CIONTA A BHAINÉANN LE COIREACHT EAGRAITHE, LEASUITHE AR AN ACHT UM MÍ-ÚSÁID DRUGAÍ 1977, OIBLEAGÁID, AR MHAITHE LE LEAS AN PHOBAIL, AR DHAOINE A CHIONTAÍTEAR AR DÍOTÁIL I gCIONTA ÁIRITHE GÁINNEÁLA AR DHRUGAÍ FAISNÉIS ÁIRITHE A CHUR IN IÚL DON GHARDA SÍOCHÁNA, FORÁLACHA A BHAINÉANN LE PIANBHREITH A GHEARRADH, SRIANADH AR NA CIONTA LENA mBAINÉANN ALT 10(4) DEN *PETTY SESSIONS (IRELAND) ACT* 1851, LEASÚ AR DHLÍNSE NA CÚIRTE DÚICHE AGUS NA CÚIRTE CUARDA IN ÁBHAIR CHOIRIÚLA, MUIRIR SHEASTA A FHORCHUR I LEITH CIONTA ÁIRITHE FAOIN ACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL (ORD POIBLÍ) 1994, AGUS LEASÚ AR AN *PETTY SESSIONS (IRELAND) ACT* 1851, AR LEASÚ É A BHAINÉANN LE hEISIÚINT AGUS LE FORGHNÍOMHÚ BARÁNTAS ÁIRITHE; DO LEASÚ ACHTANNA NA nARM TINE 1925 GO 2000 AGUS AN *EXPLOSIVES ACT* 1875; DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE hIOMPAR FRITHSHÓISIALTA AG AOSAIGH AGUS AG LEANAÍ; DO LEASÚ ACHT NA LEANAÍ 2001; DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE COMHLACHT A BHUNÚ AR A dTABHARFAR AN COISTE COMHAIRLEACH UM CHÓDÚ AN DLÍ CHOIRIÚIL NÓ, SA BHÉARLA, *the CRIMINAL LAW CODIFICATION ADVISORY COMMITTEE*, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[16 Iúil, 2006]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Gearrtheideal agus
tosach feidhme.

1.—(1) Féadfar an tAcht um Cheartas Coiriúil 2006 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo, seachas *Codanna 11* agus *13*, i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

(3) Tagann *Codanna 11* agus *13* i ngníomh cibé lá nó laethanta a dhéanfaidh an tAire, tar éis comhairle a ghlacadh le Coimisinéir an Gharda Síochána, a cheapadh le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

(4) Féadfar Achtanna na nArm Tine 1925 go 2006 a ghairm d'Achtanna na nArm Tine 1925 go 2000, de *Chuid 5* agus de *Sceideal 1* le chéile agus forléireofar le chéile iad mar aon ní amháin.

(5) Féadfar na hAchtanna Pléascán 1875 agus 2006 a ghairm den *Explosives Act 1875*, de *Chuid 6* agus de *Sceideal 2* le chéile agus forléireofar le chéile iad mar aon ní amháin.

(6) Folóidh an comhlua “na hAchtanna um Mí-Úsáid Drugaí 1977 go 2006” Cuid II (seachas alt 7) den Acht um Cheartas Coiriúil 1999 agus *Cuid 8* (seachas alt 86) agus déanfar na hAchtanna sin agus na *Codanna* sin (seachas na hailt atá sonraithe) a fhorléiriú le chéile mar aon ní amháin.

Léiriú.

2.—(1) San Acht seo mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—

ciallaíonn “Acht 1939” an tAcht um Chiontaí in Aghaidh an Stáit 1939;

ciallaíonn “Acht 1967” an tAcht um Nós Imeachta Coiriúil 1967;

ciallaíonn “Acht 1984” an tAcht um Cheartas Coiriúil 1984;

tá le “cion inghabhála” an bhrí atá leis in alt 2 (arna leasú le *hált 8*) den Acht um an Dlí Coiriúil 1997;

ciallaíonn “Aire” an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí;

folaíonn “áit” teaghais.

(2) San Acht seo, i gcás ina n-éilíonn an comhthéacs amhlaidh—

(a) déanfar tagairt do chion a fhorléiriú mar thagairt a fholaíonn tagairt do chion amhrasta, agus

(b) déanfar tagairt do chion a dhéanamh a fhorléiriú mar thagairt a fholaíonn tagairt d'iarracht ar chion a dhéanamh.

3.—(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh chun aon ní nó aon rud a fhorordú ar ní nó rud é dá dtagraítear san Acht seo mar ní nó rud atá forordaithe nó le forordú. Rialacháin.

(2) Déanfar gach rialachán faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhniú dá réir sin ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

4.—Déanfar na caiteachais a thabhoídh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas. Caiteachais.

CUID 2

CIONTA A IMSCRÚDÚ

5.—(1) I gcás ina mbeidh comhalta den Gharda Síochána— Áit a ainmniú mar láthair choire.

(a) in áit phoiblí, nó

(b) in aon áit eile faoi chumhacht chun dul isteach ar cumhacht í a údaraíodh le dlí nó in aon áit eile a ndearnadh, go sainráite nó go hintuigthe, cuireadh a thabhairt dó nó di dul isteach ann nó cead a thabhairt dó nó di a bheith ann,

agus go mbeidh forais réasúnacha aige nó aici chun a chreidiúint—

(i) go ndearnadh cion inghabhála, go bhfuil cion inghabhála á dhéanamh, nó go mb'fhéidir go ndearnadh cion inghabhála, san áit, nó

(ii) go bhfuil, nó go mb'fhéidir go bhfuil, san áit, fianaise go ndearnadh cion inghabhála nó fianaise a bhaineann le cion inghabhála a dhéanamh, ar cion inghabhála é a rinneadh, nó go mb'fhéidir go ndearnadh é, in áit eile,

féadfaidh sé nó sí, go dtí go dtabharfar ordachán faoi *fho-alt (3)* i ndáil leis an áit, cibé bearta de na bearta a shonraítear i *bhfo-alt (4)* a dhéanamh a mheasfaidh sé nó sí le réasún is gá chun go gcaomhnófar aon fhianaise go ndearnadh an cion nó aon fhianaise a bhaineann leis an gcion a dhéanamh.

(2) Déanfaidh comhalta den Gharda Síochána a bheidh a fheidhmíonn cumhachtaí faoi *fho-alt (1)*, a luaithe is indéanta le réasún, a iarraidh, nó a chur faoi deara go ndéanfar iarraidh, ar chomhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná ceannfort ordachán a thabhairt faoi *fho-alt (3)* i ndáil leis an áit lena mbaineann.

(3) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná ceannfort ordachán a thabhairt lena n-ainmneofar áit mar láthair choire más rud é go bhfuil forais réasúnacha aige nó aici chun a chreidiúint—

(a) gurb amhlaidh—

- (i) go ndearnadh cion inghabhála, go bhfuil cion inghabhála á dhéanamh, nó go mb'fhéidir go ndearnadh cion inghabhála, san áit, nó
- (ii) go bhfuil, nó go mb'fhéidir go bhfuil, san áit, fianaise go ndearnadh cion inghabhála nó fianaise a bhaineann le cion inghabhála a dhéanamh, ar cion inghabhála é a rinneadh, nó go mb'fhéidir go ndearnadh é, in áit eile,

agus

- (b) gur gá an áit a ainmniú mar láthair choire chun fianaise a chaomhnú, a chuardach agus a bhailiú ar fianaise í ar an gcion a dhéanamh nó ar fianaise í a bhaineann leis an gcion a dhéanamh.

(4) Údarófar le hordachán faoi *fho-alt* (3) do cibé comhaltaí den Gharda Síochána a mheasfaidh comhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná ceannfort is cuí, cibé bearta a dhéanamh, lena n-áirítear gach beart nó aon bheart díobh seo a leanas, a mheasfaidh siad is gá le réasún chun fianaise a chaomhnú, a chuardach agus a bhailiú sa láthair choire lena baineann an t-ordachán:

- (a) limistéar na láithreach coire a líniú agus a leithlisiú trí fhógraí, marcálacha nó bacainní;
- (b) a ordú do dhuine imeacht ón láthair choire;
- (c) duine nach gcomhlíonann ordachán imeacht ón láthair choire a dhíchur;
- (d) a ordú do dhuine gan dul isteach sa láthair choire;
- (e) duine a chosc ar dhul isteach sa láthair choire;
- (f) a cheadú do dhuine a bheidh údaraithe faoi *fho-alt* (5) dul isteach sa láthair choire;
- (g) duine a chosc ar aon rud ar fianaise é, nó a d'fhéadfadh a bheith ina fhianaise, a dhíchur nó ar chur isteach ar shlí eile ar an láthair choire nó ar aon rud ag an láthair;
- (h) a áirithiú nach dtarlaíonn aon fhoghail nó corraíl neamhúdaraithe sa láthair choire;
- (i) an láthair choire a chuardach agus an láthair agus aon rud ag an láthair a scrúdú; agus
- (j) grianghraif a thógáil den láthair choire nó d'aon rud ag an láthair nó an láthair choire nó aon rud ag an láthair a thaifeadadh ar shlí eile.

(5) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná ceannfort a údarú do cibé daoine is cuí leis nó léi dul isteach i láthair choire chun críche sonraithe agus go ceann cibé tréimhse a chinnfidh sé nó sí.

(6) Ní bheidh an tréimhse a mbeidh ordachán faoi *fho-alt* (3) i bhfeidhm lena linn níos faide ná mar is gá le réasún chun an fhianaise lena mbaineann a chaomhnú, a chuardach agus a bhailiú.

(7) Faoi réir *fho-alt* (9) go (11), scoirfidh ordachán faoi *fho-alt* (3) i ndáil le háit seachas áit phoiblí de bheith i bhfeidhm 24 huaire an chloig tar éis é a thabhairt.

(8) (a) Féadfar ordachán faoi *fho-alt* (3) a thabhairt ó bhéal nó i scríbhinn agus, más ó bhéal a thabharfar é, taifeadfar i scríbhinn é a luaithe is indéanta le réasún ach ní fhágfaidh mainneachtain an t-ordachán a thaifeadadh, aisti féin, go mbeidh aon fhianaise áirithe neamh-inghlactha.

(b) Maidir le hordachán faoi *fho-alt* (3) nó, más ó bhéal a thugtar é, maidir leis an taifead scríofa air, beidh sé sínithe ag an gcomhalta den Gharda Síochána a thugann é, tabharfar tuairisc ann ar an áit atá ainmnithe leis an ordachán mar láthair choire, luafar ann an dáta agus an t-am ar tugadh é, ainm agus céim an chomhalta a thugann é agus go bhfuil forais réasúnacha ag an gcomhalta chun a chreidiúint go bhfuil gá leis an ordachán chun an fhianaise lena mbaineann a chaomhnú, a chuardach agus a bhailiú.

(9) Más deimhin le breitheamh den Chúirt Dúiche, trí fhaisnéis faoi mhionn ó chomhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná ceannfort—

(a) go bhfuil ordachán faoi *fho-alt* (3) i bhfeidhm ar ordachán é lena n-ainmnítear áit mar láthair choire,

(b) go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhfuil, nó go mb'fhéidir go bhfuil, fianaise ag an láthair choire,

(c) gur gá an t-ordachán a choimeád i bhfeidhm chun aon fhianaise den sórt sin a chaomhnú, a chuardach agus a bhailiú, agus

(d) go bhfuil imscrúdú an chiona lena mbaineann aon fhianaise den sórt sin á sheoladh go dícheallach dlúsúil,

féadfaidh an breitheamh ordú a dhéanamh lena gcoimeádfar an t-ordachán i bhfeidhm go ceann cibé tréimhse breise, nach faide ná 48 n-uaire an chloig, a shonrófar san ordú agus dar tosach deireadh na tréimhse a bhfuil an t-ordachán i bhfeidhm lena linn.

(10) Ní fhéadfar ordachán faoi *fho-alt* (3) a choimeád i bhfeidhm faoi *fho-alt* (9) níos mó ná trí huaire.

(11) Más deimhin leis an Ard-Chúirt, ar iarratas chuige sin a bheith déanta chuici ag comhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná ceannfort—

(a) go bhfuil ordachán faoi *fho-alt* (3) i bhfeidhm ar ordachán é lena n-ainmnítear áit mar láthair choire,

(b) go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhfuil, nó go mb'fhéidir go bhfuil, fianaise ag an láthair choire,

(c) go bhfuil imthosca eisceachtúla ann a fhágann gur ceart an t-ordachán a choimeád i bhfeidhm chun aon fhianaise den sórt sin a chaomhnú, a chuardach agus a bhailiú, agus

- (d) go bhfuil imscrúdú an chiona lena mbaineann aon fhianaise den sórt sin á sheoladh go dícheallach dlúsúil,

féadfaidh an Chúirt ordú a dhéanamh lena gcoimeádfar an t-ordachán i bhfeidhm ar feadh cibé tréimhse is cuí léi agus a bheidh sonraithe san ordú (cibé acu a coimeádadh nó nár coimeádadh an t-ordachán i bhfeidhm faoi *fho-alt (9)*) agus dar tosach deireadh na tréimhse a bhfuil an t-ordachán i bhfeidhm lena linn.

(12) Déanfaidh comhalta den Gharda Síochána a bheartaíonn iarratas a dhéanamh faoi *fho-alt (9)* nó (*11*), más indéanta le réasún déanamh amhlaidh sula ndéanfar an t-iarratas, fógra ina thaobh a thabhairt dóibh seo a leanas—

- (a) áititheoir na háite is ábhar don iarratas, nó
- (b) murab indéanta le réasún céannacht an áititheora, nó an áit a bhfuil an t-áititheoir, a fháil amach nó, i gcás an áit a bheith neamháitithe, an t-úinéir, mura rud é nach bhfuil sé indéanta le réasún céannacht an úineára, nó an áit a bhfuil an t-úinéir, a fháil amach.

(13) Más rud é, ar iarratas faoi *fho-alt (9)* nó (*11*), go ndéanann úinéir nó áititheoir na háite lena mbaineann iarratas go dtabharfaidh an Chúirt éisteacht dó nó di, ní dhéanfar ordú faoi *fho-alt (9)* nó (*11*), de réir mar is cuí, mura rud é go mbeidh deis tugtha don duine éisteacht a fháil.

(14) Féadfaidh an Ard-Chúirt nó breitheamh den Chúirt Dúiche, de réir mar is cuí, cibé coinníollacha is cuí leis an gCúirt nó leis an mbreitheamh a chur ag gabháil le hordú faoi *fho-alt (9)* nó (*11*) chun leasanna áititheoir nó úinéir na háite is ábhar don ordú a chosaint.

(15) Measfar go leanann ordachán faoi *fho-alt (3)* de bheith i bhfeidhm go dtí go ndéantar iarratas faoi *fho-alt (9)* nó (*11*) a chinneadh más rud é—

- (a) go bhfuil an t-ordachán i bhfeidhm an tráth a dhéantar an t-iarratas, agus
- (b) go rachadh an t-ordachán in éag, murach an fo-alt seo, roimh chinneadh an iarratais de dheasca deis a thabhairt, de bhun *fho-alt (13)*, do dhuine éisteacht a fháil.

(16) Aon duine a chuirfidh bac le comhalta den Gharda Síochána i bhfeidhmiú a chumhachtaí nó a cumhachtaí faoin alt seo, nó a mhainneoidh ordachán faoin alt seo a chomhlíonadh, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear ar é nó í a chiontú go hachomair fíneáil nach mó ná €3,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(17) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána aon duine a ghabháil gan bharántas i gcás drochamhras a bheith ag an gcomhalta, le réasún, ina leith go bhfuil cion faoi *fho-alt (16)* á dhéanamh nó déanta aige nó aici.

(18) Ní choiscfidh aon ní san alt seo—

- (a) áit a ainmniú mar láthair choire, nó
- (b) ar chomhalta den Gharda Síochána aon cheann de na bearta dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)* a dhéanamh ag áit a bheidh ainmnithe amhlaidh.

más rud é go dtoileoidh úinéir nó áititheoir na háite le hainmniú den sórt sin nó le haon cheann de bearta sin a dhéanamh.

(19) San alt seo—

ciallaíonn “fianaise” fianaise ar chion inghabhála a dhéanamh nó fianaise maidir le cion inghabhála a dhéanamh;

folaíonn “caomhnú” i ndáil le fianaise, aon ghníomh chun cosc a chur le ceilt, cailleadh, díchur, díothú, truailliú, scriosadh, foghlú nó athrú na fianaise a chosc.

6.—(1) Leasaítear an tAcht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 1997 —

Barántais chuardaigh i ndáil le cionta inghabhála.

(a) tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 10:

“Barántais chuardaigh i ndáil le cionta inghabhála.

10.—(1) Más rud é gur deimhin le breitheamh den Chúirt Dúiche, trí fhaisnéis faoi mhionn ó chomhalta nach ísle céim ná sáirsint, go bhfuil forais réasúnacha drochamhrais ann go bhfuil fianaise ar chion inghabhála a dhéanamh nó fianaise a bhaineann le cion inghabhála a dhéanamh le fáil in aon áit, féadfaidh an breitheamh barántas a eisiúint chun an áit sin agus aon daoine a gheofar san áit sin a chuardach.

(2) Maidir le barántas cuardaigh faoin alt seo, déarfad ann, agus oibreoidh sé ar chaoi, go n-údaráítear do chomhalta ainmnithe, agus cibé comhaltaí nó daoine eile, nó cibé comhaltaí agus daoine eile, a mheasfaidh an comhalta is gá, in éineacht leis nó léi—

(a) dul isteach san áit atá ainmnithe sa bharántas, aon tráth nó tráthanna laistigh d’aon seachtain amháin ó dháta eisiúna an bharántais, ar an mbarántas a thabhairt ar aird i gcás ina n-iarrfar amhlaidh, agus forneart réasúnach a úsáid chuige sin más gá,

(b) an áit sin agus aon daoine a gheofar san áit sin a chuardach, agus

(c) aon rud a gheofar san áit sin, nó aon rud a gheofar i seilbh duine a bheidh i láthair san áit sin tráth an chuardaigh, a urghabháil, ar rud é a greideann an comhalta sin le réasún ina leith gur fianaise é ar chion inghabhála a dhéanamh nó gur fianaise é a bhaineann le cion inghabhála a dhéanamh.

(3) Féadfaidh comhalta a bheidh ag gníomhú faoi údarás barántais cuardaigh faoin alt seo—

- (a) a cheangal ar aon duine a bheidh i láthair san áit ina bhfuil an cuardach á dhéanamh a ainm agus a sheoladh, nó a hainm agus a seoladh, a thabhairt don chomhalta, agus
- (b) aon duine a ghabháil gan bharántas is duine—
 - (i) a chuirfidh bac, nó a fhéachfaidh le bac a chur, ar an gcomhalta le linn dó nó di a dhualgais nó a dualgais a chomhall,
 - (ii) a mhainneoidh ceanglas faoi mhír (a) a chomhlíonadh, nó
 - (iii) a thabharfaidh ainm nó seoladh a bhfuil cúis réasúnach ag an gcomhalta chun a chreidiúint go bhfuil sé bréagach nó míthreorach.

(4) Aon duine a chuirfidh bac, nó a fhéachfaidh le bac a chur, ar chomhalta a bheidh ag gníomhú faoi údarás barántais cuardaigh faoin alt seo, a mhainneoidh ceanglas faoi fho-alt (3)(a) a chomhlíonadh nó a thabharfaidh ainm nó seoladh bréagach nó míthreorach do chomhalta, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €3,000, nó príosúnacht ar feadh tréimhse nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(5) Maidir leis an gcumhacht chun barántas a eisiúint faoin alt seo, is cumhacht í gan dochar d'aon chumhacht eile a thugtar le reacht chun barántas a eisiúint chun aon áit nó aon duine a chuardach.

(6) San alt seo—

tá le ‘cion inghabhála’ an bhrí atá leis in alt 2 (arna leasú le *halt 8* den *Acht um Cheartas Coiriúil 2006*) den Acht um an Dlí Coiriúil 1997;

ciallaíonn ‘áit’ suíomh fisiciúil agus folaíonn sé—

- (a) teaghais, áit chónaithe nó foirgneamh,

- (b) feithicil, cibé acu inneallghluaiste nó nach ea,
- (c) soitheach, cibé acu soitheach farraige nó nach ea,
- (d) aerárthach, cibé acu atá, nó nach bhfuil, sé inoibrithe, agus
- (e) sciorrárthach.”,

agus

- (b) tríd an gCéad Sceideal a scríosadh.

(2) Ní dhéanfaidh an t-alt seo difear do bhailíocht barántais arna eisiúint faoi alt 10 den Acht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 1997 roimh thosach feidhme an ailt seo agus leanfaidh barántas den sórt sin i bhfeidhm de réir a théarmaí tar éis an tosach feidhme sin.

7.—(1) Más rud é, maidir le comhalta den Gharda Síochána a bheidh—

Cumhacht chun fianaise a urghabháil agus a choimeád.

- (a) atá in áit phoiblí, nó
- (b) atá in aon áit eile faoi chumhacht chun dul isteach ar cumhacht í atá údaraithe le dlí nó ina aon áit eile a ndearnadh, go sainráite nó go hintuigthe, cuireadh a thabhairt dó nó di chun dul isteach ann nó cead a thabhairt dó nó di a bheith ann,

go bhfaighidh sé nó sí, nó go dtiocfaidh ina sheilbh nó ina seilbh, aon rud a mbeidh forais réasúnacha aige nó aici chun a chreidiúint ina leith gur fianaise é ar chion inghabhála a dhéanamh nó gur fianaise é a bhaineann le cion inghabhála a dhéanamh, féadfaidh sé nó sí an rud a urghabháil agus a choimeád, lena úsáid mar fhianaise in aon imeachtaí coiriúla, ar feadh cibé tréimhse is réasúnach ó dháta na hurghabhála nó, má thionscnaítear imeachtaí ina bhfuil an rud a urghabhadh amhlaidh ag teastáil lena úsáid i bhfianaise, go dtí deireadh na n-imeachtaí agus, dá éis sin, beidh feidhm ag an *Police (Property) Act 1897* maidir leis an rud a urghabhadh amhlaidh amháil mar atá feidhm ag an Acht sin maidir le maoin a tháinig i seilbh an Gharda Síochána sna himthosca a luaitear san Acht sin.

(2) Má léirítear, nó má dhealraíonn sé, do chomhalta den Gharda Síochána a bheartaíonn doiciméad a urghabháil nó a choimeád faoin alt seo go ndearnadh, nó go mb'fhéidir sé go ndearnadh, an doiciméad chun comhairle dhlíthiúil ó abhcóide nó aturnaí a fháil nó a thabhairt nó a chur in iúl, ní urghabhfaidh ná ní choimeádfaidh an comhalta an doiciméad mura rud é go bhfuil drochamhras aige nó aici, agus cúis réasúnach ann chuige sin, nach ndearnadh an doiciméad, nó nach bhfuil sé beartaithe, d'aon toisc chun aon cheann de na críocha réamhráite.

(3) Maidir leis an gcumhacht faoin bhfo-alt seo chun fianaise a urghabháil agus a choimeád, is cumhacht í gan dochar d'aon chumhacht eile a thugtar le reacht nó atá infheidhmithe thairis sin ag comhalta den Gharda Síochána chun fianaise a urghabháil agus a choimeád ar fianaise í ar chion a dhéanamh nó ar iarracht cion a

dhéanamh nó ar fianaise í a bhaineann le cion a dhéanamh nó le hiarracht cion a dhéanamh.

Cionta inghabhála

8.—Leasaítear alt 2(1) den Acht um an Dlí Coiriúil 1997 sa mhíniú ar “cion inghabhála” trí “faoi réim agus de bhua aon achtacháin nó an dlí choitinn” a chur in ionad “faoi aon achtachán nó dá bhua”.

Leasú ar alt 4 d’Acht 1984.

9.—Leasaítear alt 4 d’Acht 1984—

(a) i bhfo-alt (1), trí “faoi réim nó de bhua aon achtacháin nó an dlí choitinn” a chur in ionad “faoi réim nó de bhua aon achtacháin”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) (a) I gcás ina ndéanfaidh comhalta den Gharda Síochána duine a ghabháil gan bharántas, cibé acu i stáisiún Garda Síochána nó in áit eile, ar duine é nó í a bhfuil drochamhras ag an gcomhalta air nó uirthi, agus cúis réasúnach ann chuige sin, go ndearna sé nó sí cion lena mbaineann an t-alt seo—

(i) mura bhfuil an duine i stáisiún Garda Síochána cheana féin, féadfar é nó í a thabhairt go dtí stáisiún Garda Síochána agus a choinneáil ann, nó

(ii) má ghabhtar é nó í i stáisiún Garda Síochána, féadfar é nó í a choinneáil sa stáisiún,

ar feadh cibé tréimhse a údaraítear leis an alt seo más rud é, maidir leis an gcomhalta den Gharda Síochána atá i gceannas an stáisiúin a dtugtar an duine chuige tar éis é nó í a ghabháil nó ina ngabhtar é nó í, go bhfuil aige nó aici, an tráth a thagann an duine chuig an stáisiún nó an tráth a ghabhtar é nó í sa stáisiún, de réir mar is cuí, forais réasúnacha chun a chreidiúint gur gá é nó í a choinneáil chun an cion a imscrúdú go cuí.

(b) I gcás ina ngabhann comhalta den Gharda Síochána duine de bhun údaráithe ó bhreitheamh den Chúirt Dúiche faoi alt 10(1), féadfar an duine a thabhairt go dtí stáisiún Garda Síochána agus a choinneáil ann ago ceann cibé tréimhse a údaraítear leis an alt seo más rud é, maidir leis an gcomhalta den Gharda Síochána i gceannas an stáisiúin a dtugtar an duine chuige ar é nó í a ghabháil, go bhfuil forais réasúnacha aige nó aici, an tráth a thagann an duine go dtí an stáisiún, chun a chreidiúint gur gá é nó í a choinneáil chun an cion a imscrúdú go cuí.”,

(c) i bhfo-alt (3)—

(i) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(bb) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná ardcheannfort a ordú go ndéanfar duine atá á choinneáil nó á choinneáil de bhun ordaithe faoi mhír (b) a choinneáil go ceann tréimhse breise nach faide ná dhá uair déag an chloig má tá forais réasúnacha aige nó aici chun a chreidiúint gur gá an choinneáil bhreise sin chun an cion lena mbaineann a imscrúdú go cuí.”,

(ii) i mír (c), trí “mhír (b) nó (bb)” a chur in ionad “mhír (b)”,

agus

(d) i bhfo-alt (9), trí “tráth is faide ná ceithre huair is fiche an chloig” a chur in ionad “tráth is faide ná dhá uair déag a chloig”.

10.—Leasaítear an tAcht um Cheartas Coiriúil (Gáinneáil ar Dhrugaí) 1996—

Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Gáinneáil ar Dhrugaí) 1996.

(a) in alt 2—

(i) i bhfo-alt (1), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) I gcás ina ngabhann comhalta den Gharda Síochána duine gan bharántas, cibé acu i stáisiún Garda Síochána nó in áit eile, ar duine é nó í (‘duine gafa’) a bhfuil drochamhras ag an gcomhalta air nó uirthi, agus cúis réasúnach ann chuige sin, go ndearna sé nó sí cion gáinneála ar dhrugaí, féadfar an duine gafa—

(i) mura bhfuil sé nó sí i stáisiún Garda Síochána cheana féin, a thabhairt go dtí stáisiún Garda Síochána agus a choinneáil ann, nó

(ii) má ghabhtar é nó í i stáisiún Garda Síochána, a choinneáil sa stáisiún,

go ceann tréimhse nó tréimhsí a údaraítear le fo-alt (2) más rud é, maidir leis an gcomhalta den Gharda Síochána i gceannas an stáisiúin a dtugtar an duine gafa chuige ar é nó í a ghabháil nó ina ngabhtar é nó í, go bhfuil forais réasúnacha aige nó aici, an tráth a thagann an duine gafa go dtí an stáisiún nó tráth a ghabhála nó a gabhála sa stáisiún, de réir mar is cuí, chun a chreidiúint gur gá é nó í a choinneáil chun an cion a imscrúdú go cuí.”,

(ii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (7):

“(7A) D’ainneoin fho-alt (2) agus (7), más rud é—

- (a) go ndéantar iarratas faoi fho-alt (2) ar bharántas á údarú duine atá a choinneáil nó á coinneáil faoin bhfo-alt sin a choinneáil go ceann tréimhse breise, agus
- (b) nach bhfuil an tréimhse coinneála faoin bhfo-alt sin imithe in éag nuair a chuirtear tús le héisteacht an iarratais ach go rachadh sé in éag, murach an fo-alt seo, le linn na héisteachta,

measfar nach dtéann sí in éag go dtí go gcinntear an éisteacht.”,

agus

- (b) in alt 4(3), tríd an mír seo a leanas a chur isteach mar mhír (a) agus trí litreacha mhíreanna (a) agus (b) a athrú ionas gurb iad míreanna (b) agus (c) iad;

“(a) an mhír seo a leanas a chur in ionad mhír (a) i bhfo-alt (1):

‘(a) I gcás ina ngabhann comhalta den Gharda Síochána duine (“duine gafa”) faoi bharántas arna eisiúint de bhun alt 4(1), féadfar an duine gafa a thabhairt go dtí stáisiún Garda Síochána agus a choinneáil ann go ceann tréimhse nó tréimhsí a údaraítear le fo-alt (2) más rud é, maidir leis an gcomhalta den Gharda Síochána i gceannas an stáisiúin a dtugtar an duine gafa chuige ar é nó í a ghabháil, go bhfuil forais réasúnacha aige nó aici, an tráth a thagann an duine gafa go dtí an stáisiún, chun a chreidiúint gur gá é nó í a choinneáil chun an cion a imscrúdú go cuí.’”.

Leasú ar alt 42 den Acht um Cheartas Coiriúil 1999.

11.—Leasaítear alt 42 den Acht um Cheartas Coiriúil 1999—

- (a) i bhfo-alt (2), trí fho-alt (2) a scriosadh agus tríd an méid seo a leanas a chur ina ionad:

“(2) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána príosúnach a ghabháil ar údarú ó bhreitheamh den Chúirt Dúiche ar deimhin leis nó léi, trí fhaisnéis arna soláthar faoi mhionn ag comhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná ceannfort, go bhfuil na coinníollacha seo a leanas arna gcomhlíonadh:

- (a) tá forais réasúnacha ann chun drochamhras a bheith ann go ndearna an príosúnach cion nó cionta seachas an cion nó na cionta a bhfuil sé nó sí príosúnaithe i dtaca leis nó leo,
- (b) is gá an príosúnach a ghabháil chun imscrúdú cuí a dhéanamh maidir leis an gcion nó leis na cionta a bhfuil drochamhras ann ina leith gurb é nó í a rinne é nó iad,

- (c) i gcás inar gabhadh an príosúnach roimhe sin mar gheall ar an gcion céanna nó na cionta céanna, cibé acu roimh é nó í a phríosúnú nó faoin alt seo, tá tuilleadh faisnéise tagtha ar iúl an Gharda Síochána ón tráth a gabhadh é nó í i dtaobh drochamhras a bheith ann go raibh an príosúnach páirteach sa chion nó sna cionta a bhfuiltear á iarraidh go ngabhfad é nó í ina leith.”,

agus

- (b) i bhfo-alt (5)—

- (i) i mír (a), trí “an cion nó na cionta ar gabhadh é nó í ina leith” a chur in ionad “an cion ar gabhadh é nó í ina leith”, agus
- (ii) i mír (b) trí “an cion sin nó na cionta sin a imscrúdú go cuí” a chur in ionad “an cion sin a imscrúdú go cuí”.

12.—(1) I gcás ina ngabhann comhalta den Gharda Síochána duine faoi aon chumhacht a thugtar dó nó di le dlí, féadfaidh an comhalta grianghraf a dhéanamh, nó a chur faoi deara go ndéanfar grianghraf, den duine i stáisiún Garda Síochána a luaithe is féidir tar éis é nó í a ghabháil chun cuidiú a thabhairt maidir le céannú an duine i dtaca le haon imeachtaí a thionscnófar ina choinne nó ina coinne mar gheall ar an gcion ar gabhadh é nó í ina leith.

Cumhacht an Gharda Síochána chun grianghraif a dhéanamh de dhaoine gafa.

(2) Ní dhéanfar an chumhacht a thugtar le *fo-alt (1)* a fheidhmiú ach amháin ar údarú ó chomhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná sáirsint.

(3) Féadfar údarú faoi *fho-alt (2)* a thabhairt ó bhéal ach, má thugtar ó bhéal é, déanfar é a dhaingniú i scríbhinn a luaithe is indéanta.

(4) Beidh feidhm ag forálacha alt 8 d’Acht 1984 maidir le grianghraif (lena n-áirítear claonchlónna) a thógtar de bhun an ailt seo mar atá feidhm acu maidir le grianghraif a thógtar de bhun alt 6 den Acht sin, ach sin faoi réir an mhodhnaithe go ndéanfar an tagairt in alt 8(2) den Acht sin d’imeachtaí i leith ciona lena mbaineann alt 4 den Acht sin a fhorléiriú mar thagairt d’imeachtaí i leith ciona a ngabhtar an duine lena mbaineann ina leith, agus aon mhodhnuithe eile is gá.

(5) Aon duine a dhiúltóidh cead a thabhairt grianghraf a dhéanamh de féin nó di féin de bhun an ailt seo, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear ar é nó í a chiontú go hachomair fíneáil nach mó ná €3,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(6) Maidir leis an gcumhacht a thugtar leis an alt seo, is cumhacht í gan dochar d’aon chumhacht eile atá infheidhmithe ag comhalta den Gharda Síochána chun grianghraf a ghlacadh de dhuine.

13.—Leasaítear Acht 1984—

Leasú ar Acht 1984.

- (a) in alt 6(4), trí “€3,000” a chur in ionad “£1,000”,
- (b) in alt 8—

- (i) i bhfo-alt (2), trí “laistigh den tréimhse dhá mhí dhéag” a chur in ionad “laistigh den tréimhse sé mhí”,
- (ii) trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) I gcás ina mbeidh imeachtaí tionscanta amhlaidh agus—

- (a) go n-éigiontaítear an duine,
- (b) go ndéantar an cúiseamh i gcoinne an duine i leith an chiona lena mbaineann a dhíbhe faoi alt 4E den Acht um Nós Imeachta Coiriúil 1967, nó
- (c) go scoirtear de na himeachtaí,

déanfar an díothú ar thréimhse 21 lá a bheith caite tar éis an éigiontaithe, na díbhe nó an scoir, de réir mar a bheidh.

(3A) Chun críocha fho-alt (3)(b), measfar cúiseamh i gcoinne duine i leith an chiona lena mbaineann a bheith arna dhíbhe—

- (a) nuair atá an t-am chun achomharc a thionscnamh i gcoinne na díbhe imithe in éag,
- (b) nuair a dhéantar aon achomharc den sórt sin a tharraingt siar nó a thréigean, nó
- (c) ar aon achomharc den sórt sin a dhéanamh, nuair a sheastar leis an díbhe.”,

agus

- (iii) i bhfo-alt (7)—

- (I) trí “go ceann tréimhse nach faide ná dhá mhí dhéag” a chur in ionad “go ceann tréimhse nach faide ná sé mhí”, agus
- (II) trí “chun críche imeachtaí nó imeachtaí eile” a chur in ionad “chun críche imeachtaí eile”,

agus

- (c) in alt 28(4), trí “€3,000” a chur in ionad “£1,500”.

Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Fianaise Dlí-Eolaíochta) 1990.

14.—Leasaítear an tAcht um Cheartas Coiriúil (Fianaise Dlí-Eolaíochta) 1990—

- (a) in alt 2—

- (i) i bhfo-alt (1)—

- (I) trí “fhorálacha fho-ailt (4) go (8A)” a chur in ionad “fhorálacha fho-ailt (4) go (8)”,
- (II) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) sváb ó aon pháirt den cholainn lena n-áirítear an béal ach ní ó aon oscailt colainne eile nó ó réigiún na mball giniúna,”

(III) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

“(c) sváb ó oscailt colainne, seachas an béal, nó ó réigiún na mball giniúna,”

(IV) i mír (e), trí “nó dá bhéal” a scriosadh,

(ii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Déanfar tagairt don bhéal i bhfo-alt (1) den alt seo a léamh mar thagairt a fholaíonn an taobh istigh den bhéal.”

(iii) i bhfo-alt (2), trí “fhorálacha fho-ailt (3) go (8A)” a chur in ionad “fhorálacha fho-ailt (3) go (8)”

(iv) i bhfo-alt (4)(b), trí “i bhfomhír (i), (ii) nó (iii) de mhír (a) d’fho-alt (1) den alt seo” a chur in ionad “i bhfomhír (i), (ii), (iii) nó (iv) de mhír (a) d’fho-alt (1) den alt seo”

(v) i bhfo-alt (5), trí “nó ciona i leith gáinneáil ar dhrugaí de réir bhrí alt 3(1) den Acht um Cheartas Coiriúil 1994” a chur isteach i ndiaidh “1984” i mír (a)(ii),

(vi) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (8):

“(8A) I gcás ina dtógfar sampla de ghruaig seachas gruaig phábasach de réir an ailt seo—

(a) féadfar an sampla a thógáil trí ribí a stoitheadh mar aon lena bhfréamhacha agus, a mhéid is indéanta le réasún, déanfar na ribí a stoitheadh ceann ar cheann, agus

(b) ní dhéanfar níos mó ribí a stoitheadh ná mar a mheasfaidh an duine a bheidh ag tógáil an tsampla le réasún is gá chun go mbeidh sampla leordhóthanach ann chun críche tástála dlí-eolaíochta.”

(vii) i bhfo-alt (9), trí “€3,000” a chur in ionad “£1,000”,

(b) in alt 4—

(i) i bhfo-alt (2), trí “laistigh de dhá mhí dhéag ó thógáil an tsampla” a chur in ionad “laistigh de shé mhí ó thógáil an tsampla”, agus

(ii) trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) I gcás ina mbeidh imeachtaí tionscanta amhlaidh agus—

(a) go n-éigiontaítear an duine,

(b) go ndéantar an cúiseamh i gcoinne an duine i leith an chiona lena mbaineann a dhíbhe faoi alt 4E den Acht um Nós Imeachta Coiriúil 1967, nó

(c) go scoirtear de na himeachtaí,

déanfar an díothú ar thréimhse 21 lá a bheith caite tar éis an éigiontaithe, na díbhe nó an scoir, de réir mar a bheidh, mura rud é go mbeifear tar éis ordú a dhéanamh faoi fho-alt (5) den alt seo.

(3A) Chun críocha fho-alt (3)(b) den alt seo, measfar cúiseamh i gcoinne duine i leith an chiona lena mbaineann a bheith arna dhíbhe—

(a) nuair atá an t-am chun achomharc a thionscnamh i gcoinne na díbhe imithe in éag,

(b) nuair a dhéantar aon achomharc den sórt sin a tharraingt siar nó a thréigean, nó

(c) ar aon achomharc den sórt sin a dhéanamh, nuair a sheastar leis an díbhe.”,

(c) in alt 5(2), trí “agus” a scriosadh ag deireadh mhír (a) agus tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(aa) maidir leis na nithe seo a leanas—

(i) an modh ina bhféadfar samplaí a thógáil,

(ii) an suíomh agus na dálaí fisiceacha ina bhféadfar samplaí a thógáil, agus

(iii) na daoine (lena n-áirítear comhaltaí den Gharda Síochána), agus an líon daoine den sórt sin, a fhéadfaidh a bheith i láthair nuair a bheidh samplaí á dtógáil, agus”.

CUID 3

INGHLACTHACHT RÁITEAS FINNÉITHE ÁIRITHE

Míitithe (*Cuid 3*).

15.—Sa Chuid seo—

folaíonn “clostaifeadadh” aon taifeadadh, ar aon mheán, óna bhféadtar fuaim a tháirgeadh ar aon mhodh, agus déanfar focail ghaolmhara a fhorléiriú dá réir sin;

folaíonn “imeachtaí” imeachtaí faoi alt 4E (iarratas ón gcúis chun an cúiseamh a dhíbhe) d’Acht 1967 i gcás ina dtugtar fianaise béil (de réir bhrí fho-alt (5) den alt sin);

ciallaíonn “ráiteas” ráiteas a gcruthaítear go cuí go ndearnadh é agus foláinn sé—

(a) aon léiriú ar fhíoras, cibé acu i bhfocail nó ar shlí eile,

- (b) ráiteas a ndearnadh é a fhístaifeadadh nó a chlostaifeadadh, agus
- (c) cuid de ráiteas;

folaíonn “dearbhú reachtúil” dearbhú reachtúil arna dhéanamh faoi *alt 17* nó *18*;

folaíonn “fístaifeadadh” taifeadadh, ar aon mheán, óna bhféadtar íomhá ghluaiste a tháirgeadh ar aon mhodh, mar aon leis an bhfuaimthaifeadadh a ghabhann léi, agus déanfar focail ghaolmhara a fhorléiriú dá réir sin.

16.—(1) I gcás ina mbeidh duine curtha ar aghaidh chun trialach mar gheall ar chion inghabhála, féadfar ráiteas atá ábhartha maidir leis na himeachtaí, ar ráiteas é a dhéanfaidh finné (dá ngairtear “an ráiteas” san alt seo), a ghlacadh, le cead ón gcúirt, de réir an ailt seo mar fhianaise ar aon fhíoras a bheidh luaite ann más rud é, maidir leis an bhfinné, cé go bhfuil sé nó sí ar fáil lena chroscheistiú nó lena croscheistiú—

Inghlacthacht ráiteas finnéithe áirithe.

- (a) go ndiúltoídh sé nó sí fianaise a thabhairt,
- (b) go séanfaidh sé nó sí nach ndearna sé nó sí an ráiteas, nó
- (c) go dtabharfaidh sé nó sí fianaise atá ar neamhréir leis go hábhartha.

(2) Féadfar an ráiteas a ghlacadh amhlaidh más rud é—

- (a) go ndaingneoidh an finné, nó go gcruthófar, go ndearna sé nó sí é,
- (b) gur deimhin leis an gcúirt—
 - (i) go mbeadh fianaise dhíreach ó bhéal ar an bhfíoras lena mbaineann inghlactha sna himeachtaí,
 - (ii) go ndearnadh é go saorálach, agus
 - (iii) go bhfuil sé iontaofa,
 agus

(c) gurb amhlaidh—

- (i) gur tugadh an ráiteas faoi mhionn nó faoi dhearbhasc nó go bhfuil dearbhú reachtúil ann ón bhfinné á rá go bhfuil an ráiteas fíor, de réir mar is fearr is eol dó nó di nó mar a chreideann sé nó sí, nó
- (ii) gur deimhin leis an gcúirt thairis sin gur thuig an finné an ceanglas a bhí ann chun an fhírinne a insint an tráth a rinneadh an ráiteas.

(3) Le linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh an bhfuil an ráiteas iontaofa, beidh aird ag an gcúirt ar an méid seo a leanas—

- (a) ar tugadh é faoi mhionn nó faoi dhearbhasc nó ar fístaifeadadh é, nó

- (b) más rud é nach bhfuil feidhm ag *mír* (a) i ndáil leis an ráiteas, an bhfuil leorfhianaise eile ann, de dheasca na n-imthosca inar tugadh é, mar thaca lena iontaofacht,

agus beidh aird aici freisin ar an méid seo a leanas—

- (i) aon mhíniú a thugann an finné maidir le diúltú fianaise a thabhairt nó maidir le fianaise a thabhairt atá ar neamhréir leis an ráiteas, nó
- (ii) i gcás ina séanann an finné nach ndearna sé nó sí an ráiteas, aon fhianaise a thugtar i ndáil leis an séanadh.

(4) Ní ghlacfar an ráiteas i bhfianaise faoin alt seo más rud é gurb é tuairim na cúirte—

- (a) tar éis aird a thabhairt ar na himthosca go léir, lena n-áirítear aon bhaol go mbeadh sé éagórach ar an gcúisí nó, má tá níos mó ná cúisí amháin ann, ar aon duine díobh, dá nglacfaí leis, nár cheart, ar mhaithe leis an gceartas, é a ghlacadh amhlaidh, nó

- (b) nach gá é a ghlacadh, ag féachaint d'fhianaise eile a thugtar sna himeachtaí.

(5) Le linn an tromachar, más ann, atá le tabhairt don ráiteas a bheith á mheas, tabharfar aird ar na himthosca go léir as a bhféadfar, le réasún, aon tátal a bhaint i dtaobh é a bheith cruinn nó neamhchruinn.

(6) Ní dochar an t-alt seo d'ailt 3 go 6 den *Criminal Procedure Act* 1865 ná d'alt 21 (cruthúnas trí ráiteas scríofa) d'Acht 1984.

Ráitis finné a thugtar do chomhaltáí den Gharda Síochána.

17.—(1) Féadfaidh aon duine a thugann ráiteas do chomhalta den Gharda Síochána le linn cion inghabhála a imscrúdú (nach duine é nó í, an tráth sin, a bhfuil drochamhras ar aon chomhalta den sórt sin go ndearna sé nó sí é) dearbhú reachtúil a dhéanamh á rá go bhfuil an ráiteas fíor de réir mar is fearr is eol don duine agus mar a chreideann sé nó sí.

(2) Chun críocha alt 1(1)(d) den Acht i dtaobh Dearbhuithe Reachtúla 1938 féadfaidh comhalta den Gharda Síochána dearbhú reachtúil a ghlacadh agus a fháil faoi *fho-alt* (1).

(3) In ionad dearbhú reachtúil den sórt sin a ghlacadh agus a fháil féadfaidh an comhalta ráiteas an duine a ghlacadh faoi mhionn nó faoi dhearbhasc agus, chun na críche sin, féadfaidh an comhalta é nó í a chur faoi mhionn nó faoi dhearbhasc.

Ráitis finné eile.

18.—(1) San alt seo—

ciallaíonn “duine inniúil” duine atá ar fostú ag údarás poiblí agus folaíonn sé oifigeach inimirce a meastar ina leith gur ceapadh é nó í mar oifigeach den sórt sin faoi alt 3 den Acht Inimirce 2004;

ciallaíonn “údarás poiblí”—

- (a) Aire den Rialtas,

- (b) Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn,
- (c) údarás áitiúil de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil 2001,
- (d) Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- (e) údarás cuain de réir bhrí an Achta Cuanta 1946,
- (f) bord nó comhlacht eile (nach cuideachta) arna bhunú le reacht nó faoi reacht,
- (g) cuideachta ina bhfuil na scaireanna uile ar seilbh ag Aire den Rialtas, nó thar ceann Aire den Rialtas, nó ag stiúrthóirí arna gceapadh ag Aire den Rialtas, nó
- (h) cuideachta ina bhfuil na scaireanna uile ar seilbh ag bord nó ag comhlacht eile dá dtagraítear i *mír (f)*, nó ag cuideachta dá dtagraítear i *mír (g)*.

(2) Féadfaidh aon duine a thabharfaidh ráiteas do dhuine inniúil i gcúrsa dualgais oifigiúla an duine inniúil a chomhlíonadh dearbhú reachtúil a dhéanamh á rá go bhfuil an ráiteas fíor de réir mar is fearr is eol don duine agus mar a chreideann sé nó sí.

(3) Chun críocha alt 1(1)(d) den Acht i dtaobh Dearbhuithe Reachtúla 1938, féadfaidh duine inniúil dearbhú reachtúil a dhéanfar faoi *fho-alt (2)* a ghlacadh agus a fháil.

19.—(1) Féadfaidh an tAire, i ndáil le haon ráitis ó fhinnéithe a dhéanfaidh comhaltaí den Gharda Síochána a fhístaifeadadh nó a chlostaifeadadh le linn cionta a imscrúdú, foráil a dhéanamh i rialacháin maidir leis na nithe seo a leanas—

Rialacháin maidir le ráitis inné áirithe a thaifeadtar.

- (a) an modh ina bhfuil aon taifeadtaí den sórt sin le déanamh agus le caomhnú, agus
- (b) an tréimhse ama a gcoinneofar iad lena linn.

(2) Maidir le haon mhainneachtain ag comhalta den Gharda Síochána foráil de na rialacháin a chomhlíonadh, ní fhágfaidh sí uathí féin—

- (a) go ndlífear imeachtaí sibhialta nó imeachtaí coiriúla a thionscnamh i gcoinne an chomhalta, nó
- (b) gan dochar don chumhacht atá ag cúirt fianaise a eisiamh dá rogha féin, go bhfuil aon ní a dúradh le linn an taifeadta lena mbaineann neamh-inghlactha i bhfianaise.

20.—Leasaítear alt 4E (iarratas ón gcúisí chun an cúiseamh a dhíbhe) d’Acht 1967 i bhfo-alt (5)(b)—

Leasú ar alt 4E d’Acht 1967.

- (a) trí “alt 4F, nó” a chur in ionad “alt 4F.” i bhfomhír (ii), agus
- (b) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur leis:

“(iii) aon fhístaifeadadh eile, nó clostaifeadadh, a ghlacfaidh cúirt na trialach mar fhianaise ar aon fhíoras atá luaite ann.”.

CUID 4

ACHOMHAIRC IN IMEACHTAÍ COIRIÚLA ÁIRITHE

Ceist dlí a tharchur chun na Cúirte Uachtaraí.

21.—Leasaítear Acht 1967 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 34:

“Ceist dlí a tharchur chun na Cúirte Uachtaraí.

34.—(1) I gcás ina n-éigiontaítear duine a thriailtear ar díotáil (cibé acu i leith iomlán na díotála nó cuid di) féadfaidh an tArd-Aighne in aon chás nó, más rud é gurb é nó í an t-údarás ionchúisimh sa triail é nó í, féadfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, gan dochar don fhíoras nó don bhreith i bhfabhar an duine chúisithe, ceist dlí a éiríonn le linn na trialach a tharchur chun na Cúirte Uachtaraí lena cinneadh.

(2) I gcás ina dtarchuirtear ceist dlí chun na Cúirte Uachtaraí faoi fho-alt (1), is é nó í an tArd-Aighne nó an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, de réir mar is cúí, a shocróidh an ráiteas faoin gceist tar éis dó nó di dul i gcomhairle le breitheamh na trialach lena mbaineann nó, i gcás Cúirte Coiriúla Speisialta, leis an gcomhalta den Chúirt sin a d’fhógair breith na Cúirte sa triail lena mbaineann tar éis don chomhalta sin dul i gcomhairle leis na comhaltaí eile den Chúirt lena mbaineann agus áireofar sa ráiteas aon tuairimí is mian leis an mbreitheamh nó leis an gcomhalta sin, de réir mar is cúí, a chur leis.

(3) Chun breithniú a dhéanamh ar cheist a tharchuirtear chuici faoin alt seo, éistfidh an Chúirt Uachtarach argóint—

- (a) ón Ard-Aighne nó ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, nó ó abhcóide thar ceann an Ard-Aighne nó an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, de réir mar is cúí,
- (b) más mian leis an duine éigiontaithe é, ó abhcóide thar a cheann nó thar a ceann nó, le cead ón gCúirt, ón duine éigiontaithe, agus
- (c) má shanntar abhcóidí faoi fho-alt (4), ó na habhcóidí sin.

(4) Sannfaidh an Chúirt Uachtarach abhcóide chun argóint a dhéanamh i bhfabhar na breithe más rud é—

- (a) go dtarscaoilfidh an duine éigiontaithe a cheart nó a ceart ionadaíocht a bheith

aige nó aici nó éisteacht a fháil faoi fho-alt (3)(b), nó

- (b) d'ainneoin go bhfeidhmíonn an duine éigiontaithe a cheart nó a ceart ionadaíocht a bheith aige nó aici nó éisteacht a fháil faoi fho-alt (3)(b), go measann an Chúirt gurb inmhianaithe déanamh amhlaidh ar mhaithe le leas an phobail.

(5) Cinnteoidh an Chúirt Uachtarach, a mhéid is indéanta le réasún déanamh amhlaidh, nach ndéantar céannacht an duine éigiontaithe in imeachtaí faoin alt seo a nochtadh i dtaca leis na himeachtaí mura gcomhaontaíonn an duine go n-úsáidfear a ainm nó a hainm sna himeachtaí.

(6) Más mian leis an duine éigiontaithe ionadaíocht a bheith aige nó aici in imeachtaí os comhair na Cúirte Uachtaraí faoin alt seo agus go ndéanfaítear deimhniú um chúnamh dlíthiúil (an Chúirt Uachtarach) faoi fho-alt (7), nó go meastar faoi fho-alt (8) é a bheith deonaithe, ina leith, beidh sé nó sí i dteideal cúnamh dlíthiúil in aisce a fháil le linn aon argóint is mian leis nó léi a dhéanamh chun na Cúirte a ullmhú agus a thíolacadh agus aturnae agus abhcóide a bheith sannta dó nó di chun na críche sin ar an tslí a bheidh forordaithe le rialacháin faoi alt 10 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Dlíthiúil) 1962.

(7) Féadfaidh an duine éigiontaithe, i ndáil le himeachtaí faoin alt seo, iarratas a dhéanamh ar dheimhniú um chúnamh dlíthiúil (an Chúirt Uachtarach) chun na Cúirte Uachtaraí—

- (a) trí litir a bheidh dírithe chuig cláraitheoir na Cúirte Uachtaraí agus ina leagfar amach fíorais an cháis agus na forais atá leis an iarratas, nó

- (b) chun na Cúirte Uachtaraí í féin,

agus deonóidh an Chúirt an deimhniú más rud é (agus más rud é amháin) gur dealraitheach don Chúirt nach leor acmhainn an duine chun a chumasú dó nó di cúnamh dlíthiúil a fháil.

(8) Má deonaíodh deimhniú um chúnamh dlíthiúil (trial ar dhíotáil) i leith an duine éigiontaithe i ndáil leis an trial ar díotáil lena mbaineann, measfar deimhniú um chúnamh dlíthiúil (an Chúirt Uachtarach) a bheith deonaithe ina leith i ndáil le himeachtaí faoin alt seo.

(9) San alt seo, tá le 'deimhniú um chúnamh dlíthiúil (an Chúirt Uachtarach)' agus le 'deimhniú

um chúnamh dlíthiúil (trial ar dhíotáil) na bríonna atá leo san Acht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Dlíthiúil) 1962.”.

Ní bheidh dul thar bhreith na Cúirte Achomhairc Choiriúil ach amháin ar dheimhniú ón gCúirt, ón Ard-Aighne nó ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

22.—Leasaítear an tAcht Cúirteanna Breithiúnais 1924 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 29:

“Ní bheidh dul thar bhreith na Cúirte Achomhairc Choiriúil ach amháin ar dheimhniú ón gCúirt, ón Ard-Aighne nó ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

29.—(1) Ní bheidh ábhar achomhairc ann chun na Cúirte Uachtaraí i gcoinne cinnidh ón gCúirt Achomhairc Choiriúil ar aon achomharc nó ar aon ní eile, ach amháin de réir an ailt seo.

(2) Féadfaidh duine is ábhar d’achomharc nó d’aon ní eile arna chinneadh ag an gCúirt Achomhairc Choiriúil achomharc a dhéanamh i gcoinne bhreith na Cúirte sin chun na Cúirte Uachtaraí má dheimhníonn an Chúirt sin nó an tArd-Aighne in aon chás nó, más rud é gurb é nó í an t-údarás ionchúisimh sa ní é nó í, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, go bhfuil ponc dlí lena ngabhann tábhacht phoiblí eisceachtúil i gceist sa bhreith agus gurb inmhianaithe, ar mhaithe le leas an phobail, go dtabharfadh an duine achomharc chun na Cúirte Uachtaraí.

(3) Féadfaidh an tArd-Aighne in aon chás nó, más rud é gurb é nó í an t-údarás ionchúisimh sa ní é nó í, féadfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, i ndáil le hachomharc nó le ní eile arna chinneadh ag an gCúirt Achomhairc Choiriúil agus gan dochar don bhreith i bhfabhar an duine chúisithe, achomharc a dhéanamh i gcoinne bhreith na Cúirte sin chun na Cúirte Uachtaraí má dheimhníonn an Chúirt sin nó an tArd-Aighne in aon chás nó, más rud é gurb é nó í an t-údarás ionchúisimh sa ní é nó í, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, go bhfuil ponc dlí lena ngabhann tábhacht phoiblí eisceachtúil i gceist sa bhreith agus gurb inmhianaithe, ar mhaithe le leas an phobail, go dtabharfadh an tArd-Aighne nó an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, de réir mar is cuí, achomharc chun na Cúirte Uachtaraí.

(4) In achomharc faoi fho-alt (3) den alt seo, éistfidh an Chúirt Uachtarach argóint—

- (a) ón Ard-Aighne nó ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, nó ó abhcóide thar ceann an Ard-Aighne nó an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, de réir mar is cuí,
- (b) más mian leis an duine cúisithe é, ó abhcóide thar a cheann nó thar a ceann nó, le cead ón gCúirt, ón duine cúisithe, agus
- (c) má shanntar abhcóidí faoi fho-alt (5) den alt seo, ó na habhcóidí sin.

(5) In achomharc faoi fho-alt (3) den alt seo, sannfaidh an Chúirt Uachtarach abhcóide chun argóint a dhéanamh i dtacaíocht leis an mbreith más rud é—

(a) go dtarscaoileann an duine cúisithe a cheart nó a ceart ionadaíocht a bheith aige nó aici nó éisteacht a fháil faoi fho-alt (4)(b) den alt seo, nó

(b) d'ainneoin go bhfeidhmíonn an duine cúisithe a cheart nó a ceart ionadaíocht a bheith aige nó aici nó éisteacht a fháil faoi fho-alt (4)(b) den alt seo, go measfaidh an Chúirt gurb inmhianaithe déanamh amhlaidh ar mhaithe le leas an phobail.

(6) Cinnteoidh an Chúirt Uachtarach, a mhéid is indéanta le réasún déanamh amhlaidh, nach ndéantar céannacht an duine chúisithe in achomharc faoi fho-alt (3) den alt seo a nochtadh i dtaca leis an achomharc mura gcomhaontaíonn an duine go n-úsáidfear a ainm nó a hainm san achomharc.

(7) Más mian leis an duine cúisithe ionadaíocht a bheith aige ní aici in achomharc faoi fho-alt (3) den alt seo agus má dheonaítear deimhniú um chúnamh dlíthiúil (an Chúirt Uachtarach) faoi fho-alt (8) den alt seo, nó má mheastar faoi fho-alt (9) den alt seo é a bheith deonaithe, ina leith, beidh sé nó sí i dteideal cúnaimh dlíthiúil in aisce a fháil le linn aon argóint is mian leis nó léi a dhéanamh chun na Cúirte a ullmhú agus a thíolacadh agus aturnae agus abhcóide a bheith sannta dó nó di chun na críche sin ar an tslí a bheidh forordaithe le rialacháin faoi alt 10 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cúnaimh Dlíthiúil) 1962.

(8) Féadfaidh an duine cúisithe, i ndáil le hachomharc faoi fho-alt (3) den alt seo, iarratas a dhéanamh ar dheimhniú um chúnamh dlíthiúil (an Chúirt Uachtarach) chun na Cúirte Uachtaraí—

(a) trí litir a bheidh dírithe chuig cláráitheoir na Cúirte Uachtaraí agus ina leagfar amach fórais an cháis agus na fórais atá leis an iarratas, nó

(b) chun na Cúirte Uachtaraí í féin,

agus deonóidh an Chúirt an deimhniú más rud é (agus más rud é amháin) gur dealraitheach don Chúirt nach leor acmhainn an duine sin chun a chumasú dó nó di cúnaimh dlíthiúil a fháil.

(9) Má deonaíodh deimhniú um chúnamh dlíthiúil (trial ar dhíotáil) i leith an duine chúisithe i ndáil leis an trial ar díotáil lena mbaineann,

measfar deimhniú um chúnamh dlíthiúil (an Chúirt Uachtarach) a bheith deonaithe ina leith i ndáil le hachomharc faoi fho-alt (3) den alt seo.

(10) San alt seo tá le ‘deimhniú um chúnamh dlíthiúil (an Chúirt Uachtarach)’ agus le ‘deimhniú um chúnamh dlíthiúil (trial ar dhíotáil)’ na bríonna atá leo san Acht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Dlíthiúil) 1962.”.

Leasú ar alt 2(2) den Acht um Cheartas Coiriúil 1993.

23.—Leasaítear alt 2(2) den Acht um Cheartas Coiriúil 1993 trí “, nó laistigh de cibé tréimhse is faide ná sin nach faide ná 56 lá de réir mar a chinnfidh an Chúirt, ar iarratas chuige sin a bheith déanta chuici,” a chur isteach i ndiaidh “laistigh de 28 lá”.

Achomharc i gcoinne ordaithe le haghaidh costas.

24.—(1) I gcás ina n-éigiontaítear duine a thriailtear ar díotáil (cibé acu i leith iomlán na díotála nó cuid di) féadfaidh an tArd-Aighne nó an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, de réir mar is cuí, achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Achomhairc Choiriúil i gcoinne ordaithe le haghaidh costas arna dhéanamh ag cúirt na trialach i gcoinne an Ard-Aighne nó an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i bhfabhar an duine chúisithe.

(2) Déanfar achomharc faoin alt seo, ar fhógra a thabhairt don duine cúisithe, laistigh de 28 lá, nó laistigh de cibé tréimhse is faide ná sin nach faide ná 56 lá de réir mar a chinnfidh cúirt na trialach, ar iarratas chuige sin a bheith déanta chuici, ón lá a dhéantar an t-ordú.

CUID 5

LEASÚ AR ACHTANNA NA nARM TINE

Mínithe (*Cuid 5*).

25.—Sa Chuid seo, ciallaíonn “Príomh-Acht” Acht na nArm Teine 1925.

Leasú ar alt 1 den Phríomh-Acht.

26.—Leasaítear alt 1 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1)—

“(1) San Acht seo—

ciallaíonn “amuinisean” (ach amháin i gcás ina n-úsáidtear é i ndáil le harm toirmisce) amuinisean le haghaidh airm tine agus folaíonn sé—

- (a) gránáidí, buamaí agus diúracáin eile dá samhail, cibé acu ar féidir nó nach féidir iad a úsáid le harm tine,
- (b) aon chomhábhar nó comhpháirt d’aon amuinisean nó diúracán den sórt sin, agus
- (c) amuinisean srianta, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt;

ciallaíonn “Coimisinéir” Coimisinéir an Gharda Síochána nó comhalta den Gharda Síochána, nó comhaltaí de chéim áirithe

sa Gharda Síochána, nach ísle céim ná ceannfort a cheapfaidh an Coimisinéir i scríbhinn chun aon cheann d’fheidhmeanna an Choimisinéara a chomhlíonadh faoin Acht seo;

ciallaíonn “arm tine”—

- (a) arm tine marfach nó arm marfach eile de thuirisc ar bith as ar féidir aon urchar, piléar nó diúracán eile a chaitheamh,
- (b) aerghunna (lena n-áirítear aer-raidhfíil agus aerphiostal) a bhfuil fuinneamh béil níos mó ná giúl amháin aige nó aon arm eile ina gcorpraítear bairille ónar féidir aon diúracán a chaitheamh le fuinneamh béil den sórt sin,
- (c) crosbhogha,
- (d) aon sórt néalghunna nó airm eile chun aon turraing a thabhairt do dhuine, nó chun duine a chur ar aon mhíthreoir eile, le leictreachas nó le hastú fuinnimh de chineál ar bith eile,
- (e) arm toirmisce,
- (f) aon airteagal a bheadh ina arm tine faoi aon cheann de na míreanna sin roimhe seo murach go dtarlaíonn, de bhíthin comhpháirt riachtanach nó comhpháirteanna riachtanacha a bheith in easnamh, nó de bhíthin aon locht nó bail eile a bheith air, nach féidir leis urchar, piléar nó diúracán eile a chaitheamh nó turraing a thabhairt do dhuine nó duine a chur ar mhíthreoir eile leis de réir mar a bheidh,
- (g) ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, aon chomhpháirt d’aon airteagal dá dtagraítear in aon cheann de na míreanna sin roimhe seo agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, measfar gur comhpháirteanna den sórt sin na hairteagail seo a leanas:
 - (i) treoracha teileascóip ag a bhfuil léas solais, nó treoracha teileascóip ag a bhfuil feiste aimplíúcháin solais leictreonach nó feiste infridhearg, atá deartha lena bhfeistiú ar arm tine a shonraítear i mír (a), (b), (c) nó (e),
 - (ii) tostóir atá deartha lena fheistiú ar arm tine a shonraítear i mír (a), (b) nó (e), agus
 - (iii) aon rud—
 - (I) atá monaraithe lena úsáid mar chomhpháirt i dtaca le hoibriú airm tine, agus
 - (II) nach bhféadfadh feidhmiú mar a bhí ceaptha i dtosach dá éagmais,

agus

(h) feiste atá in ann amuinisean neamhphiléartha a chaitheamh agus atá le húsáid mar ghunna tosaithe nó gunna scaoilte amuinisin neamhphiléartha,

agus folaíonn sé arm tine srianta, mura rud é go bhforáiltear a mhalairt nó mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt;

ciallaíonn “deimhniú airm tine” deimhniú airm tine arna dheonú faoin Acht seo agus, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, folaíonn sé deimhniú airm tine srianta, deimhniú oiliúna arm tine agus deimhniú airm tine arna dheonú faoi Acht na nArm Tine (Deimhnithe Airm Tine do Neamhchónaitheoirí) 2000;”;

ciallaíonn “déileálaí airm tine” duine a dhéanann, i modh trádála nó gnó, airm tine nó amuinisean a mhonarú, a dhíol, a ligean ar fruiliú, a dheisiú, a thástáil, a phromhadh nó a cheannach, nó a dhéanann déileáil ar shlí eile in airm tine nó in amuinisean;

tá le “deimhniú oiliúna arm tine” an bhrí a thugtar dó le halt 2A den Acht seo;

ciallaíonn “duine eisiúna”, i ndáil le deimhniú, údarú nó ceadúnas airm tine a dheonú nó a athnuachan, an tAire, an Coimisinéir nó ceannfort an Gharda Síochána don cheantar ina gcónaíonn iarratasóir ar dheimhniú, údarú nó ceadúnas airm tine nó sealbhóir an deimhnithe, an údaraithe nó an cheadúnas airm tine, de réir mar a bheidh;

ciallaíonn “Aire” an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí;

ciallaíonn “fuinneamh béil”, i ndáil le harm tine, an fuinneamh diúracáin arna urscaoileadh ag an arm tine sin agus arna thomhas ag béal an airm tine i ngiúil;

ciallaíonn agus folaíonn “arm toirmisce” aon arm d’aon tuairisc atá deartha chun aon leacht urchóideach, gás urchóideach nó rud urchóideach eile a scardadh, agus freisin aon amuinisean (cibé acu le haghaidh aon airm den sórt sin nó aon airm eile) ina bhfuil aon leacht urchóideach, gás urchóideach nó rud urchóideach eile nó atá deartha nó oiriúnaithe le go mbeidh an céanna ann;

folaíonn “áit” teaghais;

ciallaíonn “forordaithe” forordaithe le rialacháin arna ndéanamh faoin Acht seo;

ciallaíonn “déileálaí cláraithe arm tine” déileálaí airm tine atá cláraithe de thuras na huairé i gclár na ndéileálaithe arm tine arna bhunú de bhun an Achta seo;

ciallaíonn “amuinisean srianta” amuinisean a ndearbhaítear ina leith faoi alt 2B(b) den Acht seo gur arm tine srianta é;

ciallaíonn “arm tine srianta” arm tine a ndearbhaítear ina leith faoi alt 2B(a) den Acht seo gur arm tine srianta é;

folaíonn “meicníocht infheidhme”, i ndáil le harm tine, an mheicníocht chun é a lódáil, a chocáil agus a scaoileadh agus chun amuinisean caite a dhíchur.”.

27.—Leasaítear alt 2 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht.

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2A):

“(2A) Maidir le duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear—

(a) i gcás inar arm tine srianta an t-arm tine nó inar amuinisean srianta an t-amuinisean—

(i) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, agus

(ii) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €20,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 7 mbliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi,

agus

(b) in aon chás eile—

(i) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €2,500 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, agus

(ii) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €10,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.”,

(b) trí fho-alt (2B) a scriosadh,

(c) i bhfo-alt (4)—

(i) trí “den Acht seo” i mír (c) a scriosadh agus “d’Acht na nArm Tine 1964” a chur isteach,

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (d):

“(d) seilbh, úsáid nó iompar airm tine nó lóin lámhaigh le linn comórtais nó cleachtadh targaide i gclub, ar raon lámhaigh nó in aon áit eile atá údaraithe faoin alt seo nó faoi alt 4A den Acht seo”,

agus

(iii) trí na míreanna seo a leanas a chur in ionad mhír (j):

“(j) seilbh nó iompar airm tine nó lóin lámhaigh ag duine, nó ag fostaí duine, atá údaraithe faoi alt 10(4A) den Acht seo,

- (k) seilbh, úsáid nó iompar airm tine nó lóin lámhaigh chun éin a rialú ag aerfort, ag fostaí nó gníomhaire de chuid an údaráis aerfoirt atá údaraithe chuige sin faoin alt seo.”,
- (d) i bhfo-alt (5)(a), trí “nó (h)” a scriosadh agus “, (h) nó (j)” a chur isteach,
- (e) i bhfo-alt (5)(c), trí “raidhfil-chlub nó gunna-chlub” a scriosadh agus “club” a chur ina ionad, agus
- (f) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur leis:
- “(6) I bhfo-ailt (3)(g) agus (4) (seachas míreanna (d), (i) agus (k)), ní fholaíonn tagairtí d’arm tine nó do lón lámhaigh tagairtí d’arm tine srianta nó do lón lámhaigh srianta.”.

Alt nua 2A sa
Phríomh-Acht.

28.—Cuirtear an t-alt seo a leanas isteach i ndiaidh alt 2 den Phríomh-Acht:

“Deimhniú
oiliúna arm
tine.

2A.—(1) Féadfaidh an Coimisinéir, ar iarratas chuige sin agus ar an táille fhorordaithe (más ann) a bheith íoctha, deimhniú (dá ngairtear “deimhniú oiliúna arm tine” san Acht seo) a eisiúint chuig duine os cionn 14 bliana d’aois á údarú don duine arm tine agus amuinisean a shealbhú (seachas arm tine srianta agus amuinisean srianta) an fad amháin—

- (a) a bheidh an t-arm tine á iompar agus á úsáid aige nó aici chun críocha fiaigh nó lámhaigh targaide—
- (i) faoi mhaoirseacht duine shonraithe atá os cionn 18 mbliana d’aois agus a shealbhaíonn deimhniú airm tine ina leith, agus
- (ii) i gcás ina n-úsáidtear an t-arm tine le haghaidh lámhaigh targaide, in áitreabh club raidhfil nó piostail údaraithe nó ar raon lámhaigh údaraithe nó in áit eile atá údaraithe faoi alt 2(5) den Acht seo,

agus

- (b) a bheidh cibé coinníollacha eile (más ann) a fhorchuirfidh an Coimisinéir ar mhaithe le sábháilteacht agus slándáil an phobail á gcomhlíonadh.

(2) I gcás ina mbeidh an t-iarratasóir faoi bhun 16 bliana d’aois, beidh toiliú scríofa ó thuismitheoir nó ó chaomhnóir an iarratasóra ag gabháil leis an iarratas ar dheimhniú oiliúna arm tine.

(3) Beidh an deimhniú oiliúna arm tine san fhoirm fhorordaithe.

(4) I gcás ina ndiúltófar d'iarratas den sórt sin, déanfaidh an Coimisinéir an méid sin a chur in iúl don iarratasóir i scríbhinn agus tabharfaidh sé nó sí na cúiseanna leis an diúltú.

(5) Leanfaidh deimhniú oiliúna arm tine i bhfeidhm go ceann tréimhse 3 bliana ón dáta a deonaíodh é, mura rud é go gcúlghairtear é.

(6) Féadfaidh an Coimisinéir deimhniú oiliúna arm tine a chúlghairm más rud é go bhfuil sé nó sí den tuairim nach bhfuil na coinníollacha ar faoina réir a deonaíodh an deimhniú á gcomhlíonadh nó comhlíonta ag an sealbhóir.

(7) Aon sealbhóir ar dheimhniú oiliúna arm tine nach gcomhlíonfaidh, gan leithscéal réasúnach, na coinníollacha ar faoina réir a deonaíodh an deimhniú, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair—

(a) i gcás an chéad chiona, fíneáil nach mó ná €500 a chur air nó uirthi, agus

(b) i gcás aon chiona dá éis sin, fíneáil nach mó ná €1,000 a chur air nó uirthi.

(8) Is cion é faoin Acht seo do shealbhóir ar dheimhniú airm tine, i leith an airm tine lena mbaineann an deimhniú oiliúna arm tine, a cheadú, gan leithscéal réasúnach, do shealbhóir an deimhniú sin an t-arm tine a iompar nó a úsáid fad nach mbeidh sé nó sí faoi mhaoirseacht aige nó aici.”.

29.—Cuirtear an t-alt seo a leanas isteach i ndiaidh alt 2A den Phríomh-Acht: Alt nua 2B sa Phríomh-Acht.

“Airm thine shrianta agus amuinisean srianta.

2B.—Féadfaidh an tAire, ar mhaithe le sábháilteacht agus slándáil an phobail, le hordú—

(a) a dhearbhu gur airm thine shrianta airm thine shonraithe chun críocha an Achta seo faoi threoir ceann amháin nó níos mó de na critéir seo a leanas:

(i) earnáil;

(ii) cailibre;

(iii) meicníocht infheidhme;

(iv) fuinneamh béil;

(v) tuairisc;

agus

- (b) a dhearbhú gur amuinisean srianta amuinisean sonraithe chun críocha an Achta seo faoi threoir ceann amháin nó níos mó de na critéir seo a leanas:
- (i) earnáil;
 - (ii) cailibre;
 - (iii) meáchan;
 - (iv) fuinneamh cinéiteach;
 - (v) comhéifeacht bhalaistíoch;
 - (vi) dearadh;
 - (vii) comhdhéanamh;
 - (viii) tuairisc.”.

Alt nua a chur in ionad alt 3 den Phríomh-Acht.

30.—Cuirtear an t-alt seo a leanas in ionad alt 3 den Phríomh-Acht:

“Iarratais ar dheimhnithe airm tine agus foirm agus éifeacht deimhnithe airm tine.

3.—(1) Is chun ceannfort an Gharda Síochána don cheantar ina bhfuil cónaí ar an iarratasóir a dhéanfar iarratas ar dheimhniú airm tine (seachas deimhniú airm tine srianta).

(2) Is chun an Choimisinéara a dhéanfar iarratas ar dheimhniú airm tine srianta.

(3) Beidh an t-iarratas san fhoirm fhorordaithe agus beidh na nithe seo a leanas ag gabháil leis—

- (a) an táille fhorordaithe (más ann), agus
- (b) má tá sé ar intinn ag an iarratasóir mamaigh fhiáine dhíolmhaithe de réir bhrí an Achta um Fhiadhúlra 1976 (seachas giorriacha) a fhiach agus a mharú, ceadúnas reatha chun déanamh amhlaidh faoi alt 29(1) den Acht sin.

(4) Déanfaidh an t-iarratasóir aon fhaisnéis bhreise a éileoidh an ceannfort nó an Coimisinéir i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin alt seo a sholáthar i scríbhinn.

(5) Beidh deimhniú airm tine san fhoirm fhorordaithe agus, faoi réir fho-alt (6) den alt seo, údaróidh sé don duine dá ndeonaítear é—

- (a) an t-arm tine a shonraítear sa deimhniú a shealbhú, a úsáid agus a iompar,
- (b) amuinisean lena úsáid san arm tine a cheannach, agus

(c) méid nach mó ná an méid amuinisin a shonraítear sa deimhniú a shealbhú nó a iompar aon tráth áirithe.

(6) I gcás inar gránghunna an t-arm tine, féadfar leis an deimhniú airm tine, faoi réir fho-alt (11) den alt seo, a údarú é a úsáid chun ainmhithe nó éin seachas ainmhithe fiáine cosanta nó éin fhiáine chosanta de réir bhrí an Achta um Fhiadhúlra 1976 a mharú ag an sealbhóir, agus chuige sin amháin—

(a) ar thalamh atá á áitiú ag an sealbhóir, nó

(b) ar thalamh atá á áitiú ag duine eile,

(de réir mar a déarfad sa deimhniú).

(7) Leanfaidh deimhniú airm tine a bheidh i bhfeidhm d'fheidhm a bheith aige go ceann tréimhse 3 bliana ón dáta a deonaíodh é, mura rud é go gcúlghairtear é, agus go ceann aon tréimhse breise den sórt sin dá ndéanfar é a athnuachan.

(8) Féadfaidh sealbhóir ar dheimhniú airm tine iarratas a dhéanamh ar an deimhniú a athnuachan laistigh de thrí mhí sula scoirfidh sé d'fheidhm a bheith aige.

(9) Maidir le hiarratas ar dheimhniú airm tine nó ar dheimhniú airm tine a athnuachan, tabharfar cinneadh ina leith laistigh de 3 mhí ón dáta a gcuirfidh an t-iarratasóir foirm iarratais chomhlánaithe isteach.

(10) I gcás ina ndiúltófar don iarratas, cuirfear an diúltú sin agus an chúis atá leis in iúl don iarratasóir.

(11) Beidh éifeacht leis na forálacha seo a leanas i ndáil le deimhniú san fhoirm dá dtagraítear i bhfo-alt (6) den alt seo (dá ngairtear “deimhniú teoranta” san fho-alt seo):

(a) ní dhéanfar deimhniú teoranta a bhaineann le talamh atá á áitiú ag duine seachas an t-iarratasóir ar an deimhniú a dheonú mura rud é go mbeidh ainmniúchán i scríbhinn chun an deimhniú a shealbhú tugtha don iarratasóir ag áititheoir na talún;

(b) ní dhéanfar deimhniú teoranta a bhaineann le haon talamh a dheonú i leith aon tréimhse má tá deimhniú teoranta a bhaineann leis an talamh sin i bhfeidhm cheana féin i leith na tréimhse sin;

- (c) ní dhéanfar deimhniú teoranta a dheonú mura rud é go bhfuil iomlán na talún lena mbainfeadh an deimhniú á áitiú ag aon duine amháin;
- (d) i gcás ina gcúlghairtear ainmniúchán dá dtagraítear i mír (a) den fho-alt seo, ní fhéadfar an deimhniú teoranta lenar bhain sé, má bhí sé i bhfeidhm an tráth sin, a athnuachan.

(12) Déanfar arm tine ar ina leith a dheonófar deimhniú airm tine a mharcáil sa tslí fhorordaithe le huimhir nó le marc aitheantais forordaithe eile agus déanfar an uimhir nó an marc sin a thairfeadh sa deimhniú.

(13) Aon duine—

- (a) a dhéanfaidh faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt go feasach do dhuine eisiúna i ndáil le hiarratas ar dheimhniú airm tine nó i ndáil le hathnuachan deimhnithe den sórt sin,
- (b) a dhéanfaidh doiciméad a bhrionnú á airbheartú gur deimhniú airm tine é nó a dhéanfaidh doiciméad den sórt sin a úsáid, nó a shealbhú go feasach, nó
- (c) a dhéanfaidh deimhniú airm tine a úsáid nó a athrú, nó a úsáidfidh deimhniú airm tine arna athrú amhlaidh, le hintinn mheabhlaireachta,

beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear—

- (i) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €2,500 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
- (ii) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €20,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(14) Tá fo-alt (13) den alt seo gan dochar do Chuid 4 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001.

(15) Aisghairtear alt 12 (úsáid theoranta gunna gráin) d’Acht na nArm Tine 1964.”.

Alt nua 3A sa Phríomh-Acht.

31.—Cuirtear an t-alt seo a leanas isteach i ndiaidh alt 3 den Phríomh-Acht:

“An Coimisinéir d’eisiúint treoirlínte etc.

3A.—(1) Féadfaidh an Coimisinéir, le toiliú an Aire, treoirlínte a eisiúint ó am go ham i ndáil le

feidhmiú agus oibriú praiticiúil aon fhorála d'Achtanna na nArm Tine 1925 go 2006.

(2) Go háirithe, féadfaidh an Coimisinéir treoirlínte den sórt sin a eisiúint i ndáil le hiarratais ar dheimhnithe agus ar údaruithe airm tine faoin Acht seo agus i ndáil leis na coinníollacha a bheidh ag gabháil leis na deimhnithe agus leis na húdaruithe sin.”.

32.—Cuirtear an t-alt seo a leanas in ionad alt 4 den Phríomh-Acht:

Alt nua a chur in ionad alt 4 den Phríomh-Acht.

“Na coinníollacha a bhaineann le deimhniú airm tine a dheonú.

4.—(1) Ní dheonóidh duine eisiúna deimhniú airm tine mura rud é gur deimhin leis nó léi go gcomhlíonann an t-iarratasóir na coinníollacha dá dtagraítear i bhfo-alt (2) agus go leanfaidh an t-iarratasóir dá gcomhlíonadh le linn ré an deimhnithe.

(2) Is iad na coinníollacha ar faoina réir a fhéadfar deimhniú airm tine a dheonú ná, i dtuairim an duine eisiúna—

- (a) go bhfuil cúis mhaith ag an iarratasóir chun gá a bheith aige nó aici leis an arm tine ar ina leith a dhéantar iarratas ar an deimhniú,
- (b) go bhféadfar a cheadú don iarratasóir an t-arm tine agus an t-amuinisean a shealbhú, a úsáid, agus a iompar gan aon chontúirt do shábháilteacht ná do shlándáil an phobail nó don tsíocháin,
- (c) nach duine an t-iarratasóir a ndearbhaítear ina leith leis an Acht seo gur duine é nó í nach bhfuil i dteideal deimhniú airm tine a shealbhú,
- (d) gur sholáthair an t-iarratasóir cóiríocht dhaingean don arm tine agus don amuinisean san áit a mbeidh sé le coimeád,
- (e) i gcás inar raidhfíil nó piostal, atá le húsáid le haghaidh lámhaigh targaide, an t-arm tine, gur comhalta de chlub raidhfíil nó piostal údaraithe an t-iarratasóir,
- (f) go bhfuil fo-alt (3) comhlíonta ag an iarratasóir,
- (g) go gcomhlíonann an t-iarratasóir cibé coinníollacha eile (más ann) a shonraítear sa deimhniú airm tine, lena n-áirítear aon choinníollacha den sórt sin a bheidh le comhlíonadh roimh dháta sonraithe de réir mar a

mheasfaidh an duine eisiúna is gá ar mhaithe le sábháilteacht nó slándáil an phobail, agus

- (h) i gcás inar iarratas ar dheimhniú airm tine srianta an t-iarratas—
 - (i) go bhfuil cúis mhaith dhóthanach ag an iarratasóir chun gá a bheith aige nó aici le harm tine den sórt sin, agus
 - (ii) gur léirigh an t-iarratasóir gurb é an t-arm tine an t-aon saghas airm is cuí chun na críche dá bhfuil gá leis.

(3) Déanfaidh iarratasóir ar dheimhniú airm tine an fhaisnéis a iarrtar san fhoirm iarratais, agus cibé faisnéis bhreise a éileoidh an duine eisiúna i gcomhlíonadh fheidhmeanna an duine faoin Acht seo, a sholáthar don duine eisiúna, lena n-áirítear, go háirithe—

- (a) cruthúnas ar chéannacht,
- (b) cruthúnas ar inniúlacht i dtaca le húsáid an airm tine lena mbaineann,
- (c) toiliú scríofa i gcomhair aon fhiosruithe a dhéanamh i ndáil le stair leighis an iarratasóra ar fhiosruithe iad a dhéanfaidh an duine eisiúna, nó a dhéanfar thar a cheann nó a ceann, chuig gairmí sláinte, agus
- (d) ainmneacha agus seoltaí beirt réiteoirí a bhféadfar dul i dteagmháil leo chun carachtar an iarratasóra a fhianú.

(4) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána iniúchadh a dhéanamh ar an gcóiríocht a sholáthraíonn iarratasóir ar dheimhniú airm tine i gcomhair airm tine nó a cheangal ar an iarratasóir cruthúnas a sholáthar go bhfuil an chóiríocht sin ann.

(5) Féadfaidh an tAire, i gcomhairle leis an gCoimisinéir, le rialacháin, a fhoráil go gcomhlíonfaidh sealbhóirí ar dheimhnithe airm tine caighdeáin íosta i ndáil le cóiríocht dhaingean a sholáthar dá n-airm thine.

(6) San alt seo ciallaíonn “gairmí sláinte” duine is dochtúir nó síciatraí atá cláraithe faoi aon achtacháin lena rialaítear an ghairm lena mbaineann nó síceolaí cliniciúil.”

“Clubanna raidhfíil nó piostail nó raonta lámhaigh a údarú.

4A.—(1) Ní cheadóidh club raidhfíil nó piostail nó úinéir nó oibritheoir raoin lámhaigh raidhfíil nó piostail aon arm tine nó amuinisean a úsáid nó a stóráil in áitreabh an chlub nó ag an gclub nó ag an raon lámhaigh i dtaca le lámhach targaide mura rud é go bhfuil údarú faoin alt seo chun déanamh amhlaidh i bhfeidhm.

(2) Déanfaidh oifigeach don chlub a bheidh údaraithe chuige sin nó úinéir nó oibritheoir an raoin lámhaigh iarratas ar údarú den sórt sin chuig an gCoimisinéir agus beidh an t-iarratas sin san fhoirm fhorordaithe.

(3) Beidh ag gabháil leis an iarratas—

(a) an táille fhorordaithe, agus

(b) i gcás raoin lámhaigh, deimhniú raoin arm tine atá i bhfeidhm.

(4) Beidh cóip d’aon rialacháin faoi fho-alt (13) nó den chuid ábhartha díobh san fhoirm iarratais.

(5) Déanfaidh an t-iarratasóir aon fhaisnéis bhreise a bheidh ag teastáil ón gCoimisinéir i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo a sholáthar i scríbhinn.

(6) Ní dheonóidh an Coimisinéir údarú don iarratasóir chun raidhfíilí, piostail agus amuinisean a úsáid agus a stóráil in áitreabh an chlub nó an raoin lámhaigh lena mbaineann, nó ar chuid shonraithe den áitreabh sin, chun críche lámhaigh targaide, ach amháin i gcás inar deimhin leis nó léi—

(a) nach contúirt do shábháilteacht nó do shlándáil an phobail nó don tsíocháin iad a bheith á n-úsáid nó á stóráil,

(b) go bhfuil an club nó an raon lámhaigh á bhainistiú go freagrach, agus

(c) i gcás raoin lámhaigh, go bhfuil deimhniú raoin arm tine i bhfeidhm ina leith.

(7) Tabharfar cinneadh ar an iarratas laistigh de 3 mhí ón dáta a cuireadh foirm iarratais chomhlánaithe faoi bhráid an Choimisinéara.

(8) Féadfaidh an Coimisinéir aon tráth trí fhógra i scríbhinn—

(a) cibé coinníollacha a chur ag gabháil leis an údarú a mheasfaidh sé nó sí is gá chun a áirithiú nach contúirt do shábháilteacht nó do shlándáil an phobail nó don tsíocháin oibriú an chlub nó an raoin lámhaigh agus úsáid

agus stóráil raidhfíil, piostal agus amuinisin in áitreabh an chlub nó an raoin lena mbaineann, nó sa chlub nó ar an raon lena mbaineann,

(b) aon cheann de na coinníollacha sin a athrú aon tráth chun na críche sin, agus

(c) a cheangal go gcomhlíonfar cuid acu nó iad go léir roimh dháta sonraithe.

(9) Leanfaidh údarú atá i bhfeidhm de bheith i bhfeidhm go ceann tréimhse 5 bliana ón dáta a deonaíodh é, mura rud é go gcúlghairtear é, agus go ceann aon tréimhse nó tréimhsí breise den sórt sin dá ndéanfar é a athnuachan.

(10) Féadfar iarratas a dhéanamh ar athnuachan údaráithe laistigh de 3 mhí sula scoirfidh an t-údarú de bheith i bhfeidhm.

(11) Féadfaidh an Coimisinéir, más rud é nach bhfuil sé nó sí sásta a thuilleadh i ndáil le haon cheann de na nithe a luaitear i míreanna (a) go (c) d'fho-alt (6), údarú an chlub nó an raoin lámhaigh lena mbaineann a chúlghairm trí fhógra i scríbhinn a bheidh dírithe chuig an iarratasóir nó chuig an duine nó chuig na daoine atá freagrach, de thuras na huaire, as bainistiú an chlub nó an raoin sin.

(12) Ar fhógra den sórt sin a fháil, déanfaidh an duine nó na daoine dá dtabharfar an fógra amhlaidh an t-údarú agus aon raidhfíil, piostail nó amuinisean a bheidh á stóráil in áitreabh an chlub nó an raoin a ghéilleadh láithreach don cheannfort don cheantar ina bhfuil an club nó an raon.

(13) Féadfaidh an tAire, i gcomhairle leis an gCoimisinéir, le rialacháin, caighdeáin íosta a shonrú ar caighdeáin iad a bheidh le comhlíonadh ag club raidhfíil nó piostail nó ag raon lámhaigh sula ndeónófar údarú faoin alt seo i ndáil leis.

(14) Déanfar na caighdeáin íosta a chinneadh—

(a) i gcás club, faoi threoir aon ní nó gach ní acu seo a leanas:

(i) slándáil a áitribh;

(ii) comhaltas;

(iii) bainistíocht;

(b) i gcás raoin lámhaigh, faoi threoir aon ní nó gach ní acu seo a leanas:

(i) slándáil an raoin;

(ii) comhaltas;

- (iii) bainistíocht;
- (iv) dearadh, déanamh agus cothabháil;
- (v) na cineálacha arm tine agus amuinisin atá le húsáid;
- (vi) leibhéal inniúlachta na ndaoine a bheidh ag úsáid an raoin.

(15) Chun a fháil amach an bhfuil coinníollacha atá ag gabháil le húdarú faoin alt seo á gcomhlíonadh, féadfaidh comhalta den Gharda Síochána a bheidh údaraithe chuige sin, ar an údarú nó cóip de a thabhairt ar aird má iarrtar é, dul isteach in aon áitreabh atá ar áitiú nó á úsáid ag an gclub nó ag an raon lámhaigh lena mbaineann agus an t-áitreabh agus aon ní ann a iniúchadh.

(16) Aon duine a dhéanfaidh, trí ghníomh nó neamhghníomh, bac nó cosc a chur ar chomhalta den Gharda Síochána le linn don chomhalta a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoi fho-alt (15) den alt seo a chomhlíonadh, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil €1,000 agus príosúnacht ar feadh téarma 3 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(17) Cuirfidh an Coimisinéir faoi deara go mbunófar agus go gcoimeádfar clár de chlubanna agus raoin lámhaigh atá údaraithe de thuras na huaire faoin alt seo.

(18) Is cion é—

- (a) ag club nó ag úinéir nó oibritheoir raoin lámhaigh—
 - (i) fo-alt (1) den alt seo a shárú, nó
 - (ii) gan leithscéal réasúnach, gan aon choinníollacha a bheidh ag gabháil le húdarú faoin alt seo a chomhlíonadh,
- (b) ag duine gan fo-alt (12) den alt seo a chomhlíonadh, nó
- (c) ag duine, gan leithscéal réasúnach, páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí club nó raoin lámhaigh den sórt sin nach bhfuil údarú faoin alt seo i bhfeidhm ina leith.

(19) In imeachtaí in aghaidh duine i leith ciona faoi fho-alt (18)(a)(i) den alt seo, is cosaint é a chruthú gur ghlac an cosantóir réamhchúram réasúnach agus go ndearna sé nó sí dícheall cuí chun nach ndéanfaidh sé nó sí an cion.

(20) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear—

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €2,500 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, agus
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €20,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 7 mbliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(21) San alt seo—

ciallaíonn “*deimhniú raoin arm tine*” deimhniú arna eisiúint faoi alt 4B(3)(a) den Acht seo;

ciallaíonn “*club raidhfil nó piostail*” club arna bhunú chun oilteacht a chur chun cinn in úsáid raidhfilí agus piostal le haghaidh lámhaigh targaide;

ní fholaíonn “*raon lámhaigh*” raon nó léibheann scaoilte dá dtagraítear in alt 2(4)(a) den Acht seo.”.

Alt nua 4B sa Phríomh-Acht.

34.—Cuirtear an t-alt seo a leanas isteach isteach sa Phríomh-Acht i ndiaidh alt 4:

“Cigirí raonta arm tine.

4B.—(1) Féadfaidh an tAire, le barántas, cibé daoine agus cibé líon daoine a mheasfaidh sé nó sí is gá a cheapadh chun bheith ina gcigirí raonta arm tine agus féadfaidh sé nó sí aon cheapachán den sórt sin a chúlghairm.

(2) Is é dualgas cigire raonta arm tine—

- (a) iarratais ar údarú raonta lámhaigh raidhfil agus piostail a scrúdú, agus
- (b) raonta lámhaigh raidhfil agus piostail a iniúchadh d’fhonn a chinntiú go gcomhlíonann siad na caighdeáin íosta dá bhforáiltear i rialacháin faoi alt 4A(13) den Acht seo.

(3) Féadfaidh cigire, tar éis raon lámhaigh raidhfil nó piostail a iniúchadh—

- (a) más deimhin leis nó léi go gcomhlíonann an raon na caighdeáin íosta sin, deimhniú raoin arm tine a eisiúint ina leith, agus
- (b) más rud é nach deimhin leis nó léi amhlaidh, diúltú deimhniú den sórt sin a eisiúint nó aon deimhniú den sórt sin atá i bhfeidhm a chúlghairm.

(4) Maidir le cigire a bhfuil drochamhras air nó uirthi, agus cúis réasúnach aige nó aici ina leith, go bhfuil aon áit á húsáid le haghaidh lámhaigh targaide raidhfil nó piostail, féadfaidh sé nó sí dul isteach san áit agus í a iniúchadh.

(5) Déanfaidh an tAire an barántas ceapacháin, nó cóip de, a eisiúint chuig gach cigire, lena thabhairt ar aird, ar é a iarraidh, nuair a bheidh cigire ag feidhmiú aon chumhachta a thugtar leis an alt seo.

(6) Is é an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, a chinnfidh téarmaí agus coinníollacha ceaptha cigirí raonta arm tine.”

35.—Cuirtear an t-alt seo a leanas in ionad alt 5 den Phríomh-Acht:

Alt nua a chur in ionad alt 5 den Phríomh-Acht.

“Deimhnithe airm tine a chúlghairm.

5.—(1) Féadfaidh duine eisiúna aon tráth deimhniú airm tine arna dheonú ag an duine a chúlghairm más deimhin leis nó léi maidir le sealbhóir an deimhnithe—

- (a) nach bhfuil cúis mhaith aige nó aici chun an t-arm tine lena mbaineann an deimhniú a bheith aige nó aici,
- (b) gur duine é nó í nach féidir a cheadú dó nó di, gan chontúirt do shábháilteacht nó slándáil an phobail nó don tsíocháin, arm tine a shealbhú,
- (c) gur duine é nó í a ndearbhaítear ina leith leis an Acht gur duine é nó í nach bhfuil i dteideal deimhniú airm tine a shealbhú,
- (d) i gcás ina gcuireann an deimhniú airm tine teorainn leis na críocha chun ar féidir an t-arm tine lena mbaineann sé a úsáid, go bhfuil an t-arm tine á úsáid aige nó aici chun críoch nach n-údaráítear leis an deimhniú,
- (e) nár chomhlíon sé nó sí coinníoll atá ag gabháil le deonú an deimhnithe, nó
- (f) i gcás ina n-údaráítear do shealbhóir ar dheimhniú oiliúna arm tine an t-arm tine a iompar nó a úsáid, gur cheadaigh sé nó sí, gan leithscéal réasúnach, do shealbhóir an deimhnithe sin an t-arm tine a iompar nó a úsáid fad nach raibh sé nó sí faoi mhaoirseacht aige nó aici.

(2) Déanfaidh an duine eisiúna an chúis le deimhniú airm tine a chúlghairm a chur in iúl i scríbhinn do shealbhóir an deimhnithe.

(3) I gcás ina gcúlghairfear deimhniú airm tine nó ina scoirfidh sé ar dhóigh eile de bheith i bhfeidhm, féadfaidh an duine eisiúna a ordú i scríbhinn go ndéanfaidh an sealbhóir an t-arm tine nó an t-amuinisean lena mbaineann nó iad araon a thabhairt suas chuig coimeád an cheannfoirt don cheantar ina gcónaíonn an sealbhóir nó chuig comhalta den Gharda Síochána a bheidh ag gníomhú thar ceann an cheannfoirt.”.

Leasú ar alt 6 den Phríomh-Acht.

36.—Leasaítear alt 6 den Phríomh-Acht—

- (a) trí “Nuair a dhéanfaidh Ceannfort deimhniú airm tine a chúlghairm” a scriosadh agus “Nuair a chúlghairfear deimhniú airm tine” a chur isteach, agus
- (b) i mír (a), trí “do Cheannfort an cheantair ina gcónaíonn an duine” a chur in ionad “don Cheannfort”.

Leasú ar alt 8 den Phríomh-Acht.

37.—Leasaítear alt 8 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1) trí mhíreanna (d), (e), (f) agus (g) a scriosadh agus na míreanna seo a leanas a chur isteach:

“(d) aon duine ar ar cuireadh pianbhreith phríosúnachta—

(i) mar gheall ar chion faoi *Achtanna na nArm Tine 1925 go 2006*, faoi na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit 1939 go 1998 nó faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005, nó

(ii) mar gheall ar chion faoi dhlí stáit eile ar cion é a bhaineann le harm tine a thabhairt ar aird nó a úsáid,

agus nach mbeidh deireadh leis an bpianbhreith nó gur tháinig deireadh léi laistigh de na 5 bliana roimhe sin,

(e) aon duine atá faoi cheangal ag cúirtbhanna chun an tsíocháin a choimeád agus a bheith dea-iompartha, ar coinníoll de nach ndéanfaidh an duine arm tine nó amuinisean a shealbhú, a úsáid nó a iompar, agus

(f) aon duine nach bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi sa Stát (seachas duine a bhfuil cónaí sealadach air nó uirthi amhlaidh) ar feadh tréimhse 6 mhí roimh iarratas a dhéanamh dheimhniú airm tine.”.

Leasú ar alt 9 den Phríomh-Acht.

38.—Leasaítear alt 9 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) Leanfaidh clárú duine sa chlár de dhéileálaithe arm tine de bheith i bhfeidhm go ceann tréimhse 3 bliana ó dháta an chláraithe, mura rud é go ndéantar é a chúlghairm roimhe sin agus, má dhéantar é a athnuachan, go ceann tréimhse eile 3 bliana ó dheireadh na tréimhse

sin nó, de réir mar a bheidh, ó dheireadh aon tréimhse den sórt sin ina dhiaidh sin a ndéantar an clárú a athnuachan ina leith.”,

agus

- (b) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (9):

“(10) Féadfaidh an tAire le rialacháin, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisinéir, caighdeáin íosta a shonrú a bheidh le comhlíonadh i ndáil le háitreabh ina seolann déileálaí arm tine gnó nó ina mbeartaíonn déileálaí arm tine déanamh amhlaidh.

(11) Cinnfear na caighdeáin íosta faoi threoir na nithe seo a leanas—

(a) slándáil an áitribh,

(b) sábháilteacht an áitribh, agus

(c) caighdeán foirgníochta an áitribh,

agus ag féachaint d’úsáid an áitribh chun airm tine nó amuinisean a mhonarú, a dheisiú, a thástáil, a phromhadh nó a dhíol, de réir mar a bheidh.

(12) Déanfaidh iarratasóirí ar chlárú a athnuachan an tAire a shásamh go gcomhlíonann a n-áitreabh na caighdeáin íosta a shonraítear in aon rialacháin faoi fho-alt (10) den alt seo.

(13) Gan dochar d’fho-alt (3) den alt seo, dearbhaítear i leith na ndaoine seo a leanas gur daoine iad nach bhfuil i dteideal a bheith cláraithe sa chlár de dhéileálaithe arm tine:

(a) duine atá faoi bhun 21 bhliain d’aois;

(b) duine mímhheabhrach;

(c) duine ar ar cuireadh pianbhreith phríosúnachta mar gheall ar chion faoi *Achtanna na nArm Tine 1925 go 2006*, faoi na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit 1939 go 1998 nó faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005;

(d) duine atá faoi cheangal ag cúirtbhanna an tsíocháin a choimeád nó a bheith dea-iompartha, ar coinníoll de nach ndéanfaidh an duine arm tine nó amuinisean a shealbhú, a úsáid nó a iompar.”.

39.—Leasaítear alt 10 trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4): Leasú ar alt 10 den Phríomh-Acht.

“(4A) Is cion é—

- (a) do dhéileálaí cláraithe arm tine (d'ainneoin fho-alt (1) den alt seo),
- (b) do dhuine a ghabhann don ghnó arb é atá ann earraí a iompar nó a stórasú ar luaíocht, nó
- (c) do cheantálaí atá údaraithe faoi alt 13 d'Acht na nArm Tine 1964,

arm tine srianta a shealbhú, a úsáid, a iompar, a dhíol nó a thaispeáint lena dhíol i ngnáthchúrsa an ghnó, mura rud é go bhfuil sé nó sí údaraithe le húdarú faoin alt seo chun déanamh amhlaidh, ar údarú é atá i bhfeidhm.

(4B) Déanfaidh duine atá luaite i bhfo-alt (4A) iarratas ar údarú den sórt sin chuig an Aire san fhoirm fhorordaithe agus beidh an táille fhorordaithe (más ann) in éineacht leis an iarratas.

(4C) Déanfaidh an t-iarratasóir aon fhaisnéis bhreise a éileoidh an tAire i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin alt seo a sholáthar i scríbhinn.

(4D) Féadfar iarratas ar athnuachan údaraithe a dhéanamh laistigh de 3 mhí roimh an dáta a scoireann sé d'fheidhm a bheith aige.

(4E) Diúltófar d'iarratas ar údarú nó ar athnuachan údaraithe dá mba rud é, i dtuairim an Aire, go ndéanfaí dochar do shábháilteacht nó do shlándáil an phobail dá ndeonaí é.

(4F) Déanfar cinneadh maidir le hiarratas ar údarú nó ar athnuachan údaraithe a thabhairt laistigh de 3 mhí ón dáta a chuireann an t-iarratasóir foirm iarratais chomhlánaithe faoi bhráid an Aire.

(4G) Maidir le húdarú faoin alt seo ar údarú é atá i bhfeidhm, mura rud é gur tuisce a chúlghairtear é, leanfaidh sé i bhfeidhm go ceann tréimhse 3 bliana ón dáta a dheonaítear é agus, má athnuaitear é, go ceann tréimhse eile 3 bliana ó dheireadh na tréimhse sin nó, de réir mar a bheidh, ó dheireadh aon tréimhse den sórt sin ina dhiaidh sin a ndéantar an t-údarú a athnuachan ar a feadh.”.

Alt nua 10A sa Phríomh-Acht.

40.—Cuirtear an t-alt seo a leanas isteach i ndiaidh alt 10 den Phríomh-Acht:

“Amuinisean a athlódáil. 10A.—(1) Beidh aon duine (seachas déileálaí cláraithe arm tine nó sealbhóir ar cheadúnas faoin alt seo) a dhéanfaidh amuinisean a athlódáil ciontach i gcion.

(2) Beidh iarratas ar cheadúnas faoin alt seo san fhoirm fhorordaithe, beidh an táille forordaithe (más ann) ag gabháil leis agus is ar cheannfort an Gharda Síochána don cheantar ina bhfuil cónaí ar an iarratasóir a dhéanfar é.

(3) Ní dheonóidh ceannfort ceadúnas faoin alt seo mura deimhin leis nó léi go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) go sealbhaíonn an t-iarratasóir deimhniú airm tine;
- (b) nach gcuirfidh athlódáil amuinisin, sna himthosca áirithe, sábháilteacht nó slándáil an phobail nó an tsíocháin i mbaol;
- (c) go bhfuil riachtanas speisialta ag an duine ar leor é, i dtuairim an cheannfoirt, le gur ceart an ceadúnas a dheonú;
- (d) go bhfuil an t-iarratasóir inniúil ar amuinisean a athlódáil;
- (e) go bhfuil an t-áitreabh ina bhfuil an athlódáil le déanamh sách slán agus sách daingean chun na críche sin.

(4) Féadfaidh an ceannfort aon tráth—

- (a) cibé coinníollacha breise a chur ag gabháil leis an gceadúnas ar dóigh leis nó léi is gá chun baol do dhaoine den phobal nó don tsíocháin a chosc nó chun a chinntiú nach ndéanfar amuinisean a athlódáil ach amháin chun freastal ar riachtanas speisialta an iarratasóra, agus
- (b) aon cheann de na coinníollacha sin a athrú chun na críche sin.

(5) Maidir leis an gceadúnas—

- (a) beidh sé san fhoirm fhorordaithe,
- (b) deonófar é le haghaidh tréimhse sonraithe nach faide ná 3 bliana, agus
- (c) féadfaidh an ceannfort é a chúlghairm más rud é nach deimhin leis nó léi a thuilleadh go bhfuil aon choinníoll a luaitear i bhfo-alt (3) den alt seo á chomhlíonadh nó go gcomhlíonfar é.

(6) Aon duine nach gcomhlíonfaidh coinníoll dá dtagraítear i bhfo-alt (3) nó (4) den alt seo, gan leithscéal réasúnach a bheith ann chuige sin, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífeair—

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná bliain amháin, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(7) Féadfaidh an tAire, le hordú, an chainníocht uasta amuinisin, agus an cineál comhpháirteanna amuinisin, a shonrú a fhéadfaidh duine a shealbhaíonn ceadúnas faoin alt seo, nó a fhéadfaidh déileálaí cláraithe airm tine, a cheannach, a dhíol, a stóráil nó a úsáid chun amuinisean a athlódáil.

(8) San alt seo, ciallaíonn “amuinisean a athlódáil” amuinisean a dhéanamh as amuinisean caite, agus forléireofar abairtí gaolmhara dá réir sin.”.

Leasú ar alt 11 den Phríomh-Acht.

41.—Leasaítear alt 11 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (2), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (d):

“(d) go bhfuil sé tar éis teacht chun bheith ina duine nó ina duine a ndearbhaítear faoi alt 9(13) den Acht seo ina leith gur duine é nó í nach bhfuil i dteideal a a bheith cláraithe sa chlár de dhéileálaithe arm tine,”,

agus

(b) trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Aon duine a mbaintear a ainm den chlár de dhéileálaithe arm tine faoin alt seo, déanfaidh sé, ar a ainm nó a hainm a bhaint amhlaidh, na nithe seo a leanas a thabhairt suas láithreach don Aire—

(a) deimhniú clárúcháin nó athnuachana an duine, agus

(b) an clár a choimeádann an duine faoi fho-alt (1) d’alt 12 den Acht seo.

(4) Tá aon duine a sháraíonn fo-alt (3) den alt seo ciontach i gcion agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil nach mó nó €3,000 a chur air nó uirthi.”.

Alt nua a chur in ionad alt 15 den Phríomh-Acht.

42.—Cuirtear an t-alt seo a leanas in ionad alt 15 den Phríomh-Acht:

“Seilbh ar airm thine le hintinn duine a chur i gcontúirt bháis.

15.—(1) Aon duine ag a bhfuil seilbh nó rialú ar aon arm tine nó amuinisean—

(a) le hintinn duine a chur i gcontúirt bháis nó díobháil mhór a dhéanamh do mhaoin, nó

- (b) le hintinn a chur ar chumas aon duine eile duine a chur i gcontúirt bháis nó díobháil mhór a dhéanamh do mhaoin leis an arm tine nó leis an amuinisean,

beidh sé nó sí, cibé acu a rinneadh nó nach ndearnadh aon díobháil do dhuine nó do mhaoin dá dheasca sin, ciontach i gcion.

(2) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo, dlífeair, ar é nó í a chiontú ar diotáil—

- (a) príosúnacht saoil nó cibé téarma is giorra ná sin a chinnfidh an chúirt a chur air nó uirthi, faoi réir fho-ailt (4) go (6) den alt seo nó, i gcás ina bhfuil feidhm ag fo-alt (8) den alt seo, faoi réir an fho-ailt sin, agus

- (b) de rogha na cúirte, fineáil de cibé méid is cú leis an gcúirt a chur air nó uirthi,

agus forghéillfeair an t-arm tine nó an t-amuinisean lena mbaineann.

(3) Féadfaidh an chúirt, le linn pianbhreith a fhorchur ar dhuine i leith ciona faoin alt seo, aird a bheith aici, go háirithe, i dtaobh ar ciontaíodh an duine roimhe sin i gcion faoi *Achtanna na nArm Tine 1925 go 2006*, faoi na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit 1939 go 1998 nó faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005.

(4) I gcás ina gciontófar duine (seachas duine faoi bhun 18 mbliana d'aois) i gcion faoin alt seo, déanfaidh an chúirt, le linn pionós a fhorchur, a shonrú gur téarma príosúnachta nach giorra ná 10 mbliana an téarma príosúnachta íosta a bheidh le cur isteach ag an duine.

(5) Níl feidhm ag fo-alt (4) den alt seo i gcás inar deimhin leis an gcúirt go bhfuil imthosca eisceachtúla sonracha ann a bhaineann leis an gcion, nó leis an duine a chiontaítear sa chion, ar imthosca iad a d'fhágfadh gur pianbhreith mhíchóir sna himthosca go léir pianbhreith phríosúnachta ar feadh téarma nach giorra ná 10 mbliana agus, chun na críche seo, féadfaidh an chúirt aird a bheith aici ar aon nithe is cú léi, lena n-áirítear—

- (a) ar phléadáil an duine sin ciontach sa chion agus, má phléadáil—

- (i) an tráth a cuireadh in iúl gur beartaíodh pléadáil ciontach,

(ii) na himthosca inar cuireadh an méid sin in iúl,

agus

(b) ar thug an duine cúnaimh ábhartha maidir leis an gcion a imscrúdú.

(6) Féadfaidh an chúirt, le linn breithniú a dhéanamh chun críocha fho-alt (5) den alt seo i dtaobh an bhfuil pianbhreith phríosúnachta ar feadh téarma nach giorra ná 10 mbliana míchóir sna imthosca go léir, aird a bheidh aici go háirithe ar na nithe seo a leanas—

(a) an ndearnadh an duine a chiontaítear sa chion, a chiontú roimhe sin i gcion faoi *Achtanna na nArm Tine 1925 go 2006*, faoi na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit 1939 go 1998 nó faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005, agus

(b) an mbeadh sé ar mhaithe le leas an phobail, i dtaca le cosc a chur ar airm thine a shealbhú nó a úsáid go neamhdhleathach, dá bhforchuirfí pianbhreith níos giorra.

(7) Maidir le fo-ailt (4) go (6) den alt seo, níl feidhm acu, ná níl éifeacht leo, ach amháin i ndáil le duine a chiontaítear i gcéad chion faoin alt seo (seachas duine a thagann faoi réim fho-alt (8)(b) den alt seo), agus, dá réir sin, tá tagairtí sna fo-ailt chéadluaite sin do chion faoin alt seo le forléiriú mar thagairtí do chéad chion den sórt sin.

(8) Más rud é, maidir le duine (seachas duine atá faoi bhun 18 mbliana d’aois)—

(a) go gciontaítear é nó í i ndara cion nó i gcion ina dhiaidh sin faoin alt seo,

(b) go gciontaítear é nó í i gcéad chion faoin alt seo agus gur ciontaíodh é nó í roimhe i gcion faoi alt 26, 27, 27A nó 27B d’Acht na nArm Tine 1964 nó faoi alt 12A d’Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach 1990,

sonróidh an Chúirt, le linn pianbhreith a fhorchur, gur príosúnacht ar feadh téarma nach giorra ná 10 mbliana an téarma príosúnachta íosta atá le cur isteach ag an duine.

(9) Tá feidhm ag alt 27C d’Acht na nArm Tine 1964 maidir le himeachtaí i leith ciona faoin alt seo agus maidir le haon téarma príosúnachta íosta a fhorchuirtear sna himeachtaí sin faoi fho-alt (4) nó (8) den alt seo.”

43.—Cuirtear an t-ált seo a leanas isteach i ndiaidh alt 15 den Phríomh-Acht: Alt nua 15A sa Phríomh-Acht.

“Achomharc chun na Cúirte Dúiche. 15A.—(1) Féadfaidh duine arb éagóir leis nó léi aon cheann de na cinntí seo a leanas arna ndéanamh ag duine eisiúna achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche:

- (a) diúltú deimhniú oiliúna arm tine a dheonú faoi alt 2A den Acht seo;
- (b) diúltú deimhniú airm tine a dheonú nó a athnuachan faoi alt 3 den Acht seo;
- (c) diúltú údarú do chlub raidhfil nó piostail nó do raon lámhaigh a dheonú nó a athnuachan faoi alt 4A den Acht seo;
- (d) deimhniú airm tine a chúlghairm faoi alt 5 den Acht seo;
- (e) diúltú duine a chlárú, nó clárú a athnuachan, sa chlár de dhéileálaithe arm tine faoi alt 9 den Acht seo;
- (f) údarú a dheonú nó a athnuachan faoi alt 10 den Acht seo;
- (g) ainm duine a bhaint den chlár de dhéileálaithe arm tine faoi alt 11 den Acht seo;
- (h) diúltú ceadúnas a dheonú faoi alt 10A den Acht seo;
- (i) diúltú údarú a dheonú faoi alt 16(1) den Acht seo;
- (j) diúltú ceadúnas a dheonú i gcomhair allmhairiú arm tine nó amuinisin nó airm thoirmisceithe faoi alt 17 den Acht seo nó diúltú ceadúnas den sórt sin nó coinníollacha arna n-ainmniú ann a athrú;
- (k) diúltú deimhniú airm tine a athnuachan faoi alt 9 d’Acht na nArm Tine 1964; nó
- (l) diúltú deimhniú airm tine a dheonú, nó deimhniú den sórt sin a chúlghairm, faoi alt 2 d’Acht na nArm Tine (Deimhnithe Airm Tine do Neamhchónaitheoirí) 2000.

(2) Déanfar achomharc laistigh de 30 lá ón tráth a fhaightear fógra i dtaobh an chinnidh lena mbaineann.

(3) Féadfaidh an Chúirt ar an achomharc—

- (a) an cinneadh a dhaingniú,
- (b) na himeachtaí a chur ar atráth agus a ordú don duine eisiúna an cinneadh a athbhreithniú i bhfianaise na n-imeachtaí achomhairc, nó
- (c) an t-achomharc a cheadú.

(4) I gcás ina gceadaítear an t-achomharc, tabharfaidh an duine eisiúna éifeacht do chinneadh na Cúirte.

(5) Chun críocha an ailt seo—

- (a) maidir le duine eisiúna—
 - (i) ar a gceanglaítear faoi alt 3(9), 4A(7) nó 10(4F) cinneadh a dhéanamh laistigh de thréimhse shonraithe, agus
 - (ii) nach ndéanann cinneadh amhlaidh, measfar ina leith go bhfuil cinneadh déanta aige nó aici diúltiú an t-iarratas a dheonú,
- (b) meastar fógra faoin gcinneadh a bheith faighte ag an iarratasóir ag deireadh na tréimhse sin, agus
- (c) de réir mar a bheidh, níl feidhm ag alt 3(10) i ndáil leis an iarratas.

(6) Déanfaidh an breitheamh den Chúirt Dúiche atá sannta don dúiche ina gcónaíonn an t-achomharcóir nó ina seolann sé nó sí gnó an dlínse a thugtar don Chúirt Dúiche leis an alt seo a fheidhmiú.”.

Leasú ar alt 17 den Phríomh-Acht.

44.—Leasaítear alt 17 den Phríomh-Acht trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(4A) D’ainneoin fho-ailt (1) go (4) den alt seo, ní dheonófar ceadúnas chun arm tine, amuinisean nó arm toirmisce the a allmhairiú mura rud é—

- (a) go bhfuil cúis mhaith ag an iarratasóir chun é a allmhairiú,
- (b) nach ndéanfadh deonú an iarratais dochar do shábháilteacht ná do shlándáil an phobail, agus
- (c) má bhaineann an t-iarratas le harm tine srianta nó le hamuinisean srianta, gurb amhlaidh maidir leis an iarratasóir—
 - (i) más déileálaí cláraithe é nó í, go sealbhaíonn sé nó sí údarú faoi alt 10 den Acht seo, nó

- (ii) in aon chás eile, gur sealbhóir é nó í ar dheimhniú airm tine srianta i leith an airm time nó an amuinisin lena mbaineann,

ar údarú nó deimhniú é atá i bhfeidhm.

(4B) Déanfaidh iarratasóir ar cheadúnas faoin alt seo aon fhaisnéis bhreise a éileoidh an tAire i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin alt seo a sholáthar i scríbhinn.

(4C) Déanfar an chúis le hiarratas ar cheadúnas a dhiúltú faoin alt seo, nó le diúltú d'iarratas ar cheadúnas a athnuachan, a chur in iúl don iarratasóir i scríbhinn.”.

45.—Cuirtear an t-alt seo a leanas in ionad alt 25 den Phríomh-Acht:

Alt nua a chur in ionad alt 25 den Phríomh-Acht.

“Pionós.

25.—Aon duine a dhéanfaidh cion faoin Acht seo ar cion é nach bhforáiltear aon phionós eile ina leith dlífear, i leith gach ciona den sórt sin—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nach mó ná €20,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.”.

46.—Cuirtear an t-alt seo a leanas isteach i ndiaidh alt 25 den Phríomh-Acht:

Alt nua 25A den Phríomh-Acht.

“Airm thine agus airm ionsaitheacha a thabhairt suas.

25A.—(1) Féadfaidh an tAire, le hordú, tréimhse shonraithe a cheapadh ar lena linn a fhéadfaidh duine aon cheann de na hairm seo a leanas a thabhairt suas ag aon stáisiún Garda nó in aon áit eile atá ceadaithe chun na críche sin ag ceannfort den Gharda Síochána:

(a) arm tine;

(b) smeach-scian;

(c) arm ionsaithe.

(2) Nuair atá arm á thabhairt suas ag duine i rith na tréimhse sonraithe—

(a) tabharfaidh an duine a ainm nó a hainm, a sheoladh nó a seoladh agus cruthúnas ar a chéannacht nó ar a céannacht do chomhalta den Gharda Síochána ag an stáisiún Garda Síochána lena mbaineann, agus

(b) cuirfidh an comhalta in iúl don duine go bhféadfar scrúdú nó tástáil dlí-eolaíochta a dhéanamh ar an arm agus ar aon ní inar tugadh suas é.

(3) Ní thionscnófar imeachtaí mar gheall ar chion i gcoinne aon duine a thugann arm suas faoin alt seo más rud é—

(a) i gcás airm tine, gurb é amháin atá sa chion ná an t-arm tine a shealbhú, a iompar agus a úsáid (seachas i dtaca le cion eile a dhéanamh) gan bheith ina shealbhóir nó ina sealbhóir ar dheimhniú airm tine, de shárú ar alt 2 den Acht seo, nó

(b) i gcás smeach-sceana nó airm ionsaithe eile, gurb é atá sa chion ná cion faoi alt 9(4) nó 10 (1)(b) d’Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach 1990.

(4) Féadfar scrúdú nó tástáil dlí-eolaíochta a dhéanamh ar aon arm a thugtar suas nó ar aon substaint nó ní a fhaightear air nó ann nó ar aon ní nó in aon ní inar tugadh suas é—

(a) chun a chinneadh an bhfuil aon arm, substaint nó ní den sórt sin i riocht slán cobhsaí, nó

(b) chun faisnéis a aimsiú maidir le cion seachas cion dá dtagraítear i bhfo-alt (3) den alt seo.

(5) In aon imeachtaí, beidh arm a thugtar suas agus aon substaint nó ní dá dtagraítear i bhfo-alt (4) den alt seo inghlactha i bhfianaise.

(6) Féadfar arm a tugadh suas a dhiúscairt ar shlí is cuí leis an gCoimisinéir.

(7) San alt seo—

folaíonn “arm tine” amuinisean;

tá le “smeach-scian” an bhrí a thugtar dó in alt 9(9) d’Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach 1990;

tá le “arm ionsaithe” an bhrí a thugtar dó in alt 10(2) d’Acht sin 1990.”.

Alt nua 25B sa Phríomh-Acht.

47.—Cuirtear an t-alt seo a leanas isteach sa Phríomh-Acht i ndiaidh alt 25A:

“Arm tine a thabhairt suas le haghaidh tástála balaistíche.

25B.—(1) Féadfaidh an Coimisinéir le fógra i scríbhinn a cheangal ar aon duine a shealbháíonn arm tine go dleathach é a thabhairt ar aird cibé tráth agus cibé áit a shonrófar san fhógra chun

tástálacha balaistíocha nó tástálacha eile a dhéanamh air agus chun a shaintréithe a shuíomh agus a thairfeadh.

(2) Aon duine nach gcomhlíonann fógra den sórt sin, gan leithscéal réasúnach a bheith aige nó aici chuige sin, beidh sé nó sí ciontach i gcion faoin Acht seo.”.

48.—Cuirtear an t-alt seo a leanas isteach i ndiaidh alt 25B den Phríomh-Acht: Alt nua 25C sa Phríomh-Acht.

“Feidhmeanna an Choimisinéara a tharmligean. 25C.—Féadfaidh an Coimisinéir comhalta den Gharda Síochána, nó comhaltaí de chéim áirithe den Gharda Síochána, nach ísle céim ná ceannfort, a cheapadh i scríbhinn chun aon cheann d’fheidhmeanna an Choimisinéara faoin Acht seo a chomhlíonadh.”.

49.—Cuirtear an t-alt seo a leanas isteach sa Phríomh-Acht i ndiaidh alt 25C: Alt nua 25D sa Phríomh-Acht.

“Dliteanas oifigeach de chuid comhlachtaí corpraithe. 25D.—(1) Más rud é—

(a) go ndéanann comhlacht corpraithe cion faoin Acht seo, agus

(b) go gcruthaítear go ndearnadh é le toiliú, cúlcheadú nó ceadú, nó gurbh inchurtha é i leith aon fhaillí ar thaobh, duine—

(i) ba stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe, nó

(ii) ba dhuine a d’airbheartaigh gníomhú in aon cháil den sórt sin,

tá an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus dlífear imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne, agus é nó í a phionósú, amhail is dá mbeadh an duine ciontach sa chion céadluaite.

(2) I gcás gnóthaí comhlachta chorpraithe a bheith á mbainistiú ag a chomhaltaí, tá feidhm ag fo-alt (1) den alt seo i ndáil le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca le feidhmeanna bainistíochta an chomhalta amhail is dá mba stiúrthóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta chorpraithe an comhalta.

(3) Tá feidhm ag na forálacha sin roimhe seo, farais na modhnuithe is gá, i gcás an cion a bheith déanta ag comhlacht neamhchorpraithe.”.

Alt nua a chur in ionad alt 27 den Phríomh-Acht.

50.—Cuirtear an t-alt seo a leanas in ionad alt 27 den Phríomh-Acht:

“Rialacháin. 27.—(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar aon ní dá dtagraítear san Acht seo mar ní atá forordaithe nó le forordú nó is ábhar do rialacháin nó d’fhonn a chumasú go mbeidh lánéifeacht le haon fhoráil dá chuid forálacha.

(2) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a bheith sna rialacháin is dóigh leis an Aire is gá chun críocha na rialachán.

(3) Is le toiliú an Aire Airgeadais a dhéanfar rialacháin lena bhforordófar táillí.”

Alt nua 27A sa Phríomh-Acht.

51.—Cuirtear an t-alt seo a leanas isteach i ndiaidh alt 27 den Phríomh-Acht:

“Orduithe nó rialacháin a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais. 27A.—Déanfar ordú nó rialachán faoin Acht seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis é a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe nó an rialacháin, beidh an t-ordú nó an rialachán ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú nó faoin rialachán.”

Leasú ar Acht na nArm Tine 1964

Leasú ar alt 1 d’Acht na nArm Tine 1964.

52.—Leasaítear alt 1 d’Acht na nArm Tine 1964—

(a) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad na mínithe ar “an Coimisinéir” agus “an tAire”:

“ciallaíonn “an Coimisinéir” Coimisinéir an Gharda Síochána nó comhalta den Gharda Síochána, nó comhaltaí de chéim áirithe sa Gharda Síochána, nach ísle céim ná ceannfort arna cheapadh, arna ceapadh nó arna gceapadh i scríbhinn ag an gCoimisinéir chun aon cheann d’fheidhmeanna an Choimisinéara faoin Acht seo a chomhlíonadh;

ciallaíonn “an tAire” an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí;”,

(b) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “an Coimisinéir”:

“folaíonn “arm tine” arm tine srianta, mura bhforáiltear a mhalairt nó mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt;”.

53.—Cuirtear an t-alt seo a leanas in ionad alt 9 d’Acht na nArm Tine 1964:

Alt nua a chur in ionad alt 9 d’Acht na nArm Tine 1964.

“Deimhniú airm tine a athnuachan.

9.—(1) Féadfaidh an Coimisinéir ó am go ham deimhniú airm tine arna dheonú aige nó aici a athnuachan.

(2) Féadfaidh ceannfort an cheantair ina gcónaíonn sealbhóir deimhnithe den sórt sin athnuachan a dhéanamh ó am go ham ar dheimhniú den sórt sin.

(3) Féadfaidh ceannfort ceantair ina gcónaíonn sealbhóir deimhnithe airm tine athnuachan a dhéanamh ó am go ham ar dheimhniú airm tine a dheonaigh ceannfort.

(4) Féadfaidh cigire nó sáirsint den Gharda Síochána sa cheantar ina gcónaíonn sealbhóir deimhnithe airm tine arna eisiúint ag ceannfort athnuachan a dhéanamh ó am go ham ar an deimhniú.

(5) Féadfaidh ceannfort, nó comhalta eile den Gharda Síochána, atá údaraithe faoin alt seo chun deimhniú airm tine a athnuachan (“comhalta údaraithe”) diúltú é a athnuachan, nó féadfaidh sé nó sí aon choinníollacha a bhfuil sé faoina réir faoi alt 4(2)(g) den Phríomh-Acht a athrú, más rud é amháin go bhfuil ceadú tugtha roimh ré ag an gCoimisinéir nó ag an gceannfort, de réir mar a bheidh, chun déanamh amhlaidh sa chás áirithe.

(6) Maidir le hiarratas ar athnuachan deimhnithe airm tine—

(a) beidh sé san fhoirm fhorordaithe,

(b) beidh an táille fhorordaithe (más ann) ag gabháil leis, agus

(c) féadfar é a dhéanamh laistigh de mhí amháin roimh dhul in éag don deimhniú.

(7) Beidh athnuachan deimhnithe airm tine san fhoirm fhorordaithe.

(8) Roimh dheimhniú airm tine a athnuachan, beidh comhalta údaraithe den tuairim go ndearnadh na coinníollacha a bhfuil sé faoina réir a chomhlíonadh agus go leanfar de bheith ag comhlíonadh na gcoinníollacha sin le linn na tréimhse a bhfuil an deimhniú á athnuachan ar a feadh.

(9) Tar éis deimhniú airm tine a athnuachan, féadfaidh comhalta údaraithe, faoi réir fho-alt (5) den alt seo, aon choinníollacha a bhfuil an deimhniú faoina réir faoi alt 4(2)(g) den Phríomh-Acht a athrú má tá sé nó sí den tuairim gur gá

athrú den sórt sin ar mhaithe le sábháilteacht nó slándáil an phobail.”.

Leasú ar alt 11
d’Acht na nArm
Tine 1964

54.—Leasaítear alt 11 d’Acht na nArm Tine 1964—

- (a) i bhfo-alt (1), trí “an tAire nó an Coimisinéir an tuairisc ar an arm tine eile a chur in ionad na tuairisce ar arm tine i ndeimhniú airm tine a thug sé nó sí” a chur in ionad “an tAire an tuairisc ar an arm tine eile a chur in ionad na tuairisce ar arm tine i ndeimhniú airm tine a thug sé”, agus
- (b) i bhfo-alt (2), trí na nithe seo a leanas a chur isteach—
- (i) “(seachas arm tine srianta)” i ndiaidh “arm tine” sa dara háit ina bhfuil sé, agus
- (ii) “an tuairisc ar arm tine eile den sórt sin” a chur in ionad “an tuairisc ar arm tine eile”

Leasú ar alt 13
d’Acht na nArm
Tine 1964.

55.—Leasaítear alt 13 d’Acht na nArm Tine trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):

“(7) San alt seo, ní fholáíonn tagairtí d’arm tine agus d’amuinisean tagairtí d’arm tine srianta nó d’amuinisean srianta.

(8) Tá an t-alt seo gan dochar d’fho-ailt (4A) go (4G) d’alt 10 den Phríomh-Acht.”.

Leasú ar alt 21
d’Acht na nArm
Tine 1964.

56.—Leasaítear alt 21 d’Acht na nArm Tine 1964—

- (a) i bhfo-alt (1), trí “nó amuinisin” a chur isteach i ndiaidh “allmhairiú arm tine” agus i ndiaidh “allmhairiú airm tine”, agus
- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):
- “(3) San alt seo, ní fholáíonn “amuinisean”—
- (a) comhpháirteanna d’amuinisean, nó
- (b) gránáidí, buamaí agus diúracáin eile den tsamhail chéanna nó comhpháirteanna díobh.”.

Alt nua a chur in
ionad alt 26 d’Acht
na nArm Tine 1964.

57.—Cuirtear an t-alt seo a leanas in ionad alt 26 d’Acht na nArm Tine 1964:

“Arm tine a bheith ag duine agus é nó í ag tógáil feithicle gan údarás.

26.—(1) Aon duine a sháróidh fo-alt (1) d’alt 112 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961, agus a mbeidh tráth an tsáraithe sin arm tine nó arm tine bréige aige nó aici, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(2) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear, ar é nó í a chiontú ar díotáil—

- (a) príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 14 bliana nó cibé téarma is giorra ná sin a chinnfidh an chúirt a chur air nó uirthi, faoi réir fho-ailt (4) go (6) den alt seo nó, i gcás ina bhfuil feidhm ag fo-alt (8) den alt seo, faoi réir an fho-ailt sin, agus
- (b) de rogha na cúirte, fineáil de cibé méid is cuí leis an gcúirt a chur air nó uirthi.

(3) Féadfaidh an chúirt, le linn pianbhreith a fhorchur ar dhuine mar gheall ar chion faoin alt seo, aird a bheith aici, go háirithe, i dtaobh ar ciontaíodh an duine roimhe sin i gcion faoi *Achtanna na nArm Tine 1925 go 2006*, faoi na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit 1939 go 1998 nó faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005.

(4) I gcás ina gciontófar duine (seachas duine faoi bhun 18 mbliana d'aois) i gcion faoin alt seo, déanfaidh an chúirt, le linn pionós a fhorchur, a shonrú gur téarma príosúnachta nach giorra ná 5 bliana an téarma príosúnachta íosta a bheidh le cur isteach ag an duine.

(5) Níl feidhm ag fo-alt (4) den alt seo i gcás inar deimhin leis an gcúirt go bhfuil imthosca eisceachtúla sonracha ann a bhaineann leis an gcion, nó leis an duine a chiontaítear sa chion, ar imthosca iad a d'fhágfadh go mbeadh an téarma íosta míchóir sna himthosca go léir agus, chun na críche seo, féadfaidh an chúirt aird a bheith aici ar aon nithe is cuí léi, lena n-áirítear—

- (a) ar phléadáil an duine sin ciontach sa chion agus, má phléadáil—
 - (i) an tráth a cuireadh in iúl gur beartaíodh pléadáil ciontach, agus
 - (ii) na himthosca inar cuireadh an méid sin in iúl,

agus

- (b) ar thug an duine cúnaimh ábhartha maidir leis an gcion a imscrúdú.

(6) Féadfaidh an chúirt, le linn breithniú a dhéanamh chun críocha fho-alt (5) den alt seo i dtaobh an bhfuil pianbhreith phríosúnachta ar feadh téarma nach giorra ná 5 bliana míchóir sna imthosca go léir, aird a bheidh aici go háirithe ar na nithe seo a leanas—

- (a) an ndearnadh an duine a chiontaítear sa chion, a chiontú roimhe sin i gcion faoi *Achtanna na nArm Tine 1925 go 2006*, faoi na hAchtanna um Chiontaí in

aghaidh an Stáit 1939 go 1998 nó faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005, agus

- (b) an mbeadh sé ar mhaithe le leas an phobail, i dtaca le cosc a chur ar airm thine a shealbhú nó a úsáid go neamhdhleathach, dá bhforchuirfí pianbhreith níos giorra.

(7) Maidir le fo-ailt (4) go (6) den alt seo, níl feidhm acu, ná níl éifeacht leo, ach amháin i ndáil le duine a chiontaítear i gcéad chion faoin alt seo (seachas duine a thagann faoi réim fho-alt (8)(b) den alt seo), agus, dá réir sin, tá tagairtí sna fo-ailt chéadluaite sin do chion faoin alt seo le forléiriú mar thagairtí do chéad chion den sórt sin.

(8) Más rud é, maidir le duine (seachas duine atá faoi bhun 18 mbliana d’aois)—

- (a) go gciontaítear é nó í i ndara cion nó i gcion ina dhiaidh sin faoin alt seo,
- (b) go gciontaítear é nó í i gcéad chion faoin alt seo agus gur ciontaíodh é nó í roimhe i gcion faoi alt 15 den Phríomh-Acht, faoi alt 27, 27A nó 27B den Acht seo nó faoi alt 12A d’Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach 1990,

sonróidh an Chúirt, le linn pianbhreith a fhorchur, gur príosúnacht ar feadh téarma nach giorra ná 5 bliana an téarma príosúnachta íosta atá le cur isteach ag an duine.

(9) In imeachtaí i leith ciona faoin alt seo, is cosaint mhaith don chosantóir a shuíomh gur chun críche dleathaí a bhí an t-arm tine nó an t-arm tine bréige aige nó aici nuair a bhí an gníomh a líomhnaítear gurb é an cion é faoi fho-alt (1) den alt sin 112 á dhéanamh aige nó aici.

(10) Tá feidhm ag alt 27C den Acht seo maidir le himeachtaí i leith ciona faoin alt seo agus maidir le haon téarma príosúnachta íosta a fhorchuirtear sna himeachtaí sin faoi fho-alt (4) nó (8) den alt seo.”.

Alt nua a chur in ionad alt 27 d’Acht na nArm Tine 1964.

58.—Cuirtear an t-alt seo a leanas in ionad alt 27 d’Acht na nArm Tine 1964:

“Toirmiscear airm thine a úsáid chun cabhrú nó cuidiú le héalú.

27.—(1) Ní dhéanfaidh aon duine arm tine nó arm tine bréige a úsáid nó a thaispeáint—

- (a) chun comhrac, nó le linn a bheith ag comhrac, in aghaidh ghabháil an duine nó duine eile ag comhalta den Gharda Síochána, nó

(b) chun cabhrú, nó i gcúrsa cabhrú, le héalú nó tarrtháil an duine nó duine eile ó choimeád dleathach.

(2) Tá aon duine a sháraíonn fo-alt (1) den alt seo ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú ar díotáil—

(a) príosúnacht saoil nó cibé téarma is giorra ná sin a chinnfidh an chúirt a chur air nó uirthi, faoi réir fho-ailt (4) go (6) den alt seo nó, i gcás ina bhfuil feidhm ag fo-alt (8) den alt seo, faoi réir an fho-ailt sin, agus

(b) de rogha na cúirte, fíneáil de cibé méid is cuí leis an gcúirt a chur air nó uirthi.

(3) Féadfaidh an chúirt, le linn pianbhreith a fhorchur ar dhuine i leith ciona faoin alt seo, aird a bheith aici, go háirithe, i dtaobh ar ciontaíodh an duine roimhe sin i gcion faoi *Achtanna na nArm Tine 1925 go 2006*, faoi na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit 1939 go 1998 nó faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005.

(4) I gcás ina gciontófar duine (seachas duine faoi bhun 18 mbliana d'aois) i gcion faoin alt seo, déanfaidh an chúirt, le linn pionós a fhorchur, a shonrú gur téarma príosúnachta nach giorra ná 10 mbliana an téarma príosúnachta íosta a bheidh le cur isteach ag an duine.

(5) Níl feidhm ag fo-alt (4) den alt seo i gcás inar deimhin leis an gcúirt go bhfuil imthosca eisceachtúla sonracha ann a bhaineann leis an gcion, nó leis an duine a chiontaítear sa chion, ar imthosca iad a d'fhágfadh go mbeadh an phianbhreith íosta míchóir sna himthosca go léir agus, chun na críche seo, féadfaidh an chúirt aird a bheith aici ar aon nithe is cuí léi, lena n-áirítear—

(a) ar phléadáil an duine sin ciontach sa chion agus, má phléadáil—

(i) an tráth a cuireadh in iúl gur beartaíodh pléadáil ciontach, agus

(ii) na himthosca inar cuireadh an méid sin in iúl,

agus

(b) ar thug an duine cúnamh ábhartha maidir leis an gcion a imscrúdú.

(6) Féadfaidh an chúirt, le linn breithniú a dhéanamh chun críocha fho-alt (5) den alt seo i dtaobh an bhfuil pianbhreith phríosúnachta ar feadh téarma nach giorra ná 10 mbliana míchóir

sna imthosca go léir, aird a bheidh aici, go háirithe, ar na nithe seo a leanas—

- (a) an ndearnadh an duine a chiontaítear sa chion a chiontú roimhe sin i gcion faoi *Achtanna na nArm Tine 1925 go 2006*, faoi na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit 1939 go 1998 nó faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005, agus
- (b) an mbeadh sé ar mhaithe le leas an phobail, i dtaca le cosc a chur ar airm thine a shealbhú nó a úsáid go neamhdhleathach, dá bhforchuirfí pianbhreith níos giorra.

(7) Maidir le fo-ailt (4) go (6) den alt seo, níl feidhm acu, ná níl éifeacht leo, ach amháin i ndáil le duine a chiontaítear i gcéad chion faoin alt seo (seachas duine a thagann faoi réim fho-alt (8)(b) den alt seo), agus, dá réir sin, tá tagairtí sna fo-ailt chéadluaite sin do chion faoin alt seo le forléiriú mar thagairtí do chéad chion den sórt sin.

(8) Más rud é, maidir le duine (seachas duine atá faoi bhun 18 mbliana d’aois)—

- (a) go gciontaítear é nó í i ndara cion nó i gcion ina dhiaidh sin faoin alt seo,
- (b) go gciontaítear é nó í i gcéad chion faoin alt seo agus gur ciontaíodh é nó í roimhe i gcion faoi alt 15 den Phríomh-Acht, faoi alt 26, 27A nó 27B den Acht seo nó faoi alt 12A d’Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach 1990,

sonróidh an Chúirt, le linn pianbhreith a fhorchur, gur príosúnacht ar feadh téarma nach giorra ná 10 mbliana an téarma príosúnachta íosta atá le cur isteach ag an duine.

(9) Tá feidhm ag alt 27C den Acht seo maidir le himeachtaí i leith ciona faoin alt seo agus maidir le haon téarma príosúnachta íosta a fhorchuirtear sna himeachtaí sin faoi fho-alt (4) nó (8) den alt seo.”.

Alt nua a chur in ionad alt 27A d’Acht na nArm Tine 1964.

59.—Cuirtear an t-alt seo a leanas in ionad alt 27A d’Acht na nArm Tine 1964:

“Arm tine nó lón lámhaigh a shealbhú in imthosca amhrasacha.

27A.—(1) Is cion é do dhuine arm tine a bheith ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú in imthosca a thabharfadh mar thátal réasúnach nach chun críche dleathaí atá sé ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú, mura rud é gur chun críche dleathaí atá sé ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú

(2) Maidir le duine atá ciontach i gcion faoin alt seo dlífeair, ar é nó í a chiontú ar díotáil—

- (a) príosúnacht ar feadh téarma nach faide na 14 bliana, nó cibé téarma is giorra ná sin a chinnfidh an chúirt a chur air nó uirthi faoi réir fho-ailt (4) go (6) den alt seo nó, i gcás ina bhfuil feidhm ag fo-alt (8) den alt seo, faoi réir an fho-ailt sin, agus
- (b) de rogha na cúirte, fíneáil de cibé méid is cuí leis an gcúirt a chur air nó uirthi.

(3) Féadfaidh an chúirt, le linn pianbhreith a fhorchur ar dhuine i leith ciona faoin alt seo, aird a bheith aici, go háirithe, i dtaobh ar ciontaíodh an duine roimhe sin i gcion faoi *Achtanna na nArm Tine 1925 go 2006*, faoi na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit 1939 go 1998 nó faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005.

(4) I gcás ina gciontófar duine (seachas duine faoi bhun 18 mbliana d'aois) i gcion faoin alt seo, déanfaidh an chúirt, le linn pionós a fhorchur, a shonrú gur téarma príosúnachta nach giorra ná 5 bliana an téarma príosúnachta íosta a bheidh le cur isteach ag an duine.

(5) Níl feidhm ag fo-alt (4) den alt seo i gcás inar deimhin leis an gcúirt go bhfuil imthosca eisceachtúla sonracha ann a bhaineann leis an gcion, nó leis an duine a chiontaítear sa chion, ar imthosca iad a d'fhágfadh go mbeadh an téarma íosta míchóir sna himthosca go léir agus, chun na críche seo, féadfaidh an chúirt aird a bheith aici ar aon nithe is cuí léi, lena n-áirítear—

- (a) ar phléadáil an duine sin ciontach sa chion agus, má phléadáil—
 - (i) an tráth a cuireadh in iúl gur beartaíodh pléadáil ciontach, agus
 - (ii) na himthosca inar cuireadh an méid sin in iúl,

agus

- (b) ar thug an duine cúnamh ábhartha maidir leis an gcion a imscrúdú.

(6) Féadfaidh an chúirt, le linn breithniú a dhéanamh chun críocha fho-alt (5) den alt seo i dtaobh an bhfuil pianbhreith phríosúnachta ar feadh téarma nach giorra ná 5 bliana míchóir sna imthosca go léir, aird a bheith aici, go háirithe, ar na nithe seo a leanas—

(a) an ndearnadh an duine a chiontaítear sa chion a chiontú roimhe sin i gcion faoi *Achtanna na nArm Tine 1925 go 2006*, faoi na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit 1939 go 1998 nó faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005, agus

(b) an mbeadh sé ar mhaithe le leas an phobail, i dtaca le cosc a chur ar airm thine a shealbhú nó a úsáid go neamhdhleathach, dá bhforchuirfí pianbhreith níos giorra.

(7) Maidir le fo-ailt (4) go (6) den alt seo, níl feidhm acu, ná níl éifeacht leo, ach amháin i ndáil le duine a chiontaítear i gcéad chion faoin alt seo (seachas duine a thagann faoi réim fho-alt (8)(b) den alt seo), agus, dá réir sin, tá tagairtí sna fo-ailt chéadluaite sin do chion faoin alt seo le forléiriú mar thagairtí do chéad chion den sórt sin.

(8) Más rud é, maidir le duine (seachas duine atá faoi bhun 18 mbliana d’aois)—

(a) go gciontaítear é nó í i ndara cion nó i gcion ina dhiaidh sin faoin alt seo,

(b) go gciontaítear é nó í i gcéad chion faoin alt seo agus gur ciontaíodh é nó í roimhe i gcion faoi alt 15 den Phríomh-Acht, faoi alt 15 den Phríomh-Acht, faoi alt 26, 27 nó 27B den Acht seo nó faoi alt 12A d’Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach 1990,

sonróidh an Chúirt, le linn pianbhreith a fhorchur, gur príosúnacht ar feadh téarma nach giorra ná 5 bliana an téarma príosúnachta íosta atá le cur isteach ag an duine.

(9) Tá feidhm ag alt 27C den Acht seo maidir le himeachtaí i leith ciona faoin alt seo agus maidir le haon téarma príosúnachta íosta a fhorchuirtear sna himeachtaí sin faoi fho-alt (4) nó (8) den alt seo.

(10) Le linn alt 2 den Acht um an Dlí Coiriúil (Dlínse) 1976 a chur i bhfeidhm maidir leis an alt seo, toimhdeofar, mura rud é go súfear a mhalairt, go bhfuil críoch atá neamhdhleathach sa Stát neamhdhleathach i dTuaisceart Éireann.”

Alt nua a chur in ionad alt 27B d’Acht na nArm Tine 1964.

60.—Cuirtear an t-alt seo a leanas in ionad alt 27B d’Acht na nArm Tine 1964:

“Arm tine a iompar le hintinn choiriúil.

27B.—(1) Is cion é do dhuine arm tine, nó arm tine bréige, a bheith leis nó léi le hintinn—

(a) cion indíotáilte a dhéanamh, nó

- (b) comhrac in aghaidh ghabháil an duine nó duine eile nó cosc a chur ar ghabháil an duine nó duine eile,

agus, i gceachtar cás, an t-arm tine nó an t-arm tine bréige a bheith leis.

(2) Maidir le haon duine atá ciontach i gcion faoin alt seo dlífeair, ar é nó í a chiontú ar díotáil—

- (a) príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 14 bliana nó cibé téarma is giorra ná sin a chinnfidh an chúirt a chur air nó uirthi, faoi réir fho-ailt (4) go (6) den alt seo nó, i gcás ina bhfuil feidhm ag fo-alt (8) den alt seo, faoi réir an fho-ailt sin, agus
- (b) de rogha na cúirte, fineáil de cibé méid is cuí leis an gcúirt a chur air nó uirthi.

(3) Féadfaidh an chúirt, le linn pianbhreith a fhorchur ar dhuine i leith ciona faoin alt seo, aird a bheith aici, go háirithe, i dtaobh ar ciontaíodh an duine roimhe sin i gcion faoi *Achtanna na nArm Tine 1925 go 2006*, faoi na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit 1939 go 1998 nó faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005.

(4) I gcás ina gciontófar duine (seachas duine faoi bhun 18 mbliana d'aois) i gcion faoin alt seo, déanfaidh an chúirt, le linn pionós a fhorchur, a shonrú gur téarma príosúnachta nach giorra ná 5 bliana an téarma príosúnachta íosta a bheidh le cur isteach ag an duine.

(5) Níl feidhm ag fo-alt (4) den alt seo i gcás inar deimhin leis an gcúirt go bhfuil imthosca eisceachtúla sonracha ann a bhaineann leis an gcion, nó leis an duine a chiontaítear sa chion, ar imthosca iad a d'fhágfadh go mbeadh an téarma íosta míchóir sna himthosca go léir agus, chun na críche seo, féadfaidh an chúirt aird a bheith aici ar aon nithe is cuí léi, lena n-áirítear—

- (a) ar phléadáil an duine sin ciontach sa chion agus, má phléadáil—
 - (i) an tráth a cuireadh in iúl gur beartaíodh pléadáil ciontach, agus
 - (ii) na himthosca inar cuireadh an méid sin in iúl,

agus

- (b) ar thug an duine cúnaimh ábhartha maidir leis an gcion a imscrúdú.

(6) Féadfaidh an chúirt, le linn breithniú a dhéanamh chun críocha fho-alt (5) den alt seo i dtaobh an bhfuil pianbhreith phríosúnachta ar feadh téarma nach giorra ná 5 bliana míchóir sna imthosca go léir, aird a bheidh aici, go háirithe, ar na nithe seo a leanas—

- (a) an ndearnadh an duine a chiontaítear sa chion a chiontú roimhe sin i gcion faoi *Achtanna na nArm Tine 1925 go 2006*, faoi na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit 1939 go 1998 nó faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005, agus
- (b) an mbeadh sé ar mhaithe le leas an phobail, i dtaca le cosc a chur ar airm thine a shealbhú nó a úsáid go neamhdhleathach, dá bhforchuirfí pianbhreith níos giorra.

(7) Maidir le fo-ailt (4) go (6) den alt seo, níl feidhm acu, ná níl éifeacht leo, ach amháin i ndáil le duine a chiontaítear i gcéad chion faoin alt seo (seachas duine a thagann faoi réim fho-alt (8)(b) den alt seo), agus, dá réir sin, tá tagairtí sna fo-ailt chéadluaite sin do chion faoin alt seo le forléiriú mar thagairtí do chéad chion den sórt sin.

(8) Más rud é, maidir le duine (seachas duine atá faoi bhun 18 mbliana d’aois)—

- (a) go gciontaítear é nó í i ndara cion nó i gcion ina dhiaidh sin faoin alt seo,
- (b) go gciontaítear é nó í i gcéad chion faoin alt seo agus gur ciontaíodh é nó í roimhe i gcion faoi alt 15 den *Phríomh-Acht*, faoi alt 26, 27 nó 27A den *Acht seo* nó faoi 12A d’*Acht na nArm Tine* agus na *nArm Ionsaitheach 1990*,

sonróidh an Chúirt, le linn pianbhreith a fhorchur, gur príosúnacht ar feadh téarma nach giorra ná 5 bliana an téarma príosúnachta íosta atá le cur isteach ag an duine.

(9) In imeachtaí mar gheall ar chion faoin alt seo beidh cruthú, maidir leis an gcúisí, go raibh arm tine nó arm tine bréige leis nó léi agus go raibh beartaithe aige nó aici cion indíotáilte a dhéanamh nó gabháil a chomhrac nó a chosc ina fhianaise go raibh beartaithe aige nó aici é a bheith leis le linn sin a dhéanamh.

(10) Tá feidhm ag alt 27C den *Acht seo* maidir le himeachtaí i leith ciona faoin alt seo agus maidir le haon téarma príosúnachta íosta a fhorchuirtear sna himeachtaí sin faoi fho-alt (4) nó (8) den alt seo.”.

61.—Cuirtear an t-alt seo a leanas isteach in Acht na nArm Tine 1964 i ndiaidh alt 27B:

Alt nua 27C in Acht na nArm Tine 1964

“Forálacha a bhaineann le pianbhreitheanna íosta faoi *Achtanna na nArm Tine 1925 go 2006.*

27C.—(1) San alt seo, ciallaíonn “téarma príosúnachta íosta” téarma arna shonrú ag cúirt—

- (a) faoi alt 15 den Phríomh-Acht,
- (b) faoi alt 26, 27, 27A nó 27B den Acht seo, agus
- (c) faoi alt 12A d’Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach 1990

lúide aon laghdú ar an tréimhse príosúnachta faoi fho-alt (3) den alt seo.

(2) Maidir leis an gcumhacht chun pionós a iomalartú nó a loghadh, ar cumhacht í a thugtar le halt 23 den Acht um Cheartas Coiriúil 1951, ní feidhm aici maidir le téarma príosúnachta íosta.

(3) Na rialacha nó an cleachtas faoinar féidir le príosúnaigh loghadh pianbhreithe a thuilleamh i gcoitinne trí dhúthracht agus dea-iompar, beidh feidhm acu maidir le duine a mbeidh téarma íosta den sórt sin á chur isteach aige nó aici.

(4) Maidir le haon chumhacht a thugtar le rialacha arna ndéanamh faoi alt 2 den Acht um Dhlínse Choiriúil 1960 arna chur chun feidhme le halt 4 d’Acht na bPríosún 1970 chun duine a mbeidh pianbhreith príosúnachta á cur isteach aige nó aici a scaoileadh saor go sealadach, ní fheidhmeofar í le linn téarma íosta príosúnachta mura rud é go bhfuil cúis thromaí de chineál daonchairdiúil ann ina leith sin, agus ní mhairfidh aon scaoileadh saor a dheonófar amhlaidh ach cibé fad teoranta a bheidh cóir ag féachaint don chúis sin.”.

Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil 1984

62.—Leasaítear alt 15 den Acht um Cheartas Coiriúil 1984 trí “€2,500” a chur in ionad £1,000”.

Leasú ar alt 15 den Acht um Cheartas Coiriúil 1984.

Leasú ar Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach 2000

63.—Leasaítear Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach 1990—

Leasú ar Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach 1990.

- (a) trí alt 4 a aisghairm,
- (b) in alt 6(1), trí “mír (f) den mhíniú ar “arm tine” in alt 1(1) den Phríomh-Acht” a chur in ionad “alt 4 (1) (f)”, agus

- (c) in alt 7(8), trí “i mír (g)(ii) den mhíniú ar “arm tine” in alt 1(1) den Phríomh-Acht” a chur in ionad “in alt 4(1) (g)”.

Alt nua 8A d’Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach 1990.

64.—Cuirtear an t-alt seo a leanas isteach i ndiaidh alt 8 d’Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach 1990:

“Leasuithe eile ar Achtanna na nArm Tine. 8A.—Déantar gach foráil *d’Achtanna na nArm Tine 1925 go 2006* a shonraítear i *Sceideal 1* a ghabhann leis an *Acht um Cheartas Coiriúil 2006* a leasú ar an modh a shonraítear sa tríú colún agus sa cheathrú colún os coinne lua na forála sin sa chéad cholún den *Sceideal* sin.”.

Alt nua 12A d’Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach 1990.

65.—Cuirtear an t-alt seo a leanas isteach i ndiaidh alt 12 d’Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach 1990:

“Bairille gunna gráin nó raidhfil a ghiorrú. 12A.—(1) (a) a ghiorraíonn bairille gunna gráin go fad atá níos lú ná 61 ceintiméadar, nó
(b) bairille raidhfil a ghiorrú go fad atá níos lú ná 50 ceintiméadar,

tá sé nó sí ciontach i gcion.

(2) Ní cion é faoi fho-alt (1) do dhéileálaí cláraithe arm tine bairille gunna gráin nó raidhfil a ghiorrú go fad atá níos lú ná 61 ceintiméadar nó 50 ceintiméadar faoi seach más rud é gurb é amháin is cúis le déanamh amhlaidh ná bairille nach bhfuil níos lú 61 ceintiméadar nó 50 ceintiméadar, de réir mar a bheidh, a chur in ionad cuid lochtach den bhairille.

(3) Is cion é do dhuine aon ní atá cosúil le harm tine, ach nach féidir diúracán a chaitheamh, a athrú ina arm tine.

(4) Faoi réir fho-alt (5), is cion é arm tine a mhodhnú ionas go bhfágтар go bhfuil a mheicníocht athlódála go hiomlán uathoibríoch go méadaítear a chailibre is cuma an arm tine srianta an t-arm tine, arna mhodhnú amhlaidh.

(5) Níl feidhm ag fo-alt (4) maidir le harm tine atá deartha agus monaraithe ionas gur féidir bairillí ag a bhfuil cailibrí éagsúla a cheangal de.

(6) Is cion é do dhuine (seachas déileálaí cláraithe arm tine) na nithe seo a leanas a shealbhú gan údarú dleathach nó leithscéal réasúnach—

(a) gunna gráin a bhfuil a bhairille níos lú ná 61 ceintiméadar ar fad,

(b) raidhfil a bhfuil a bhairille níos lú ná 50 ceintiméadar ar fad,

(c) arm tine athraithe a luaitear i bhfo-alt (3), nó

(d) arm tine atá modhnaithe mar a thuairiscítear i bhfo-alt (4).

(7) Maidir le haon duine atá ciontach i gcion faoin alt seo dlífeair, ar é nó í a chiontú ar díotáil—

(a) príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana nó cibé téarma is giorra ná sin a chinnfidh an chúirt a chur air nó uirthi, faoi réir fho-alt (9) go (11) den alt seo nó, i gcás ina bhfuil feidhm ag fo-alt (13) den alt seo, faoi réir an fho-alt sin, agus

(b) de rogha na cúirte, fineáil de cibé méid is cuí leis an gcúirt a chur air nó uirthi.

(8) Féadfaidh an chúirt, le linn pianbhreith a fhorchur ar dhuine i leith ciona faoin alt seo, aird a bheith aici, go háirithe, i dtaobh ar ciontaíodh an duine roimhe sin i gcion faoi *Achtanna na nArm Tine 1925 go 2006*, faoi na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit 1939 go 1998 nó faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005.

(9) I gcás ina gciontófar duine (seachas duine faoi bhun 18 mbliana d'aois) i gcion faoin alt seo, déanfaidh an chúirt, le linn pianbhreith a fhorchur, a shonrú gur téarma príosúnachta nach giorra ná 5 bliana (dá ngairtear “an téarma príosúnachta íosta” san alt seo) an téarma príosúnachta íosta a bheidh le cur isteach ag an duine.

(10) Níl feidhm ag fo-alt (9) den alt seo i gcás inar deimhin leis an gcúirt go bhfuil imthosca eisceachtúla sonracha ann a bhaineann leis an gcion, nó leis an duine a chiontaítear sa chion, ar imthosca iad a d'fhágfadh go mbeadh an téarma príosúnachta íosta míchóir sna himthosca go léir agus, chun na críche seo, féadfaidh an chúirt aird a bheith aici ar aon nithe is cuí léi, lena n-áirítear—

(a) ar phléadáil an duine sin ciontach sa chion agus, má phléadáil—

(i) an tráth a cuireadh in iúl gur beartaíodh pléadáil ciontach, agus

(ii) na himthosca inar cuireadh an méid sin in iúl,

agus

(b) ar thug an duine cúnaimh ábhartha maidir leis an gcion a imscrúdú.

(11) Féadfaidh an chúirt, le linn breithniú a dhéanamh chun críocha fho-alt (10) den alt seo i dtaobh an bhfuil pianbhreith phríosúnachta ar feadh téarma nach giorra ná 5 bliana míchóir sna imthosca go léir, aird a bheidh aici, go háirithe, ar na nithe seo a leanas—

(a) an ndearnadh an duine a chiontaítear sa chion a chiontú roimhe sin i gcion faoi *Achtanna na nArm Tine 1925 go 2006*, faoi na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit 1939 go 1998 nó faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005, agus

(b) an mbeadh sé ar mhaithe le leas an phobail, i dtaca le cosc a chur ar airm thine a shealbhú nó a úsáid go neamhdhleathach, dá bhforchuirfí pianbhreith níos giorra.

(12) Maidir le fo-ailt (9) go (11) den alt seo, níl feidhm acu, ná níl éifeacht leo, ach amháin i ndáil le duine a chiontaítear i gcéad chion faoin alt seo (seachas duine a thagann faoi réim fho-alt (13)(b) den alt seo), agus, dá réir sin, tá tagairtí sna fo-ailt chéadluaite sin do chion faoin alt seo le forléiriú mar thagairtí do chéad chion den sórt sin.

(13) Más rud é, maidir le duine (seachas duine atá faoi bhun 18 mbliana d’aois)—

(a) go gciontaítear é nó í i ndara cion nó i gcion ina dhiaidh sin faoin alt seo,

(b) go gciontaítear é nó í i gcéad chion faoin alt seo agus gur ciontaíodh é nó í roimhe i gcion faoi alt 15 den Phríomh-Acht nó faoi alt 26, 27A nó 27B d’Acht na nArm Tine 1964,

sonróidh an Chúirt, le linn pianbhreith a fhorchur, gur príosúnacht ar feadh téarma nach giorra ná 5 bliana an téarma príosúnachta íosta atá le cur isteach ag an duine.

(14) Tá feidhm ag alt 27C d’Acht na nArm Tine 1964 maidir le himeachtaí i leith ciona faoin alt seo agus maidir le haon téarma príosúnachta íosta a fhorchuirtear sna himeachtaí sin faoi fho-alt (9) nó (13) den alt seo.”.

Leasú ar alt 1 d’Acht na nArm Tine (Deimhniú Airm Tine do Neamhchónaitheoirí) 2000.

66.—Leasaítear alt 1 d’Acht na nArm Tine (Deimhniú Airm Tine do Neamhchónaitheoirí) 2000—

(a) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “Acht 1976”—

“ciallaíonn “Coimisinéir” Coimisinéir an Gharda Síochána nó comhalta den Gharda Síochána, nó comhaltaí de chéim

áirithe sa Gharda Síochána, nach ísle céim ná ceannfort a cheapfaidh an Coimisinéir i scríbhinn chun aon cheann d'fheidhmeanna an Choimisinéara a chomhlíonadh faoin Acht seo;”,

agus

- (b) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “an Príomh-Acht”:

“ciallaíonn “arm tine srianta” arm tine a ndearbhaítear ina leith faoi alt 2B(a) den Phríomh-Acht seo gur arm tine srianta é;”,

67.—Leasaítear alt 2 d’Acht na nArm Tine (Deimhniú Airm Tine do Neamhchónaitheoirí) 2000—

Leasú ar alt 2 d’Acht na nArm Tine (Deimhniú Airm Tine do Neamhchónaitheoirí) 2000.

- (a) i bhfo-alt (1), trí “, chun an Choimisinéara” a chur isteach i ndiaidh “chun an Aire” agus trí “, an Coimisinéir” a chur isteach i ndiaidh “an tAire”,

- (b) i bhfo-alt (2), tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(aa) i gcás inar arm tine srianta an t-arm tine agus nach bhfuil sé beartaithe ach amháin chun na gcricíoch a luaitear i mír (a), is chun an Aire nó chun an Choimisinéara a dhéanfar é,”

- (c) i bhfo-alt (4), trí “nó (aa)” a chur isteach i ndiaidh “mír (a)”, agus

- (d) i bhfo-alt (5), trí “, chun an Choimisinéara” a chur isteach i ndiaidh “chun an Aire”.

CUID 6

LEASÚ AR AN *Explosives Act* 1875

68.—Cuirtear an t-alt seo a leanas in ionad alt 80 den *Explosives Act* 1875:

Alt nua a chur in ionad alt 80 den *Explosives Act* 1875.

“80.—(1) Any person who in any place—

(a) ignites a firework or causes it to be ignited, or

(b) throws, directs or propels an ignited firework at or towards a person or property,

is guilty of an offence.

(2) Any person—

(a) who possesses a firework with intent to sell or otherwise to supply it to another, and

(b) who does not hold a licence under this Act to import it,

is guilty of an offence.

(3) In any proceedings for an offence under subsection (2) it is not necessary for the prosecution to negative by evidence the existence of a licence to import the firework concerned, and accordingly the onus of proving the existence of any such licence is on the defendant.

(4) A member of the Garda Síochána who, with reasonable cause, suspects that a person possesses a firework in contravention of subsection (2) may—

(a) request that the person give his or her name and address and that the information given by the person in response to the request be verified,

(b) if not satisfied that the information so given is correct, request that the person accompany the member to a Garda Síochána station for the purpose of verifying the information,

(c) without warrant—

(i) search the person and, if the member considers it necessary for that purpose, detain the person for such time as is reasonably necessary to make the search,

(ii) enter and search any vehicle, vessel or aircraft in which the member suspects that a firework may be found, and

(iii) seize and detain anything found in the course of the search which the member reasonably believes to be evidence of, or relating to, an offence under this section.

(5) This section is without prejudice to any power to detain or search a person or to seize or detain property which may be exercised by a member of the Garda Síochána under any other enactment.

(6) A member of the Garda Síochána who suspects, with reasonable cause, that a person has committed an offence under this section may arrest the person without warrant.

(7) If a judge of the District Court is satisfied by information on oath of a member of the Garda Síochána not below the rank of sergeant that there are reasonable grounds for suspecting that evidence of, or relating to, the commission of an offence under this section is to be found in any place, the judge may issue a warrant for the search of that place and any persons found at that place.

(8) The search warrant shall be expressed, and shall operate, to authorise a named member of the Garda Síochána, accompanied by such other members of the Garda Síochána or other persons as the member thinks necessary—

- (a) to enter the place named in the warrant at any time or times within one week of the date of issue of the warrant, on production if so requested of the warrant and if necessary by the use of reasonable force,
- (b) to search it and any persons found at the place, and
- (c) to seize anything found at the place, or anything found in the possession of any person present there at the time of the search that that member reasonably believes to be evidence of, or relating to, the commission of an offence under this section.

(9) A member of the Garda Síochána acting under the authority of a search warrant under this section may—

- (a) require any person present at the place where the search is being carried out to give to the member his or her name and address, and
- (b) arrest without warrant any person who—
 - (i) obstructs or attempts to obstruct the member in the carrying out of his or her duties,
 - (ii) fails to comply with a requirement under paragraph (a), or
 - (iii) gives a name or address which the member has reasonable cause for believing is false or misleading.

(10) A person who—

- (a) does not give his or her name and address when requested to do so under subsection (4)(a) of this section or gives a name and address that is false or misleading, or
- (b) does not comply with a request under subsection (4)(b) of this section,

is guilty of an offence and liable on summary conviction to a fine not exceeding €2,500 or imprisonment for a term not exceeding 6 months or both.

(11) A person who—

- (a) obstructs or attempts to obstruct a member of the Garda Síochána acting under the authority of a search warrant under this section,
- (b) does not comply with a requirement under subsection (9)(a) of this section, or
- (c) gives a false or misleading name or address to such a member,

is guilty of an offence and liable on summary conviction to a fine not exceeding €2,500 or imprisonment for a term not exceeding 6 months or both.

(12) A person guilty of an offence under this section (except subsection (10) or (11)) is liable—

- (a) on summary conviction, to a fine not exceeding €2,500 or imprisonment for a term not exceeding 6 months or both, or
- (b) on conviction on indictment, to a fine not exceeding €10,000 or imprisonment for a term not exceeding 5 years or both.

(13) A court by which a person is convicted of an offence under subsection (1) or (2) may order anything shown to the satisfaction of the court to relate to the offence to be forfeited and either destroyed or dealt with in such other manner as the court thinks fit.

(14) In this section—

“banger” means a non-metallic case containing black powder, the principal purpose of which is to make a noise when ignited or initiated;

“black powder” means a powder consisting of a mixture of charcoal and sodium nitrate or potassium nitrate, with or without sulphur;

“firework”—

- (a) means a device containing pyrotechnic material which, when functioning, burns or explodes to produce a visual or aural effect or movement or a gas, either separately or in any combination, as a direct form of entertainment, but
- (b) except in subsection (1)(b) does not include—

- (i) a low hazard firework (except a banger), or

- (ii) a firework imported under licence in accordance with section 40(9) of this Act;

“low hazard firework” means a firework which presents a low hazard and is designed for indoor use;

“place” includes a dwelling;

“pyrotechnic material” means a substance or mixture of substances designed, when ignited, to produce an aural or visual effect or a gas either separately or in any combination.”.

CUID 7

COIREACHT EAGRAITHE

70.—(1) Sa Chuid seo—

Léiriú (*Cuid 7*)

folaíonn “gníomh” neamhghníomh agus folaíonn tagairt do ghníomh a dhéanamh tagairt do ghníomh a fhágáil gan déanamh;

ciallaíonn “eagraíocht choiriúil” grúpa struchtúraithe, is cuma conas atá sé eagraithe, ar grúpa é—

- (a) ina bhfuil 3 dhuine nó níos mó agus iad ag gníomhú de chomhbheart,
- (b) atá bunaithe thar thréimhse ama,
- (c) a bhfuil aici mar a príomhchuspóir nó mar a príomhghníomhaíocht cion tromaí amháin nó níos mó a dhéanamh nó a éascú d’fhonn sochar airgeadais nó sochar ábharach eile a fháil, go díreach nó go neamhdhíreach;

tá le “long Éireannach” an bhrí atá leis in alt 9 den Acht Loingis Thráchtála 1955;

ciallaíonn “cion tromaí” cion a bhféadfar duine a phionósú ina leith le príosúnacht ar feadh téarma 4 bliana nó níos mó:

ciallaíonn “grúpa struchtúraithe” grúpa—

- (a) nach bhfoirmítear go randamach chun cion amháin a dhéanamh láithreach, agus
- (b) nach gá dó ról atá mínithe go foirmiúil a bheith aige dá chomhaltáí, nach gá dó leanúnachas comhaltais a bheith aige agus nach gá dó struchtúr forbartha a bheith aige.

(2) Chun críocha an ailt seo, maidir le cion a éascú, ní gá go mbeadh eolas ag duine ar chion áirítear a n-éascaítear é a dhéanamh ná ní gá gurb eol do dhuine go ndearnadh cion.

71.—(1) Faoi réir *fho-ailt* (2) agus (3), aon duine a dhéanann comhcheilg, cibé acu sa Stát nó in áit eile, le duine amháin nó níos mó, chun gníomh a dhéanamh— Cion comhcheilge.

- (a) sa Stát, ar gníomh é ic cion tromaí, nó
- (b) in áit lasmuigh den Stát, ar gníomh é is cion tromaí faoi dhlí na háite sin agus ba chion tromaí é dá ndéanfaí sa Stát é.

tá sé nó sí ciontach i gcion is cuma cé acu a dhéantar nó nach ndéantar gníomh den sórt sin iarbhír.

(2) Tá feidhm ag *fo-alt* (1) maidir le comhcheilg a dhéantar lasmuigh den Stát más rud é—

- (a) go ndearnadh an cion, arbh ábhar don chomhcheilg, nó gur beartaíodh é a dhéanamh, sa Stát nó i gcoinne saoránaigh d'Éirinn,
- (b) go ndéantar an chomhcheilg ar bord loinge Éireannaí,
- (c) go ndéantar an chomhcheilg ar aerárthach atá cláraithe sa Stát, nó
- (d) gur saoránach Éireannach, nó duine gan stát a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi sa Stát, a dhéanann an chomhcheilg.

(3) Beidh feidhm ag *fo-alt (1)* freisin maidir le comhcheilg a dhéantar lasmuigh den Stát in imthosca seachas na cinn sin dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, ach sa chás sin ní fhéadfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí imeachtaí a thionscnamh, ná toiliú le himeachtaí a thionscnamh, i leith ciona faoi *fho-alt (1)* ach amháin de réir *alt 74(3)*.

(4) Aon duine a chúisítear i leith ciona faoin alt seo dlitear é nó í a dhíotáil, a thriail agus a phionósú mar phríomhchiontóir.

(5) Maidir le duine gan stát a bhfuil a phríomháit nó a príomháit chónaithe aige nó aici sa Stát ar feadh an 12 mhí díreach roimh chomhcheilg a dhéanamh, meastar ina leith, chun críocha *fho-alt (2)*, go bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi sa Stát ar dháta déanta na comhcheilge.

Coireacht eagraithe. **72.**—(1) Aon duine a dhéanfaidh go feasach, d'fhonn cur le cumas eagraíochta coiriúla—

- (a) cion tromaí a dhéanamh nó a éascú sa Stát, nó
- (b) cion tromaí a dhéanamh nó a éascú in áit lasmuigh den Stát, ar cion é faoi dhlí na háite sin agus ba chion tromaí é dá ndéanfaí sa Stát é,

trí ghníomh a dhéanamh—

- (i) i gcás lena mbaineann *mír (a)*, cibé acu is laistigh den Stát nó lasmuigh de a dhéantar é, agus
- (ii) i gcás lena mbaineann *mír (b)*, ar gníomh é a dhéantar sa Stát, ar bord loinge Éireannaí nó ar aerárthach atá cláraithe sa Stát,

páirt a ghlacadh in aon ghníomhaíocht de chuid na heagraíochta, nó a thugann cuidiú i leith gníomhaíochta den sórt sin, tá sé nó sí ciontach i gcion.

(2) In imeachtaí i leith ciona faoi *fho-alt (1)*, ní gá don ionchúiseamh a chruthú—

- (a) go ndearna an eagraíocht choiriúil lena mbaineann cion tromaí sa Stát nó cion tromaí faoi dhlí áite lasmuigh den Stát más rud é, maidir leis an ngníomh arb é an cion é, go mba chion tromaí é dá ndéanfaí sa Stát é, de réir mar a bheidh,

- (b) gur chuir páirteachas nó cuidiú an duine lena mbaineann le cumas na heagraíochta coiriúla lena mbaineann chun an cion lena mbaineann a dhéanamh, nó
- (c) gurbh eol don duine lena mbaineann cineál sonrath aon chiona a d'fhéadfaí a bheith déanta nó éascaithe ag an eagraíocht choiriúil lena mbaineann.

(3) Le linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh ar ghlac duine páirt in aon ghníomhaíocht de chuid eagraíochta coiriúla, nó ar chuidigh duine le gníomhaíocht den sórt sin, féadfaidh an chúirt breithniú a dhéanamh, *inter alia*, ar na nithe seo a leanas maidir leis an duine—

- (a) an úsáideann an duine ainm, focal, siombail nó léiriú eile trína sainiú an eagraíocht nó atá bainteach leis an eagraíocht, nó
- (b) an bhfaigheann an duine aon tairbhe ón eagraíocht.

(4) Chun críocha an ailt seo, maidir le cion a éascú, ní gá go mbeadh eolas ag duine ar chion áirítear a n-éascaítear é a dhéanamh ná ní gá gurb eol do dhuine go ndearnadh cion.

(5) Aon duine atá ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear, ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

73.—(1) Aon duine a dhéanfaidh cion tromáil chun sochair eagraíochta coiriúla, ar threoir ó eagraíocht choiriúil nó i gcomhar le heagraíocht choiriúil, tá sé nó sí ciontach i gcion.

Cion a dhéanamh thar ceann eagraíochta coiriúla.

(2) In imeachtaí i leith ciona faoi *fho-alt (1)*, ní gá don ionchúiseamh a chruthú go raibh aithne ag an duine lena mbaineann ar aon duine de na daoine arb iad an eagraíocht choiriúil lena mbaineann iad.

(3) Aon duine atá ciontach i gcion faoin alt seo dlífear, ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

74.—(1) Féadfar imeachtaí i leith ciona faoi *alt 71* nó *72* i ndáil le gníomh a rinneadh lasmuigh den Stát a thionscnamh in aon áit sa Stát agus féadfar déileáil leis an gcion chun gach críche teagmhasaí mar chion a rinneadh san áit sin.

Imeachtaí a bhaineann le cionta a dhéantar lasmuigh den Stát.

(2) I gcás ina gcúisítear duine i gcion dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, ní fhéadfar aon imeachtaí breise a thionscnamh maidir leis an ní (seachas aon athchur i gcoimeád nó faoi bhannaí) ach amháin ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nó le toiliú an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

(3) Féadfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí imeachtaí breise a thionscnamh, nó toiliú le himeachtaí breise a thionscnamh, i gcoinne duine i leith ciona maidir le gníomh a bhfuil feidhm ag *fo-alt (1) d'alt 71* maidir leis agus a dhéantar lasmuigh den Stát sna himthosca dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* den alt sin, más deimhin leis nó léi—

- (a) gurb amhlaidh—

(i) go bhfuil iarraidh déanta faoi Chuid II den Acht um Eiseachadadh 1965 ag aon tír ar dhuine a thabhairt suas chun é nó í a thriail mar gheall ar chion i leith an ghnímh sin, agus

(ii) go bhfuiltear tar éis diúltú go críochnaitheach don iarraidh (cibé acu de thoradh cinnidh de chuid na cúirte nó ar shlí eile),

nó

(b) gurb amhlaidh—

(i) go bhfuil barántas gabhála Eorpach faighte ó stát eisiúna chun imeachtaí a thionscnamh i gcoinne an duine mar gheall ar chion i leith an ghnímh sin, agus

(ii) go bhfuil cinneadh críochnaitheach déanta nach ceart an barántas gabhála Eorpach a fhorghuiniú lena fhorghníomhú sa Stát faoin Acht um Barántas Gabhála Eorpach 2003 nó nach ceart an duine a thabhairt suas don stát eisiúna lena mbaineann,

nó

(c) go bhfuil sé fóirsteanach, mar gheall ar na himthosca speisialta (lena n-áirítear dóchúlacht diúltaithe dá dtagraítear i *mír (a)(ii)* nó cinneadh dá dtagraítear i *mír (b)(ii)*, ach gan a bheith teoranta do na nithe sin), imeachtaí a thionscnamh i gcoinne an duine mar gheall ar chion faoi dhlí an Stáit i leith an ghnímh.

(4) San alt seo, tá le “barántas gabhála Eorpach” agus le “stát eisiúna” na bríonna atá leo in alt 2(1) den Acht um Barántas Gabhála Eorpach 2003.

Fianaise in imeachtaí faoin gCuid seo.

75.—(1) In aon imeachtaí i leith ciona faoi *alt 71*—

(a) maidir le deimhniú atá sínithe ag oifigeach don Roinn Gnóthaí Eachtracha agus ina luaitear—

(i) gur eisigh an an Roinn Stáit sin pas do dhuine ar dháta sonraithe, agus

(ii) de réir mar is fearr is eol don oifigeach agus mar a chreideann sé nó sí, nach bhfuil an duine scortha de bheith ina shaoránach Éireannach nó ina saoránach Éireannach,

is fianaise é go raibh an duine ina shaoránach Éireannach nó ina saoránach Éireannach ar an dáta a líomhnaítear a rinneadh an cion lena mbaineann, mura suffear a mhalairt, agus

(b) maidir le deimhniú atá sínithe ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nó ag duine atá údaraithe aige nó aici agus ina luaitear, maidir le haon cheann de na nithe a shonraítear i *mír (a), (b)* nó *(c) d’alt 74(3)*, is fianaise é ar na fíorais atá luaite sa deimhniú, mura suífear a mhalairt.

(2) Mura rud é go súfear a mhalairt, measfar, maidir le doiciméad a airbheartaíonn a bheith ina dheimhniú faoi *fho-alt (1)*—

- (a) gur deimhniú den sórt sin é,
- (b) é a bheith sínithe ag an duine a airbheartaíonn é a bheith sínithe aige nó aici, agus
- (c) i gcás deimhnithe arna shíniú le húdarú ón Aire Gnóthaí Eachtracha nó ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, é a bheith sínithe de réir an údaráithe.

76.—(1) Más rud é, maidir le cion a bheidh déanta faoin gCuid seo ag comhlacht corpraithe, go gcruthófar go ndearnadh amhlaidh é le toiliú, le cúlcheadú nó le ceadú, nó gurbh inchurtha é i leith aon fhaillí toiliúla ar thaobh, aon duine is stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó aon oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe nó duine a d'airbheartaigh a bheith ag gníomhú in aon cháil den sórt sin, beidh an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus dlífear imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

Dlíteanas i leith cionta arna ndéanamh ag comhlachtaí corpraithe.

(2) I gcás gurb iad comhaltaí comhlachta chorpraithe a bhainistíonn gnóthaí an chomhlachta sin, beidh feidhm ag *fo-alt (1)* i ndáil le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna bainistíochta amhail is dá mba stiúrthóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta chorpraithe é nó í.

77.—Aon duine a éigiontaítear nó a chiontaítear i gcion in áit lasmuigh den Stát, ní thionscnófar imeachtaí ina choinne nó ina coinne—

Contúirt dhúbailte.

- (a) faoi *alt 71*, i leith ciona arb é atá ann an gníomh, nó an chomhcheilg chun an gníomh a dhéanamh, ar gníomh é arb é an cion é, nó
- (b) faoi *alt 72*, i leith ciona arb é atá ann an gníomh arb é an cion é,

ar cion é ar éigiontaíodh nó ar ciontaíodh an duine ina leith amhlaidh.

78.—Leasaítear Acht 1967—

Leasú ar Acht 1967.

- (a) in alt 13(1), trí “nó cion faoi *alt 71, 72* nó *73* den *Acht um Cheartas Coiriúil 2006*” a chur isteach i ndiaidh “cion dúnmharaithe faoi alt 6 nó 11 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005 nó iarracht an cion sin a dhéanamh”, agus
- (b) in alt 29(1), tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (k):

“(l) cion faoi *alt 71, 72* nó *73* den *Acht um Cheartas Coiriúil 2006*.”.

Leasú ar an Sceideal a ghabhann leis an Acht um Bannaí, 1997.

79.—Leasaítear an Sceideal a ghabhann leis an Acht um Bannaí 1997 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 28:

“Coireacht Eagraithe 28A.—Cion faoi alt 71, 72 nó 73 den *Acht um Cheartas Coiriúil* 2006.”.

CUID 8

MÍ-ÚSÁID DRUGAÍ

Míniú.

80.—Sa Chuid seo ciallaíonn “Acht 1977” an tAcht um Mí-Úsáid Drugaí 1977.

Leasú ar alt 15A d’Acht 1977.

81.—(1) Leasaítear alt 15A d’Acht 1977 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) In aon imeachtaí i leith ciona faoin alt seo, ní gá don inchúisitheoir a chruthú go raibh a fhios ag duine gurbh é a bhí i margadhluach an druga sin nó i gcomhiomlán mhargadhluachanna na ndrugaí sin, de réir mar a bheidh, aon tráth ar lena linn a bhí an druga nó na drugaí rialaithe lena mbaineann i seilbh an duine, ná €13,000 nó níos mó, nó go raibh sé nó sí meargánta ina thaobh sin.”.

(2) Ní bheidh éifeacht leis an alt seo i ndáil le himeachtaí i leith ciona faoi alt 15A d’Acht 1977 ar imeachtaí iad a thionscnófar roimh thosach feidhme an ailt seo.

Drugaí rialaithe os cionn luach áirithe a allmhairiú.

82.—Leasaítear Acht 1977 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 15A:

“Drugaí rialaithe os cionn luach áirithe a allmhairiú. 15B.—(1) Beidh duine ciontach i gcion más rud é—

(a) go n-allmhairíonn an duine druga rialaithe amháin nó níos mó de shárú ar rialacháin faoi alt 5 den Acht seo, agus

(b) gur €13,000 nó níos mó margadhluach an druga rialaithe nó comhiomlán mhargadhluachanna na ndrugaí rialaithe, de réir mar a bheidh, an tráth a allmhairítear an druga nó na drugaí nó thart ar an tráth sin.

(2) Más deimhin leis an gcúirt go bhfuil eolas ag comhalta den Gharda Síochána nó ag oifigeach custam agus máil faoi dhíol nó soláthar neamhdhleathach drugaí rialaithe, beidh an comhalta sin nó an t-oifigeach sin, de réir mar a bheidh, i dteideal, in aon imeachtaí i leith ciona faoin alt seo, éisteacht a fháil agus fianaise a thabhairt i dtaobh na nithe seo a leanas—

(a) margadhluach an druga rialaithe lena mbaineann, nó

(b) comhiomlán mhargadhluachanna na ndrugaí rialaithe lena mbaineann.

(3) In aon imeachtaí i leith ciona faoin alt seo, ní gá don inchúisitheoir a chruthú go raibh a fhios ag an duine gurbh é a bhí i margadhluach an druga sin nó i gcomhiomlán mhargadhluachanna na ndrugaí sin, de réir mar a bheidh, an tráth a d'allmhairigh an duine an druga nó na drugaí rialaithe lena mbaineann, ná €13,000 nó níos mó, nó go raibh sé nó sí meargánta ina thaobh sin.

(4) Ní fhéadfar aon imeachtaí a thionscnamh faoin alt seo ach amháin ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nó le toiliú an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

(5) San alt seo tá le ‘*margadhluach*’ agus ‘*oifigeach custam agus máil*’ na bríonna atá leo in alt 15A den Acht seo.”.

83.—Leasaítear Acht 1977 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 15B (arna chur isteach le *halt* 82 den Acht seo):

Drugaí rialaithe a sholáthar isteach i bpríosúin agus in áiteanna coinneála.

“Drugaí rialaithe a sholáthar isteach i bpríosúin agus in áiteanna coinneála.

15C.—(1) Beidh duine ciontach i gcion más rud é—

- (a) go ndéanann duine, seachas de réir rialachán arna ndéanamh faoi alt 4 den Acht seo, druga rialaithe a iompar isteach i bpríosún, i scoil choinneála leanaí nó in ionad athchuir nó chuig duine atá sa phríosún, sa scoil nó san ionad,
- (b) go ndéanann an duine, seachas de réir rialachán arna ndéanamh faoi alt 4 den Acht seo, druga rialaithe a chur in aon áit taobh istigh, nó taobh amuigh, de phríosún, de scoil choinneála leanaí nó d’ionad athchuir le hintinn go dtiocfaidh sé chun bheith i seilbh duine atá sa phríosún, sa scoil nó san ionad,
- (c) go gcaitheann nó go dteilgeann an duine druga rialaithe isteach i bpríosún, i scoil choinneála leanaí nó in ionad athchuir, nó
- (d) go bhfuil druga rialaithe ina sheilbh nó ina seilbh ag an duine, fad atá sé i gcomharsanacht príosúin, scoile coinneála leanaí nó ionaid athchuir, le hintinn gníomh dá dtagraítear i mír (a), (b) nó (c) den fho-alt seo a dhéanamh.

(2) Féadfaidh duine a bheith ciontach i gcion faoi fho-alt (1) is cuma cén chainníocht den druga rialaithe lena mbaineann atá ann.

(3) Faoi réir alt 29(3) den Acht seo, in aon imeachtaí i leith ciona faoi fho-alt (1)(d) den alt seo, más rud é—

- (a) go gcruthaítear go raibh druga rialaithe ina sheilbh nó ina seilbh ag duine i gcomharsanacht príosúin, scoile coinneála leanaí nó ionaid athchuir, de réir mar a bheidh, agus
- (b) gur deimhin leis gcúirt (nó leis an ngiúiré, de réir mar a bheidh), ag féachaint do na himthosca go léir, lena n-áirítear a chóngaráí a bhí an duine don phríosún, don scoil nó don ionad, de réir mar a bheidh, pacáistiú (más ann) an druga rialaithe agus an t-am den lá nó den oíche lena mbaineann, gur réasúnach a thoirmeach nach raibh an druga rialaithe beartaithe lena úsáid láithreach aige nó aici féin go pearsanta,

toimhdeofar ina leith, go dtí gur deimhin leis an gcúirt (nó leis an ngiúiré, de réir mar a bheidh) a mhalairt, go raibh an druga rialaithe ina sheilbh nó ina seilbh le hintinn gníomh dá dtagraítear i mír (a) nó (b) nó, de réir mar a bheidh, (c) d'fho-alt (1) den alt seo a dhéanamh

(4) In aon imeachtaí i leith ciona faoi fho-alt (1) den alt seo, ní gá don ionchúisitheoir a chruthú go raibh sé beartaithe go dtiocfadh an druga rialaithe lena mbaineann chun bheith ina sheilbh nó ina seilbh ag aon duine áirithe sa phríosún, sa scoil choinneála leanaí nó san ionad athchuir, de réir mar a bheidh.

(5) Más rud é go bhfuil drochamhras réasúnach ar oifigeach príosúin nó ar duine údaraithe d'fhoireann scoile coinneála leanaí nó d'ionad athchuir go bhfuil cion faoin alt seo déanta, nó á dhéanamh, ag duine, féadfaidh sé nó sí, chun a fháil amach an ndearnadh cion den sórt sin, an duine a chuardach aon tráth fad atá sé nó sí sa phríosún, sa scoil nó san ionad, de réir mar a bheidh.

(6) Féadfaidh oifigeach príosúin nó duine údaraithe d'fhoireann scoile coinneála leanaí nó ionaid athchuir, chun a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoi fho-alt (5) den alt seo a chomhlíonadh, druga rialaithe a bheith ina sheilbh nó ina seilbh.

(7) Aon duine atá ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €3,000 nó príosúnacht ar

feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(8) San alt seo—

ciallaíonn ‘duine údaraithe d’fhoireann’—

- (a) i ndáil le scoil choinneála leanaí, duine d’fhoireann na scoile atá údaraithe i scríbhinn chun críocha an ailt seo ag Stiúrthóir (de réir bhrí alt 157 d’Acht na Leanáí 2001) na scoile, agus

- (b) i ndáil le hionad athchuir, duine d’fhoireann an ionaid atá údaraithe i scríbhinn chun críocha an ailt seo ag úinéirí nó, de réir mar a bheidh, ag bainisteoirí an ionaid;

tá le ‘scoil choinneála leanaí’ agus le ‘ionad athchuir’ na bríonna atá leo in alt 3(1) d’Acht na Leanáí 2001;

ciallaíonn ‘príosún’ áit choinneála arna riaradh ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus folaíonn sé Foras Naomh Pádraig agus áit choinneála dá bhforáiltear faoi alt 2 d’Acht na bPríosún 1970, agus déanfar ‘oifigeach príosúin’, i ndáil le príosún, a fhorléiriú dá réir sin.”.

84.—Leasaítear alt 27 d’Acht 1977—

Leasú ar alt 27 d’Acht 1977.

(a) i bhfo-alt (3A)—

- (i) trí “i gcion faoi alt 15A nó 15B den Acht seo” a chur in ionad “i gcion faoi alt 15A”, agus

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) príosúnacht saoil a chur air nó uirthi, nó príosúnacht ar feadh cibé tréimhse is giorra ná sin a chinnfidh an chúirt a chur air nó uirthi, faoi réir fho-ailt (3B) go (3CC) den alt seo nó, i gcás ina bhfuil feidhm ag fo-alt (3CCCC) den alt seo, faoi réir an fho-ailt sin, agus”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3A):

“(3AA) Féadfaidh an chúirt, le linn pianbhreith a fhorchur ar dhuine i leith ciona faoi alt 15A nó 15B den Acht seo, aird a bheith aici, go háirithe, i dtaobh ar

ciontaíodh an duine roimhe sin i gcion gáinneála ar dhrugaí.”,

(c) i bhfo-alt (3B), trí “i gcion faoi alt 15A nó 15B den Acht seo” a chur in ionad “i gcion faoi alt 15A”,

(d) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3C):

“(3CC) Féadfaidh an chúirt, le linn breithniú a dhéanamh chun críocha fho-alt (3C) den alt seo i dtaobh an bhfuil pianbhreith phríosúnachta ar feadh téarma nach giorra ná 10 mbliana míchóir sna imthosca go léir, aird a bheidh aici go háirithe ar na nithe seo a leanas—

(a) an ndearnadh an duine a ciontaíodh sa chion lena mbaineann a chiontú roimhe sin i gcion gáinneála ar dhrugaí, agus

(b) an mbeadh sé ar mhaithe le leas an phobail, i dtaca le cosc a chur ar gháinneáil ar dhrugaí, dá bhforchuirfí pianbhreith níos giorra.

(3CCC) Maidir le fo-ailt (3B) agus (3CC) den alt seo, níl feidhm acu, agus níl éifeacht leo, ach amháin i ndáil le duine a chiontaítear i gcéad chion faoi alt 15A nó 15B den Acht seo (seachas duine a thagann faoi réim fho-alt (3CCCC) den alt seo, agus, dá réir sin, tá tagairtí sna fo-ailt chéadluaite sin do chion faoi alt 15A nó 15B den Acht seo le forléiriú mar thagairtí do chéad chion den sórt sin.

(3CCCC) Más rud é, maidir le duine (seachas leanbh nó duine óg)—

(a) go gciontaítear é nó í i ndara cion nó i gcion ina dhiaidh sin faoi alt 15A nó 15B den Acht seo, nó

(b) go gciontaítear é nó í i gcéad chion faoi cheann amháin de na hailt sin agus gur ciontaíodh é nó í roimhe sin faoin gceann eile de na hailt sin,

sonróidh an Chúirt, le linn pianbhreith a fhorchur, gur príosúnacht ar feadh téarma nach giorra ná 10 mbliana an téarma príosúnachta íosta atá le cur isteach ag an duine sin.”,

(e) i bhfo-alt (3I), trí “cion faoi 15A nó 15B den Acht seo” a chur in ionad “cion faoi alt 15A den Acht seo” agus trí “gach ceann de na cionta sin” a chur in ionad “an cion sin”, agus

(f) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3J):

“(3K) i bhfo-ailt (3AA) agus (3CC) den alt seo tá le ‘cion gáinneála ar dhrugaí’ an bhrí atá leis in alt 3(1) den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994 agus, i bhfo-alt (3CC) den alt seo, tá le gáinneáil ar dhrugaí an bhrí atá leis san alt sin 3(1).”.

85.—Leasaítear alt 29 d’Acht 1977 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3): Leasú ar alt 29 d’Acht 1977.

“(3) In aon imeachtaí i leith ciona faoi alt 15 nó 15A, nó faoi fho-alt (1)(d) d’alt 15C, den Acht seo, féadfaidh cosantóir an toimhde a rinneadh de réir fho-alt (2) den alt sin 15 nó 15A nó de réir fho-alt (3) den alt sin 15C, de réir mar a bheidh, trína shuíomh go raibh, tráth an chiona líomhnaithe, an druga nó na drugaí rialaithe lena mbaineann na himeachtaí ina sheilbh nó ina seilbh go dleathach aige nó aici de bhua rialachán arna ndéanamh faoi alt 4 den Acht seo.”.

86.—Leasaítear alt 3(1) den Acht um Cheartas Coiriúil 1994 sa mhíniú ar “cion gáinneála ar dhruaí” tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (bb): Leasú ar alt 3(1) den Acht um Cheartas Coiriúil 1994.

“(bbb) cion faoi alt 15B (drugaí rialaithe de bhreis ar luach áirithe a allmhairiú) den Acht sin.”.

CUID 9

OIBLEAGÁIDÍ CIONTÓIRÍ GÁINNEÁLA AR DHRUGAÍ FAISNÉIS ÁIRITHE A CHUR IN IÚL

87.—Sa Chuid seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt— Mínithe (Cuid 9).

ciallaíonn “cúirt” aon chúirt a fheidhmíonn dlínse choiriúil agus folaíonn sé armchúirt;

folaíonn “príosúnacht” coinneáil i bhForas Naomh Pádraig agus áit choinneála faoi alt 2 d’Acht na bPríosún 1970, agus forléireofar “príosún” dá réir sin;

ciallaíonn “forordaithe” forordaithe le rialacháin a dhéanfaidh an tAire faoin Acht seo;

ciallaíonn “dáta iomchuí” dáta an chiontaithe sa chion gáinneála ar dhruaí lena mbaineann;

ciallaíonn “loghadh ón bpianbhreith”, i ndáil leis an bpianbhreith a fhorchuirtear ar dhuine, an loghadh a fhéadfaidh an duine a thuilleamh ón bpianbhreith faoi na rialacha nó faoin geachtas trína bhféadfaidh príosúnaigh loghadh pianbhreithe a thuilleamh i gcoitinne trí dhúthracht agus dea-iompar;

folaíonn “pianbhreith” pianbhreith príosúnachta agus ordú lena gcuirtear pianbhreith ar athló.

88.—Sa Chuid seo tá le “cion gáinneála ar dhruaí” an bhrí atá leis in alt 3(1) (arna leasú le *halt 86*) den Acht um Cheartas Coiriúil 1994 ach ní fholáíonn sé cion den sórt sin mura rud é, i leith an chiona sin, gur cuireadh pianbhreith príosúnachta ar feadh tréimhse is faide ná bliain amháin ar an duine a chiontaítear ann. Cionta gáinneála ar dhruaí chun críocha na Coda seo.

89.—(1) Gan dochar *d’fho-ailt (2)* agus *(3)* agus *d’alt 95*, beidh duine faoi réir cheanglais na Coda seo má chiontaítear é nó í ar Daoine atá faoi réir cheanglais na Coda seo.

díotáil i gcion gáinneála ar dhrugaí tar éis thosach feidhme na Coda seo.

(2) Beidh duine faoi réir cheanglais na Coda seo freisin má ciontaíodh é nó í ar díotáil i gcion gáinneála ar dhrugaí roimh thosach feidhme na Coda seo agus más rud é, ar an tosach feidhme sin, go bhfuil an phianbhreith a bheidh le forchur ar an duine i leith an chiona le cinneadh fós.

(3) Más rud é gur ciontaíodh duine i gcion gáinneála drugaí roimh thosach feidhme na Coda seo agus, ar an tosach feidhme sin, go bhfuil pianbhreith forchurtha ar an duine i leith an chiona agus—

- (a) go bhfuil an phianbhreith á cur isteach ag an duine i bpríosún,
- (b) go ndéantar an duine a scaoileadh saor go sealadach faoi alt 2 den Acht um Dhlínse Choiriúil 1960, nó
- (c) thairis sin, go bhfuil an phianbhreith fós i bhfeidhm nó gur pianbhreith reatha í.

féadfaidh an Chúirt Chuarda, sa chuaird ina bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó ina bhfuil a áit chónaithe nó a háit chónaithe is gnáthaí aige nó aici, ar iarratas chuige sin ó chomhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná ceannfort, a ordú go mbeidh an duine faoi réir cheanglais na Coda seo más dóigh leis nó léi gur gá sin ar mhaithe le leas an phobail agus gur cuí sin in imthosca go léir an cháis.

(4) Féadfar iarratas faoi fho-alt (3) a dhéanamh laistigh de thréimhse 2 mhí nó, laistigh de cibé tréimhse is faide ná sin a cheadóidh an Chúirt Chuarda, ó thosach feidhme na Coda seo.

An tréimhse ar lena linn a bheidh duine faoi réir cheanglais na Coda seo agus nithe gaolmhara.

90.—(1) Aon duine a bheidh, mar gheall ar *alt 89*, faoi réir cheanglais na Coda seo beidh sé nó sí faoina réir amhlaidh ar feadh na tréimhse dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* nó, i gcás duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* nó *(3) d'alt 89*, ar feadh cibé cuid (más ann) den tréimhse sin a bheidh tar éis thosach feidhme na Coda seo.

(2) Tá *fo-alt (1)* faoi réir *alt 93*.

(3) Is é a bheidh sa tréimhse a luaitear i *bhfo-alt (1)*—

- (a) tréimhse 12 bhliain, dar tosach an dáta iomchuí, más pianbhreith príosúnachta saoil an phianbhreith a fhorchuirtear ar an duine i leith an chiona lena mbaineann,
- (b) tréimhse 7 mbliana, dar tosach an dáta iomchuí, más pianbhreith príosúnachta ar feadh téarma is faide ná 10 mbliana ach nach pianbhreith príosúnachta saoil an phianbhreith a fhorchuirtear ar an duine i leith an chiona lena mbaineann,
- (c) tréimhse 5 bliana, dar tosach an dáta iomchuí, más pianbhreith príosúnachta ar feadh téarma is faide ná 5 bliana ach nach faide ná 10 mbliana an phianbhreith a fhorchuirtear ar an duine i leith an chiona lena mbaineann,

- (d) tréimhse 3 bliana, dar tosach an dáta iomchuí, más pianbhreith príosúnachta ar feadh téarma is faide ná bliain ach nach faide ná 5 bliana an phianbhreith a fhorchuirtear ar an duine i leith an chiona lena mbaineann,
- (e) tréimhse aon bhliain amháin, dar tosach an dáta iomchuí, más rud é gurb é atá sa phianbhreith a fhorchuirtear ar an duine i leith an chiona lena mbaineann ná pianbhreith ar feadh aon téarma ar téarma é a ndéantar a oibriú a chur ar fionraí ina iomláine (ach, má dhéanann an chúirt oibriú an téarma sin a athbheochan, beidh feidhm, in ionad na míre seo, ag cibé ceann de na míreanna sin roimhe seo is cuí).

(4) Más rud é—

- (a) go ndéantar pianbhreith a fhorchur ar dhuine i leith ciona gáinneála ar dhruaí, agus
- (b) go bhfuil an duine, an tráth a fhorchuirtear pianbhreith air nó uirthi faoi bhun 18 mbliana d'aois,

beidh éifeacht le *fo-alt* (3) i ndáil leis an duine sin amhail is dá ndéanfaí tagairtí do 6 bliana, 3½ bliain, 2½ bliain, 1½ bliain agus 6 mhí a chur in ionad na dtagairtí do 12 bhliain, 7 mbliana, 5 bliana, 3 bliana agus bliain amháin, faoi seach.

(5) Má dhéantar pianbhreith príosúnachta ar feadh aon téarma a fhorchur ar an duine dá dtagraítear i *bhfo-alt* (1) i leith an chiona lena mbaineann agus má chuirtear oibriú cuid den téarma sin ar fionraí—

- (a) measfar gurb í an chuid den téarma sin nach gcuirtear a oibriú ar fionraí an téarma príosúnachta a fhorchuirtear ar an duine sin chun críocha *fho-alt* (3) (ach, má dhéanann an chúirt oibriú an chuid chéadluaithe den téarma sin a athbheochan, beidh feidhm ag cibé ceann de *mhíreanna* (a), (b), (c) agus (d) *d'fho-alt* (3) is cuí, gan féachaint don mhír seo),
- (b) baineann *mír* (a) freisin le cás ina ndéantar foráil maidir leis an bhfionraí sin tar éis an phianbhreith a fhorchur.

(6) Má dhéantar nó má rinneadh pianbhreith a fhorchur ar dhuine i leith 2 chion gáinneála ar dhruaí nó níos mó agus más pianbhreitheanna comhleanúnacha nó pianbhreitheanna a bheidh comhthráthach go páirteach na pianbhreitheanna a fhorchuirfear, ansin beidh éifeacht le *fo-alt* (3) amhail is dá mba rud é—

- (a) i gcás pianbhreitheanna comhleanúnacha, gurb é atá nó a bhí sa phianbhreith a forchuireadh i leith gach ceann de na cionta sin ná phianbhreith atá comhionann le comhiomlán na bpianbhreitheanna sin,
- (b) i gcás pianbhreitheanna atá comhthráthach go páirteach, gurb é atá nó a bhí sa phianbhreith a forchuireadh i leith gach ceann de na cionta sin ná phianbhreith atá comhionann le comhiomlán na bpianbhreitheanna sin tar éis cibé asbhaint a dhéanamh is gá chun a chinntiú nach

ndéantar aon tréimhse ama a chomhaireamh níos mó ná uair amháin.

(7) Gan dochar *d'alt 93*, scoirfidh duine de bheith faoi réir cheanglais na Coda seo má dhéantar an ciontú i leith an chiona a neamhniú de thoradh achomhairc nó ar shlí eile.

(8) Déanfar aon tagairt san alt seo do phianbhreith a fhorchuirtear ar dhuine a fhorléiriú, má dhéantar an phianbhreith a athrú de thoradh achomhairc, mar thagairt don phianbhreith arna hathrú amhlaidh agus, dá réir sin, beidh an tréimhse ar lena linn a bheidh duine faoi réir cheanglais na Coda seo, mar gheall ar an alt seo, arna laghdú nó arna méadú, de réir mar a bheidh, i gcás ina ndéantar athrú de shórt a mbeidh de thoradh air go dtiocfaidh an phianbhreith faoi réim míre eile *d'fho-alt (3)* seachas an mhír ar faoina réim a bhí an phianbhreith sula ndearnadh an t-athrú.

Faisnéis a sholáthar chun comhlíonadh na Coda seo a éascú.

91.—Maidir leis an duine atá i bhfeighil na háite ina n-ordaítear duine a phríosúnú mar gheall ar chion (cibé acu an cion ba bhun leis an duine a bheith faoi réir na gceanglas sin nó nach ea), déanfaidh sé nó sí—

- (a) roimh an dáta a rachaidh an phianbhreith príosúnachta a fhorchuirtear ar an duine mar gheall ar an gcion céadluaite in éag nó, de réir mar a bheidh, sula dtosóidh loghadh an duine ón bpianbhreith (“an dáta scaoilte saor”), fógra a thabhairt i scríbhinn don duine go bhfuil sé nó sí faoi réir cheanglais na Coda seo.
- (b) 10 lá ar a laghad roimh an dáta scaoilte saor, fógra a thabhairt i scríbhinn do Choimisinéir an Gharda Síochána á rá go dtarlóidh an dul in éag nó an loghadh sin maidir leis an duine.

Ceanglais maidir fógra a thabhairt.

92.—(1) Déanfaidh duine atá faoi réir cheanglais na Coda seo, roimh dheireadh na tréimhse 7 lá dar tosach—

- (a) an dáta iomchuí,
- (b) má dhéantar ordú faoi alt 89(3) nó 95(3), dáta an ordaithe, nó
- (c) más dáta roimh thosach feidhme na Coda seo an dáta iomchuí agus nach ndéantar aon ordú den sórt sin, an tosach feidhme sin,

fógra a thabhairt don Gharda Síochána maidir leis an méid seo a leanas—

- (i) a ainm nó a hainm agus, i gcás ina n-úsáideann sé nó sí ainm amháin eile nó níos mó, gach ainm de na hainmneacha sin, agus
- (ii) a sheoladh baile nó a seoladh baile.

(2) Déanfaidh duine atá faoi réir na gceanglas sin, roimh dheireadh na tréimhse 7 lá dar tosach—

- (a) an tráth a úsáideann an duine ainm nach ionann agus an t-ainm, nó ceann de na hainmneacha, is déanaí ar thug sé fógra don Gharda Síochána ina leith faoin alt seo,
- (b) tráth aon athraithe ar a sheoladh baile nó ar a seoladh baile,
- (c) tráth gnáthchónaí a bheith ar an duine nó an duine a bheith ag fanacht, ar feadh tréimhse cáilithí, in aon áit sa Stát, nach bhfuil fógra maidir lena seoladh tugtha aige nó aici don Gharda Síochána faoin alt seo á rá gurb é a sheoladh baile nó a seoladh baile é, nó
- (d) tráth an duine d'fhilleadh ar an Stát, tar éis dó nó di, díreach roimh an bhfilleadh sin, a bheith lasmuigh den Stát ar feadh tréimhse leanúnaí 7 lá nó níos mó,

fógra a thabhairt don Gharda Síochána freisin maidir leis an ainm sin, maidir le héifeacht an athraithe sin, maidir le seoladh na háite sin nó, de réir mar a bheidh, maidir leis an bhfilleadh sin.

(3) Má tá sé ar intinn ag duine atá faoi réir cheanglais na Coda seo an Stát a fhágáil ar feadh tréimhse leanúnaí 7 nó níos mó, déanfaidh sé nó sí fógra maidir lena bhfuil ar intinn aige nó aici agus, más eol sin, maidir le seoladh na háite lasmuigh den Stát a bhfuil sé ar intinn aige nó aici gnáthchónaí a bheith air nó uirthi ann nó fanacht ann a thabhairt don Gharda Síochána.

(4) Má tá duine atá faoi cheanglais na Coda seo lasmuigh den Stát ar feadh tréimhse leanúnaí 7 lá nó níos mó agus nach raibh ar intinn aige nó aici, ar fhágáil an Stáit dó nó di, a bheith lasmuigh den Stát ar feadh tréimhse leanúnaí den sórt sin, déanfaidh an duine, faoi réir *fho-alt (5)*, fógra a thabhairt don Gharda Síochána, roimh dheireadh tréimhse breise 7 lá, a áireofar ón 7ú lá, arna ríomh ón 7ú lá atá sé nó sí lasmuigh den Stát amhlaidh, maidir leis an méid sin agus maidir le seoladh na háite lasmuigh den Stát a bhfuil cónaí air nó uirthi ann nó a bhfuil sé nó sí ag fanacht ann.

(5) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (4)* má tá an duine lena mbaineann tar éis fillleadh ar an Stát roimh dheireadh na tréimhse breise 7 lá a luaitear san *fho-alt* sin.

(6) Ní mheasfar go gcomhlíonann fógra a thugann aon duine don Gharda Síochána *fo-alt (1)*, *(2)*, *(3)* nó *(4)* mura luaitear na nithe seo a leanas freisin ann maidir leis an duine—

- (a) a dháta breithe nó a dáta breithe,
- (b) a ainm nó a hainm ar an dáta iomchuí agus, i gcás inar úsáid sé nó sí ainm amháin eile nó níos mó ar an dáta sin, gach ainm de na hainmneacha sin, agus
- (c) a sheoladh baile nó a seoladh baile ar an dáta iomchuí.

(7) Chun aon tréimhse a chinneadh chun críocha *fho-alt (1)*, *(2)*, *(3)* nó *(4)*, tabharfar neamhaird ar aon tráth ar lena linn atá an duine lena mbaineann—

- (a) athchurtha faoi choimeád,
- (b) ag cur isteach pianbhreithe i bpríosún, nó

(c) arna scaoileadh saor go sealadach faoi alt 2 den Acht um Dhlínse Coiriúil 1960.

(8) Féadfaidh duine fógra a thabhairt faoin alt seo—

(a) trí láithriú go pearsanta ag aon stáisiún Garda Síochána is ceanncheathrú rannáin nó ceantair agus trí fhógra a thabhairt ó bhéal do chomhalta den Gharda Síochána ag an stáisiún maidir leis na nithe lena mbaineann,

(b) trí fhógra i scríbhinn maidir leis na nithe lena mbaineann a chur, leis an bpost, chuig aon stáisiún Garda Síochána is ceanncheathrú den sórt sin, nó

(c) trí cibé modh eile a fhorordófar.

(9) In aon imeachtaí i leith ciona faoi *alt 94(1)(a)*, is ar an gcosantóir a bheidh an dualgas a chruthú gur cuireadh fógra den sórt sin leis an bpost.

(10) Déanfar fógra faoin alt seo a admháil i scríbhinn agus is i cibé foirm a fhorordófar a bheidh an admháil sin.

(11) San alt seo—

ciallaíonn “*seoladh baile*”, i ndáil le haon duine, seoladh a aon-áite nó a haon-áite nó a phríomh-áite nó a príomh-áite cónaithe, nó mura bhfuil áit chónaithe den sórt sin aige nó aici, seoladh a áite cónaithe nó a háite cónaithe is gnáiche atá aige nó aici nó, mura bhfuil áit chónaithe den sórt sin aige nó aici, seoladh na háite a dtugann sé nó sí cuairt uirthi go rialta;

ciallaíonn “*tréimhse cháilitheach*”—

(a) tréimhse 7 lá, nó

(b) 2 thréimhse nó níos mó, in aon tréimhse 12 mhí, arb é a méid (á nglacadh le chéile) ná 7 lá.

Urscaoileadh ón oibleagáid ceanglais na Coda seo a chomhlíonadh.

93.—(1) Féadfaidh duine atá, mar gheall ar *ailt 89* agus *90*, faoi réir cheanglais na Coda seo ar feadh tréimhse 12 bhliain nó 6 bliana (i gcás duine lena mbaineann *alt 90(4)*) iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar ordú lena n-urscaoilfear an duine ón oibleagáid na ceanglais sin a chomhlíonadh ar an bhforas nach nach bhfuil sé ar mhaithe le leas an phobail a thuilleadh é nó í do leanúint de bheith faoina réir.

(2) Ní dhéanfar iarratas faoin alt seo roimh dheireadh na tréimhse 8 mbliana, nó 4 bliana i gcás duine lena mbaineann *alt 90(4)*, ón dáta a scaoiltear an t-iarratasóir saor as príosún.

(3) Déanfaidh an t-iarratasóir, tráth nach déanaí ná tosach cibé tréimhse roimh an iarratas a dhéanamh a fhorordófar, fógra a thabhairt do cheannfort an Gharda Síochána don cheantar ina bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi nó ina bhfuil a áit chónaithe nó a háit chónaithe is gnáthaí á rá go bhfuil ar intinn aige nó aici iarratas a dhéanamh faoin alt seo.

(4) Beidh an ceannfort sin nó aon chomhalta eile den Gharda Síochána i dteideal láithriú agus éisteacht a fháil ag éisteacht an iarratais sin.

(5) Ar iarratas faoin alt seo a éisteacht, déanfaidh an chúirt, má mheasann sí gur cuí sin a dhéanamh in imthosca uile an cháis, ordú a dhéanamh lena n-urscaoilfear an t-iarratasóir ón oibleagáid ceanglais na Coda seo a chomhlíonadh.

(6) Le linn iarratas faoin alt seo a bhreithniú, féadfaidh an chúirt aird a thabhairt ar aon ní is dóigh léi a bheith iomchuí agus féadfaidh sí, go háirithe, aird a thabhairt ar charachtar an iarratasóra, ar a iompar nó a hiompar tar éis an chiontaithe sa chion lena mbaineann agus ar an gcion lena mbaineann.

(7) Má dhéanann an chúirt ordú lena n-urscaoilfear an t-iarratasóir ón oibleagáid ceanglais na Coda seo a chomhlíonadh, cuirfidh an chúirt faoi deara go dtabharfar fógra, i scríbhinn, don Gharda Síochána faoin urscaoileadh sin.

(8) Féadfaidh breitheamh den chuaird ina bhfuil gnáthchónaí ar an iarratasóir nó ina bhfuil a áit chónaithe nó a háit chónaithe is gnáthaí dlínse na cúirte i leith iarratais faoin alt seo a fheidhmiú.

(9) Déanfar imeachtaí faoin alt seo a éisteacht ar shlí seachas go poiblí.

(10) San alt seo—

ciallaíonn “iarratasóir” an duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*;

ciallaíonn “cúirt” an Chúirt Chuarda;

ciallaíonn “an dáta a scaoiltear an t-iarratasóir saor as príosún” an dáta a dtéann pianbhreith príosúnachta an iarratasóra chun críocha *alt 90(3)* in éag nó, de réir mar a bheidh, an dáta a dtosaíonn a loghadh ón bpianbhreith.

94.—(1) Aon duine

(a) a mhainneoidh, gan leithscéal réasúnach, *fo-alt (1), (2), (3)* nó (4) *d’alt 92* nó *alt 95(1)* a chomhlíonadh, nó

(b) a dhéanfaidh, i gcomhlíonadh airbheartaithe an *fho-ailt (1), (2), (3)* nó (4) sin nó an *ailt 95(1)* sin, de réir mar is cuí, aon fhaisnéis a chur in iúl don Gharda Síochána ar faisnéis í is eol dó nó di a bheith bréagach nó míthreorach ar aon slí,

Cionta i dtaca le ceanglais a bhaineann le fógra a thabhairt.

beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(2) Tá duine ciontach i gcion faoi *fho-alt (1)(a)*, ar an lá a mainníonn sé nó sí, den chéad uair, gan leithscéal réasúnach, *fo-alt (1), (2), (3)* nó (4), de réir mar a bheidh, *d’alt 92* nó *alt 95(1)* a chomhlíonadh agus leanann sé nó sí de bheith ciontach ann ar fud aon tréimhse ar lena linn a leanann an mhainneachtain ar aghaidh; ach ní dhéanfar duine a ionchúiseamh faoin bhforáil sin níos mó ná uair amháin i leith na mainneachtana céanna.

(3) Aon duine atá ciontach i gcion faoin alt seo dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná €3,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(4) In imeachtaí i leith ciona faoi fho-alt (1)(a), go dtí go suitear a mhalairt, beidh ráiteas faoi mhionn ó chomhalta den Gharda Síochána dá dtagraítear i bhfo-alt (5) á rá nach ndearna an cosantóir aon fhógra faoi na nithe lena mbaineann a thabhairt don Gharda Síochána ar aon cheann de na modhanna dá dtagraítear in alt 92(8) ina fhianaise nár thug an cosantóir aon fhógra den sórt sin.

(5) Is é a bheidh sa chomhalta den Gharda Síochána ná comhalta nach ísle céim ná sáirsint ar ina leith is deimhin leis an gcúirt, óna fhianaise nó óna fianaise féin—

- (a) go bhfuil sé nó sí eolach ar na córais a oibríonn an Garda Síochána chun a thaifeadadh go bhfuair siad faisnéis áirithe, agus
- (b) go ndearna sé nó sí gach fiosrú cuí chun a fháil amach an bhfuair an Garda Síochána fógra ón gcosantóir faoi na nithe lena mbaineann.

Feidhm na Coda seo maidir le daoine a chiontaítear lasmuigh den Stát.

95.—(1) Más rud é—

- (a) go mbeidh duine ciontaithe, in áit seachas an Stát, i gcion,
- (b) gur chion gáinneála ar dhruaí (de réir bhrí na Coda seo) faoi dhlí an Stáit an gníomh arb é an cion lena mbaineann é, dá mba sa Stát a dhéanfaí é, agus
 - (i) go mbeadh an duine, dá réir sin, faoi réir cheanglais na Coda seo mar gheall ar *fho-alt (1)* nó *(2) d'alt 89*, nó
 - (ii) tráth thosach feidhme na Coda seo, go gceanglaítear ar an duine, mar dhuine a ciontaíodh i gcion a luaítear i *mír (a)*, faoi dhlí na háite céadluaite sa mhír sin (is cuma conas a thuairiscítear an ceanglas sa dlí sin), fógra a thabhairt do na póilíní san áit sin maidir le faisnéis atá comhchineálach le faisnéis a cheanglaítear ar dhuine atá faoi réir cheanglais na Coda seo ar shlí eile a thabhairt,

agus

- (c) go bhfuil an duine, tráth an chiontaithe, nó go dtiocfaidh sé nó sí dá éis sin chun bheith, ina chónaí nó ina cónaí sa Stát,

déanfaidh sé nó sí, roimh dheireadh na tréimhse a shonraítear i *bhfo-alt (2)*, fógra a thabhairt don Gharda Síochána faoin méid seo a leanas—

- (I) a ainm nó a hainm, nó i gcás ina n-úsáideann sé nó sí ainm amháin nó níos mó freisin, gach ceann de na hainmneacha sin,
- (II) a sheoladh nó a seoladh baile, agus
- (III) go bhfuil sé nó sí ciontaithe sa chion dá dtagraítear i *mír (a)*.

(2) Is é atá sa tréimhse dá dtagraítear i bhfo-alt (1) ná an tréimhse 7 lá dar tosach—

- (a) i gcás cónaí a bheith ar an duine cheana féin sa Stát ar fhilleadh dó nó di den chéad uair amhlaidh agus nach bhfuil feidhm ag *mír (c)*, an dáta a fhilleann an duine ar an Stát den chéad uair tar éis é nó í a chiontú sa chion lena mbaineann,
- (b) i gcás nach bhfuil cónaí ar an duine amhlaidh agus nach bhfuil feidhm ag *mír (c)*, an dáta a thagann an duine, den chéad uair, chun bheith ina chónaí nó ina cónaí sa Stát tar éis é nó í a chiontú sa chion lena mbaineann, nó
- (c) i gcás an dáta a fhilleann an duine amhlaidh den chéad uair ar an Stát, nó a thagann sé nó sí chun bheith ina chónaí nó ina cónaí sa Stát, tosach feidhme na Coda seo.

(3) Féadfaidh an Chúirt Chuarda, sa chuaird ina bhfuil gnáthchónaí ar dhuine lena mbaineann fo-alt (1) nó ina bhfuil a áit chónaithe nó a háit chónaithe is gnáthaí aige nó aici, ar iarratas a bheith déanta chuici chuige sin ag comhalta den Gharda Síochána nach ísle céim na ceannfort, a ordú go mbeidh an duine faoi réir cheanglais na Coda seo má mheasann sí gur gá sin a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail agus gur cú sin in imthosca uile an cháis.

(4) Féadfar iarratas faoi *fho-alt (1)* a dhéanamh—

- (a) laistigh de thréimhse 2 mhí ón dáta a thugtar fógra faoi *fho-alt (1)*, nó
- (b) mura dtugtar fógra den sórt sin, laistigh de thréimhse 6 mhí ón dáta a shonraítear i *mír (a)*, *(b)* nó *(c)*, de réir mar a bheidh, *d'fho-alt (2)*,

nó laistigh de cibé tréimhse is faide ná sin a cheadóidh an Chúirt Chuarda.

(5) Chun críocha an ailt seo, measfar cónaí a bheith ar dhuine sa Stát más rud é go gnáthchónaí air nó uirthi, nó go bhfuil a phríomháit nó a príomháit chónaithe aige nó aici, sa Stát, nó go bhfuil sé nó sí sa Stát ar feadh tréimhse cáilithí.

(6) Más rud é, maidir le duine lena mbaineann an t-alt seo, go gcúisítear é nó í i gcion faoi *alt 94*, déanfar, cibé acu a mheasfaí nó nach measfaí é nó í, chun críocha *alt 94*, mar dhuine ag a bhfuil leithscéal réasúnach ar leith ón bhfo-alt seo, a mheas ina leith, chun na gríoch sin, go bhfuil leithscéal réasúnach aige nó aici más rud é gur chreid sé nó sí nach mbeadh an gníomh arb é an cion é dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, dá ndéanfaí sa Stát é, ina chion gáinneála ar dhrugaí d'aon chineál (de réir bhí na Coda seo) faoi dhlí an Stáit.

(7) Chun críocha *fho-alt (6)*, ní bhaineann sé le hábhar cibé acu atá nó nach bhfuil bonn cirt le rud a chreidtear má chreidtear go hionraic é.

(8) Beidh feidhm ag *fo-ailt (8)* go *(10) d'alt 92* maidir le fógra faoi *fho-alt (1)* mar atá feidhm acu le fógra faoin bhfo-alt sin.

(9) San alt seo—

ciallaíonn “póilíní”, i ndáil leis an áit chéadluaite i bhfo-alt (1), aon fhórsa póilíneachta san áit sin, nó aon chomhalta den fhórsa sin, is cumas an bhfuil an fórsa sin eagraithe ar leibhéal náisiúnta, ar leibhéal réigiúnach nó ar leibhéal áitiúil;

tá le “seoladh baile” agus le “tréimhse cháilitheach” na bríonna céanna atá leo in *alt 92*.

Deimhniú mar fhianaise go bhfuil duine faoi réir cheanglais na Coda seo.

96.—(1) Más rud é, tar éis thosach feidhme na Coda seo, go dtiocfaidh duine chun bheith, nó go bhféadfaidh duine teacht chun bheith, faoi réir cheanglais na Coda seo mar gheall ar chiontú an duine sin i gcion, déanfaidh an chúirt a gciontófar é nó í sa chion os a comhair, tar éis an chiontaithe, deimhniú a eisiúint láithreach chuig gach duine de na daoine dá dtagraítear i *bhfo-alt (6)* ar deimhniú é ina luafar—

- (a) gur ciontaíodh an duine sa chion,
- (b) an phianbhreith, más ann, a forchuireadh ar an duine i leith an chiona, agus
- (c) go bhfuil an duine tar éis teacht chun bheith nó, de réir mar is cuí, go bhféadfaidh an duine teacht chun bheith, faoi réir cheanglais na Coda seo.

(2) Má fhorchuirtear pianbhreith ar dhuine i leith an chiona dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* tar éis deimhniú a bhaineann leis an gcion sin a eisiúint faoin bhfo-alt sin, déanfaidh an chúirt d’fhorchuir an phianbhreith, tar éis an phianbhreith a fhorchur, deimhniú a eisiúint láithreach chuig gach duine de na daoine dá dtagraítear i *bhfo-alt (6)* ar deimhniú é ina luafar an phianbhreith a forchuireadh ar an duine.

(3) Aon chúirt a dhéanann ordú faoi *alt 89(3)* nó *alt 95(3)* i leith duine, déanfaidh sí, tar éis an t-ordú a dhéanamh, deimhniú a eisiúint láithreach chuig gach duine de na daoine dá dtagraítear i *bhfo-alt (6)* ar deimhniú é ina luafar—

- (a) an cion ar ciontaíodh an duine ann arb é an cion é is cúis leis an duine a bheith, nó teacht chun bheith, faoi réir cheanglais na Coda seo
- (b) an phianbhreith a forchuireadh ar an duine i leith an chiona sin, agus
- (c) go bhfuil an duine tar éis teacht chun bheith faoi réir cheanglais na Coda seo.

(4) Más rud é—

- (a) go ndéantar an ciontú dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* nó *(3)(a)*, a mhéid a bhaineann sé le hordú arna dhéanamh faoi *alt 89(3)*, a neamhniú ar achomharc nó ar shlí eile, nó
- (b) go ndéantar an phianbhreith a fhorchuirtear ar scór an chiontaithe sin a athrú ar achomharc nó ar shlí eile,

déanfaidh an chúirt a neamhnaíonn an ciontú nó a athraíonn an phianbhreith, tar éis an ciontú a neamhniú nó an phianbhreith a athrú, deimhniú a eisiúint láithreach chuig gach duine de na daoine dá dtagraítear i *bhfo-alt (6)* ar deimhniú é ina luafar gur

neamhnaíodh an ciontú nó ina luafar a t-athrú a rinneadh ar an bpianbhreith.

(5) In aon imeachtaí, beidh deimhniú a airbheartaíonn a bheith eisithe faoi *fho-alt* (1), (2), (3) nó (4) ina fhianaise ar na nithe a luaitear ann gan chruthúnas ar shíniú an oifigigh don chúirt a airbheartaíonn é a shíniú nó gur údaraíodh don duine sin é a shíniú.

(6) Is iad seo a leanas na daoine dá dtagraítear i *bhfo-alt* (1), (2), (3) agus (4)—

- (a) an Garda Síochána,
- (b) an duine a ciontaíodh sa chion lena mbaineann, agus
- (c) más cuí, an duine atá, de thuras na huaire, i bhfeighil na háite ar ordaíodh an duine ciontaithe a phríosúnú ann.

(7) Beidh an modh chun ciontú nó pianbhreith a chruthú, arna údarú le *fo-alt* (4), de bhreis ar aon mhodh údaraíthe eile, agus ní in ionad aon mhodha údaraíthe eile, chun an ciontú sin nó an phianbhreith sin a chruthú.

(8) Féadfar foráil a dhéanamh le rialacha cúirte i ndáil le foirm deimhnithe faoin alt seo agus i ndáil leis an tslí ina bhféadfar iad a eisiúint.

97.—(1) In imeachtaí i gcoinne duine i leith ciona faoi *alt* 94 (i gcás inar duine dá dtagraítear in *alt* 95(1) an duine), más rud é go ndéantar doiciméad a thabhairt ar aird don chúirt ar doiciméad é a chomhlíonann an coinníoll dá dtagraítear i *bhfo-alt* (2) agus a airbheartaíonn go bhfuil ceachtar díobh seo a leanas nó iad araon ann—

Cruthúnas ar chiontú coigríche i gcásanna áirithe.

- (a) sonraí i dtaobh chiontú an duine sin i gcion, agus i dtaobh an ghnímh arb é an cion é, i stát, seachas an Stát,
- (b) ráiteas á rá go raibh an duine sin, ar dháta sonraithe, faoi réir an cheanglais chéadluaite in *alt* 95(1) (b)(ii),

beidh sé sin ina fhianaise, gan tuilleadh cruthúnais, go dtí go suitear a mhalairt, ar na nithe atá luaite ann.

(2) Is é atá sa choinníoll a luaitear i *bhfo-alt* (1) ná go n-airbheartaíonn an doiciméad lena mbaineann a bheith sínithe nó deimhnithe ag breitheamh, giúistís nó oifigeach don stát dá dtagraítear san *fho-alt* sin agus a bheith fíordheimhnithe faoi mhionn finn é éigin nó a bheith séalaithe le séala oifigiúil aire stáit de chuid an stáit sin (ar séala é a dtabharfaidh an chúirt aird bhreithiúnach air).

(3) Maidir leis an gcoinníoll dá dtagraítear i *bhfo-alt* (1), measfar é a bheith comhlíonta gan chruthúnas ar an síniú nó ar an deimhniú, agus ar fhíordheimhniú an chéanna, de réir mar atá na nithe sin le feiceáil ar an doiciméad.

CUID 10

PIANBHREITH A GHEARRADH

Míithe (*Cuid 10*).

98.—Sa Chuid seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—

ciallaíonn “duine údaraithe” duine arna cheapadh nó arna ceapadh i scríbhinn ag an Aire, nó duine is duine d’aicme daoine atá forordaithe, chun bheith ina dhuine údaraithe nó ina duine údaraithe chun críocha na Coda seo;

ciallaíonn “ordachán” ordachán arna thabhairt ag an Aire faoi alt 2 den Acht um Dhlínse Choiriúil 1960 ar ordachán é lena n-údaraitear duine a scaoileadh as príosún (de réir bhrí an ailt sin) go ceann tréimhse sealadaí;

folaíonn “gobharnóir”, i ndáil le príosúnach, duine a bheidh, de thuras na huaire, ag comhlíonadh feidhmeanna gobharnóra;

folaíonn “príosúnacht”—

(a) coinneáil i bhForas Naomh Pádraig, agus

(b) coinneáil in áit a sholáthraítear faoi alt 2 d’Acht na bPríosún 1970,

agus forléireofar “pianbhreith príosúnachta” dá réir sin;

folaíonn “téarma sainordaitheach príosúnachta”, i ndáil le cion, téarma príosúnachta arna fhorchur ag cúirt faoi achtachán lena bhforáiltear go ndlífear téarma príosúnachta nach giorra ná an téarma sin a shonraítear san achtachán a chur ar dhuine atá ciontach sa chion lena mbaineann;

ciallaíonn “ciontóir” duine ar ina leith a dhéantar ordú srianta gluaiseachta, nó a bhféadfar ordú srianta gluaiseachta a dhéanamh ina leith, faoi alt 101;

ciallaíonn “oifigeach promhaidh agus leasa” duine a bheidh ceaptha ag an Aire chun bheith—

(a) ina oifigeach promhaidh nó ina hoifigeach promhaidh,

(b) ina oifigeach leasa nó ina hoifigeach leasa, nó

(c) ina oifigeach promhaidh agus leasa nó ina hoifigeach promhaidh agus leasa;

ciallaíonn “seirbhís promhaidh agus leasa” na hoifigigh sin don Aire atá sannta chun feidhmeanna a chomhlíonadh sa chuid den Roinn Stáit a bhfuil an tAire freagrach aisti ar cuid í ar a dtugtar an t-ainm sin i gcoitinne;

ciallaíonn “ordú srianta gluaiseachta” ordú arna dhéanamh ag cúirt faoi alt 101.

Cumhacht chun pianbhreith a chur ar fionraí.

99.—(1) I gcás ina ndéanann cúirt téarma príosúnachta (seachas téarma sainordaitheach príosúnachta) a ghearradh ar dhuine i leith ciona, féadfaidh an chúirt sin ordú a dhéanamh chun forghníomhú na pianbhreithe sin a chur ar fionraí go hiomlán nó go páirteach, ach sin faoi réir an duine do dhul faoi chúirtbhanna coinníollacha an

ordaithe, nó na coinníollacha a fhorchuirtear i ndáil leis an ordú, a chomhlíonadh.

(2) Is coinníoll é de chuid ordaithe faoi *fho-alt (1)* go ndéanfaidh an duine ar ina leith a dhéantar an t-ordú an tsíocháin a choimeád agus go mbeidh sé nó sí dea-iompartha—

- (a) ar feadh na tréimhse a bheidh an phianbhreith ar fionraí, nó
- (b) i gcás ordaithe nach bhfionraítear ach cuid den phianbhreith leis, ar feadh thréimhse na príosúnachta agus ar feadh na tréimhse a bheidh an phianbhreith lena mbaineann,

agus sonrófar an choinníoll sin san ordú lena mbaineann.

(3) Féadfaidh an chúirt, nuair a bheidh ordú á dhéanamh faoi *fho-alt (1)*, cibé coinníollacha a fhorchur i ndáil le hordú is dóigh leis an gcúirt—

- (a) is cuí, ag féachaint do chineál an chiona, agus
- (b) a laghdóidh an dóchúlacht go ndéanadh an duine ar ina leith a dhéantar an t-ordú aon chion eile a dhéanamh,

agus déanfar aon choinníoll a fhorchuirtear de réir an fho-ailt seo a shonrú san ordú sin.

(4) I dteannta aon choinníll a fhorchuirtear faoi *fho-alt (3)*, féadfaidh an chúirt, nuair a bheidh ordú á dhéanamh faoi *fho-alt (1)* arb é atá ann ordú chun pianbhreith príosúnachta a chur ar fionraí go páirteach nó ordú ar iarratas faoi *fho-alt (6)*, aon cheann amháin nó níos mó de na coinníollacha seo a leanas a fhorchur i ndáil leis an ordú sin nó leis an ordú dá dtagraítear san *fho-alt (6)* sin, de réir mar a bheidh:

- (a) go gcomhoibreoidh an duine leis an tseirbhís phromhaidh agus leasa a mhéid a shonróidh an chúirt chun críche a athshlánúcháin nó a hathshlánúcháin agus chun an pobal a chosaint,
- (b) go rachaidh an duine—
 - (i) faoi cibé cóireáil i ndáil le handúil i ndrugaí, in alcól nó i substaintí eile,
 - (ii) faoi cibé cúrsa oideachais, oiliúna nó teiripe,
 - (iii) faoi cibé comhairliúchán síceolaíoch nó cóireáil shíceolaíoch eile,a cheadóidh an chúirt,
- (c) go mbeidh an duine faoi réir mhaoirseacht na seirbhíse phromhaidh agus leasa.

(5) Déanfar coinníoll (seachas coinníoll arna fhorchur, ar iarratas faoi *fho-alt (6)*, tar éis an t-ordú lena mbaineann a dhéanamh) arna fhorchur faoi *fho-alt (4)* a shonrú san ordú lena mbaineann.

(6) Féadfaidh oifigeach promhaidh agus leasa, aon tráth roimh dheireadh pianbhreithe cúirte lena mbaineann ordú faoi *fho-alt (1)* ar ordú é lena gcuirtear pianbhreith ar fionraí go páirteach, iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar aon cheann de na coinníollacha dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)* a fhorchur i ndáil leis an ordú.

(7) I gcás ina ndéanfaidh cúirt ordú faoin alt seo, cuirfidh sí faoi deara cóip den ordú a thabhairt dóibh seo a leanas—

(a) an Garda Síochána, nó

(b) i gcás ordaithe arb é atá ann pianbhreith a chur ar fionraí go páirteach, gobharnóir an phríosúin a gcuirtear an duine faoina choimeád agus an Garda Síochána.

(8) I gcás ordú a bheith déanta ag cúirt faoi *fho-alt (1)* agus ina bhforchuireann sí coinníollacha faoi *fho-alt (4)* ar iarratas faoi *fho-alt (6)*, cuirfidh sí faoi deara cóip den ordú agus de na coinníollacha a thabhairt dóibh seo a leanas—

(a) an tseirbhís phromhaidh agus leasa, agus

(b) (i) an Garda Síochána, nó

(ii) i gcás ordaithe arb é atá ann pianbhreith a chur ar fionraí go páirteach, gobharnóir an phríosúin a gcuirtear an duine faoina choimeád agus an Garda Síochána.

(9) Más rud é, maidir le duine lena mbaineann *fo-alt (1)*, go gciontaítear é nó í i gcion le linn tréimhse fionraithe na pianbhreithe lena mbaineann, déanfaidh an chúirt ar os a comhair a tionscnaíodh imeachtaí i leith an chiona, tar éis pianbhreith a fhorchur i leith an chiona sin, an duine a athchur faoi choimeád nó faoi bhannaí go dtí an chéad suí eile den chúirt a rinne an t-ordú sin.

(10) Déanfaidh cúirt mbeidh duine athchurtha chuici faoi *fho-alt (9)* an t-ordú faoi *fho-alt (1)* a chúlghairm mura rud é go measann sí go mbeadh sé míchóir in imthosca uile an cháis an t-ordú sin a chúlghairm, agus i gcás ina gcúlghairfidh an chúirt an t-ordú sin, ceanglófar ar an duine iomlán na pianbhreithe príosúnachta arna forchur ag an gcúirt i dtosach, nó cibé cuid den phianbhreith a mheasann an chúirt is cóir ag féachaint d'imthosca uile an cháis, a chur isteach, lúide aon tréimhse den phianbhreith sin a cuireadh isteach i bpríosún cheana féin agus aon tréimhse a caitheadh faoi choimeád (seachas tréimhse ar lena linn a bhí an duine ag cur téarma príosúnachta isteach i leith ciona dá dtagraítear i *bhfo-alt (9)*) go dtí go gcúlghairtear an t-ordú sin.

(11) (a) Maidir le pianbhreith (seachas pianbhreith arb é atá ann ná príosúnacht saoil) arna forchur—

(i) i leith chiona arna dhéanamh ag duine lena mbaineann ordú faoi *fho-alt (1)*, agus

(ii) le linn tréimhse fionraithe na pianbhreithe lena mbaineann an t-ordú sin,

ní thosóidh sí go dtí deireadh aon tréimhse príosúnachta den phianbhreith dá dtagraítear i *mír (b)* nach mór don

duine a chur isteach, cibé acu de bhua an ordaithe faoi *fho-alt (1)* nó de bhua cúlghairme faoi *fho-alt (10)*.

(b) Ní dhéanfaidh an fo-alt seo difear d'oibriú alt 5 den Acht um Cheartas Coiriúil 1951.

(12) I gcás ina ndéantar ordú faoi *fho-alt (1)* a chúlghairm de réir an ailt seo, féadfaidh an duine a raibh feidhm ag an ordú maidir leis nó léi achomharc i gcoinne na cúlghairme a dhéanamh chun cibé cúirt ag a mbeadh dlínse achomharc a éisteacht i gcoinne aon chiontaithe ar dhuine mar gheall ar chion, nó i gcoinne pianbhreithe arna forchur ar dhuine mar gheall ar chion, ag an gcúirt a rinne an t-ordú sin a chúlghairm.

(13) Má tá forais réasúnacha ag comhalta den Gharda Síochána nó, de réir mar a bheidh, ag gobharnóir an phríosúin ar faoina choimeád a cuireadh an duine, chun a chreidiúint go ndearna duine lena mbaineann ordú faoin alt seo an coinníoll dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* a shárú, féadfaidh sé nó sí iarratas a dhéanamh chun na cúirte chun dáta a shocrú chun iarratais ar ordú ag cúlghairm an ordaithe faoi *fho-alt (1)* a éisteacht.

(14) Féadfaidh oifigeach promhaidh agus leasa, má tá forais réasúnacha aige nó aici chun a chreidiúint go ndearna duine lena mbaineann ordú faoi *fho-alt (1)* coinníoll arna fhorchur faoi *fho-alt (3)* nó *(4)*, iarratas a dhéanamh chun na cúirte chun dáta a shocrú chun iarratais ar ordú ag cúlghairm an ordaithe faoi *fho-alt (1)* a éisteacht.

(15) I gcás ina socraíonn an chúirt dáta chun iarratas dá dtagraítear i *bhfo-alt (13)* nó *(14)* a éisteacht, déanfaidh sí, trí fhógra i scríbhinn, an méid sin a chur in iúl don duine ar ina leith a dhéanfar an t-iarratas nó, i gcás an duine sin a bheith i bpríosún, do ghobharnóir an phríosúin, agus ceanglófar leis an bhfógra sin ar an duine freastal os a comhair nó ceanglófar leis ar an ngobharnóir sin an duine a thabhairt ar aird os a comhair, ar an dáta a shocrófar amhlaidh agus cibé tráth a shonrófar san fhógra.

(16) Má mhainníonn duine nach bhfuil i bpríosún freastal os comhair na cúirte de réir ceanglais atá i bhfógra faoi *fho-alt (15)*, féadfaidh an chúirt barántas a eisiúint chun an duine a ghabháil.

(17) Déanfaidh cúirt, i gcás inar deimhin léi go ndearna duine lena mbaineann ordú faoi *fho-alt (1)* coinníoll de chuid an ordaithe a shárú, an t-ordú a chúlghairm, mura rud é go measann sí, in imthosca uile an cháis, go mbeadh sé míchóir déanamh amhlaidh, agus i gcás ina gcúlghairfidh an chúirt an t-ordú sin, ceanglófar ar an duine iomlán na pianbhreithe arna forchur ag an gcúirt i dtosach, nó cibé cuid den phianbhreith a mheasann an chúirt is cóir, ag féachaint d'imthosca uile an cháis, a chur isteach, lúide aon tréimhse den phianbhreith sin a cuireadh isteach i bpríosún cheana féin agus aon tréimhse a caitheadh faoi choimeád go dtí gur cúlghaireadh an t-ordú sin.

(18) Déanfar fógra faoi *fho-alt (15)* a dhíriú chuig an duine lena mbaineann faoina ainm nó faoina hainm, agus féadfar é a thabhairt don duine ar cheann amháin de na slí seo a leanas:

(a) trína sheachadadh ar an duine,

(b) trína fhágáil ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó, i gcás ina mbeidh seoladh le haghaidh seirbheála tugtha, ag an seoladh sin,

(c) trína chur leis an bpost i litir chláráithe réamhíoctha chuig an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó, i gcás ina mbeidh seoladh le haghaidh seirbheála tugtha, chuig an seoladh sin.

(19) Ní dhéanfaidh an t-alt seo difear d'oibriú na nithe seo a leanas—

(a) alt 2 den Acht um Dháilse Choiriúil 1960 nó Rial 38 de na Rialacha um Rialú Príosún, 1947 (R. & O.R. Uimh. 320 de 1947), nó

(b) fo-ailt (3G) agus (3H) d'alt 27 den Acht um Mí-Úsáid Drugaí 1977.

Fíneáil a fhorchur agus pianbhreith a chur siar.

100.—(1) I gcás ina ndéanann cúirt ordú lena gciontaítear duine i gcion a ndlitear téarma príosúnachta agus fíneáil araon ina leith a chur ar an duine, féadfaidh an chúirt, faoi réir *fho-alt* (2)—

(a) fíneáil a fhorchur ar an duine sin i leith an chiona, agus

(b) ordú a dhéanamh—

(i) lena gcuirtear siar gearradh pianbhreithe príosúnachta mar gheall ar an gcion, agus

(ii) lena sonraítear an téarma príosúnachta a bheartódh sí a fhorchur ar an duine i leith an chiona sin dá mainneodh sé nó sí, nó dá ndiúltódh sé nó sí, na coinníollacha a shonraítear san ordú a chomhlíonadh.

(2) Ní chomhlíonfaidh cúirt feidhmeanna faoi *fho-alt* (1) mura rud é gur deimhin léi—

(a) go dtoilíonn an duine lena mbaineann leis an bpianbhreith príosúnachta a chur siar,

(b) go dtabharfaidh an duine gealltanais chun aon choinníollacha a shonraítear in ordú arna dhéanamh faoi *fho-alt* (1)(b) a chomhlíonadh, agus

(c) go mbeadh sé ar mhaithe leis an gceartas déanamh amhlaidh, ag féachaint do chineál an chiona lena mbaineann agus d'imthosca uile an cháis.

(3) Sonrófar in ordú faoi *fho-alt* (1)(b)—

(a) an dáta (dá ngairtear an “dáta sonraithe” san alt seo) ar a mbeartaíonn sí pianbhreith a ghearradh dá ndéanfadh an duine coinníoll san ordú a sháru, ar dáta é nach déanaí ná 6 mhí tar éis an t-ordú a dhéanamh, agus

(b) na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh ag an duine lena mbaineann le linn na tréimhse idir an t-ordú a dhéanamh agus an dáta sonraithe, lena n-áirítear coinníoll go

mbeidh an duine dea-iompartha agus go gcoimeádfaidh sé nó sí an tsíocháin.

(4) I gcás ina ndéanfaidh cúirt ordú faoi *fho-alt (1)(b)*, cuirfidh sí faoi deara cóip den ordú a thabhairt don duine ar ina leith a rinneadh é agus don Gharda Síochána.

(5) Déanfaidh cúirt a rinne ordú faoi *fho-alt (1)(b)*, le fógra, tráth nach déanaí ná mí amháin roimh an dáta sonraithe, a cheangal ar an duine ar ina leith a rinneadh an t-ordú freastal ar shuí den chúirt ar an dáta sin agus ag cibé am a bheidh sonraithe san fhógra.

(6) Má mhainníonn duine ceanglas i bhfógra faoi *fho-alt (5)* a chomhlíonadh, féadfaidh an chúirt barántas a eisiúint chun an duine sin a ghabháil.

(7) I gcás ina mbeidh forais réasúnacha ag comhalta den Gharda Síochána chun a chreidiúint, maidir le duine lena mbaineann ordú faoi *fho-alt (1)(b)*, go bhfuil coinníoll de chuid an ordaithe sáraithe ag an duine, féadfaidh sé nó sí iarratas a dhéanamh chun na cúirte chun dáta a shocrú chun iarratas a éisteacht ar ordú lena ngearrfar an téarma príosúnachta a shonraítear san ordú de réir *fho-alt (1)(b)(ii)*.

(8) I gcás ina socróidh an chúirt dáta chun iarratas dá dtagraítear i *bhfo-alt (7)* a éisteacht, cuirfidh sí an méid sin in iúl le fógra i scríbhinn don duine ar ina leith a dhéanfar an t-iarratas agus ceanglófar leis an bhfógra sin ar an duine freastal os a comhair ar an dáta a shocrófar amhlaidh agus ag cibé am a bheidh sonraithe san fhógra.

(9) Má mhainníonn duine freastal os comhair na cúirte de réir ceanglais i bhfógra faoi *fho-alt (8)*, féadfaidh an chúirt barántas a eisiúint chun an duine a ghabháil.

(10) Ar iarratas ó chomhalta den Gharda Síochána ar ordú lena ngearrfar an téarma príosúnachta a shonraítear de réir *mhír (b)(ii) d'fho-alt (1)*, féadfaidh cúirt, más deimhin léi gur sháraigh an duine a ndearnadh an t-iarratas ina leith coinníoll a shonraítear san ordú faoin bhfo-alt sin, an téarma príosúnachta a bheartaigh sí a ghearradh tráth déanta an ordaithe faoin bhfo-alt sin (nó cibé téarma is giorra ná sin is dóigh léi is cóir in imthosca uile an cháis) a ghearradh, mura rud é go measann sí go mbeadh sé míchóir déanamh amhlaidh sna himthosca go léir.

(11) Ní dhéanfaidh an chúirt, ar an dáta sonraithe, más deimhin léi gur chomhlíon an duine a ndearnadh an t-ordú faoi *fho-alt (1)* ina leith na coinníollacha a shonraítear san ordú, an phianbhreith a bheartaigh sí a ghearradh nuair a bhí an t-ordú sin á dhéanamh aici a ghearradh agus urscaoilfidh sí an duine láithreach.

(12) Féadfaidh an chúirt, ar an dáta sonraithe, más deimhin léi gur sháraigh an duine a ndearnadh an t-ordú faoi *fho-alt (1)* ina leith coinníoll a shonraítear san ordú, an téarma príosúnachta a bheartaigh sí a ghearradh tráth déanta an ordaithe (nó cibé téarma is giorra ná sin is dóigh léi is cóir in imthosca uile an cháis) a ghearradh, mura rud é go measann sí go mbeadh sé míchóir déanamh amhlaidh in imthosca uile an cháis, agus i gcás ina measann sí go mbeadh sé míchóir téarma príosúnachta a ghearradh urscaoilfidh sí an duine láithreach.

(13) Déanfar fógra faoi *fho-alt* (5) nó (8) a dhíriú chuig an duine lena mbaineann faoina ainm nó faoina hainm agus féadfar é a thabhairt don duine ar cheann amháin de na slite seo a leanas:

- (a) trína sheachadadh ar an duine;
- (b) trína fhágáil ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó, i gcás ina mbeidh seoladh le haghaidh seirbheála tugtha, ag an seoladh sin;
- (c) trína chur leis an bpost i litir chláráithe réamhíoctha chuig an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó, i gcás ina mbeidh seoladh le haghaidh seirbheála tugtha, chuig an seoladh sin.

(14) Leasaítear alt 18(1) den Acht Cúirteanna Breithiúnais 1928 trí “, lena n-áirítear ordú faoi *alt 100(1)* den *Acht um Cheartas Coiriúil 2006*” a chur isteach i ndiaidh “an té go mbeidh an t-ordú déanta ina choinnibh”.

Ordú srianta
gluaiseachta.

101.—(1) I gcás ina ndéantar duine atá 18 mbliana d’aois nó os a chionn a chiontú i gcion a shonraítear i *Sceideal 3* agus go measann an chúirt a chiontaíonn é nó í sa chion gur cuí pianbhreith príosúnachta ar feadh téarma 3 trí mhí nó níos mó a fhorchur ar an duine i leith an chiona, féadfaidh sí, mar mhalairt ar phianbhreith den sórt sin, ordú a dhéanamh faoin alt seo (“ordú srianta gluaiseachta”) i leith an duine.

(2) Féadfar, le hordú srianta gluaiseachta, gluaiseachtaí an chiontóra a shrianadh go feadh cibé méid is cuí leis an gcúirt agus, gan dochar do ghinearáltacht an méid sin roimhe seo féadfaidh foráil a bheith ann—

- (a) á cheangal ar an gciontóir a bheith i cibé áit nó áiteanna a bheidh sonraithe ar feadh cibé tréimhse nó tréimhsí gach lá nó seachtain de réir mar a bheidh sonraithe, nó
- (b) á cheangal ar an gciontóir gan a bheith i cibé áit nó áiteanna, nó i cibé aicme nó aicmí áite nó áiteanna, cibé tráth nó le linn cibé tréimhsí, de réir mar a bheidh sonraithe,

nó féadfaidh an dá fhoráil sin a bheith ann, ach ní fhéadfaidh an chúirt, faoi *mhír (a)*, a cheangal ar an gciontóir a bheith in aon áit nó áiteanna ar feadh tréimhse nó tréimhsí is faide ná 12 uair an chloig in aon lá amháin.

(3) Féadfar ordú srianta gluaiseachta a dhéanamh le haghaidh aon tréimhse nach faide ná 6 mhí agus déanfaidh an ciontóir, le linn na tréimhse sin, an tsíocháin a choimeád agus beidh sé nó sí dea-iompartha.

(4) Féadfar cibé coinníollacha a shonrú in ordú srianta gluaiseachta a mheasann an chúirt is gá chun a chinntiú go gcoimeádfaidh an ciontóir an tsíocháin agus go mbeidh sé nó sí dea-iompartha agus nach ndéanfaidh sé nó sí aon chionta eile fad a bheidh an t-ordú i bhfeidhm.

(5) Sonrófar in ordú srianta gluaiseachta na srianta a mbeidh feidhm acu maidir le gluaiseachtaí an chiontóra agus sonrófar ann go háirithe—

- (a) an tréimhse ar lena linn a bheidh sé i bhfeidhm,
- (b) an tréimhse nó na tréimhsí gach lá nó seachtain ar lena linn a bheidh an ciontóir in aon áit shonraithe nó in aon áiteanna sonraithe,
- (c) an tráth, nó na tréimhsí ar lena linn, nach mbeidh an ciontóir in aon áit shonraithe nó in aon áiteanna sonraithe nó in aon aicme nó aicmí áite nó áiteanna.

(6) Le linn cinneadh a dhéanamh, chun críocha *fho-alt (2)(a)*, maidir leis an tréimhse nó na tréimhsí ar lena linn a bheidh an ciontóir in áit shonraithe nó in áiteanna sonraithe, tabharfaidh an chúirt aird ar chineál agus imthosca an chiona a bhfuarthas an ciontóir ciontach ina leith agus ar aon chúrsa oideachais, oiliúint, fostaíocht nó gníomhaíocht eile a bhfuil an ciontóir páirteach ann agus cinnteoidh sí, a mhéid is indéanta, nach mbeidh an tréimhse nó na tréimhsí sin ar neamhréir le cleachtadh a chreideamh nó a creideamh ag an gciontóir.

(7) Le linn cinneadh a dhéanamh, chun críocha *fho-alt (2)(b)*, maidir leis an áit nó na háiteanna, nó an aicme nó na haicmí áite nó áiteanna, an tráth nó na tréimhsí a bheidh le sonrú in ordú srianta gluaiseachta, tabharfaidh an chúirt aird ar chineál agus imthosca an chiona a bhfuarthas an ciontóir ciontach ina leith, ar an tráth a rinne an duine an cion, ar an áit ina ndearnadh an cion agus ar an dóchúlacht go ndéanfaidh an ciontóir cion eile san áit chéanna nó sna háiteanna céanna nó in áit nó áiteanna den tsamhail céanna nó san aicme chéanna nó sna haicmí céanna áite nó áiteanna nó in aicme nó aicmí áite nó áiteanna den tsamhail céanna.

(8) Ní dhéanfaidh cúirt ordú srianta gluaiseachta i leith ciontóra mura rud é go measann sí, ag féachaint don chiontóir agus dá imthosca nó dá himthosca, gur duine oiriúnach é nó í a bhféadfar ordú den sórt sin a dhéanamh ina leith agus, chun na críche sin, féadfaidh an chúirt a iarraidh ar oifigeach promhaidh agus leasa tuarascáil a ullmhú i scríbhinn i ndáil leis an gciontóir.

(9) Ní dhéanfar ordú srianta gluaiseachta lena sriantar gluaiseachtaí ciontóra de réir *fho-alt (2)(a)* gan toiliú ó úinéir na háite nó na n-áiteanna lena mbaineann nó ó aon duine aosaithe a chónaíonn go rialta ann nó iontu nó, de réir mar a bheidh, ón duine atá i bhfeighil na háite nó na n-áiteanna lena mbaineann.

(10) Féadfaidh cúirt a mbeidh ordú srianta gluaiseachta á dhéanamh aici ceanglas a chur san ordú go ndéanfar faireachán leictreonach ar ghluaiseachtaí an chiontóra de réir *alt 102*, ach ní chuirfidh sí ceanglas den sórt sin ann mura rud é go measann sí, ag féachaint don chiontóir agus dá imthosca nó dá himthosca, gur duine oiriúnach é nó í a bhféadfar ceanglas den sórt sin a dhéanamh ina leith, agus chun na críche sin féadfaidh an chúirt a iarraidh ar dhuine údaraithe tuarascáil a ullmhú i scríbhinn i ndáil leis an gciontóir.

(11) Sula ndéanfaidh an chúirt ordú srianta gluaiseachta, míneoidh an chúirt an méid seo a leanas don chiontóir i ngnáthchaint—

- (a) éifeacht an ordaithe, lena n-áirítear aon cheanglas atá le bheith san ordú faoi *alt 102*,
- (b) na hiarmhairtí d'fhéadfadh a bheith ann de bharr aon mhainneachtana ag an gciontóir ceanglais an ordaithe a chomhlíonadh, agus
- (c) go bhfuil cumhacht ag an gcúirt faoi *alt 103* an t-ordú a athrú ar iarratas a fháil ó aon duine dá dtagraítear san alt sin,

agus ní dhéanfaidh an chúirt an t-ordú mura rud é go gcomhaontaíonn an ciontóir ceanglais an ordaithe a chomhlíonadh.

(12) Cuirfidh an chúirt faoi deara go seolfar cóipeanna deimhnithe d'ordú srianta gluaiseachta chucu seo a leanas—

- (a) an ciontóir,
- (b) an comhalta atá i bhfeighil an stáisiúin Garda Síochána don cheantar ina gcónaíonn an ciontóir nó, más cuí, don cheantar ina bhfuil cónaí le bheith air nó uirthi fad a bheidh an t-ordú i bhfeidhm,
- (c) más cuí, chuig an duine údaraithe atá freagrach faoi *alt 102* as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an ordaithe ag an gciontóir.

Faireachán leictreonach ar ordú srianta gluaiseachta.

102.—I gcás ina bhfuil faireachán leictreonach le déanamh ar na srianta ar ghluaiseachtaí ciontóra atá in ordú srianta gluaiseachta, áireofar an méid seo a leanas san ordú—

- (a) foráil trína mbeidh duine údaraithe freagrach as faireachán a dhéanamh chomhlíonadh an ordaithe ag an gciontóir, agus
- (b) ceanglas go mbeidh feiste faireacháin leictreonaigh i gceangal le pearsa an chiontóra go leanúnach nó ar feadh cibé tréimhsí a shonrófar, ar feiste í lena gcumasófar faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an ordaithe ag an gciontóir.

Ordú srianta gluaiseachta a athrú.

103.—(1) I gcás ina mbeidh ordú srianta gluaiseachta i bhfeidhm, féadfaidh an chúirt, más cuí léi déanamh amhlaidh, ar iarratas i scríbhinn—

- (a) ón gciontóir,
- (b) más cuí, ó úinéir na háite nó na n-áiteanna, nó ó dhuine aosaithe a chónaíonn go rialta san áit nó sna háiteanna, nó, de réir mar a bheidh, ón duine atá i bhfeighil na háite nó na n-áiteanna, a bheidh sonraithe san ordú,
- (c) ó chomhalta den Gharda Síochána, nó
- (d) más cuí, ó dhuine údaraithe atá freagrach, faoi *alt 102*, as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an ordaithe ag an gciontóir,

an t-ordú a athrú trí thréimhse nó tráth eile nó áit eile a chur in ionad aon thréimhse, trátha nó áite a bheidh sonraithe san ordú.

(2) Déanfar iarratas faoi *fho-alt (1)* ar fhógra chuig cibé páirtithe de na páirtithe eile a shonraítear i *bhfo-alt (1)* de réir mar is cuí.

(3) I gcás ina ndéanfaidh aon pháirtí a shonraítear i *bhfo-alt (1)* agóid in aghaidh ordú srianta gluaiseachta a athrú, ní athróidh an chúirt an t-ordú gan scéala a fháil ón bpáirtí sin.

(4) Cuirfidh an chúirt faoi deara cóipeanna deimhnithe d'ordú srianta gluaiseachta arna athrú faoin alt seo a chur chucu seo a leanas—

(a) an ciontóir,

(b) más cuí, úinéir na háite nó na n-áiteanna, nó duine aosaithe a chónaíonn go rialta san áit nó sna háiteanna, nó, de réir mar a bheidh, an duine atá i bhfeighil na háite nó na n-áiteanna, a bheidh sonraithe san ordú,

(c) an comhalta atá i gceannas an stáisiúin Garda Síochána don cheantar ina gcónaíonn an ciontóir nó, más cuí, don cheantar ina mbeidh cónaí le bheith air nó uirthi fad a bheidh an t-ordú i bhfeidhm, agus

(d) más cuí, duine údaraithe atá freagrach, faoi *alt 102*, as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an ordaithe ag an gciontóir.

(5) Maidir leis an dlínse a dhílsítear don chúirt faoin alt seo, is breitheamh den Chúirt Dúiche atá sannta de thuras na huaire don dúiche chúirte dúiche, nó, de réir mar a bheidh, is breitheamh den Chúirt Chuarda atá sannta de thuras na huaire don chuaird, ina bhfuil gnáthchónaí ar an gciontóir nó ina bhfuil cónaí le bheith air nó uirthi fad a bheidh an t-ordú srianta gluaiseachta i bhfeidhm, a fheidhmeoidh an dlínse sin.

104.—(1) I gcás ina mbeidh is mó ná ordú srianta gluaiseachta amháin i bhfeidhm i leith ciontóra aon tráth, ní bheidh an tréimhse ar lena linn a cheanglófar ar an gcosantóir a bheidh in áit shonraithe nó in áiteanna sonraithe, d'ainneoin *fho-alt (2)* agus (3), níos faide ná tréimhse 6 mhí.

Forálacha maidir le níos mó ná ordú srianta gluaiseachta amháin.

(2) I gcás ina ndéanfaidh cúirt orduithe srianta gluaiseachta i leith 2 chion nó níos mó ina bhfuarthas an ciontóir ciontach, féadfaidh sí a ordú go mbeidh an tréimhse ar lena linn a cheanglófar ar an gciontóir le haon cheann de na horduithe sin a bheith in áit shonraithe nó in áiteanna sonraithe i gcomhthráth leis an tréimhse, nó de bhreis ar an tréimhse, a shonraítear in aon cheann eile de na horduithe sin.

(3) I gcás ina ndéanfaidh an chúirt ordú srianta gluaiseachta agus, tráth déanta an ordaithe, go mbeidh ordú eile den sórt sin i bhfeidhm i leith an chiontóra (cé acu arna dhéanamh ag an gcúirt chéanna nó ag cúirt eile), féadfaidh an chúirt a dhéanfaidh an t-ordú is déanaí a ordú go mbeidh an tréimhse ar lena linn a cheanglófar ar an gciontóir leis an ordú sin a bheith in áit shonraithe nó in áiteanna sonraithe i gcomhthráth leis an tréimhse a shonraítear san ordú is luaithe, nó de bhreis ar an tréimhse sin.

Gan ordú srianta gluaisreachta a chomhlíonadh.

105.—(1) I gcás ina mbeidh ordú srianta gluaisreachta i bhfeidhm agus inar dealraitheach do chúirt, ar iarratas ó chomhalta den Gharda Síochána nó, más cuí, ó dhuine údaraithe atá freagrach faoi *alt 102* as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an ordaithe ag an gciontóir, gur mhainnigh an ciontóir, gan cúis réasúnach, an t-ordú nó aon choinníoll a bhfuil sé faoina réir a chomhlíonadh, féadfaidh an chúirt—

(a) más rud é gur cúirt sa dúiche chúirte dúiche nó, de réir mar a bheidh, sa chuaird ina bhfuil nó ina mbeidh cónaí ar an gciontóir le linn don ordú a bheith i bhfeidhm a rinne an t-ordú—

(i) a ordú don chiontóir an t-ordú nó aon choinníoll den sórt sin a chomhlíonadh a mhéid nach bhfuil sé comhlíonta,

(ii) an t-ordú a chúlghairm agus ordú srianta gluaisreachta eile a dhéanamh i leith an chiontóira, nó

(iii) an t-ordú a chúlghairm agus déileáil leis an gcás ar aon slí eile ar a bhféadfaí déileáil leis sula ndearnadh an t-ordú,

nó

(b) más cúirt i ndúiche chúirte dúiche eile nó, de réir mar a bheidh, i gcuaire eile a rinne an t-ordú, an ciontóir a athchur faoi bhannaí chuig suí den chúirt sin chun go ndéileálfar leis nó léi, agus chun na críche sin, beidh feidhm ag *mír (a)* i ndáil leis an gcúirt sin, farais na modhnuithe is gá.

(2) Ar na nithe a bheidh le cur i gcuntas ag an gcúirt agus í ag teacht ar bhreith de bhun *fho-alt (1)*, áireofar a mhéid, agus an tréimhse ar lena linn, a chomhlíon an ciontóir an t-ordú lena mbaineann nó aon choinníoll eile a bhfuil sé faoina réir.

(3) I gcás ina mbeartaíonn an chúirt a cuid cumhachtaí a fheidhmiú faoi *fho-alt (1)*, déanfaidh sí an ciontóir a thoghairm chun láithriú os a comhair agus, mura láithreoidh an ciontóir de réir na toghairme, féadfaidh sí barántas a eisiúint chun é nó í a ghabháil.

(4) Déanfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche a bheidh sannta de thuras na huaire don dúiche chúirte dúiche nó, de réir mar a bheidh, breitheamh den Chúirt Chuarda a bheidh sannta de thuras na huaire don chuaird ina bhfuil nó ina mbeidh cónaí ar an gciontóir le linn don ordú srianta gluaisreachta a bheith i bhfeidhm an dlínse a dhílsítear don chúirt faoin alt seo a fheidhmiú.

Leasú ar alt 5 den Acht um Cheartas Coiriúil 1951.

106.—I gcás ina ndéanfaidh an Chúirt Dúiche 2 phianbhreith nó níos mó, ar ordú srianta gluaisreachta ceann amháin acu, a ghearradh ar chiontóir agus ina ordófar an 2 phianbhreith do leanúint as a chéile, ní mó ná tréimhse uasta an téarma iomláin príosúnachta a shonraítear in alt 5 den Acht um Cheartas Coiriúil 1951 iomlán na tréimhse ar lena linn a bheidh an t-ordú i leith an chiontóira i bhfeidhm agus tréimhse aon téarma nó aon téarmaí príosúnachta a fhorchuirfear air nó uirthi.

107.—(1) Féadfar fianaise ar an gciontóir a bheith in áit áirithe nó ó áit áirithe tráth áirithe a thabhairt, faoi réir fhorálacha an ailt seo, trí dhoiciméad nó trí dhoiciméid a thabhairt is doiciméad nó doiciméid—

Fianaise dhoiciméadach i ndáil le ciontóirí.

- (a) ar ráiteas é nó iad a táirgeadh go huathoibríoch nó ar shlí eile le feiste, a fhorordaítear le rialacháin faoi *alt 111*, lena ndearnadh faireachán leictreonach ar an áit a raibh an ciontóir, agus
- (b) ar deimhniú é nó iad a shínigh duine údaraithe atá freagrach faoi *alt 102* as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an ordaithe ag an gciontóir go mbaineann an ráiteas leis an áit a raibh an ciontóir ar na dátaí agus na tráthanna a thaispeántar sa ráiteas.

(2) Is fianaise iad an ráiteas agus an deimhniú a luaitear i *bhfo-alt (1)*, nuair a thugtar ar aird iad ag éisteacht, go dtí go suítear a mhalairt, ar na fórais a leagtar amach iontu.

(3) Ní bheidh an ráiteas ná an deimhniú a luaitear i *bhfo-alt (1)* inghlactha i bhfianaise mura mbeidh cóip díobh araon seirbheáilte ar an gciontóir roimh an éisteacht.

108.—(1) Féadfaidh ordachán i leith duine atá 18 mbliana d’aois nó os a chionn a bheith faoi réir coinníll a shrianann gluaiseachtaí an duine a mhéid is cuí leis an Aire agus a shonróidh sé nó sí san ordachán agus féadfar faireachán a dhéanamh go leictreonach ar na srianta sin de réir *fho-alt (4)*.

Scaoileadh saor sealadach príosúnach.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfaidh foráil maidir le gach ní acu seo a leanas, nó maidir leo araon, a bheith ar áireamh in ordachán—

- (a) ceangal a chur ar an duine a bheith i cibé áit nó áiteanna a shonrófar ar feadh cibé tréimhse nó tréimhsí gach lá nó seachtain a shonrófar, nó
- (b) ceangal ar chur ar an duine gan a bheith i cibé áit nó áiteanna, nó i cibé aicme nó aicmí áite nó áiteanna, a shonrófar cibé tráth nó le linn cibé tréimhsí a shonrófar,

ach ní fhéadfaidh an tAire a cheangal ar an duine, faoi *mhír (a)*, a bheith in aon áit nó áiteanna ar feadh aon tréimhse nó tréimhsí is faide ná 12 uair an chloig in aon lá amháin.

(3) Ní bheidh ordachán faoi réir coinníll a shrianann gluaiseachtaí duine de réir *fho-alt (2)(a)* gan toiliú úinéir na háite nó na n-áiteanna lena mbaineann, nó aon duine aosaithe a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi san áit nó sna háiteanna lena mbaineann nó, de réir mar a bheidh, an duine atá i bhfeighil na háite nó na n-áiteanna lena mbaineann.

(4) I gcás ina bhfuil faireachán le déanamh go leictreonach ar na srianta ar ghluaiseachtaí duine arna bhforchur le coinníoll in ordachán, beidh na nithe seo a leanas ar áireamh san ordachán—

- (a) foráil a chuireann an fhreagracht ar dhuine údaraithe chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an choinníll

agus an choinníll dá dtagraítear i *mír (b)* ag an duine, agus

- (b) coinníoll go mbeidh feiste faireacháin leictreonaigh ceangailte le pearsa an duine go leanúnach nó ar feadh cibé tréimhsí nach faide ná 6 mhí a shonrófar chun gur féidir faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an choinníll a shrianann a ghluaiseachtaí nó a ghluaiseachtaí ag an duine.

(5) Ní fhorchuirfear coinníoll faoi *fho-alt (1)* nó *(4)(b)* mura gcomhaontóidh an duine lena mbaineann é a chomhlíonadh, ach i gcás nach mbeidh an comhaontú sin ann ní thabharfaidh sé sin teideal don duine sin go ndéanfar é nó í a scaoileadh saor de bhun ordacháin.

Fianaise
dhoiciméadach i
ndáil le príosúnaigh
a scaoileadh saor go
sealadach.

109.—(1) In aon imeachtaí i leith ciona faoi alt 6(2) den Acht um Dhlínse Choiriúil 1960 féadfar fianaise go raibh an duine i láthair in áit áirithe, nó as láthair ó áit áirithe, tráth áirithe a thabhairt trí dhoiciméad nó trí dhoiciméid a thabhairt ar aird, faoi réir fhorálacha an ailt seo—

- (a) ar ráiteas é nó iad a tháirgtear go huathoibríoch nó ar shlí eile le feiste a bheidh forordaithe le rialacháin arna ndéanamh faoi *alt III*, ar feiste í lena ndearnadh faireachán ar an áit ina raibh an duine, agus
- (b) ar deimhniú é nó iad arna shíniú ag duine údaraithe atá freagrach faoi *alt 108(4)* as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an choinníll san ordachán ag an gciontóir, á rá go mbaineann an ráiteas leis an áit ina raibh an duine ar na dátaí agus ag na tráthanna a thaispeántar sa ráiteas.

(2) Beidh an ráiteas agus an deimhniú a luaitear i *bhfo-alt (1)*, nuair a thabharfar ar aird iad ag éisteacht, ina bhfianaise, go dtí go gcruthófar a mhalairt, ar na fforais atá leagtha amach iontu.

(3) Ní bheidh an ráiteas ná an deimhniú a luaitear i *bhfo-alt (1)* inghlactha i bhfianaise mura mbeidh cóip den dá cheann seirbheáilte ar an duine roimh an éisteacht.

Leasú ar alt 2(1)
den Acht um
Dhlínse Choiriúil
1960.

110.—Leasaítear alt 2(1) den Acht um Dhlínse Choiriúil 1960 trí “(lena n-áirítear, más cuí, aon choinníoll faoi *alt 108* den *Acht um Cheartas Coiriúil 2006*)” a chur isteach i ndiaidh “faoi réir cibé coinníollacha, a bheidh sonraithe san ordachán”.

Rialacháin maidir le
feistí faireacháin
leictreonaigh

111.—Féadfaidh an tAire na cineálacha feiste faireacháin leictreonaigh a fhéadfar a úsáid chun críocha faireacháin a fhorordú le rialacháin, ar faireachán é ar na nithe seo a leanas—

- (a) comhlíonadh ceanglais faoi *alt 102* ag ciontóirí, agus
- (b) comhlíonadh *alt 108(4)* ag daoine.

Faireachán
leictreonach.

112.—Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, cibé socrúithe is cuí leis nó léi a dhéanamh, lena n-áirítear socrúithe

conarthacha, le cibé daoine is cuí leis nó léi d'fhonn faireachán a dhéanamh ar na nithe seo a leanas—

- (a) comhlíonadh orduithe srianta gluaiseachta ag ciontóirí, nó
- (b) ar chomhlíonadh coinníll ag daoine ar coinníoll é a fhorchuirtear faoi *alt 108(4)* in ordacháin i leith na ndaoine sin,

nó orthu araon.

CUID 11

IMEACHTAÍ SIBHIALTA I NDÁIL LE HIOMPAR FRITHSHÓISIALTA

113.—(1) Sa Chuid seo—

Léiriú agus feidhm
na Coda seo.

tá le “rabhadh iompair” an bhrí a shanntar dó faoi *alt 114*;

ciallaíonn “ordú sibhialta” ordú a thuairiscítear in *alt 115(1)*;

ciallaíonn “comhalta sinsearach den Gharda Síochána” comhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná ceannfort.

(2) Chun críocha na Coda seo, iompraíonn duine é féin nó í féin ar shlí fhrithshóisialta más é nó más í an duine nó, sna himthosca, más dóigh gurbh é nó gurb í, faoi deara an méid seo a leanas do tharlú do dhuine amháin nó níos mó nach as an teaghlach céanna leis an duine—

- (a) ciapadh,
- (b) scaoll, anó, eagla nó imeagla suntasach nó leanúnach, nó
- (c) dochar suntasach nó leanúnach d'úsáid nó do theachtadh a maoiné.

(3) Níl feidhm ag an gCuid seo—

- (a) i leith iompair duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois an tráth a tharlaíonn an t-iompar,
- (b) maidir le haon iompar duine a tharlaíonn sula dtagann an t-alt seo i bhfeidhm, nó
- (c) maidir le haon ghníomh nó neamhghníomh ag duine ar ina leith atá imeachtaí coiriúla tionscanta i gcoinne an duine sin.

114.—(1) Faoi réir *fho-alt (5)*, féadfaidh comhalta den Gharda Síochána rabhadh iompair a eisiúint chuig duine a d'iompair é féin nó í féin ar mhodh frithshóisialta.

Rabhaidh iompair.

(2) Féadfar an rabhadh iompair a eisiúint ó bhéal nó i scríbhinn agus, más ó bhéal a eiseofar é, déanfar é a thaifeadadh i scríbhinn a luaithe is indéanta le réasún agus déanfar taifead i scríbhinn ar an rabhadh iompair a sheirbheáil ar an duine go pearsanta nó leis an bpost.

(3) Maidir leis an rabhadh iompair nó, más ó bhéal a thabharfar é, maidir leis an taifead i scríbhinn air—

- (a) beidh ráiteas ann á rá gur iompair an duine é féin nó í féin ar mhodh frithshóisialta agus cuirfear in iúl ann cad é an t-iompar é agus cén tráth agus cén áit a tharla sé,
- (b) éileofar ann go scoirfidh an duine den iompar nó go dtabharfaidh sé nó sí aghaidh ar shlí eile ar an iompar sa mhodh a shonrófar san rabhadh, agus
- (c) beidh fógra ann á rá go bhféadfar go mbeidh de thoradh—
 - (i) ar mhainneachtain déanamh de réir éilimh faoi *mhír (b)*, nó
 - (ii) ar rabhadh iompair a eisiúint ina dhiaidh sin,
 go ndéanfar iarratas ar ordú sibhialta.

(4) Féadfaidh an comhalta den Gharda Síochána dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a cheangal ar an duine a ainm agus a sheoladh nó a hainm agus a seoladh a thabhairt don chomhalta chun críocha an rabhaidh iompair nó an taifid i scríbhinn air.

(5) Ní fhéadfar rabhadh iompair a eisiúint tráth is déanaí ná mí—

- (a) tar éis an trátha a tharla an t-iompar, nó
- (b) i gcás iompair leanúnaigh, tar éis na huaire is déanaí is eol a tharla an t-iompar sin.

(6) Faoi réir *fho-alt (7)*, fanfaidh rabhadh iompair i bhfeidhm in aghaidh duine a n-eiseofar chuige nó chuici é ar feadh 3 mhí ón dáta a eiseofar é.

(7) Má dhéantar iarratas faoi *alt 115* i leith an duine, fanfaidh an rabhadh iompair i bhfeidhm in aghaidh an duine go dtí go n-éistfear an t-iarratas nó go dtí go gcinnfidh an Chúirt Dúiche é ar shlí eile.

Orduithe sibhialta.

115.—(1) Ar iarratas arna dhéanamh de réir an ailt seo, féadfaidh an Chúirt Dúiche ordú (“ordú sibhialta”) a dhéanamh lena dtoirmiscfear ar an bhfreagróir aon rud a bheidh sonraithe san ordú a dhéanamh, más deimhin leis an gcúirt—

- (a) gur iompair an freagróir é féin nó í féin ar mhodh frithshóisialta,
- (b) go bhfuil gá leis an ordú chun an freagróir a chosc ar leanúint á iompar nó á hiompar féin ar an modh sin, agus
- (c) ag féachaint don éifeacht a bheadh ag an iompar sin, nó is dócha a bheadh ag an iompar sin, ar dhaoine eile, go bhfuil an t-ordú réasúnach agus comhréireach sna himthosca.

(2) Féadfaidh an chúirt cibé téarmaí nó coinníollacha is cúí leis an gcúirt a fhorchur san ordú sibhialta.

(3) Is comhalta sinsearach den Gharda Síochána amháin a fhéadfaidh iarratas a dhéanamh ar ordú sibhialta agus déanfar é—

- (a) iar bhfógra don fhreagróir, agus
- (b) sa dúiche chúirte dúiche ina bhfuil cónaí ar an bhfreagróir tráth an iarratais.

(4) Sula ndéanfaidh sé nó sí an t-iarratas, ní mór don chomhalta sinsearach den Gharda Síochána a bheith deimhin de go bhfuil coinníoll amháin nó an dá choinníoll araon díobh seo a leanas comhlíonta:

- (a) go bhfuil rabhadh iompair eisithe chuig an bhfreagróir agus maidir le héileamh amháin nó níos mó de na héilimh sa rabhadh sin nach ndearna an freagróir dá réir;
- (b) go bhfuil 3 rabhadh nó níos mó eisithe chuig an bhfreagróir i dtréimhse is giorra ná 6 mhí leanúnacha.

(5) Ní fhéadfar an freagróir in iarratas faoi *fho-alt (1)* a chúiseamh, a ionchúiseamh ná a phionósú mar gheall ar chion más rud é gurb ionann an gníomh nó an neamhghníomh arb éard é an cion agus an t-iompar is ábhar don iarratas, ar iompar é atá le cinneadh ag an gcúirt faoi *fho-alt (1)(a)*.

(6) Leanann ordú sibhialta de bheith i bhfeidhm, mura n-urscaoiltear é faoi *fho-alt (7)*, go ceann tréimhse nach faide ná an tréimhse is giorra díobh seo a leanas:

- (a) dhá bhliain ón dáta a dhéantar an t-ordú;
- (b) an tréimhse atá sonraithe san ordú.

(7) Féadfaidh an chúirt ordú sibhialta a athrú nó a urscaoileadh, ar iarratas a fháil ón duine is ábhar don ordú sin nó ó chomhalta sinsearach den Gharda Síochána.

(8) Tabharfaidh iarratasóir faoi *fho-alt (7)* fógra maidir leis an iarratas—

- (a) más é nó más í an duine is ábhar don ordú sibhialta an t-iarratasóir, do chomhalta sinsearach den Gharda Síochána sa cheantar Garda Síochána ina bhfuil cónaí ar an iarratasóir, nó
- (b) más comhalta sinsearach den Gharda Síochána an t-iarratasóir, don duine is ábhar don ordú sibhialta.

(9) Is é an caighdeán cruthúnais in imeachtaí faoin alt seo an caighdeán is infheidhme in imeachtaí sibhialta.

(10) Féadfar an dlínse a thugtar don Chúirt Dúiche leis an alt seo a fheidhmiú mar a leanas:

- (a) maidir le *fo-ailt (1)* agus (2), ag breitheamh den Chúirt Dúiche atá sannta de thuras na huaire don dúiche chúirte dúiche ina bhfuil cónaí ar an bhfreagróir an tráth a dhéantar an t-iarratas;

- (b) maidir le *fo-alt* (7), ag breitheamh den Chúirt Dúiche atá sannta de thuras na huairé don dúiche chúirte dúiche ina bhfuil cónaí ar an duine is ábhar don ordú sibhialta an tráth a dhéantar an t-iarratas.

Achomhairc i gcoinne ordaithe sibhialta.

116.—(1) Féadfaidh duine a ndearnadh ordú sibhialta ina aghaidh nó ina haghaidh, laistigh de 21 lá ón dáta a dhéanfar an t-ordú, achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Cuarda i gcoinne dhéanamh an ordaithe.

(2) Déanfaidh achomharcóir faoi *fho-alt* (1) fógra i dtaobh an achomhairc a thabhairt do chomhalta sinsearach den Gharda Síochána sa cheantar Garda Síochána ina bhfuil cónaí ar an achomharcóir.

(3) D'ainneoin an achomhairc, fanfaidh an t-ordú sibhialta i bhfeidhm mura gcuirfidh an chúirt a rinne an t-ordú nó an chúirt achomhairc bac air.

(4) Is de chineál athéisteachta ar an iarratas faoi *alt 115* a bheidh achomharc faoin alt seo agus, chun na críche seo, tá feidhm ag *fo-alt* (1), (2) agus (5) den alt sin i leith an ní.

(5) Más rud é, ar achomharc faoin alt seo, go ndéanann an chúirt achomhairc ordú sibhialta, tá feidhm ag *alt 115(6)* go (8) i leith an ní.

(6) D'ainneoin na tréimhse achomhairc a thuiriscítear i *bhfo-alt* (1), féadfaidh an Chúirt Chuarda, ar iarratas ón duine atá faoi réir an ordaithe sibhialta, an tréimhse achomhairc a fhadú más deimhin léi go bhfuil imthosca eisceachtúla ann a dhlíonn an fadú.

(7) Is é an caighdeán cruthúnais is infheidhme maidir le himeachtaí sibhialta an caighdeán cruthúnais in imeachtaí faoin alt seo.

(8) Féadfar an dlínse a thugtar don Chúirt Chuarda leis an alt seo a fheidhmiú mar a leanas:

- (a) i leith *alt 115(1)* agus (2) a mhéid atá feidhm ag na forálacha sin maidir leis an gCúirt Chuarda faoi *fho-alt* (4) den alt seo, ag breitheamh den Chúirt Chuarda atá sannta de thuras na huairé don chuaird ina gcónaíonn an achomharcóir an tráth a chuirtear tús leis an achomharc;
- (b) i leith *alt 115(7)* a mhéid atá feidhm aige maidir leis an gCúirt Chuarda faoi *fho-alt* (5) den alt seo, ag breitheamh den Chúirt Chuarda atá sannta de thuras na huairé don chuaird ina gcónaíonn an duine atá faoi réir an ordaithe sibhialta an tráth a dhéantar an t-achomharc;
- (c) i leith *fho-alt* (6) den alt seo, ag breitheamh den Chúirt Chuarda atá sannta de thuras na huairé don chuaird ina gcónaíonn an duine atá faoi réir an ordaithe sibhialta an tráth a dhéantar an t-achomharc.

Cionta.

117.—(1) Beidh cion déanta ag duine—

- (a) a mhainníonn a ainm agus a sheoladh nó a hainm agus a seoladh a thabhairt nuair a cheanglaítear air nó uirthi

déanamh amhlaidh faoi *alt 114(4)* nó a dhéanann ainm nó seoladh atá bréagach nó míthreorach a thabhairt mar fhreagra ar an gceanglas sin, nó

- (b) nach ndéanann, gan leithscéal réasúnach, ordú sibhialta a bhfuil an duine faoina réir a chomhlíonadh.

(2) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána duine a ghabháil gan bharántas i gcás forais réasúnacha a bheith ag an gcomhalta chun a chreidiúint go bhfuil cion faoi *fho-alt (1)(b)* déanta ag an duine.

(3) Aon duine a dhéanfaidh cion faoi *fho-alt (1)* dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair—

- (a) i gcion faoi *fho-alt (1)(a)*, fineáil nach mó ná €500 a chur air nó uirthi,
- (b) i gcion faoi *fho-alt (1)(b)*, fineáil nach mó ná €3,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

118.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, féadfar deimhniú um chúnamh dlíthiúil in aisce (dá ngairtear “deimhniú um chúnamh dlíthiúil (ordú sibhialta)” sa Chuid seo) a dheonú do dhuine is ábhar d’iarratas ar ordú sibhialta le linn ullmhúchán a dhéanamh i leith éisteacht na nithe seo a leanas agus le haghaidh ionadaíochta ag an éisteacht sin—

Cúnamh dlíthiúil.

- (a) an t-iarratais,
- (b) iarratas ón duine chun ordú sibhialta a athrú nó a urscaoileadh,
- (c) aon achomharc ón duine i gcoinne an t-ordú sibhialta a dhéanamh, agus
- (d) aon imeachtaí san Ard-Chúirt nó sa Chúirt Uachtarach ag éirí as déanamh an iarratais, as an achomharc nó as aon imeachtaí ina dhiaidh sin.

(2) Ní fhéadfar deimhniú um chúnamh dlíthiúil (ordú sibhialta) a dheonú faoi *fho-alt (1)* mura rud é gur dealraitheach don chúirt a bheidh ag éisteacht an iarratais ar an deimhniú—

- (a) nach leor acmhainn an duine lena mbaineann chun go mbeidh ar chumas an duine sin cúnamh dlíthiúil a fháil, agus
- (b) mar gheall ar thromaíocht an iompair a líomhnaítear gur iompar frithshóisialta é nó ar imthosca eisceachtúla, go bhfuil sé riachtanach, ar mhaithe leis an gceartas, gur ceart go mbeadh cúnamh dlíthiúil ag an duine le linn ullmhúchán a dhéanamh i leith na héisteachta lena mbaineann agus le haghaidh ionadaíochta ag an éisteacht sin.

(3) Aon duine dá ndeónófar deimhniú um chúnamh dlíthiúil (ordú sibhialta) beidh sé nó sí—

- (a) i dteideal cúnamh dhlíthiúil in aisce le linn ullmhúchán a dhéanamh i leith éisteacht an iarratais ar ordú sibhialta

agus le haghaidh aon imeachtaí dá dtagraítear i *bhfo-alt (I)(b), (c)* agus *(d)* agus in ionadaíocht acu, agus

- (b) i dteideal an méid seo a leanas a bheith aige nó aici, i cibé slí a fhorordófar,
 - (i) aturnae a shannfar don duine i ndáil leis an iarratas ar ordú sibhialta nó i ndáil le haon iarratas chun é a athrú nó a urscaoileadh,
 - (ii) aturnae a shannfar don duine i ndáil le haon imeachtaí eile den sórt sin, agus
 - (iii) más cuí leis an gcúirt a bheidh ag deonú an deimhnithe, abhcóide a shannfar don duine i ndáil leis na himeachtaí dá dtagraítear i *bhfomhír (ii)*,

(4) Má dheonaítear deimhniú um chúnamh dlíthiúil (ordú sibhialta), déanfar, faoi réir rialachán faoi *alt 119*, aon táillí, costas nó caiteachais eile a thabhaítear go cuí le linn ullmhúchán a dhéanamh i leith na n-imeachtaí lena mbaineann agus le haghaidh ionadaíochta le linn na n-imeachtaí sin a íoc as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

(5) Féadfaidh an chúirt a bheidh ag deonú an deimhnithe a cheangal ar dhuine a bheidh ag déanamh iarratais ar dheimhniú um chúnamh dlíthiúil (ordú sibhialta) ráiteas i scríbhinn ar acmhainn an duine a sholáthar.

(6) Aon duine a dhéanfaidh, chun cúnaimh dlíthiúil in aisce a fháil faoin alt seo, cibé acu dó féin nó di féin nó do dhuine éigin eile é, ráiteas nó uiríoll atá bréagach nó míthreorach a thabhairt go feasach, ó bhéal nó i scríbhinn, nó aon fhíoras ábhartha a cheilt go feasach, beidh cion déanta aige nó aici agus dlífeair ar é nó í a chiontú go hachomair fíneáil nach mó ná €2,500 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(7) Ar dhuine a chiontú i gcion faoin alt seo, féadfaidh an chúirt a chiontóidh an duine, más cuí léi in imthosca an cháis, a ordú don duine iomlán aon suime arna híoc faoi *fho-alt (4)* i leith an chúnamh dhlíthiúil in aisce ar i ndáil leis a rinneadh an cion, nó cuid d'aon suim den sórt sin, a íoc leis an Aire agus déanfar aon suim arna híoc leis an Aire amhlaidh a íoc isteach sa Státchiste agus a chur chun tairbhe don Státchiste de réir ordacháin an Aire Airgeadais.

Rialacháin (cúnaimh dlíthiúil).

119.—(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh chun éifeacht a thabhairt *d'alt 118*.

(2) Féadfar, go sonrath, aon ní díobh seo a leanas a fhorordú sna rialacháin:

- (a) an fhoirm ina mbeidh deimhnithe arna ndeonú faoin alt sin;
- (b) rátaí nó scálaí íoca i gcás aon táillí, costas nó caiteachas eile is iníoctha as airgead a sholáthróidh an tOireachtas faoi na deimhnithe sin;
- (c) an tslí ina sannfar aturnaetha agus abhcóidí faoi na deimhnithe sin.

(3) Ní dhéanfar rialacháin faoi *fho-alt (2)(b)* gan toiliú an Aire Airgeadais.

(4) Go dtí go ndéanfar rialacháin faoin alt seo, beidh feidhm ag na rialacháin faoi alt 10 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Dlíthiúil) 1962 agus beidh éifeacht leo, farais na modhnuithe is gá, i ndáil le deimhnithe um chúnamh dlíthiúil in aisce arna ndeonú faoi *alt 118* den Acht seo amhail is dá mba deimhnithe um chúnamh dlíthiúil in aisce arna ndeonú faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Dlíthiúil) 1962 iad.

CUID 12

LEASÚ AR ACHT NA LEANAÍ 2001

120.—Sa Chuid seo—

Léiriú (*Cuid 12*)

ciallaíonn “Acht 1908” an *Children Act* 1908;

ciallaíonn “Acht 1970” Acht na bPríosún 1970;

ciallaíonn “Acht 1991” an tAcht um Chúram Leanaí 1991;

ciallaíonn “Acht 2001” Acht na Leanaí 2001.

121.—Leasaítear alt 2 d’Acht 2001 i bhfo-alt (2)—

Leasú ar alt 2
d’Acht 2001.

(a) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(aa) Tiocfaidh Cuid 5 i ngníomh 3 mhí tar éis an
tAcht um Cheartas Coiriúil 2006 a rith.”,

(b) trí mhír (c) a scriosadh,

(c) i mír (d), trí “Oideachais agus Eolaíochta” a scriosadh,
agus

(d) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (e):

“(f) Tiocfaidh na leasuithe arna ndéanamh ar Chuid
11 in *ailt 156* and *157* den *Acht um Cheartas
Coiriúil 2006*, agus i mír 30 de *Sceideal 4* a
ghabhann leis an Acht sin, i ngníomh cibé lá
nó laethanta a cheapfaidh an tAire Sláinte agus
Leanaí, le comhaontú an Aire Dlí agus Cirt,
Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, le
hordú nó le horduithe.”.

122.—Leasaítear alt 3 d’Acht 2001 i bhfo-alt (1)—

“Leasú ar alt 3
d’Acht 2001.

(a) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

tá “iompar frithshóisialta” le forléiriú de réir alt 257A(1);”,

(b) trí “Aire” a chur in ionad “Aire Oideachais agus
Eolaíochta” sa mhíniú ar “scoil choinneála leanaí”,

- (c) trí “nó in ionad coinneála leanaí a bheidh ainmnithe amhlaidh ag an Aire faoi alt 150” a scriosadh sa mhíniú ar “coinneáil”,
- (d) tríd an míniú ar “ionad athchuir sóisearach” a scriosadh,
- (e) sa mhíniú ar “Aire”, trí “i gCodanna 3 agus 11” a chur in ionad “i gCodanna 3, 10 agus 11”,
- (f) sa mhíniú ar “forordaithe”, trí “, ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta” a scriosadh,
- (g) sa mhíniú ar “íospartach” trí “agus, i ndáil le hiompar frithshóisialta ag leanbh, ciallaíonn sé duine a fhulaingíonn dochar fisiciúil nó mothúchánach mar gheall ar an iompar sin” a chur isteach i ndiaidh “maoine”.

Alt nua a chur in ionad alt 18 d’Acht 2001.

123.—Cuirtear an t-alt seo a leanas in ionad alt 18 d’Acht 2001:

“Prionsabal. 18.—Mura n-éilíonn leasanna na sochaí a mhalairt agus faoi réir na Coda seo, aon leanbh—

(a) a rinne cion, nó

(b) a d’iompair é féin nó í féin go frithshóisialta,

agus a ghlacfaidh freagracht as a iompar nó as a hiompar coiriúil nó frithshóisialta, déanfar é nó í a bhreithniú lena lígean isteach i gclár athstiúrtha (dá ngairtear an Clár sa Chuid seo) a bhfuil an cuspóir atá leagtha amach in alt 19 aige.”.

Leasú ar alt 19 d’Acht 2001.

124.—Leasaítear alt 19 d’Acht 2001 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Is é cuspóir an Chláir aon leanbh a ghlacfaidh freagracht as a iompar nó as a hiompar coiriúil nó frithshóisialta a athstiúradh ó chionta eile a dhéanamh nó ó bheith ag gabháil d’iompar frithshóisialta eile.”.

Leasú ar alt 23 d’Acht 2001.

125.—Leasaítear alt 23 d’Acht 2001—

(a) i bhfo-alt (1), trí “Faoi réir fho-alt (6), féadfar leanbh” a chur in ionad “Féadfar leanbh”,

(b) i bhfo-ailt (1) (a), (4) agus (5), trí “nó frithshóisialta” a chur isteach i ndiaidh “coiriúil”,

(c) i bhfo-alt (1) (c), trí “go mbeidh sé nó sí 10 mbliana d’aois nó os cionn na haoise sin” a chur in ionad “go mbeidh sé nó sí in aois freagracht a ghlacadh i gcoir nó os a chionn”, agus

(d) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(6) D’ainneoin fho-alt (1), déanfar leanbh 10 mbliana nó 11 bhliain d’aois a lígean isteach sa Chlár, más rud é—

- (a) go nglacfaidh sé nó sí freagracht as a iompar nó as a hiompar coiriúil, tar éis deis réasúnach a bheith aige nó aici dul i gcomhairle lena thuismitheoirí nó lena thuismitheoirí nó lena chaomhnóir nó lena caomhnóir agus go bhfuair sé nó sí aon chomhairle dlí arna lorg aige nó aici nó arna lorg thar a cheann nó thar a ceann, agus
- (b) go mbeidh feidhm ag ailt (2) go (5) maidir leis an leanbh.”.

126.—Cuirtear an t-alt seo a leanas in ionad alt 48 d’Acht 2001:

Alt nua a chur in ionad alt 48 d’Acht 2001.

“Fianaise áirithe a bheith neamh-inghlactha.

48.—(1) Faoi réir fho-alt (2), ní bheidh fianaise inghlactha in aon chúirt i leith na nithe seo a leanas—

- (a) an leanbh do ghlacadh freagracht as iompar coiriúil nó frithshóisialta ar ligeadh an leanbh isteach sa Chlár ina leith,
- (b) an t-iompar sin, nó
- (c) páirteachas an linbh sa Chlár.

(2) I gcás ina mbeidh breithniú á dhéanamh ag cúirt ar an bpianbhreith (más ann) a bheidh le forchur i leith ciona a bheidh déanta ag leanbh tar éis an leanbh a ligean isteach sa Chlár, féadfaidh taobh an ionchúisimh an chúirt a chur ar an eolas maidir le haon cheann de na nithe dá dtagraítear i bhfo-alt (1).

(3) Tá feidhm ag fo-alt (2), fairis na modhnuithe is gá, maidir le leanbh a mbeidh 18 mbliana d’aois slánaithe aige nó aici.”.

127.—Cuirtear an t-alt seo a leanas in ionad alt 49 d’Acht 2001:

Alt nua a chur in ionad alt 49 d’Acht 2001.

“Urchos ar imeachtaí.

49.—(1) Ní dhéanfar leanbh a ionchúiseamh i leith an iompair choiriúil, nó i leith aon iompair ghaolmhair, ar glacadh é nó í isteach sa Chlár ina leith.

(2) Aon leanbh a bheidh glactha isteach sa Chlár i leith iompair fhrithshóisialta, ní bheidh sé nó sí ina ábhar nó ina hábhar d’iarratas ar ordú faoi alt 257D i ndáil le haon iompar den sórt sin a tharla sular glacadh isteach é nó í amhlaidh.”.

128.—Leasaítear an teideal a ghabhann le Cuid 5 d’Acht 2001 trí “SRÍAN LE HIMEACHTAÍ COIRIÚLA IN AGHAIDH LEANAÍ ÁRITHE” a chur in ionad “FREAGRACHT CHOIRIÚIL”.

Leasú ar an Teideal a ghabhann le Cuid 5 d’Acht 2001.

Alt nua a chur in ionad alt 52 d'Acht 2001.

129.—Cuirtear an t-alt seo a leanas in ionad alt 52 d'Acht 2001:

“Srian le himeachtaí coiriúla i gcoinne leanaí.

52.—(1) Faoi réir fho-alt (2), ní chúiseofar leanbh faoi bhun 12 bhliain d'aois i gcion.

(2) Níl feidhm ag fo-alt (1) maidir le leanbh atá 10 mbliana d'aois nó 11 bhliain d'aois agus a chúisítear i ndúnmharú, i ndúnorgain, in éigniú, i mbanéigean faoi alt 4 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú) 1990 nó i dtromionsaí gnéasach.

(3) Cealaítear an toimhde infhrisnéisithe faoi aon riail dlí, eadhon, go bhfuil leanbh nach bhfuil níos óige ná 7 mbliana d'aois ach atá faoi bhun 14 bliana d'aois éagumasach ar chion a dhéanamh toisc nach raibh an cumas sa leanbh a fhios a bheith aige nó aici go raibh an gníomh nó an neamhghníomh lena mbaineann éagórach.

(4) I gcás ina gcúisítear leanbh atá faoi bhun 14 bliana d'aois i gcion, ní dhéanfar aon imeachtaí breise a thionscnamh maidir leis an ní (seachas aon athchur i gcoimeád nó faoi bhannaí) ach amháin ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, nó le toiliú an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.”

Leasú ar alt 53 d'Acht 2001.

130.—Leasaítear alt 53 d'Acht 2001 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Faoi réir fho-ailt (2) agus (3), i gcás ina mbeidh forais réasúnacha ag comhalta den Gharda Síochána chun a chreidiúint go bhfuil cion (seachas dúnmharú, dúnorgain, éigniú, banéigean faoi alt 4 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean)(Leasú), 1990 nó tromionsaí gnéasach) déanta ag leanbh atá faoi bhun 12 bhliain d'aois, féachfaidh an comhalta leis an leanbh a thabhairt chuig tuismitheoir nó caomhnóir an linbh nó déanfaidh sé socrú chun go ndéanfaidh comhalta eile den sórt sin amhlaidh.”

Leasú ar alt 59 d'Acht 2001.

131.—Leasaítear alt 59 d'Acht 2001 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) Féadfaidh an tAire, le comhaontú an Aire Sláinte agus Leanaí, treoirilínite a eisiúint i ndáil le hoibriú praiticiúil an ailt seo.”

Alt nua 76A in Acht 2001.

132.—Cuirtear an t-alt seo a leanas isteach in Acht 2001 i ndiaidh alt 76, ach i gCuid 8:

“Cumhachtaí na Cúirte in imeachtaí coiriúla i gcoinne linbh.

76A.—(1) Féadfaidh an Chúirt, in aon imeachtaí coiriúla i gcoinne linbh, aon cheann de na cumhachtaí seo a leanas a fheidhmiú ar cumhachtaí a thugtar di leis an gCuid seo, eadhon, cumhacht—

- (a) faoi alt 76B, chun a iarraidh go mbeidh ionadaí de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i láthair,
- (b) faoi alt 76C, chun an cás a dhíbhe de réir a thuillteanais,
- (c) faoi alt 77, chun a ordú d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte comhdháil leasa teaghlaigh i leith an linbh a chomóradh agus, fad a bheifear ag fanacht le toradh na comhdhála sin, chun ordú cúraim éigeandála nó ordú maoirseachta a dhéanamh faoi Acht 1991 i leith an linbh; nó
- (d) faoi alt 78, chun a ordú don tseirbhís phromhaidh agus leasa socrú a dhéanamh chun go gcomórfar comhdháil teaghlaigh i leith an linbh.

(2) Ní dochar fo-alt (1) do chumhacht na Cúirte chun déileáil leis an gcás ar aon slí eile más deimhin léi go mbeadh sé ar mhaithe le leas an phobail déanamh amhlaidh.”.

133.—Cuirtear an t-alt seo a leanas isteach in Acht 2001 i ndiaidh alt 76A:

Alt nua 76B in Acht 2001.

“Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte do thabhairt cúnamh don Chúirt. 76B.—(1) Más rud é—

- (a) go ndéantar leanbh a chúisítear i gcion a athchur faoi bhannaí nó, faoi réir alt 88(10)(b), faoi choimeád, agus
- (b) gur dealraitheach don Chúirt go bhféadfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cúnamh a thabhairt di le linn di déileáil leis an gcás,

féadfaidh an Chúirt a iarraidh go ndéanfar ionadaíocht thar ceann na Feidhmeannachta sna himeachtaí.

(2) I gcás ina ndéantar an leanbh a athchur faoi bhannaí, déanfar an iarraidh seachtain amháin ar a laghad roimh an dáta a dtosófar athuair ar na himeachtaí lena mbaineann.

(3) Más rud é, tar éis ionadaí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a éisteacht, go ndéanann an Chúirt an cás i gcoinne an linbh a dhíbhe de réir a thuillteanais, déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, más cuí, a cumhachtaí faoi Acht 1991 a fheidhmiú i ndáil leis an leanbh.”.

134.—Cuirtear an t-alt seo a leanas isteach in Acht 2001 i ndiaidh alt 76B:

Alt nua 76C in Acht 2001

“Cás i gcoinne
linbh faoi
bhun 14 bliana
d’aois a dhíbhe
in imthosca
áirithe.

76C.—I gcás ina ndéantar leanbh atá faoi bhun 14 bliana d’aois a chúiseamh i gcion, féadfaidh an Chúirt, ar fhorriarratas uathí féin nó ar iarratas ó aon duine, an caso a dhíbhe de réir a thuillteanais más rud é, tar éis féachaint go cuí d’aois an linbh agus dá leibhéal aibíochta, go gcinneann sé nár thuig an leanbh go hiomlán cad a bhí gceist i ndéanamh an chiona.”.

Alt nua a chur in
ionad alt 88 d’Acht
2001.

135.—Cuirtear an t-alt seo a leanas in ionad alt 88 d’Acht 2001:

“Athchur faoi
choimeád.

88.—(1) I gcás ina gcinneann an Chúirt leanbh a athchur faoi choimeád ar leanbh é nó í—

- (a) atá cúisithe, nó a fhaightear ciontach, i gcion amháin nó níos mó,
- (b) atá á chur ar aghaidh nó á cur ar aghaidh chun trialach, nó
- (c) ar ina leith a chuir an chúirt breith ar athló,

beidh feidhm ag na forálacha sin ina dhiaidh seo den alt seo i ndáil leis an leanbh.

(2) Déanfar an leanbh a athchur go dtí áit atá ainmnithe faoin alt seo mar ionad athchuir.

(3) Míneoidh an Chúirt na cúiseanna lena breith i gcúirt oscailte i gcaint a oireann d’aois agus do leibhéal tuisceana an linbh.

(4) Féadfaidh an tAire, le hordú, aon áit a ainmniú mar ionad athchuir, lena n-áirítear cuid de scoil choinneála leanaí, ar áit í atá oiriúnach, i dtuairim an Aire, chun leanaí a athchuirtear faoi choimeád faoin alt seo a choimeád.

(5) Sonrófar leis an ainmniú gnéas agus aois leanaí a fhéadfar a athchur go dtí an t-ionad athchuir lena mbaineann aon tráth áirithe.

(6) Cuirfidh an tAire faoi deara cóip d’aon ordú faoin alt seo a chur chuig Uachtarán na hArd-Chúirte, chuig Uachtarán na Cúirte Cuarda agus chuig Uachtarán na Cúirte Dúiche.

(7) Ní fhéadfar áit a ainmniú mar ionad athchuir ach amháin le toiliú a húinéirí nó, de réir mar a bheidh, a bainisteoirí.

(8) I gcás inar cuid de scoil choinneála leanaí ionad athchuir, déanfar, a mhéid is indéanta agus i gcás é a bheith ar mhaithe le leas an linbh, leanaí a athchuirtear faoi choimeád go dtí an t-ionad a choinneál ar leithligh ó leanaí ar ina leith a forchuireadh tréimhse coinneála agus ní cheadófar dóibh a bheith i gcomhlúadar na leanaí sin.

(9) I gcás nach cuid de scoil choinneála leanáí ionad athchuir, ceapfaidh an tAire bord bainistíochta arna cheapadh chun scoile coinneála leanáí faoi alt 164 chun an t-ionad athchuir a bhainistiú freisin de réir na gcritéar a leagfaidh an tAire síos ó am go ham.

(10) Ní dhéanfaidh an Chúirt leanbh a athchur faoi choimeád faoin alt seo más é an t-aon chúis amháin atá ann chun déanamh amhlaidh ná—

(a) gur gá cúram a thabhairt don leanbh nó an leanbh a chosaint, nó

(b) gur mian leis an gCúirt go ndéanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cúnamh a thabhairt di faoi alt 76B le linn déileáil leis an gcás.

(11) Féadfaidh an tAire cibé nithe a fhorordú a bheidh riachtanach nó fóirsteanach chun a chumasú ionaid athchuir a oibriú agus a riaradh de réir an Achta seo.

(12) D’ainneoin fhorálacha an ailt seo, féadfar fireannaigh atá 16 bliana d’aois nó 17 mbliana d’aois agus a luaitear i bhfo-alt (1) a athchur go dtí Foras Naomh Pádraig go dtí go mbeidh áiteanna in ionad athchuir ar fáil d’fhireannaigh san aoisghrúpa sin.

(13) Féadfaidh an tAire leanbh a athchuirtear faoi choimeád go dtí Foras Naomh Pádraig a aistriú go dtí ionad athchuir.”.

136.—Leasaítear alt 96 d’Acht 2001 tr an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5): Leasú ar alt 96 d’Acht 2001.

“(5) Le linn déileáil le leanbh a chúisítear i gcion, tabharfaidh cúirt aird chúí ar leas an linbh, ar leas íospartach an chiona agus ar chosaint na sochaí.”.

137.—Leasaítear Acht 2001 trí “Stiúrthóir na Seirbhíse Promhaidh agus Leasa” a chur in ionad “an príomhoifigeach promhaidh agus leasa”, “le Stiúrthóir na Seirbhíse Promhaidh agus Leasa” a chur in ionad “leis an bpríomhoifigeach promhaidh agus leasa”, “ag Stiúrthóir na Seirbhíse Promhaidh agus Leasa” a chur in ionad “ag an bpríomhoifigeach promhaidh agus leasa” agus “Stiúrthóir na Seirbhíse Promhaidh agus Leasa” a chur in ionad “an príomhoifigigh promhaidh agus leasa” sna háiteanna lena mbaineann in ailt 79, 87, 106(5), 118(3), 118(4), 124(4), 125(4), 126(4), 126(5), 141(2)(b), 207(1), 207(7), 208(1), 208(4), 209, 230(3)(e), 262(1), 262(2) agus 262(3). Athrú ar theideal an príomhoifigigh promhaidh agus leasa.

138.—Leasaítear alt 91 d’Acht 2001—

Leasú ar alt 91 d’Acht 2001.

(a) i bhfo-alt (1)—

- (i) trí “nó” a scriosadh i mír (b),
- (ii) trí “faoina réir a chomhlíonadh, nó” a chur in ionad “faoina réir a chomhlíonadh” i mír (c), agus
- (iii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

“(d) faoi alt 257D.”,

agus

- (b) i bhfo-alt (4), trí “nó faoi alt 257D” a chur isteach i ndiaidh “cúisithe”.

Alt nua a chur in ionad alt 93 d’Acht 2001.

139.—Cuirtear an t-alt seo a leanas in ionad alt 93 d’Acht 2001:

“Srian ar thuiriscí ar imeachtaí i gcás ina mbaineann siad le leanaí.

93.—(1) Maidir le himeachtaí os comhair aon chúirte ar imeachtaí iad a bhaineann le leanbh—

- (a) ní dhéanfar aon tuairisc a léiríonn ainm, seoladh nó scoil aon linbh lena mbaineann na himeachtaí nó ina bhfuil aon sonraí ar dóigh go dtiocfadh díobh aon leanbh den sórt sin a chéannú a fhoilsiú nó a chur san áireamh i gcráolachán nó in aon chineál eile chumarsáide, agus
- (b) ní fhoilseofar ná ní chuirfear san áireamh amhlaidh aon phictiúr neamhbheo nó aon phictiúr gluaiste ar dóigh go dtiocfadh de aon leanbh den sórt sin a chéannú.

(2) Féadfaidh cúirt, go hiomlán nó go páirteach, ceanglais an ailt seo a bhaineann le leanbh a ligean thar ceal más deimhin léi gur gá déanamh amhlaidh—

- (a) (i) chun nach ndéanfar éagóir ar an leanbh,
 - (ii) i gcás an leanbh a bheith saor go neamhdhleathach, chun an leanbh a ghabháil,
 - (iii) ar mhaithe le leas an phobail,
- nó
- (b) i gcás an leanbh a bheith faoi réir ordaithe faoi alt 257D—
 - (i) chun nach ndéanfar éagóir ar an leanbh, nó
 - (ii) chun a chinntiú go gcomhlíontar an t-ordú.

(3) I gcás ina ligeann cúirt aon cheanglais den alt seo thar ceal, tabharfaidh sí míniú i gcúirt oscailte i dtaobh na gcúiseanna atá lena cinneadh.

(4) Beidh feidhm ag fo-ailt (3) go (6) d’alt 51 den Acht seo, farais na modhnuithe is gá, maidir le nithe a fhoilsítear nó a chuirtear san áireamh i graolachán nó in aon chineál chumarsáide eile de shárú ar fho-alt (1).

(5) Beidh feidhm ag an alt seo i ndáil le himeachtaí ar achomharc i gcoinne cúirte, lena n-áirítear imeachtaí ar mhodh cáis shonraithe.

(6) Ní dhéanfaidh an t-alt seo difear d’fhorálacha aon achtacháin i dtaca le hainm cúisí a choimeád ceilte nó leis an dlí a bhaineann le díspeagadh cúirte.”.

140.—Leasaítear alt 136 d’Acht 2001—

Leasú ar alt 136 d’Acht 2001.

(a) trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána a chinneann gur sháraigh leanbh ordú faoi alt 133 nó aon choinníoll a bhfuil sé faoina réir an leanbh a ghabháil gan bharántas.

(1A) Más dealraitheach do chúirt gur mhainnigh leanbh, gan chúis réasúnach, ordú den sórt sin nó aon choinníoll a bhfuil sé faoina réir a chomhlíonadh, féadfaidh sí—

(a) más cúirt sa dúiche chónaithe a rinne an t-ordú—

(i) a ordú don leanbh an t-ordú nó aon choinníoll den sórt sin a chomhlíonadh a mhéid nár comhlíonadh é,

(ii) an t-ordú a chúlghairm agus ordú eile faoi alt 133 nó smachtbhanna pobail eile a chur ina ionad, nó

(iii) an t-ordú a chúlghairm agus déileáil leis an gcás ar aon slí eile ina bhféadfaí déileáil leis sula ndearnadh an t-ordú,

nó

(b) más cúirt eile a rinne an t-ordú, an leanbh a athchur faoi bhannaí chuig suí den chúirt sin chun go ndéileálfar leis nó léi, agus chun na críche sin beidh feidhm ag mír (a) i ndáil leis an gcúirt sin, farais na modhnuithe is gá.”,

agus

(b) trí fho-alt (3) a scriosadh.

Alt nua a chur in ionad alt 149 d'Acht 2001.

141.—Cuirtear an t-alt seo a leanas in ionad alt 149 d'Acht 2001:

“Tréimhse coinneála i scoil choinneála leanaí. 149.—I gcás ina bhfaightear leanbh ciontach i gcion i gCúirt na Leanaí, maidir le haon téarma coinneála i scoil choinneála leanaí a fhorchuirtear mar gheall ar an gcion, ní bheidh sé níos faide ná an téarma coinneála nó príosúnachta a d'fhéadfadh an chúirt a fhorchur ar aosach a dhéanfaidh cion den sórt sin.”.

Leasú ar alt 155 d'Acht 2001.

142.—Leasaítear alt 155 d'Acht 2001—

(a) trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (1) go (3):

“(1) Más rud é—

- (a) go gciontaítear leanbh i gcion ar díotáil agus go ngearrtar pianbhreith choinneála i scoil choinneála leanaí air nó uirthi,
- (b) go gcuirtear isteach an tréimhse coinneála i scoil den sórt sin i dtosach,
- (c) go bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe ag an leanbh sula dtagann deireadh leis an tréimhse coinneála,

déanfar an duine a aistriú chuig áit coinneála arna soláthar faoi alt 2 d'Acht 1970 nó chuig príosún chun an chuid a bheidh fágtha den tréimhse coinneála a chur isteach.

(2) Más rud é, ar 18 mbliana d'aois a shlánú, go mbeidh an duine—

- (a) ag gabháil do chúrsa oideachais áirithe nó d'oiliúint nach bhfuil ar fáil in áit coinneála den sórt sin ná i bpríosún, nó
- (b) gar do dheireadh a thréimhse coinneála nó a tréimhse coinneála sa scoil,

féadfar leanúint den duine a choinneáil sa scoil os cionn na haoise sin go ceann tréimhse nach faide ná 6 mhí.

(3) D'ainneoin aon fhorála in aon achtachán, ní dhéanfar aon leanbh a aistriú ó scoil choinneála leanaí chuig áit coinneála arna soláthar faoi alt 2 d'Acht 1970 ná chuig príosún.”.

(b) trí fho-ailt (4) agus (5) a scriosadh, agus

(c) i bhfo-alt (6), trí “in ionad coinneála leanaí,” a scriosadh.

Alt 156A nua in Acht 2001

143.—Cuirtear an t-alt seo a leanas isteach in Acht 2001 i ndiaidh alt 156, ach i gCuid 9:

“Foráil idirthréimhseach. 156A.—(1) D'ainneoin aon ní i gCuid 9, féadfar fireannaigh atá 16 bliana d'aois nó 17 mbliana d'aois ar ar gearradh pianbhreith choinneála a

choinneáil i bhForas Naomh Pádraig nó in áit coinneála go dtí—

(a) go mbeidh áiteanna, atá oiriúnach chun leanaí a bhfuil na haoiseanna sin acu a ghlacadh isteach, ar fáil lena n-ainmniú mar scoileanna coinneála leanaí faoi alt 160, nó

(b) go mbeidh a dtréimhse coinneála críochnaithe acu.

(2) Faoi réir fho-alt (3), féadfar, ar aon ainmniú den sórt sin a dhéanamh, nó dá éis, aon leanbh a mbeidh tréimhse coinneála i bhForas Naomh Pádraig nó in áit coinneála á cur isteach aige nó aici a aistriú chuig scoil choinneála leanaí ainmnithe den sórt sin.

(3) Féadfar fireannach atá 16 bliana d’aois nó 17 mbliana d’aois a aistriú ó Fhoras Naomh Pádraig nó ó áit coinneála chuig scoil choinneála leanaí sula ndéantar ainmniú den sórt sin agus féadfar é a aistriú ar ais ina dhiaidh sin chuig an bhForas nó chuig an áit.

(4) Aon leanbh a mbeidh tréimhse coinneála á cur isteach aige nó aici i bhForas Naomh Pádraig nó in áit coinneála, ní athrófar a thréimhse coinneála nó a tréimhse coinneála de bhíthin aistrithe faoi fho-alt (2) nó (3) agus dá bhíthin sin amháin.

(5) San alt seo, ciallaíonn “áit coinneála” áit coinneála arna soláthar faoi alt 2 d’Acht 1970.”.

144.—Cuirtear an t-alt seo a leanas isteach in Acht 2001 i ndiaidh alt 156A:

Alt 156B nua in Acht 2001.

“Feidhm rialacha faoi Achtanna na bPríosún, etc. maidir le scoileanna coinneála leanaí.

156B.—Go dtí go ndéantar rialacha faoi alt 179 maidir le scoileanna coinneála leanaí a bhainistiú, maidir le hAchtanna na bPríosún 1826 go 1980 agus maidir le haon achtacháin eile a bhaineann le Foras Naomh Pádraig nó le daoine a bhfuil pianbhreitheanna á gcur isteach acu ann, nó a bhfuil feidhm acu maidir leis an gcéanna, beidh feidhm acu agus beidh éifeacht leo, fara aon mhodhnuithe is gá, ach amháin i gcás ina bhféadfadh siad a bheith ar neamhréir leis an Acht seo, i ndáil le scoil choinneála leanaí agus i ndáil le daoine a bheidh á gcoinneáil inti amhail is dá mba é an Foras sin an scoil.”.

145.—Leasaítear alt 157 d’Acht 2001—

Leasú ar alt 157 d’Acht 2001.

(a) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn “duine údaraithe” duine arna údarú nó arna húdarú ag an Aire faoi alt 185;

ní fholaíonn “foireann” foireann mhúinteoireachta;”,

agus

(b) trí na mínithe ar “Cigire” agus “Aire” a scriosadh.

Alt nua a chur in ionad alt 159 d’Acht 2001.

146.—Cuirtear an t-alt seo a leanas in ionad alt 159 d’Acht 2001:

“Scoileanna deimhnithe faoi Acht 1908.

159.—(1) Faoi réir fho-alt (2), tiocfaidh scoil cheartúcháin dheimhnithe nó scoil saothair faoi Chuid IV d’Acht 1908 chun bheith, le comhaontú an Aire agus an Aire Oideachais agus Eolaíochta, ina scoil choinneála leanaí ar thosach feidhme an ailt seo i ndáil léi.

(2) Tiocfaidh scoil cheartúcháin dheimhnithe faoin gCuid sin chun bheith, le comhaontú an Aire Oideachais agus Eolaíochta agus an Aire Sláinte agus Leanaí agus ar thosach feidhme an ailt seo i ndáil léi, ina háitreabh arna sholáthar agus arna chothabháil ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi alt 38(2) d’Acht 1991 chun cúram cónaithe a sholáthar do leanaí atá i gcúram.

(3) Ar thosach feidhme an ailt seo i ndáil le scoil cheartúcháin dheimhnithe nó scoil saothair a raibh na feidhmeanna i ndáil léi dílsithe don Aire Oideachais agus Eolaíochta (seachas an fheidhm maidir le hoideachas agus oiliúint agus cláir ghaolmhara a sholáthar do leanaí a choinnítear inti) díreach roimh an tosach feidhme sin, beidh na feidhmeanna sin—

(a) má thagann an scoil chun bheith ina scoil choinneála leanaí, dílsithe don Aire, nó

(b) sa chás dá dtagraítear i bhfo-alt (2), dílsithe d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

(4) Maidir le dlíthiúlacht coinneála, agus tréimhse coinneála, linbh a choinnítear i scoil cheartúcháin dheimhnithe nó i scoil saothair, ní dhéanann tosach feidhme an ailt seo i ndáil léi difear do na nithe sin.

(5) Aon tagairt in aon achtachán do scoil cheartúcháin nó scoil saothair forléireofar í, ar thosach feidhme an ailt seo i ndáil léi, mar thagairt do scoil choinneála leanaí nó, de réir mar a bheidh, d’áitreabh arna sholáthar agus arna chothabháil ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi alt 38(2) d’Acht 1991.”.

Alt nua 159A in Acht 2001.

147.—Cuirtear an t-alt seo a leanas isteach in Acht 2001 i ndiaidh alt 159:

“Oideachas
leanaí i scoil
choinneála
leanaí, in
ionaid
chónaithe, etc.

159A.—(1) San alt seo—

tá le “Cigire” agus “scoil aitheanta” na bríonna a thugtar dóibh in alt 2 den Acht Oideachais 1998;

ciallaíonn “áitreabh aistrithe” scoil cheartúcháin dheimhnithe nó scoil saothair faoi Chuid IV d’Acht 1908 ar scoil í a thagann chun bheith ina scoil choinneála leanaí, nó ina háitreabh arna sholáthar agus arna chothabháil ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi alt 38(2) d’Acht 1991, ar thosach feidhme alt 159 i ndáil léi;

ciallaíonn “coiste gairmoideachais” coiste arna bhunú le halt 7 den Acht Oideachais Ghairme Beatha 1930.

(2) Díscailtear aon scoil aitheanta ar cuid d’áitreabh aistrithe í.

(3) Déanfaidh coiste gairmoideachais ar ina limistéar feidhme atá áitreabh aistrithe suite socrú chun oideachas a sholáthar do leanaí san áitreabh sin.

(4) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (3), déanfaidh gach coiste gairmoideachais, i leith aon áitribh den sórt sin—

(a) pleanáil, comhordú agus athbhreithniú a dhéanamh maidir le soláthar oideachais agus seirbhísí atá coimhdeach i ndáil leis,

(b) a chinntiú, maidir leis an oideachas a chuirtear ar fáil ann, go ndéanann sé freastal ar cheanglais an bheartais oideachais mar a chinntiú an tAire Oideachais agus Eolaíochta é ó am go ham,

(c) a chinntiú go mbeidh rochtain ag mic léinn ar threoir chuí chun cabhrú leo i dtaca lena roghanna oideachais agus gairme,

(d) forbairt mhorálta, spioradálta, shóisialta agus phearsanta na leanaí lena mbaineann a chur chun cinn, agus

(e) a chinntiú go ndéantar riachtanais an phearsanra atá ag gabháil d’fheidhmeanna bainistíochta agus na riachtanais i ndáil le forbairt na foirne i gcoitinne a shainaithint agus go ndéantar soláthar ina leith.

(5) Tá feidhm ag feidhmeanna Cigire de réir bhrí an Acht Oideachais 1998, fara aon mhodhnuithe is gá, i ndáil le saoráidí oideachais arna soláthar i leith aon áitribh aistrithe.

(6) Maidir le duine a bhí, díreach roimh dhíscaoileadh scoile aitheanta faoin alt seo, ina dhuine nó ina duine dá foireann mhúinteoireachta, tiocfaidh sé nó sí chun bheith, ar an díscaoileadh sin, chun bheith ina fhostaí nó ina fostaí de chuid an choiste gairmoideachais ar ina limistéar feidhme atá an scoil aitheanta suite; agus maidir leis na cearta agus na teidil a theachtaíonn an duine ina cháil nó ina cáil mar fhostaí den sórt sin i ndáil le seilbh, luach saothair, táillí, líuntais, caiteachais agus aoisliúntas, ní lú tairbhe iad, de bhua oibriú an Achta seo, ná na cearta agus na teidil a bhí á dteachtadh ag an duine sin díreach roimh an díscaoileadh.”

Alt 159B nua in Acht 2001.

148.—Cuirtear an t-alt seo a leanas isteach in Acht 2001 i ndiaidh alt 159A:

“Maoin, cearta agus dliteanais de chuid scoile saothair deimhnithe a aistriú ar thosach feidhme alt 159(2).

159B.—(1) San alt seo—

folaíonn “bord bainistíochta”, i ndáil le scoil saothair dheimhnithe, bainisteoirí na scoile de réir bhrí Acht 1908;

tá le “scoil saothair dheimhnithe” an bhrí chéanna atá le “*certified industrial school*” faoi Chuid IV d’Acht 1908, ar scoil í a thiocfaidh chun bheith ina háitreabh aistrithe lá an aistrithe;

folaíonn “talamh” aon chearta, dliteanais, cumhachtaí nó pribhléidí a bhaineann nó a ghabhann leis an talamh;

folaíonn “maoin” aon chearta nó dliteanais a bhaineann nó a ghabhann leis an maoin;

ciallaíonn “lá an aistrithe” an lá a thiocfaidh scoil saothair dheimhnithe chun bheith, de bhua alt 159(2), ina háitreabh arna sholáthar agus arna chothabháil ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi alt 38(2) d’Acht 1991 chun cúram cónaitheach a sholáthar do leanaí i gcúram;

ciallaíonn “áitreabh aistrithe” áitreabh a thiocfaidh chun bheith, lá an aistrithe, ina áitreabh arna sholáthar agus arna chothabháil amhlaidh.

(2) Lá an aistrithe—

(a) déantar aon talamh nó maoin eile, agus aon chearta nó dliteanais eile a bhí dílsithe don Aire Oideachais agus Eolaíochta i ndáil leis an scoil saothair dheimhnithe lena mbaineann nó dá bord bainistíochta díreach roimh an lá sin, seachas aon chearta nó dliteanais dá dtagraítear i mír (b), a aistriú chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus a dhílsiú di gan aon tíolacadh nó sannadh,

(b) déantar aon chearta nó dliteanais—

- (i) de chuid an Aire Oideachais agus Eolaíochta i ndáil leis an scoil nó de chuid a boird bainistíochta, agus
- (ii) a bhaineann nó a ghabhann le comhaltaí dá foireann mhúinteoireachta nó lena bhfeidhmeanna múinteoireachta,

cibé slí a éiríonn siad, díreach roimh an lá sin, a aistriú chuig an gcoiste gairmoideachais ar ina limistéar feidhme atá an t-áitreabh aistrithe suite agus a dhílsiú dó gan aon sannadh.

(3) Maidir le haon cheart nó dliteanas a aistrítear faoin alt seo lá an aistrithe agus dá éis, féadfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó an coiste gairmoideachais lena mbaineann agra a dhéanamh ina leith nó iad a ghnóthú nó a fhorfheidhmiú ina hainm féin nó ina ainm féin nó féadfar agra a dhéanamh ina leith nó iad a ghnóthú nó a fhorfheidhmiú i gcoinne Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó an choiste gairmoideachais lena mbaineann ina hainm féin nó ina ainm féin agus ní gá don Fheidhmeannacht ná don choiste fógra a thabhairt i dtaobh an aistrithe don duine a n-aistrítear a chearta nó a cearta nó a dhliteanais nó a dliteanais amhlaidh.

(4) Faoi réir fho-alt (5), i gcás ina mbeidh aon imeachtaí ar páirtí iontu an scoil saothair dheimhnithe lena mbaineann nó a bord bainistíochta ar feitheamh díreach roimh lá an aistrithe, déanfar an tAire Oideachais agus Eolaíochta a chur in ionad na scoile nó an bhoird mar pháirtí sna himeachtaí an lá sin agus dá éis, agus ní rachaidh na himeachtaí ar ceal mar gheall ar an gcur in ionad.

(5) Más rud é—

- (a) gur páirtí an tAire Oideachais agus Eolaíochta in imeachtaí a bheidh ar feitheamh díreach roimh lá an aistrithe i ndáil le scoil saothair dheimhnithe nó a bord bainistíochta, cibé acu de bhua fho-alt (4) nó ar shlí eile, agus
- (b) go gcomhaontóidh an tAire Oideachais agus Eolaíochta nó an coiste gairmoideachais lena mbaineann gur ceart an Fheidhmeannacht nó an coiste a chur in ionad an Aire mar pháirtí sna himeachtaí,

cuirfidh an Fheidhmeannacht nó an coiste é sin in iúl do na páirtithe eile sna himeachtaí agus ní rachaidh na himeachtaí ar ceal mar gheall ar an gcur in ionad.

(6) Aon duine a bhí ina fhostaí nó ina fostaí de chuid na scoile saothair deimhnithe lena mbaineann (seachas comhalta dá foireann mhúinteoireachta) díreach roimh lá an aistriú, tiocfaidh sé nó sí an lá sin chun bheith ina fhostaí nó ina fostaí d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus maidir leis na cearta agus na teidil a bheidh á dteachtadh ag an duine mar fhostaí den sórt sin i leith a théarmaí nó a téarmaí agus a choinníollacha nó a coinníollacha fostaíochta, lena n-áirítear luach saothair, líuntais agus aoisliúntas, ní lú tairbhe iad, de bhua oibriú an Achta seo, ná na cearta agus na teidil a bhí á dteachtadh ag an duine sin díreach roimh an lá sin.

(7) Maidir le feidhmeanna, lena n-áirítear cumhachtaí agus dualgais, an Aire Sláinte agus Leanaí faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991, arna leasú, agus faoi na hAchtanna Sláinte 1947 go 2006 i ndáil le háitreabh arna sholáthar agus arna chothabháil faoi alt 38(2) d’Acht 1991 ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun cúram cónaitheach a sholáthar do leanaí i gcúram, beidh feidhm acu, agus beidh éifeacht leo, i ndáil le háitreabh aistriú.

(8) Ní fhéadfar a ordú leanbh a bheidh ciontáithe i gcion a chur nó a choinneáil in áitreabh aistriú.

(9) Déanfaidh an tAire Oideachais agus Eolaíochta, roimh thosach feidhme alt 159(2), a ordú gach leanbh a bheidh ciontáithe i gcion nó ar athchur i leith ciona a aistriú as aon áit a thiocfaidh, ar an tosach feidhme sin, chun bheith ina háitreabh aistriú chuig scoil cheartúcháin dheimhnithe nó scoil saothair dheimhnithe faoi Chuid IV d’Acht 1908 nó chuig scoil choinneála leanaí chun a thréimhse nó a tréimhse choinneála go léir nó aon chuid den mhéid di a bheidh gan chaitheamh a fhulaingt.

(10) Ní dochar an t-alt seo d’alt 159A.”.

Leasú ar alt 161
d’Acht 2001.

149.—Leasaítear alt 161 d’Acht 2001—

(a) tríd na bhfo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Féadfaidh an tAire socrúithe a dhéanamh le haon duine nó comhlacht chun go ndéanfaidh an duine nó an comhlacht sin áit a sholáthar thar cheann an Aire ar áit í ina bhféadfar leanaí a gheofar ciontach i gcionta a choinneáil.

(1A) Roimh aon socrúithe den sórt sin a dhéanamh, beidh an tAire sásta go soláthraítear saoráidí cóireála agus saoráidí eile san áit ar saoráidí iad nach bhfuil ar fáil i scoileanna coinneála leanaí.

(1B) Féadfaidh an tAire socrúithe a dhéanamh faoi fho-alt (1) le duine nó comhlacht amháin nó níos mó.

(1C) Féadfar leanbh atá á choinneáil nó á coinneáil i scoil choinneála leanaí a aistriú go dtí áit a sholáthraítear faoi fho-alt (1) le chomhaontú an Aire agus an duine nó an chomhlachta a sholáthraíonn an áit agus, le comhaontú den sórt sin, féadfar é nó í a aistriú ar ais go dtí an scoil sin”,

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(7) San alt seo folaíonn “áit” cuid d’fhoirgneamh.”.

150.—Leasaítear alt 165 d’Acht 2001—

Leasú ar alt 165 d’Acht 2001.

(a) i bhfo-alt (1)(b), trí “don chéanna, agus” a chur in ionad “don chéanna,” agus

(b) trí mhír (c) d’fo-alt (1) a scriosadh.

151.—Cuirtear an t-alt seo a leanas in ionad alt 185 d’Acht 2001:

Alt nua a chur in ionad alt 185 d’Acht 2001.

“Cigireacht ar scoileanna coinneála leanaí. 185.—(1) Cuirfidh an tAire faoi deara go ndéanfar cigireacht ar gach scoil choinneála leanaí.

(2) Maidir le cigireacht a dhéanamh, is duine a bheidh údaraithe chuige sin ag an Aire a sheolfaidh í.

(3) Maidir leis an duine a bheidh údaraithe amhlaidh, beidh saineolas agus taithí aige nó aici ar chigireacht a dhéanamh ar chóiríocht chónaitheach do leanaí.”.

152.—Cuirtear an t-alt seo a leanas in ionad alt 186 d’Acht 2001:

Alt nua a chur in ionad alt 186 d’Acht 2001.

“Feidhmeanna duine údaraithe. 186.—(1) Déanfaidh duine a bheidh údaraithe faoi alt 185 cigireachtaí a sheoladh ar gach scoil choinneála leanaí uair amháin ar a laghad gach 12 mhí.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, déanfaidh duine údaraithe, le linn cigireacht a sheoladh ar aon scoil den sórt sin, aird áirithe a thabhairt ar na nithe seo a leanas—

(a) na dálaí ina gcoinnítear na leanaí agus na saoráidí atá ar fáil dóibh,

- (b) sláinte, sábháilteacht agus dea-bhail na leanaí,
- (c) beartais agus cleachtas a bhaineann le caidreamh a chaomhnú agus a fhorbairt idir na leanaí agus a dteaghlaigh,
- (d) beartais agus cleachtas a bhaineann le haraíonacht, cúram agus cosaint na leanaí, agus
- (e) beartais agus cleachtas i ndáil le gnáthamh na scoile.

(3) Féadfaidh an duine údaraithe gearáin a a éisteacht ar gearáin iad ó leanaí a bhí, aon tráth, nó atá á gcoinneáil i scoil choinneála leanaí, agus chun na críche sin—

- (a) féadfaidh sé nó sí aon duine d'fhoireann na scoile lena mbaineann a chur faoi agallamh, agus
- (b) beidh rochtain aige nó aici ar thaifid, cibé acu i bhfoirm inléite nó nó i bhfoirm neamh-inléite, ar taifid iad a bhaineann le riaradh na scoile agus leis na leanaí atá á gcoinneáil inti.

(4) Maidir le haon agallaimh le leanaí, seolfar iad le toiliú na leanaí agus féadfar, má aontaíonn siad amhlaidh, iad a sheoladh go príobháideach.

(5) Maidir leis an duine údaraithe—

- (a) ní bheidh sé nó sí ina fhostaí nó ina fostaí de chuid aon scoile coinneála leanaí a ndéanann an duine cigireacht uirthi, agus
- (b) beidh sé nó sí neamhspleách i bhfeidhmiú a fheidhmeanna nó a feidhmeanna le linn cigireachtaí a sheoladh.

(6) Déanfaidh an duine údaraithe tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire i ndáil le haon chigireacht a sheoltar faoin alt seo agus déanfaidh sé nó sí an tuarascáil a fhoilsiú an tráth céanna a chuirtear faoi bhráid an Aire amhlaidh í.”.

Alt nua 186A in Acht 2001.

153.—Cuirtear an t-alt seo a leanas isteach in Acht 2001 i ndiaidh alt 186:

“Imscrúdú ar nithe a éiríonn i ndáil le scoileanna coinneála leanaí, etc.

186A.—(1) Más rud é—

- (a) go ndéantar nithe is ábhar inní i ndáil le scoil choinneála leanaí nó i ndáil le háit a sholáthraítear faoi alt 161 a ardú

i dtuarascáil ó dhuine údaraithe faoi alt 186 nó ar shlí eile, agus

- (b) gur deimhin leis an Aire go mbeadh sé inmhianaithe na nithe sin a imscrúdú,

ceapfaidh an tAire duine (dá ngairtear “Cigire” san alt seo) chun na nithe sin a imscrúdú agus chun tuarascáil orthu a thabhairt dó nó di.

(2) Seolfaidh an cigire imscrúdú i dtaobh na nithe dá dtagraítear i bhfo-alt (1) agus i dtaobh cibé nithe eile is iomchuí maidir leo de réir mar a mheasann sé nó sí a bheith riachtanach chun críocha an imscrúdaithe.

(3) Chun na gcríoch sin, féadfaidh an cigire—

- (a) dul isteach in aon scoil choinneála leanaí nó áit a sholáthraítear faoi alt 161,
- (b) scrúdú a dhéanamh ar thaifid na scoile nó na háite, cibé acu i bhfoirm inléite nó nó i bhfoirm neamh-inléite, agus
- (c) daoine d’fhoireann na scoile, lena n-áirítear an Stiúrthóir, agus comhaltaí dá bord bainistíochta nó, de réir mar a bheidh, daoine d’fhoireann na háite agus bainisteoirí na háite a chur faoi agallamh.

(4) Maidir leis an gCigire—

- (a) ní bheidh sé nó sí ina fhostaí nó ina fostaí de chuid aon scoile coinneála leanaí a ndéanann sé nó sí cigireacht uirthi,
- (b) beidh sé nó sí neamhspleách i bhfeidhmiú a fheidhmeanna nó a feidhmeanna le linn cigireachtaí a sheoladh, agus féadfaidh sé nó sí aon leanbh a bhí, aon tráth nó atá á choinneáil nó a coinneáil i scoil coinneála leanaí a chur faoi agallamh.

(5) Maidir le haon agallaimh den sórt sin, seolfar é le toiliú an linbh agus féadfar, má aontaíonn an leanbh amhlaidh, é a sheoladh go príobháideach.

(6) Cuirfidh an Cigire tuarascáil faoi bhráid an Aire i ndáil leis an imscrúdú.

(7) Más cuí, beidh moltaí i ngach tuarascáil den sórt sin ar moltaí iad is gá, i tuairim an Chigire, a chur i bhfeidhm.

(8) Déanfaidh an tAire cóip de gach tuarascáil den sórt sin a chur faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(9) Roimh thuarascáil a chur faoi bhráid gach Tí den Oireachtas de bhun fho-alt (3), féadfaidh an tAire ábhar a fhágáil ar lár aisti i gcás inar gá an t-ábhar a fhágáil ar lár le nach sainaithneofar aon duine áirithe.

(10) Déanfar Cigire a cheapadh i gcomhair imscrúdaithe shonraithe, ach féadfaidh an tAire an duine céanna a cheapadh chun imscrúdú nó imscrúduithe eile a sheoladh de réir mar is cuí leis an Aire.

(11) Déanfar Cigire a cheapadh ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an tAire agus, i gcás aon téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair, le toiliú an Aire Airgeadais.”.

Alt nua a chur in ionad alt 198 d’Acht 2001.

154.—Cuirtear an t-alt seo a leanas in ionad alt 198 d’Acht 2001:

“Aistriú idir scoileanna.

198.—(1) Féadfaidh an tAire a ordú go ndéanfar leanbh atá á choinneáil nó á coinneáil i scoil choinneála leanaí a aistriú go dtí scoil eile den sórt sin chun tréimhse coinneála iomlán an linbh nó aon chuid dá mbeidh fágtha den tréimhse sin a chur isteach más rud é—

- (a) maidir leis an scoil a n-aistrítear an leanbh chuici, go bhfreastalaíonn sí, de réir fhorálacha na Coda seo, ar an aicme sin linbh, nó
- (b) go measann an tAire gur gá an t-aistriú ar mhaithe le dea-rialú scoileanna coinneála leanaí,

agus, i gceachtar cás, go soláthraíonn an scoil a n-aistrítear an leanbh chuici na dálaí agus na saoráidí is gá ionas go mbainfidh an scoil a príomhchuspóir amach i gcás an linbh.

(2) Roimh ordachán a thabhairt faoin alt seo, rachaidh an tAire i gcomhairle le Stiúrthóirí na scoileanna coinneála leanaí ar mian an leanbh a aistriú uathu agus chucu d’fhonn a fháil amach an mbeadh an t-aistriú ar mhaithe le leas an linbh nó an ceart dul i muinín birt eile i leith an linbh.

(3) Féadfar ordachán faoi fho-alt (1) a thabhairt ar iarraidh ó Stiúrthóir scoile coinneála leanaí agus, má thugtar amhlaidh é, beidh feidhm ag an alt seo i ndáil leis an ordachán fairis na modhnuithe is gá.”.

155.—Leasaítear alt 215 d’Acht 2001—

Leasú ar alt 215
d’Acht 2001.

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Aon leanbh a fhaightear ciontach i gCúirt na Leanaí i gcion faoi fho-alt (1), féadfar pianbhreith coinneála ar feadh tréimhse nach faide ná 3 mhí a chur air nó uirthi.”,

agus

(b) trí fho-alt (3) a scriosadh.”.

156.—Leasaítear alt 227(1) d’Acht 2001—

Leasú ar alt 227
d’Acht 2001.

(a) trí “agus a bhaineann le” a chur in ionad “cinnteoidh sé go ndéanfar”,

(b) i mír (a), trí “comhairle a thabhairt maidir le” a chur isteach roimh “seachadadh”,

(c) i mír (b), trí “comhairle a thabhairt maidir le húsáid” a chur in ionad “úsáid” agus trí “a áirithiú” a scriosadh”,

(d) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

“(c) i gcomhairle le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, critéir a ullmhú agus a fhoilsiú maidir le leanaí a ghlacadh isteach in aonaid chúraim speisialta agus a ligean amach astu, ar leanaiad atá faoi réir orduithe cúraim speisialta agus orduithe cúraim speisialta eatramhacha.”,

agus

(e) trí mhír (d) a scriosadh.

157.—Leasaítear alt 230 d’Acht 2001—

Leasú ar alt 230
d’Acht 2001.

(a) i bhfo-alt (1), trí “11” a chur in ionad “12”, agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Áireofar ar chomhaltaí an Bhoird—

(a) triúr arna n-ainmniú ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí,

(b) triúr, a mbeidh beirt acu ina n-ionadaithe de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte,

(c) triúr saineolaí ar chúram leanaí, agus

(d) triúr a mbeidh taithí iomchuí acu ar dhéileáil le saincheisteanna maidir le míbhuntáiste oideachasúil nó eisiámh oideachasúil, agus iad arna n-ainmniú ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta.”.

Mionleasaithe agus leasuithe iarmhartacha ar Acht 2001.

158.—Leasaítear gach foráil d’Acht 2001 a shonraítear i *Sceideal 4* a ghabhann leis an *Acht um Cheartas Choiriúil 2006* ar an modh a shonraítear sa tríú colún os coinne lua na forála sin sa dara colún den *Sceideal* sin.

CUID 13

IOMPAR FRITHSHÓISIALTA AG LEANAÍ

Alt 257A nua in Acht 2001.

159.—Cuirtear isteach an teideal agus an t-alt seo a leanas in Acht 2001 i ndiaidh alt 257:

“CUID 12A

IOMPAR FRITHSHÓISIALTA AG LEANAÍ

Léiriú (Cuid 12A).

257A.—(1) Sa Chuid seo—

ciallaíonn “ordú iompair” ordú faoi alt 257D;

forléireofar “rabhadh iompair” de réir alt 257B;

ciallaíonn “leanbh” leanbh atá 12 bhliain d’aois ar a laghad agus faoi bhun 18 mbliana d’aois;

tá le “conradh dea-iompair” an bhrí a thugtar dó in alt 257C;

ciallaíonn “Clár” an clár athstiúrtha dá dtagraítear in alt 18.

(2) Chun críocha na Coda seo, iompraíonn leanbh é féin nó í féin ar mhodh frithshóisialta má chuireann sé nó sí faoi deara, nó más dóigh sna himthosca go gcuirfidh sé nó sí faoi deara, aon cheann de na nithe seo a leanas a chur ar dhuine amháin nó níos mó nach den teaghlach céanna leis an leanbh iad—

(a) ciapadh,

(b) scaoll, anó, eagla nó imeaglú suntasach nó leanúnach, nó

(c) úsáid nó teachtadh a maoinne a lagú go suntasach nó go leanúnach.

(3) Níl feidhm ag an gCuid seo—

(a) maidir le haon iompar de chuid linbh a tharlaíonn roimh theacht i bhfeidhm an ailt seo, nó

(b) maidir le haon ghníomh nó neamhghníomh de chuid linbh ar

tionscnaíodh imeachtaí coiriúla ina leith i gcoinne an linbh.”.

160.—Cuirtear an t-alt seo a leanas isteach in Acht 2001 i ndiaidh alt 257A:

Alt 257B nua in Acht 2001.

“Rabhadh iompair a thabhairt do leanbh.

257B.—(1) Faoi réir fho-alt (5), féadfaidh comhalta den Gharda Síochána rabhadh iompair a eisiúint chuig leanbh a d’iompair é féin nó í féin ar mhodh frithshóisialta.

(2) Féadfar an rabhadh iompair a eisiúint ó bhéal nó i scríbhinn agus, más ó bhéal a eisítear é, taifeadfar é i scríbhinn a luaithe is indéanta le réasún agus seirbheálfar taifead scríofa den rabhadh ar an leanbh agus ar a thuismitheoirí nó a tuismitheoirí nó ar a chaomhnóir nó a caomhnóir go pearsanta nó leis an bpost.

(3) Maidir leis an rabhadh nó, má thugtar é ó bhéal, maidir leis an taifead scríofa air—

(a) áireofar ann ráiteas gur iompair an leanbh é féin nó í féin ar mhodh frithshóisialta,

(b) éileofar leis go scoirfidh an leanbh den iompar nó, thairis sis, go dtabharfaidh sé nó sí aghaidh ar an iompar ar an modh a shonrófar sa rabhadh, agus

(c) áireofar ann fógra á rá go bhféadfadh sé gurb é a leanfadh as ceachtar de na nithe seo a leanas.—

(i) mainneachtain éileamh faoi mhír (b) a chomhlíonadh, nó

(ii) rabhadh iompair eile a eisiúint,

ná iarratas ar ordú iompair a dhéanamh.

(4) Féadfaidh an comhalta den Gharda Síochána dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a cheangal ar an leanbh a ainm nó a hainm agus a sheoladh nó a seoladh a thabhairt don chomhalta chun críocha an rabhaidh iompair nó chun críocha an taifead scríofa air.

(5) Ní fhéadfar rabhadh iompair a eisiúint tráth is déanaí ná mí tar éis an trátha—

(a) a tharla an t-iompar, nó

(b) i gcás iompair leanúnaigh, is déanaí ar eol gur tharla an t-iompar sin,

(6) Faoi réir fho-alt (7), fanfaidh rabhadh iompair i bhfeidhm i gcoinne an linbh a n-eisítear

chuige nó chuici é go ceann 3 mhí ón dáta a eisítear é.

(7) Má dhéantar iarratas faoi alt 257D i leith an linbh, fanfaidh an rabhadh iompair i bhfeidhm i gcoinne an linbh go dtí go gcinneadh Cúirt na Leanaí an t-iarratas.”.

Alt nua 257C in Acht 2001.

161.—Cuirtear an t-alt seo a leanas isteach in Acht 2001 i ndiaidh alt 257B:

‘Cruinniú chun iompar frithshóisialta linbh a phlé.

257C.—(1) Déanfaidh an ceannfort i gceannas dúiche, tar éis tuarascáil a fháil maidir le hiompar linbh ó chomhalta den Gharda Síochána sa dúiche sin, cruinniú a chomórath chun iompar an linbh a phlé, más deimhin leis nó léi—

- (a) gur iompair an leanbh é féin nó í féin ar mhodh frithshóisialta agus gur dóigh go leanfaidh sé nó sí de bheith ag déanamh amhlaidh, agus
- (b) gur iompair an leanbh é nó í féin ar mhodh frithshóisialta roimhe sin, ach—
 - (i) nach bhfuair sé nó sí rabhadh i leith iompair fhrithshóisialta roimhe sin, nó
 - (ii) go mbeadh comórath cruinnithe den sórt sin ina chuidiú maidir le cosc a chur le tuilleadh iompair den sórt sin ag an leanbh.

(2) Ní ullmhófar tuarascáil faoi fho-alt (1) ach amháin tar éis do chomhalta den Gharda Síochána rabhadh iompair a thabhairt don leanbh i ndáil le hiompar frithshóisialta an linbh.

(3) Áireofar sa tuarascáil mionsonraí faoin rabhaidh iompair.

(4) Iarrfar ar na daoine seo a leanas freastal ar chruinniú a chomórfar faoi fho-alt (1):

- (a) an leanbh;
- (b) a thuismitheoirí nó a thuismitheoirí nó a chaomhnóir nó a caomhnóir;
- (c) an comhalta den Gharda Síochána a thug an rabhadh don leanbh i ndáil lena iompar frithshóisialta nó lena hiompar frithshóisialta;
- (d) má tá an leanbh páirteach cheana féin sa Chlár, oifigeach idirchaidrimh don óige.

(5) Féadfaidh an ceannfort a iarraidh ar cibé duine eile nó daoine eile a mheasfaidh sé nó sí a bheadh ina chabhair nó ina cabhair nó ina gcabhair don leanbh nó do na tuismitheoirí nó don chaomhnóir, lena n-áirítear comhalta den fhóram áitiúil póilíneachta (de réir bhrí Acht an Gharda Síochána 2005) a bheith i láthair ag an gcrúinniú.

(6) Pléifear iompar an linbh ag an gcrúinniú.

(7) Faoi réir fho-alt (8), déanfar an meid seo a leanas ag an gcrúinniú—

(a) míneoidh an ceannfort don leanbh agus do na tuismitheoirí nó don chaomhnóir, i gcaint shimplí, céard é an t-iompar goilliúnach agus an éifeacht atá aige ar dhuine nó ar dhaoine eile,

(b) iarrfar ar an leanbh a admháil gur tharla an t-iompar agus gealltanais a thabhairt é a stad,

(c) iarrfar ar na tuismitheoirí nó ar an gcaomhnóir iompar an linbh a admháil agus gealltanais a thabhairt bearta a dhéanamh chun nach dtarlóidh an t-iompar arís,

(d) más rud é go n-aontóidh an leanbh agus na tuismitheoirí nó an caomhnóir na gealltanais sin a thabhairt, ullmhófar doiciméad (dá ngairtear “conradh dea-iompair” san alt seo) ina gcorprófar na gealltanais agus, más indéanta, síneoidh an leanbh agus na tuismitheoirí nó an caomhnóir é.

(8) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána nach ísle ceim ná cigire feidhmeanna ceannfort faoi fho-alt (7) a chomhlíonadh, ar iarratas ón gceannfort, agus sa chás sin solathróidh an comhalta tuarascáil i scríbhinn faoi thoradh an chruinnithe don cheannfort.

(9) Rachaidh conradh dea-iompair in éag ag deireadh tréimhse nach faide ná 6 mhí ó dháta an chruinnithe ach féadfaidh an leanbh agus na tuismitheoirí nó an caomhnóir é a athnuachan go ceann tréimhse breise nach faide ná 3 mhí.

(10) Féadfaidh an ceannfort ó am go ham athbhreithniú a dhéanamh ar iompar an linbh ag féachaint don ghealltanais a bheidh tugtha aige nó aici sa chonradh dea-iompair.

(11) Más rud é—

(a) gur iompair an leanbh é féin nó í fein, nó go leanann an leanbh de bheith á

iompar nó á hiompar féin, ar mhodh ina sáraítear an ghealltanas, nó

- (b) i dtuairim an cheannfoirt nó an tuismitheora nó an chaomhnóra, gur dócha go n-iompróidh an leanbh é nó í féin amhlaidh,

féadfaidh an ceannfort an cruinniú dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a athchomóradh agus an conradh a athnuachan má aontaíonn an leanbh agus na tuismitheoirí amhlaidh.

(12) Mairfidh athnuachan ar chonradh faoi fho-alt (11) ar feadh tréimhse nach faide ná—

- (a) 6 mhí ó dháta an chonartha bunaidh, nó

- (b) 9 mí ó dháta an chonartha bunaidh,

cibé acu is giorra.

(13) Ní choisceann aon ní san alt seo ar leanbh a bheith ina ábhar nó ina hábhar conartha dea-iompair bhreise má aontaíonn an leanbh agus na tuismitheoirí nó an caomhnóir amhlaidh.

(14) Tá feidhm ag an bhfo-alt seo—

- (a) i gcás nach measfaidh ceannfort, tar éis breithniú a dhéanamh ar thuarascáil dá dtagraítear i bhfo-alt (1), gur chuidiú é cruinniú a chomóradh faoin alt seo chun iompar frithshóisialta an linbh lena mbaineann a chosc, nó

- (b) i gcás ina gcomórfar cruinniú den sórt sin agus—

- (i) nár ullmhaíodh conradh dea-iompair toisc gur dhiúltaigh an leanbh nó na tuismitheoirí nó an caomhnóir an ghealltanas is gá a thabhairt, nó

- (ii) gur sháraigh an leanbh gealltanas a thug sé nó sí i gconradh den sórt sin.

(15) I gcás ina bhfuil feidhm ag fo-alt (14)—

- (a) déanfar an leanbh a ligean isteach sa Chlár, agus sa chás sin beidh feidhm ag Cuid 4 dá réir sin, fara aon mhodhnuithe is gá, i ndáil leis nó léi, nó

- (b) déanfaidh an ceannfort iarratas chun Cúirt na Leanaí ar ordú iompair i leith an linbh, más deimhin leis nó léi nár

chuí, sna imthosca, go mbeadh an leanbh páirteach sa Chlár.”.

162.—Cuirtear an t-alt seo a leanas isteach in Acht 2001 i ndiaidh alt 257C:

Alt nua 257D in Acht 2001.

“Ordú iompair do leanaí os cionn 12.

257D.—(1) Féadfaidh Cúirt na Leanaí, ar iarratas a fháil ó chomhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná ceannfort, ordú a dhéanamh (dá ngairtear “ordú iompair” sa Chuid seo) lena dtoirmiscear leanbh atá 12 bhliain d’aois, nó os a chionn, ó aon rud a bheidh sonraithe san ordú a dhéanamh, más deimhin leis an gcúirt—

- (a) gur lean an leanbh, d’ainneoin a pháirteachais nó a páirteachais sna nósanna imeachta dá bhforáiltear in alt 257C, agus gur dócha go leanfaidh sé nó sí, de bheith á iompar nó á hiompar féin ar mhodh frithshóisialta,
- (b) go bhfuil gá leis an ordú chun an leanbh a chosc ó leanúint de bheith á iompar nó á hiompar féin ar an modh sin,
- (c) ag féachaint don éifeacht a bheidh, nó is dócha a bheidh, leis an iompar sin ar dhaoine eile, go bhfuil an t-ordú réasúnach comhréireach sna himthosca.

(2) Léireofar san iarratas an méid páirteachais a bhí ag an leanbh sna nósanna imeachta faoi alt 257C.

(3) Féadfaidh an Chúirt téarmaí nó coinníollacha a fhorchur san ordú iompair, ar téarmaí nó coinníollacha iad a mheasann sí is cuí..

(4) Chun duine nó daoine a chosaint ar iompar frithshóisialta eile ag leanbh, féadfar le hordú faoin alt seo—

- (a) leanbh a thoirmisc ó bheith á iompar nó á hiompar féin ar mhodh sonraithe, agus, más cuí, óna iompar nó óna hiompar féin amhlaidh i gcomharsanacht áite sonraithe,
- (b) a cheangal ar leanbh ceanglais shonraithe a chomhlíonadh, lena n-áirítear ceanglais a bhaineann leis na nithe seo a leanas—
 - (i) freastal ar scoil, agus
 - (ii) tuairisciú do chomhalta den Gharda Síochána, do mhúinteoir nó do dhuine eile i scoil a bhfuil údarás aige nó aici,

agus

- (c) socrú a dhéanamh go ndéanfaidh tuismitheoir nó caomhnóir, nó aon duine nó údarás sonraithe eile ar suim leis nó léi leas an linbh, maoirseacht ar an leanbh.

(5) Ní fhéadfar an leanbh is freagróir in iarratas faoin alt seo a chúiseamh, a ionchúiseamh nó a phionósú aon tráth i leith ciona más rud é gurb é atá sa ghníomh nó sa neamhghníomh arb é an cion é ná an t-iompar céanna is ábhar don iarratas agus atá le cinneadh ag an gcúirt faoi fho-alt (1).

(6) Leanann ordú iompair de bheith i bhfeidhm, mura n-urscaoiltear é faoi fho-alt (7), go ceann tréimhse nach faide ná an ceann is giorra díobh seo a leanas:

(a) 2 bhliain ó dháta an ordaithe;

(b) an tréimhse a shonraítear san ordú.

(7) Féadfaidh an Chúirt ordú iompair a athrú nó a urscaoileadh ar iarratas a fháil ón leanbh lena mbaineann, nó óna thuismitheoirí nó óna tuismitheoirí, nó óna chaomhnóir nó óna caomhnóir, nó ó chomhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná ceannfort.

(8) Tabharfaidh iarratasóir faoi fho-alt (1) nó (7) fógra maidir leis an iarratas—

(a) i gcás inar comhalta den Gharda Síochána an t-iarratasóir, don leanbh agus dá thuismitheoirí nó dá tuismitheoirí nó dá chaomhnóir nó dá caomhnóir, nó

(b) i gcás inarb é nó í an leanbh an t-iarratasóir faoi fho-alt (7), don iarratasóir faoi fho-alt (1) agus do thuismitheoirí nó do chaomhnóir an linbh, agus

(c) i gcás inarb é nó í tuismitheoir nó caomhnóir an linbh an t-iarratasóir faoi fho-alt (7), don leanbh agus don iarratasóir faoi fho-alt (1).

(9) Is é an caighdeán cruthúnais in imeachtaí faoin alt seo an caighdeán is infheidhme maidir le himeachtaí sibhialta.

(10) Is mar a leanas a fhéadfar an dlínse a thugtar don Chúirt leis an alt seo a fheidhmiú:

(a) maidir le fo-ailt (1), (3) agus (4), ag breitheamh den Chúirt Dúiche atá sannta de thuras na huaire don dúiche

chúirte dúiche ina bhfuil cónaí ar an leanbh an tráth a dhéantar an t-iarratas;

- (b) maidir le fo-alt (7), ag breitheamh den Chúirt Dúiche atá sannta de thuras na huaire don dúiche chúirte dúiche ina bhfuil cónaí ar an leanbh atá faoi reir an ordaithe iompair, an tráth a dhéantar an t-iarratas.”.

163.—Cuirtear an t-alt seo a leanas isteach in Acht 2001 i ndiaidh alt 257D: Alt 257E nua in Acht 2001.

“Achomharc i gcoinne ordaithe iompair. 257E.—(1) Féadfaidh leanbh a mbeidh ordú iompair déanta ina choinne nó ina coinne achomharc a dhéanamh, laistigh de 21 lá ón dáta a dhéanfar an t-ordú, chuig an gCúirt Chuarda i gcoinne dhéanamh an ordaithe.

(2) Déanfaidh achomharcóir faoi fho-alt (1) fógra faoin achomharc a thabhairt don cheannfort atá i gceannas an cheantair Garda Síochána ina bhfuil cónaí ar an achomharcóir.

(3) D’ainneoin an achomhairc, leanfaidh an t-ordú iompair de bheith i bhfeidhm mura rud é go ndéanfaidh an chúirt a rinne an t-ordú nó an chúirt achomhairc bac a chur air.

(4) Is ar mhodh athéisteachta ar an iarratas faoi alt 257D a bheidh achomharc faoin alt seo agus, chun na críche sin, tá feidhm ag fo-ailt (1), (3) agus (4) den alt sin i leith an ní.

(5) Más rud é, ar achomharc faoin alt seo, go ndéanfaidh an chúirt achomhairc ordú iompair, tá feidhm ag forálacha alt 257D(6) go (8) i leith an ní.

(6) D’ainneoin na tréimhse achomhairc a thuairiscítear i bhfo-alt (1), féadfaidh an Chúirt Chuarda, ar iarratas ón leanbh atá faoi réir an ordaithe iompair nó ó thuismitheoir nó ó chaomhnóir an linbh, an tréimhse achomhairc a fhadú más deimhin léi go bhfuil imthosca eisceachtúla ann a fhágann gur ceart í a fhadú.

(7) Is é an caighdeán cruthúnais in imeachtaí faoin alt seo an caighdeán is infheidhme maidir le himeachtaí sibhialta.

(8) Is mar a leanas a fhéadfar an dlínse a thugtar don Chúirt Chuarda leis an alt seo a fheidhmiú:

- (a) maidir le halt 257D(1), (3) agus (4) mar atá feidhm ag na forálacha sin maidir leis an gCúirt Chuarda faoi fho-alt (4) den alt seo, ag breitheamh den Chúirt Chuarda atá sannta de thuras na huaire

don chuaird ina bhfuil cónaí ar an achomharcóir faoin alt seo an tráth a chuirtear tús leis an achomharc;

- (b) maidir le halt 257D(7) mar atá feidhm aige maidir leis an gCúirt Chuarda faoi fho-alt (5) den alt seo, ag breitheamh den Chúirt Chuarda atá sannta de thuras na huairé don chuaird ina bhfuil cónaí ar an leanbh atá faoi réir an ordaithe iompair an tráth a dhéantar an t-iarratas;
- (c) maidir le fo-alt (6) den alt seo, ag breitheamh den Chúirt Chuarda atá sannta de thuras na huairé don chuaird ina bhfuil cónaí ar an leanbh atá faoi réir an ordaithe iompair an tráth a dhéantar an t-iarratas.”.

Alt 257F nua in Acht 2001.

164.—Cuirtear an t-alt seo a leanas isteach in Acht 2001 i ndiaidh alt 257E:

“Cionta.

257F.—(1) Beidh cion déanta ag leanbh—

- (a) a mhainníonn ainm agus seoladh a thabhairt nuair a cheanglaítear air nó uirthi déanamh amhlaidh faoi alt 257B(4) nó a thugann ainm nó seoladh atá bréagach nó míthreorach mar fhreagra ar an gceanglas sin, nó
- (b) nach ndéanann, gan leithscéal réasúnach, ordú iompair a bhfuil an leanbh faoina réir a chomhlíonadh.

(2) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána leanbh a ghabháil gan bharántas má tá forais réasúnacha ag an gcomhalta chun a chreidiúint go ndearna an leanbh cion faoi fho-alt (1)(b).

(3) Aon leanbh atá ciontach i gcion faoin alt seo dlífeair ar é nó í a chiontú go hachomair—

- (a) i gcás ciona faoi fho-alt (1)(a), fíneáil nach mó ná €200 a chur air nó uirthi, agus
- (b) i gcás ciona faoi fho-alt (1)(b), fíneáil nach mó ná €800 nó coinneáil i scoil choinneála leanaí ar feadh tréimhse nach faide ná 3 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(4) Má ordáítear do leanbh fíneáil agus costas a íoc ar é nó í a chiontú i gcion faoi fho-alt (1)(b), ní bheidh méid comhiomlán na fíneála agus na costas níos mó ná €1,500.”.

165.—Cuirtear an t-alt seo a leanas isteach in Acht 2001 i ndiaidh alt 257F: Alt nua 257G in Acht 2001.

“Cúnamh dlíthiúil.

257G.—(1) Faoi réir fho-alt (2), féadfar deimhniú um chúnamh dlíthiúil in aisce (dá ngairtear “deimhniú um chúnamh dlíthiúil (ordú iompair)” sa Chuid seo) a dheonú do leanbh is ábhar d’ordú iompair le linn ullmhúchán a dhéanamh i leith éisteacht na nithe seo a leanas agus le haghaidh ionadaíochta ag an éisteacht sin—

- (a) an t-iarratais,
- (b) aon iarratas ón leanbh nó óna thuismitheoirí nó óna tuismitheoirí nó óna chaomhnóir nó óna caomhnóir chun ordú iompair a athrú nó a urscaoileadh,
- (c) aon achomharc ón leanbh i gcoinne an t-ordú iompair a dhéanamh, agus
- (d) aon imeachtaí san Ard-Chúirt nó sa Chúirt Uachtarach ag éirí as déanamh an iarratais, as an achomharc nó as aon imeachtaí ina dhiaidh sin.

(2) Ní fhéadfar deimhniú um chúnamh dlíthiúil (ordú iompair) a dheonú faoi fho-alt (1) mura rud é gur dealraitheach don chúirt a bheidh ag éisteacht an iarratais ar an deimhniú—

- (a) nach leor acmhainn an linbh lena mbaineann, nó acmhainn a thuismitheoirí nó a tuismitheoirí nó a chaomhnóra nó a caomhnóra, chun go mbeidh ar chumas an linbh sin cúnamh dlíthiúil a fháil, agus
- (b) mar gheall ar thromaíocht an iompair fhrithshóisialta líomhnaithe nó ar imthosca eisceachtúla, go bhfuil sé riachtanach, ar mhaithe leis an gceartas, gur ceart go mbeadh cúnamh dlíthiúil ag an leanbh le linn ullmhúchán a dhéanamh i leith na héisteachta lena mbaineann agus le haghaidh ionadaíochta ag an éisteacht sin.

(3) Aon leanbh dá ndeonaítear deimhniú um chúnamh dlíthiúil (ordú iompair) beidh sé nó sí—

- (a) i dteideal cúnamh dhlíthiúil in aisce le linn ullmhúchán a dhéanamh i leith éisteacht an iarratais ar ordú iompair agus in aon imeachtaí dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(b), (c) agus (d) agus le haghaidh ionadaíochta acu, agus

(b) i dteideal an méid seo a leanas a bheith aige nó aici, i cibé slí a fhorordófar,

- (i) aturnae a shannfar don leanbh i ndáil leis an iarratas ar an ordú iompair nó i ndáil le haon iarratas chun é a athrú nó a urscaoileadh,
- (ii) aturnae a shannfar don leanbh i ndáil le haon imeachtaí eile den sórt sin, agus
- (iii) más cuí leis an gcúirt a bheidh ag deonú an deimhnithe, abhcóide a shannfar don leanbh i ndáil leis na himeachtaí dá dtagraítear i bhfomhír (ii),

(4) Má dheonaítear deimhniú um chúnamh dlíthiúil (ordú iompair), déanfar, faoi réir rialachán faoi alt 257H, aon táillí, costais nó caiteachais eile a thabhaítear go cuí le linn ullmhúchán a dhéanamh i leith na n-imeachtaí lena mbaineann agus le haghaidh ionadaíochta le linn na n-imeachtaí sin a íoc as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

(5) Féadfaidh an chúirt a bheidh ag deonú an deimhnithe a cheangal ar leanbh a bheidh ag déanamh iarratais ar dheimhniú um chúnamh dlíthiúil (ordú iompair) ráiteas i scríbhinn ar a acmhainn nó ar a hacmhainn, nó ar acmhainn a thuismitheoirí nó a tuismitheoirí nó a chaomhnóra nó a caomhnóra, a sholáthar.

(6) Aon duine a dhéanfaidh, chun cúnamh dlíthiúil in aisce a fháil faoin alt seo, cibé acu dó féin nó di féin nó do dhuine éigin eile é, ráiteas nó uiríoll atá bréagach nó míthreorach a thabhairt go feasach, ó bhéal nó i scríbhinn, nó aon fhíoras ábhartha a cheilt go feasach, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear ar é nó í a chiontú go hachomair fineáil nach mó ná €2,500 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(7) Ar dhuine a chiontú i gcion faoin alt seo, féadfaidh an chúirt a chiontaíonn an duine, más cuí léi in imthosca an cháis, a ordú don duine iomlán aon suime arna híoc faoi fho-alt (4) i leith an chúnamh dhlíthiúil in aisce ar i ndáil leis a rinneadh an cion, nó cuid d'aon suim den sórt sin, a íoc leis an Aire agus déanfar aon suim arna híoc leis an Aire amhlaidh a íoc isteach sa Státchiste agus a chur chun tairbhe don Státchiste de réir ordacháin an Aire Airgeadais.”.

166.—Cuirtear an t-alt seo a leanas in Acht 2001 i ndiaidh alt 257G: Alt nua 257H in Acht 2001.

“Rialacháin
(cúnamh
dlíthiúil).

257H.—(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh chun éifeacht a thabhairt d’alt 257G.

(2) Féadfar, go sonrach, na nithe seo a leanas a fhorordú leis na rialacháin—

(a) an fhoirm ina mbeidh deimhnithe arna ndeonú faoin alt sin,

(b) rátaí nó scálaí íoca aon táillí, costas nó caiteachas eile is iníoctha as airgead arna sholáthar ag an Oireachtas de bhun na ndeimhnithe sin, agus

(c) an tslí ina bhfuil aturnaetha agus abhcóidí le sannadh de bhun na ndeimhnithe sin.

(3) Ní dhéanfar rialacháin i bhfo-alt (2)(b) gan toiliú an Aire Airgeadais.

(4) Go dtí go ndéanfar rialacháin faoin alt seo, beidh feidhm ag na rialacháin faoi alt 10 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Dlíthiúil) 1962 agus beidh éifeacht leo, farais na modhnuithe is gá, i ndáil le deimhnithe um chúnamh dlíthiúil in aisce arna ndeonú faoi alt 257G den Acht seo amhail is dá mba deimhnithe um chúnamh dlíthiúil in aisce iad arna ndeonú faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Dlíthiúil) 1962.”

CUID 14

AN COISTE COMHAIRLEACH UM CHÓDÚ AN DLÍ CHOIRIÚIL

167.—Tá comhlacht arna bhunú ar a dtabharfar an Coiste Comhairleach um Chódú an Dlí Choiriúil nó, sa Bhéarla, *the Criminal Law Codification Advisory Committee* agus dá ngairtear an “Coiste” sa Chuid seo, chun na feidhmeanna a thugtar dó leis an Acht seo a chomhlíonadh. An Coiste Comhairleach um Chódú an Dlí Choiriúil.

168.—(1) Is é an fheidhm a bheidh ag an gCoiste maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt cláir chun an dlí coiriúil a chódú. Feidhmeanna an Choiste.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, déanfaidh an Coiste na nithe seo a leanas—

(a) pleanáil, faireachán agus athbhreithniú ar chur i ngníomh cláir chun cód coiriúil (“an cód”) a fhorbairt,

(b) comhairle agus cúnamh a thabhairt don Aire maidir le réimsí den dlí choiriúil a chomhdhlúthú lena gcur san áireamh sa chód,

- (c) comhairle agus cúnamh a thabhairt don Aire i ndáil le leasú an chóid agus maidir lena choimeád sa todhchaí,
- (d) tionscadail taighde a bhaineann le códú an dlí choiriúil a ghabháil de láimh nó a choimisiúnú, nó comhoibriú iontu nó cabhrú leo,
- (e) comhairle a ghlacadh, maidir le haon ábhair áirithe is iomchuí leis an gCoiste, le daoine atá cáilithe chun tuairimí a thabhairt air,
- (f) faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar fhorbairtí idirnáisiúnta i dtaca le códú an dlí choiriúil sa mhéid go bhfuil siad iomchuí maidir le forbairt an chóid agus comhairle agus cúnamh a thabhairt don Aire ina leith sin,
- (g) comhairle agus cúnamh a thabhairt don Aire maidir le haon saincheisteanna gaolmhara eile, lena n-áirítear saincheisteanna a chuirfidh an tAire faoi bhráid an Choiste lena mbreithniú.

Comhaltas an Choiste.

169.—(1) Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste, is é sin le rá, gnáthchomhaltaí agus cibé líon gnáthchomhaltaí a cheapfaidh an tAire ó am go ham de réir riachtanais na hócáide.

(2) Déanfaidh an tAire comhaltaí an Choiste a cheapadh as measc daoine ag a bhfuil taithí ar nithe a bhfuil baint acu le feidhmeanna an Choiste agus ag a bhfuil saineolas lena n-áirítear saineolas ar Chearta Daonna i ndáil le nithe den sórt sin.

Coinníollacha oifige chomhaltaí an Choiste.

170.—(1) Féadfaidh an tAire aon tráth, ar chúiseanna sonrath, comhaltas duine ar an gCoiste a fhoirceannadh.

(2) Féadfaidh comhalta den Choiste éirí as a chomhaltas nó a comhaltas den Choiste trí fhógra i scríbhinn a thabharfar don Aire, agus beidh éifeacht leis an éirí as an lá a fhaigheann an tAire an fógra.

(3) Faoi réir fhorálacha na Coda seo, beidh comhalta den Choiste i seilbh oifige ar cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair agus liúntais i leith caiteachas) a chinnfidh an tAire ó am go ham, le toiliú an Aire Airgeadais.

Folúntais i measc chomhaltaí an Choiste.

171.—Más rud é go bhfaigheann comhalta den Choiste bás, nó go n-éiríonn sé nó sí as nó go scoireann sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina chomhalta den Choiste, féadfaidh an tAire duine a cheapadh chun bheith ina chomhalta nó ina chomhalta den Choiste chun an folúnhtas a tharlaíonn dá bharr sin a líonadh ar an modh céanna inar ceapadh an comhalta den Choiste ba chúis leis an bhfolúntas.

Cruinnithe agus nós imeachta.

172.—(1) Comórfaidh an Coiste cibé cruinnithe agus cibé líon cruinnithe is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh agus chun a chlár oibre a bhaint amach agus féadfaidh sé cibé socrúithe a dhéanamh is cuí leis maidir le seoladh a chuid cruinnithe agus gnó

(lena n-áirítear fochoistí a bhunú agus córam a shocrú le haghaidh cruinnithe.

(2) Gníomhóidh an Coiste d'ainneoin folúntas amháin nó níos mó a bheith ann i measc a chomhaltaí.

(3) Faoi réir fhorálacha na Coda seo, déanfaidh an Coiste a nós imeachta féin a rialáil le rialacha nó ar shlí eile.

(4) Ag cruinniú den Choiste—

(a) is é nó is í cathaoirleach an Choiste, má bhíonn sé nó sí i láthair, a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcuinniú, nó

(b) mura mbeidh, agus fad nach mbeidh, cathaoirleach an Choiste i láthair nó má bhíonn an oifig sin folamh, roghnóidh na comhaltaí den Choiste a bheidh i láthair duine dá líon chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcuinniú.

(5) Féadfaidh comhalta den Choiste, seachas an cathaoirleach, nach féidir leis nó léi freastal ar chruinniú den Choiste comhalta ionaid a ainmniú chun freastal ar an gcuinniú ina ionad nó ina hionad.

173.—(1) Déanfaidh an tAire, a luaithe is féidir tar éis thosach feidhme na Coda seo agus ina dhiaidh sin, uair amháin ar a laghad gach 2 bhliain, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste, clár oibre a chinneadh ar clár é a bheidh le gabháil de lámh ag an gCoiste thar an tréimhse shonraithe ina dhiaidh sin.

Clár Oibre an Choiste.

(2) D'ainneoin *fho-alt (1)*, féadfaidh an tAire, ó am go ham, an clár oibre a leasú, lena n-áirítear an tréimhse lena mbaineann an clár.

174.—Chun críocha caiteachas ag an gCoiste le linn a fheidhmeanna a chomhlíonadh, féadfaidh an tAire, gach bliain airgeadais, le toiliú an Aire Airgeadais, cibé suim nó suimeanna a chinnefidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais, a airleacan chun an Choiste as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

An Coiste a mhaoiniú

175.—(1) Déanfaidh an Coiste, tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dheireadh gach bliana féilire, tuarascáil i dtaobh chomhlíonadh a fheidhmeanna agus a ghníomhaíochtaí i rith na bliana roimhe sin a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire agus cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna de gach tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas laistigh de thréimhse 2 mhí ón dáta a fhaightear an tuarascáil.

Tuarascáil ón gCoiste.

(2) Beidh tuarascáil faoi *fho-alt (1)* i cibé foirm a cheadóidh an tAire beidh faisnéis inti i cibé foirm agus maidir le cibé nithe a ordóidh an tAire ó am go ham.

(3) Déanfaidh an Coiste cibé faisnéis a éileoidh an tAire ó am go ham maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna a sholáthar don Aire.

CUID 15

ILGHNÉITHEACH

Leanaí a chur i mbaol go meargánta.

176.—(1) San alt seo—

ciallaíonn “droch-úsáideoir” pearsa aonair a gcreideann duine, a bhfuil údarás nó smacht aige nó aici ar an bpearsa aonair sin, i leith na pearsan aonair sin go ndearna sé nó sí díobháil thromchúiseach do leanbh amháin nó níos mó nó gur thug sé nó sí droch-úsáid ghnéasach do leanbh amháin nó níos mó;

ciallaíonn “leanbh” duine atá faoi bhun 18 mbliana d’aois, ach amháin ina n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt;

ciallaíonn “díobháil thromchúiseach” gortú is bun le priacal substaintiúil báis nó is cúis le máchailiú buan nó le cailleadh nó lagú luaineacht an choirp ina iomláine nó fheidhm aon bhaill nó orgáin áirithe den chorp;

ciallaíonn “droch-úsáid ghnéasach” cion faoi mhíreanna 1 go 13 agus 16(a) agus (b) den Acht um Chiontóirí Gnéis 2001.

(2) Aon duine ag a bhfuil údarás nó smacht ar leanbh nó ar dhroch-úsáideoir agus a chuireann leanbh i mbaol go hintinneach nó go meargánta—

(a) trína chur faoi deara, nó trína ceadú, aon duine a chur nó a fhágáil i riocht lena gcruthaítear baol substaintiúil don leanbh go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith ina íospartach nó ina híospartach díobhála tromchúisí nó droch-úsáide gnéasaí, nó

(b) trí mhainneachtain bearta réasúnacha a dhéanamh chun leanbh a chosaint ar bhaol den sórt sin agus a fhios aige nó aici go bhfuil leanbh i riocht den sórt sin,

tá sé nó sí ciontach i gcion.

(3) I gcás ina gcúisítear duine i gcion faoi *fho-alt (2)*, ní dhéanfar aon imeachtaí breise a thionscnamh maidir leis an ní (seachas aon athchur i gcoimeád nó faoi bhannaí) ach amháin ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nó le toiliú an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

(4) Aon duine atá ciontach i gcion faoin alt seo, dlífeair ar é nó í a chiontú ar díotáil fíneáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Srian le halt 10(4) den *Petty Sessions (Ireland) Act 1851*.

177.—(1) Leasaítear an tAcht um Cheartas Coiriúil 1951 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 7:

“Srian le halt 10(4) den *Petty Sessions (Ireland) Act 1851*.
7.—Ní bheidh feidhm ag mír 4 (lena bhforordaítear teorainneacha ama chun gearáin a dhéanamh i gcásanna dlínse achoimre) d’alt 10 den *Petty Sessions (Ireland) Act 1851* maidir le gearán:

(a) i leith ciona sceidealta, nó

(b) cion atá intrialte—

- (i) de rogha an ionchúisitheora, go hachomair nó ar díotáil, nó
- (ii) go hachomair nó, faoi réir coinníollacha áirithe lena n-áirítear toiliú an ionchúisitheora, ar díotáil.”.

(2) Ní bheidh éifeacht leis an alt seo i ndáil le cion a rinneadh roimh thosach feidhme an ailt seo.

178.—Leasaítear an tAcht Cúirteanna Breithiúnais 1924 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 79:

Leasú ar an Acht
Cúirteanna
Breithiúnais 1924.

“Feidhmiú
dlínse ag
breithiúna den
Chúirt Dúiche
i gcásanna
coiriúla.

79A.—(1) Más rud é, maidir le coir a rinneadh sa Stát—

- (a) nach bhfuil cónaí ar an gcúisí sa Stát,
- (b) nach ndearnadh é nó í a ghabháil mar gheall ar an gcoir agus a chúiseamh inti sa Stát, agus
- (c) gurb amhlaidh—
 - (i) go ndearnadh an choir i níos mó ná aon dúiche chúirte dúiche amháin, nó
 - (ii) gurb eol go ndearnadh í i ndúiche amháin de chúig cinn ar a mhéad de dhúichí cúirte dúiche, ach nach eol an dúiche áirithe lena mbaineann,

ansin, chun críocha alt 79 den Acht seo, measfar go ndearnadh an choir i ngach ceann de na dúichí lena mbaineann agus féadfaidh breitheamh atá sannta d’aon cheann de na dúichí lena mbaineann déileáil leis an gcás.

(2) I gcás ina dtagann na himthosca a bhaineann le coir a rinneadh sa Stát faoi réim mhíreanna (a) agus (b), ach ní faoi réim mhír (c), d’fho-alt (1) den alt seo, agus nach eol an dúiche chúirte dúiche ina ndearnadh an choir, ansin, chun críocha alt 79 den Acht seo, measfar go ndearnadh an choir i nDúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath.

(3) Ní thiochfaidh cás faoi réim an ailt seo mura dtaispeánfar go ndearnadh iarrachtaí réasúnacha chun a fháil amach cén áit a bhfuil an cúisí chun é nó í a ghabháil mar gheall ar an gcoir lena mbaineann agus é nó í a chúiseamh inti.

(4) I gcás ina ndéanfaidh breitheamh atá sannta de thuras na huaire do dhúiche chúirte dúiche dlínse a fheidhmiú i gcás coiriúil de bhua an ailt

seo, beidh dlínse sa chás ag an mbreitheamh, nó ag aon bhreitheamh eile atá sannta don dúiche, go dtí go dtabharfar chun críche é sa Chúirt Dúiche, d’ainneoin go suitear dá éis sin nach mbeadh dlínse aige nó aici sa chás murach an fo-alt seo.

(5) Féadfaidh breitheamh atá sannta de thuras na huair do dhúiche chúirte dúiche agus a fheidhmíonn dlínse i gcás coiriúil de bhua an ailt seo déileáil leis an gcás in aon cheantar cúirte laistigh dá dhúiche nó dá dúiche.”

Leasú ar Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha) 1961.

179.—Leasaítear Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha) 1961—

(a) in alt 25(4), trí “agus d’alt 25A den Acht seo” a chur isteach i ndiaidh “d’fho-alt (3) den alt seo”, agus

(b) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 25:

“Feidhmiú dlínse ag Breithiúna den Chúirt Chuarda i gcionta indíotáilte.

25A.—(1) Más rud é, maidir le cion a rinneadh sa Stát—

(a) nach bhfuil cónaí ar an duine cúisithe sa Stát,

(b) nach ndearnadh é nó í a ghabháil mar gheall ar an gcion agus a chúiseamh ann sa Stát, agus

(c) gurb amhlaidh

(i) go ndearnadh an cion i níos mó ná aon chuaird amháin, nó

(ii) gurb eol go ndearnadh é i gcuard amháin de thrí cinn ar a mhéad de chuarda, ach nach eol an chuaird áirithe lena mbaineann,

ansin, chun críocha alt 25(3) den Acht seo, measfar go ndearnadh an cion i ngach ceann de na cuarda lena mbaineann agus féadfaidh breitheamh d’aon cheann de na cuarda lena mbaineann déileáil leis an gcás.

(2) I gcás ina dtagann na himthosca a bhaineann le cion a rinneadh sa Stát faoi réim mhíreanna (a) agus (b) d’fho-alt (1) den alt seo ach nach dtagann siad faoi réim mhír (c) de, agus nach eol an chuaird ina ndearnadh an cion, ansin, chun críocha alt 25(3) den Acht seo, measfar go ndearnadh an cion i gCuard Bhaile Átha Cliath.

(3) Ní thagann cás faoi réim an ailt seo mura rud é go dtaispeánfar go ndearnadh

iarrachtaí réasúnacha chun a fháil amach cén áit a bhfuil an duine cúisithe chun é nó í a ghabháil mar gheall ar an gcion lena mbaineann agus é nó í a chúiseamh ann.

(4) I gcás ina ndéanann breitheamh de chuaird dlínse a fheidhmiú i ndáil le cion indíotáilte de bhua an ailt seo, beidh ag an mbreitheamh, nó ag aon bhreitheamh eile atá sannta don chuaird, dlínse i ndáil leis an gcion go dtí go dtabharfar imeachtaí maidir leis an gcion chun críche sa Chúirt Chuarda d'ainneoin go suífear, dá éis sin, nach mbeadh dlínse aige nó aici i ndáil leis an gcion murach an fo-alt seo.

(5) San alt seo, ciallaíonn ‘cion’ cion indíotáilte a mbeidh dlínse dílsithe don Chúirt Chuarda ina leith le halt 25 den Acht seo.”.

180.—Leasaítear Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha) 1961 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 32:

Breitheamh den Chúirt Dúiche d'fheidhmiú cumhachtaí áirithe lasmuigh de dhúiche chúirte dúiche.

“Breitheamh den Chúirt Dúiche d'fheidhmiú cumhachtaí áirithe lasmuigh de dhúiche chúirte dúiche.

32A.—(1) Baineann an t-alt seo leis na cumhachtaí seo a leanas de chuid breithimh den Chúirt Dúiche:

- (a) an chumhacht chun barántas a eisiúint chun duine a ghabháil;
- (b) an chumhacht chun chun barántas a eisiúint chuig comhalta den Gharda Síochána nó, más cuí, chuig aon duine eile á údarú don chomhalta nó don duine eile dul isteach, agus cuardach a dhéanamh, in aon áit nó áitreabh (lena n-áirítear teaghais) agus, más cuí, cuardach a dhéanamh ar aon duine a fhaightear san áit nó san áitreabh sin chun gach ceann nó aon cheann de na críocha seo a leanas:
 - (i) fianaise a bhailiú ar dhéanamh aon chion choiriúil nó ar iarracht aon chion choiriúil a dhéanamh, nó fianaise a bhailiú i ndáil leis sin;
 - (ii) fianaise a bhailiú ar shárú aon fhorála de chuid achtacháin ar aon slí eile nó fianaise a bhailiú i ndáil leis sin;
 - (iii) a fháil amach an bhfuil aon fhoráil de chuid achtacháin á comhlíonadh nó ar comhlíonadh aon foráil den sórt sin;
 - (iv) fianaise a bhailiú ar shócmhainní nó ar fháltais a éiríonn as iompar

coiriúil (de réir bhrí alt 1(1) den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla 1996) nó ar shonraí ina dtaobh nó ar an áit ina bhfuil siad, nó fianaise a bhaile i ndáil leis sin;

(c) an chumhacht chun ordú a dhéanamh, ar iarratas ó chomhalta den Gharda Síochána nó, más cuí, ó aon duine eile, á ordú do dhuine eile aon doiciméad, ábhar nó rud áirithe, nó aon doiciméid, ábhar nó rudaí de thuairisc áirithe, a thabhairt ar aird nó a chur ar fáil lena iniúchadh nó lena n-iniúchadh, nó rochtain a thabhairt air nó orthu, chun imscrúdú a dhéanamh maidir leis na nithe seo a leanas—

(i) aon chion coiriúil,

(ii) an bhfuil aon fhoráil eile de chuid achtacháin á sárú ar shlí eile nó ar sáraíodh aon fhoráil den sórt sin, nó

(iii) an bhfuil duine tar éis tairbhiú ó shócmhainní nó ó fháltais a d'éirigh as iompar coiriúil (de réir bhrí alt 1(1) den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla 1996) nó an bhfuil sócmhainní nó fáltais den sórt sin á bhfáil ag duine nó faoi rialú duine.

(2) Féadfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche, i ndáil le dúiche iomchuí, aon cheann de na cumhachtaí lena mbaineann an t-alt seo a fheidhmiú fad atá sé nó sí in aon áit sa Stát lasmuigh den dúiche iomchuí, ar cumhachtaí iad a thugtar dó nó di de thuras na huaire le dlí ach ní dhéanfaidh sé nó sí amhlaidh ach amháin dá mba rud é, agus dá mba rud é amháin, go mbeadh sé nó sí i dteideal an chumhacht lena mbaineann a fheidhmiú ag suí den Chúirt Dúiche sa dúiche iomchuí sin.

(3) Gan dochar do ghinearáltacht mhír (b) d'fho-alt (1) den alt seo, féadfaidh barántas a bheith faoi réim na míre sin d'ainneoin go ndéantar gach ceann nó aon cheann de na nithe seo a leanas a údarú leis an mbarántas nó leis an gcumhacht ar fúithi a eisítear é:

(a) dul isteach, le forneart más gá, in aon áit nó áitreabh (lena n-áirítear teaghais);

(b) gníomhartha a dhéanamh de bhreis ar na gníomhartha a shonraítear i bhfo-alt (1)(b) den alt seo;

- (c) duine seachas an comhalta den Gharda Síochána nó, más cuí, aon duine eile, a n-eisítear a barántas chuige nó chuici, d'fhorghníomhú an bharántais;
- (d) aon daoine eile a bheith in éineacht leis an duine a fhorghníomhaíonn an barántas le linn é a fhorghníomhú.

(4) Gan dochar do ghinearáltacht mhír (c) d'fho-alt (1) den alt seo, féadfaidh ordú a bheith faoi réim na míre sin d'ainneoin go ndéantar gach ceann nó aon cheann de na nithe seo a leanas a údarú leis an ordú nó leis an gcumhacht ar fúithi a dhéantar é:

- (a) comhalta den Gharda Síochána nó aon duine eile do dhul isteach in áit chun iniúchadh a dhéanamh, nó rochtain a fháil, ar aon doiciméad, ábhar nó rud nó ar aon doiciméid, ábhar nó rudaí de thuairisc áirithe;
- (b) duine seachas an comhalta den Gharda Síochána nó, más cuí, aon duine eile, a dhéanann iarratas ar an ordú, d'fhorghníomhú an ordaithe;
- (c) comhalta den Gharda Síochána nó aon duine eile do dhéanamh aon doiciméad, ábhar nó rud, nó aon doiciméid ábhar nó rudaí de thuairisc áirithe, a choimeád, nó a chóipeáil, chun críocha imeachtaí (imeachtaí coiriúla nó imeachtaí sibhialta), ar nithe iad sin a thugtar ar aird, a chuirtear ar fáil lena n-iniúchadh nó a dtugtar rochtain orthu.

(5) San alt seo—

ciallaíonn 'achtachán' reacht nó ionstraim arna déanamh faoi chumhacht a thugtar le reacht;

ciallaíonn 'dúiche' dúiche chúirte dúiche;

ciallaíonn 'dúiche iomchuí', i ndáil le breitheamh den Chúirt Dúiche, dúiche—

- (a) ar chuici atá sé nó sí sannta go buan faoi mhír 2 den Séú Sceideal a ghabhann leis an Acht seo,
- (b) ar chuici atá sé nó sí sannta go sealadach faoi fhomhír (1) nó (2) de mhír 3 den Sceideal sin, nó
- (c) ar maidir léi atá sé nó sí ag gníomhú, sna himthosca a thuairiscítear a shonraítear i bhfomhír (1), (2) nó (3) de mhír 4 den Sceideal sin, thar ceann

breithimh eile den Chúirt Dúiche atá sannta go buan chuig an dúiche.”.

Ainmneacha
finnéithe áirithe a
choimeád ceilte.

181.—(1) Más rud é in aon imeachtaí coiriúla—

(a) go mbeartaítear gaoch ar dhuine chun fianaise a thabhairt, agus

(b) go bhfuil riocht sláinte ar an duine,

féadfar iarratas a dhéanamh ar ordú faoin alt seo lena dtairmíscfear foilsíú aon ní maidir na himeachtaí ar ní é trína ndéanfaí an duine mar dhuine ar a bhfuil an riocht sin.

(2) Maidir le hiarratas ar ordú den sórt sin, féadfar é a dhéanamh aon tráth le linn na n-imeachtaí agus déanfar é—

(a) i gcás ina mbeidh an duine cúisithe curtha ar aghaidh chun trialach, chuig breitheamh na trialach,

(b) i gcás inar imeachtaí ar achomharc na himeachtaí, chuig an mbreitheamh, nó chuig breitheamh, den chúirt achomhairc,

(c) in aon chás eile, chuig breitheamh den Chúirt Dúiche.

(3) Ní fhéadfar ordú faoin alt seo a dhéanamh ach amháin i gcás inar deimhin leis an mbreitheamh lena mbaineann—

(a) go bhfuil riocht sláinte ar an duine lena mbaineann,

(b) gur dhóigh go gcuirfí anó míchuí air nó uirthi dá ndéanfaí é nó í a shainaithint mar dhuine ar a bhfuil an riocht sin, agus

(c) nach ndéanfadh an t-ordú dochar do leasanna an cheartais.

(4) Maidir le hachomharc i gcoinne iarratas ar ordú faoin alt seo a dhiúltú nó a dheonú, déanfar é—

(a) i ndáil le himeachtaí os comhair na Cúirte Dúiche, chuig breitheamh den Chúirt Chuarda,

(b) i ndáil le himeachtaí os comhair na Cúirte Cuarda Coiriúla nó na Cúirte Coiriúla Speisialta, chuig breitheamh den Ard-Chúirt, agus

(c) i ndáil le himeachtaí os comhair na Príomh-Chúirte Coiriúla nó na Cúirte Achomhairc Choiriúil, chuig breitheamh den Chúirt Uachtarach,

ar thionscnamh an ionchúisimh nó na cosanta.

(5) Más rud é—

(a) go gcuirtear duine cúisithe ar aghaidh chun trialach, agus

(b) go mbeidh ordú déanta ag breitheamh den Chúirt Dúiche faoin alt seo,

féadfaidh breitheamh na trialach, ar iarratas arna dhéanamh chuige sin, an t-ordú a athrú nó a chúlghairm.

(6) Más rud é—

- (a) go bhfuil achomharc á thionscnamh i gcoinne breithe cúirte in imeachtaí coiriúla, agus
- (b) go bhfuil ordú faoin alt seo déanta ag breitheamh na trialach,

féadfaidh an breitheamh, nó breitheamh, den chúirt achomhairc, ar iarratas a bheith déanta chuige sin, an t-ordú a athrú nó a chúlghairm.

(7) Maidir le hiarratas faoin alt seo, nó le hachomharc faoi *fho-alt (4)*, féadfaidh an t-ionchúiseamh nó an chosaint é a dhéanamh iar bhfógra don pháirtí eile sna himeachtaí agus déanfar é chuig an mbreitheamh lena mbaineann i ndlísheomra.

(8) Gach duine díobh seo a leanas a dhéanfaidh aon ní a fhoilsiú nó a chraoladh de shárú ar ordú faoin alt seo, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear ar é nó í a chiontú ar díotáil fíneáil nach mó ná €25,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 3 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi:

- (a) má dhéantar an ní a fhoilsiú i nuachtán nó i dtréimhseachán, aon dílseánach, eagarthóir nó foilsitheoir de chuid an nuachtáin nó an tréimhseacháin;
- (b) má dhéantar an ní a fhoilsiú ar shlí eile, an duine a fhoilsíonn é; nó
- (c) má dhéantar an ní a chraoladh, aon duine a tharchuireann nó a sholáthraíonn an clár ina ndéantar an craoladh agus aon duine a bhfuil feidhmeanna aige nó aici i ndáil leis an gclár ar feidhmeanna iad a fhreagraíonn d'fheidhmeanna eagarthóra nuachtáin.

(9) I gcás ina gcúiseofar duine i gcion faoi *fho-alt (8)*, is cosaint é a chruthú nárbh eol don duine, agus nach raibh drochamhras air nó uirthi, nó aon chúis aige nó aici le drochamhras a bheith air nó uirthi, tráth an chionna líomhnaithe, gur foilsíú nó craoladh aon ní den sórt a luaitear i *bhfo-alt (1)* a bhí san fhoilsiú nó sa chraoladh lena mbaineann.

(10) (a) I gcás cion faoi *fho-alt (8)* a bheith déanta ag comhlacht corpraithe, agus go gcruthófar go ndearnadh amhlaidh é le toiliú nó le cúltheadú, nó gurbh inchurtha é i leith aon fhaillí ar thaobh, aon duine ar stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe a bhí ann nó inti nuair a rinneadh an cion, nó duine a d'airbheartaigh a bheith ag gníomhú in aon cháil den sórt sin, beidh an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus dlífear imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

(b) I gcás inarb iad comhaltaí comhlachta chorpraithe a bhainistíonn gnóthaí an chomhlachta sin, beidh feidhm

ag *mír (a)* i ndáil le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca leis na feidhmeanna bainistíochta amhail is dá mba stiúirthóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta chorpraithe é nó í.

(11) San alt seo—

ciallaíonn “craoladh” tarchur, leaschraoladh nó leathadh a dhéanamh, trí raidió-theileagrafaíocht, ar chumarsáidí, fuaimneanna, amharciómhánna nó comharthaí, atá beartaithe lena nglacadh ag an bpobal i goitinne nó ag cuid de, cibé acu a ghlactar nó nach nglactar an craoladh amhlaidh, agus déanfar focail ghaolmhara a fhorléiriú dá réir sin;

ciallaíonn “foilsíú” foilsíú, seachas trí chraoladh, don phobal i goitinne nó do chuid de;

ciallaíonn “breitheamh na trialach” agus “breitheamh”, i ndáil le himeachtaí os comhair Cúirte Coiriúla Speisialta, comhalta den Chúirt sin, agus, más cuí, folaíonn na tagairtí i *bhfo-ailt (2)(a)* agus *(5)(a)* do dhuine cúisithe a chur ar aghaidh chun trialach tagairtí do dhuine den sórt sin a chúiseamh os comhair na Cúirte sin.

Faisnéis a bhaineann le maoin arna sealbhú ar iontaobhas.

182.—(1) Chun críocha imscrúdaithe i dtaobh an ndearna duine cion inghabhála féadfaidh comhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná ceannfort iarratas a dhéanamh chuig breitheamh den Ard-Chúirt ar ordú go nochtfar faisnéis maidir le haon iontaobhas a bhféadfadh leas a bheith ag an duine ann nó a bhféadfadh baint a bheith aige nó aici leis ar shlí eile.

(2) Ar iarratas den sórt sin a dhéanamh, féadfaidh an breitheamh, más deimhin leis nó léi—

- (a) go bhfuil forais réasúnacha drochamhrais ann maidir le duine—
 - (i) go ndearna sé nó sí cion inghabhála, agus
 - (ii) go bhfuil leas éigin aige nó aici san iontaobhas nó baint éigin eile aige nó aici leis,
- (b) gur gá faisnéis maidir leis an iontaobhas chun críocha imscrúdaithe den sórt sin, agus
- (c) go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint gurb é leas an phobail é an fhaisnéis a nochtadh chun críocha an imscrúdaithe, ag féachaint don tairbhe is dóigh a d’fhabhródh chuig an imscrúdú agus d’aon imthosca iomchuí eile,

a ordú d’iontaobhaithe an iontaobhais agus d’aon daoine eile (lena n-áirítear an duine atá faoi dhrochamhras) cibé faisnéis a nochtadh don iarratasóir nó do chomhalta eile den Gharda Síochána a bheidh ainmnithe ag an iarratasóir de réir mar a éileoidh sé nó sí chun na gcríoch sin i ndáil leis an iontaobhas, lena n-áirítear céannacht an tsocraitheora agus aon duine nó gach duine de na hiontaobhaithe agus de na tairbhíthe.

(3) Maidir le hordú faoin alt seo—

(a) ní thabharfar aon cheart leis chun aon fhaisnéis a bheidh faoi réir pribhléide dlíthiúla a thabhairt ar aird, nó chun rochtain a fháil uirthi, agus

(b) beidh éifeacht leis d'ainneoin aon oibleagáide eile maidir le rúndacht nó sriain eile ar nochtadh faisnéise

a fhorchuirtear le reacht nó ar shlí eile.

(4) Féadfaidh breitheamh den Ard-Chúirt ordú faoin alt seo a athrú nó a urscaoileadh ar iarratas ó aon duine lena mbaineann sé nó ó chomhalta den Gharda Síochána.

(5) Aon iontaobhaí nó duine eile—

(a) a mhainneoidh nó a dhiúltóidh ordú faoin alt seo a chomhlíonadh, nó

(b) a nochtfaidh faisnéis atá bréagach nó míthreorach,

gan leithscéal réasúnach, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífeair—

(i) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €3,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(ii) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(6) Ní bheidh aon fhaisnéis a nochtfaidh duine de réir an ailt seo inghlactha i bhfianaise in aon imeachtaí coiriúla i gcoinne an duine nó i gcoinne a chéile nó a céile, ach amháin in aon imeachtaí i leith ciona faoi *fho-alt (5)(b)*.

(7) San alt seo folaíonn “faisnéis”—

(a) doiciméad nó taifead, agus

(b) faisnéis i bhfoirm neamh-inléite.

183—(1) Is cion é do dhuine, gan údarás dleathach ná leithscéal réasúnach, aon airteagal a bheith á shealbhú aige nó aici nó a bheith faoina urláimh nó faoina hurláimh le hintinn é a úsáid le linn na nithe seo a leanas a dhéanamh nó i dtaca lena ndéanamh—

Airteagal atá beartaithe lena úsáid i dtaca le cionta áirithe a shealbhú.

(a) cion faoi alt 15 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997, nó

(b) cion fuadaithe faoin dlí coiteann lena mbaineann an tAcht um an Dlí Coiriúil (Dlínse) 1996 agus lena mbaineann mír 4 den Sceideal a ghabhann leis an Acht sin.

(2) In ionchúiseamh mar gheall ar chion faoi *fho-alt (1)*, féadfaidh an chúirt (nó an giúiré de réir mar a bheidh)—

(a) ag féachaint do na himthosca go léir (lena n-áirítear an cineál airteagail a líomhnaítear a bheith beartaithe lena

úsáid le linn cion faoin alt seo a dhéanamh nó i dtaca le cion faoin alt seo a dhéanamh), agus

(b) i gcás inar dóigh léi gur réasúnach déanamh amhlaidh,

a mheas gur leor sealbhú an airteagail mar fhianaise ar intinn chun críocha *fho-alt (1)*.

(3) I gcás ina gcúisítear duine i gcion dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, ní fhéadfar aon imeachtaí breise a thionscnamh maidir leis an ní (seachas aon athchur i gcoimeád nó faoi bhannaí) ach amháin ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nó le toiliú an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

(4) Aon duine atá ciontach i gcion faoin alt seo, dlífeair ar é nó í a chiontú ar díotáil fíneáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(5) San alt seo—

folaíonn “airteagal” substaint, doiciméad nó aon rud;

folaíonn “doiciméad”—

(a) léarscáil, plean, graf, líníocht, grianghraf nó taifead; nó

(b) atáirgeadh i bhfoirm bhuan inléite ó ríomhaire nó trí mhodh eile (lena n-áirítear méadú), ar atáirgeadh é ar fhaisnéis i bhfoirm neamh-inléite.

Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 1994.

184.—Leasaítear an tAcht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 1994 trí na hailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 23:

“Cionta muirir sheasta.

23A.—(1) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána a mbeidh forais réasúnacha aige nó aici chun a chreidiúint go bhfuil cion faoi alt 5 (dá ngairtear ‘cion muirir sheasta’ san alt seo) á dhéanamh, nó déanta, ag duine an fógra dá dtagraítear i bhfo-alt (5) a sheirbheáil ar an duine go pearsanta nó leis an bpost nó a chur faoi deara é a sheirbheáil amhlaidh.

(2) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána, chun críocha *fho-alt (1)*—

(a) a iarraidh ar an duine lena mbaineann a ainm agus a sheoladh nó a hainm agus a seoladh a thabhairt agus an fhaisnéis a thabharfar a fhíorú, agus

(b) mura mbeidh sé nó sí sásta leis an ainm agus an seoladh nó le haon fhíorú a thabharfar, a iarraidh ar an duine an comhalta a thionlacan go dtí stáisiún Garda Síochána chun ainm agus seoladh an duine a dhaingniú.

(3) Aon duine—

- (a) nach dtabharfaidh a ainm agus a sheoladh nó a hainm agus a seoladh nuair a iarrfar air nó uirthi déanamh amhlaidh faoi fho-alt (2)(a) nó a thabharfaidh ainm nó seoladh atá bréagach nó míthreorach, nó
- (b) nach ndéanfaidh de réir iarrata ó chomhalta den Gharda Síochána faoi fho-alt (2)(b),

beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná €1,500 a chur air nó uirthi.

(4) Aon chomhalta den Gharda Síochána a bheidh den tuairim go bhfuil cion faoi fho-alt (3) á dhéanamh nó déanta ag duine, féadfaidh sé nó sí an duine a ghabháil gan bharántas.

(5) Beidh an fógra dá dtagraítear i bhfo-alt (1) san fhoirm fhorordaithe agus luafar ann—

- (a) go líomhnaítear go ndearna an duine ar a seirbheálfar é an cion muirir sheasta lena mbaineann,
- (b) cathain agus cén áit a líomhnaítear go ndearnadh é,
- (c) nach dtionscnófar ionchúiseamh mar gheall air más rud é—
 - (i) le linn na tréimhse 28 lá dar tosach dáta an fhógra, go n-íocfaidh an duine an méid forordaithe le comhalta den Gharda Síochána ag stáisiún sonraithe de chuid an Gharda Síochána nó le duine sonraithe eile ag áit shonraithe, nó
 - (ii) laistigh de 28 lá dar tosach dáta éagtha na tréimhse sin, go ndéanfaidh an duine méid atá 50 faoin gcéad níos mó ná an méid forordaithe a íoc amhlaidh, agus
- (d) mura n-íoctar an méid sin, go ndéanfar an duine a ionchúiseamh i leith an chiona líomhnaithe.

(6) Maidir le híocaíocht dá dtagraítear i bhfo-alt (5), beidh an fógra dá dtagraítear san fho-alt sin ag gabháil léi.

(7) I gcás ina seirbheálfar fógra faoi fho-alt (1)—

- (a) féadfaidh duine lena mbaineann an fógra íocaíocht a dhéanamh de réir fho-alt (5)(c) agus (6),

- (b) déanfaidh comhalta den Gharda Síochána nó duine sonraithe eile an íocaíocht a ghlacadh, admháil uirthi a eisiúint agus í a choinneáil chun í a íoc nó a dhiúscairt de réir fho-alt (8)(b),
- (c) ní bheidh íocaíocht a gheofar amhlaidh inghnóthaithe ag an duine a rinne í, agus
- (d) ní dhéanfar ionchúiseamh i leith an chiona mhuirir sheasta líomhnaithe lena mbaineann an fógra a thionscnamh le linn na dtréimhsí a shonraítear i bhfo-alt (5)(c) nó, i gcás ina ndéanfar íocaíocht de réir an fho-ailt sin agus fho-alt (6), in aon chor.
- (8) (a) In imeachtaí in aghaidh duine i leith ciona muirir sheasta, toimhdeofar, go dtí go suítear a mhalairt, nach ndearna an duine íocaíocht de réir fho-ailt (5) (c) agus (6).
- (b) Maidir le híocaíochtaí a dhéanfar amhlaidh, déanfar iad a íoc isteach sa Státchiste nó a dhiúscairt chun tairbhe don Státchiste i cibé slí a ordóidh an tAire Airgeadais.
- (9) (a) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar aon ní dá dtagraítear san alt seo mar ní forordaithe.
- (b) Féadfar méideanna éagsúla a fhorordú i leith ciona muirir sheasta faoin alt seo agus i leith ciona faoi alt 4 a meastar le halt 23B(4) a bheith ina chion muirir sheasta.
- (c) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha is dealraithech don Aire a bheith riachtanach chun críocha na rialachán a bheith i rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo.

(10) San alt seo—

ciallaíonn ‘Aire’ an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí;

ciallaíonn ‘duine’ duine nach bhfuil faoi bhun 18 mbliana d’aois.

Feidhm alt
23A i ndáil le
cion faoi alt 4.

23B.—(1) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le duine nach bhfuil faoi bhun 18 mbliana d’aois ar duine é ní í a mbeidh drochamhras, le cúis réasúnach, ag comhalta den Gharda Síochána go

bhfuil cion faoi alt 4 á dhéanamh, nó déanta, aige nó aici.

(2) Más rud é—

- (a) go ndéanfar duine lena mbaineann an t-alt seo a ghabháil agus a thabhairt go dtí stáisiún Garda Síochána, agus
- (b) gur duine é nó í a n-údaráítear don chomhalta den Gharda Síochána atá i gceannas an stáisiúin le halt 31 den Acht um Nós Imeachta Coiriúil 1967 é nó í a scaoileadh faoi bhannaí,

féadfaidh an comhalta, in ionad an duine a scaoileadh faoi bhannaí, é nó í a scaoileadh gan choinníoll tar éis fógra san fhoirm fhorordaithe a sheirbheáil go pearsanta ar an duine ina luafar na nithe a shonraítear in alt 23A(5) nó a chur faoi deara é a sheirbheáil amhlaidh.

(3) I gcás nach ndéanfar duine lena mbaineann an t-alt seo a ghabháil, féadfaidh an comhalta den Gharda Síochána dá dtagraítear i bhfo-alt (1) fógra san fhoirm fhorordaithe a sheirbheáil go pearsanta nó leis an bpost ar an duine ina luafar na nithe a shonraítear in alt 23A(5) nó a chur faoi deara é a sheirbheáil amhlaidh.

(4) Ar fhógra faoi fho-alt (2) nó (3) a sheirbheáil, measfar air sin an cion faoi alt 4 a bheith ina chion muirir sheasta, agus beidh feidhm ag fo-alt (5) go (10) d'alt 23A, agus beidh éifeacht leo, dá réir sin i ndáil leis.”.

185.—Leasaítear alt 19 den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 1994—

Leasú ar alt 19 den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 1994.

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Aon duine a ionsaíonn nó a bhagraíonn go n-ionsóidh sé nó sí—

- (a) duine a sholáthraíonn seirbhísí liachta ag ospidéal nó in ospidéal, nó
- (b) duine atá ag cabhrú le duine den sórt sin, nó
- (c) oifigeach síochána ag gníomhú dó i gcomhlíonadh dualgais oifigigh síochána, agus a fhios ag an duine gur oifigeach síochána é nó í, nó le meargántacht i dtaobh cibé acu atá nó nach bhfuil sé nó sí ina oifigeach síochána nó ina hoifigeach síochána, ag gníomhú dó nó di amhlaidh, nó
- (d) aon duine eile atá ag gníomhú i gcabhair ar oifigeach síochána, nó

- (e) aon duine eile le hintinn a ghabháil dhleathach nó a gabháil dhleathach nó a choinneáil dhleathach nó a coinneáil dhleathach, nó gabháil dhleathach nó coinneáil dhleathach aon duine eile, mar gheall ar aon chion, a chomhrac nó a chosc,

beidh sé nó sí ciontach i gcion.”.

- (b) i bhfo-alt (2), trí €5,00” a chur in ionad “£1,000” agus trí “7 mbliana” a chur in ionad “5 bliana”,
- (c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Aon duine a chomhracfaidh nó a bhacfaidh go toiliúil—

- (a) duine a sholáthraíonn seirbhísí liachta ag ospidéal nó in ospidéal, agus a fhios ag an duine gur duine é nó í a sholáthraíonn seirbhísí liachta nó le meargántacht i dtaobh cibé acu an duine é nó í a sholáthraíonn seirbhísí liachta nó nach ea, nó

- (b) duine atá ag cabhrú le duine den sórt sin, nó

- (c) oifigeach síochána ag gníomhú dó i gcomhlíonadh dualgais oifigigh síochána, agus a fhios ag an duine gur oifigeach síochána é nó í, nó le meargántacht i dtaobh cibé acu atá nó nach bhfuil sé nó sí ina oifigeach síochána nó ina hoifigeach síochána, ag gníomhú dó nó di amhlaidh, nó

- (d) duine atá ag cabhrú le hoifigeach síochána i gcomhlíonadh a dhualgais nó a dualgais.

beidh sé nó sí ciontach i gcion.”.

- (d) i bhfo-alt (4), trí “€2,500” a chur in ionad “£500”, agus

- (e) i bhfo-alt (6)—

- (i) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“folaíonn “ospidéal” na tailte, na foirgnimh agus na háitribh a ghabhann le hospidéal agus a úsáidtear go hiomlán nó go formhór chun críocha an ospidéil;

ciallaíonn “seirbhísí liachta seirbhísí arna soláthar—

agus

- (ii) sa mhíniú ar “oifigeach síochána”, trí “, comhalta den bhriogáid dóiteáin, pearsanra otharchairr” a chur isteach i ndiaidh “oifigeach príosúin”.

186.—Leasaítear an míniú ar “céastóireacht” in alt 1(1) den Acht um Cheartas Coiriúil (Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Céastóireachta 2000 trí “arna dhéanamh, nó ar chomhairle, nó le toiliú nó le haontú, oifigigh phoiblí, ar gníomh nó neamhghníomh é” a chur isteach i ndiaidh “neamhghníomh”.

Leasú ar alt 1 den Acht um Cheartas Coiriúil (Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Céastóireachta) 2000.

187.—Leasaítear an tAcht um Chiontaí in Aghaidh an Stáit 1939—

Leasú ar an Acht um Chiontaí in Aghaidh an Stáit 1939.

(a) in alt 30, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4C):

“(4D) Más rud é—

(a) go ndéantar iarratas faoi fho-alt (4) den alt seo ar bharántas á údarú duine atá á choinneáil de bhun ordacháin faoi fho-alt (3) den alt seo a choinneáil go ceann tréimhse breise, agus

(b) nach mbeidh deireadh leis an tréimhse coinneála faoi fho-alt (3) den alt seo an tráth a chuirtear tús le héisteacht an iarratais, ach go dtiocfadh deireadh léi, murach an fo-alt seo, le linn na héisteachta sin,

measfar nach bhfuil deireadh léi go dtí go gcinntear an t-iarratas.”,

agus

(b) in alt 30A—

(i) i bhfo-alt (2) (b), trí “fo-ailt (4), (4A), (4B) agus 4(D)” a chur in ionad “fo-ailt (4), (4A) agus (4B)”, agus

(ii) i bhfo-alt (3), trí “chun é nó í a chúiseamh sa chion sin láithreach nó chun é nó í a thabhairt os comhair Cúirte Coiriúla Speisialta a luaithe is indéanta chun go bhféadfar é nó í a chúiseamh sa chion sin os comhair na Cúirte sin” a chur in ionad “chun é a chúiseamh sa chion sin láithreach”.

188.—(1) Leasaítear alt 5 den Acht um Fhianaise Choiriúil 1992 i bhfo-alt (4)(b) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (ii):

Leasú ar alt 5 den Acht um Fhianaise Choiriúil 1992.

“(ii) taifead ar Shaotharlann Dlí-Eolaíochta na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí d’fháil, do lámhseáil, do tharchur nó do stóráil aon ní i dtaca le comhlíonadh a feidhmeanna maidir le rudaí nó samplaí de rudaí a scrúdú agus a anailísiú chun críocha imscrúduithe coiriúla nó imeachtaí coiriúla nó iad araon.”.

(2) Measfar gur tháinig an t-alt seo i ngníomh an 1 Eanáir 2003.

Leasú ar alt 16B(7) den Acht um Fháltais ó Choireacht 1996.

189.—Leasaítear alt 16B(7) den Acht um Fháltais ó Choireacht 1996 trí “den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla 1996” a chur isteach i ndiaidh “ailt 14 go 14C”.

Leasú ar alt 14 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla 1996.

190.—(1) Leasaítear alt 14 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla 1996 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Más deimhin le breitheamh den Chúirt Dúiche trí fhaisnéis faoi mhionn ó oifigeach biúró is comhalta den Gharda Síochána go bhfuil forais réasúnacha drochamhrais ann go bhfuil fianaise ar shócmhainní nó ar fháltais a thig ó iompar coiriúil, nó faisnéis ar shonraí faoi na nithe sin nó i dtaobh cá bhfuil siad, nó fianaise a bhaineann leis an gcéanna, le fáil in aon áit, féadfaidh an breitheamh barántas a eisiúint chun an áit sin agus aon duine a gheofar san áit sin a chuardach.”.

(2) Ní dhéanfaidh an t-alt seo difear do bhailíocht barántais arna eisiúint faoi alt 14 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla 1996 roimh thosach feidhme an ailt seo agus leanfaidh barántas den sórt sin i bhfeidhm de réir a théarmaí tar éis an tosach feidhme sin.

Leasú ar alt 5 den Acht um Éilliú a Chosc (Leasú) 2001.

191.—(1) Leasaítear alt 5 den Acht um Éilliú a Chosc (Leasú) 2001 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Más deimhin le breitheamh den Chúirt Dúiche, trí fhaisnéis faoi mhionn ó chomhalta den Gharda Síochána, nó más deimhin le comhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná ceannfort, go bhfuil forais réasúnacha drochamhrais ann go bhfuil fianaise ar dhéanamh ciona nó ciona amhrasta faoi na hAchtanna um Éilliú a Chosc 1889 go 2001, nó fianaise a bhaineann leis an gcéanna, ar cion é is inphionóis le príosúnacht ar feadh téarma 5 bliana nó le pionós atá níos déine ná sin (‘cion’), le fáil in aon áit, féadfaidh sé nó sí barántas a eisiúint chun an áit sin agus aon daoine a gheofar san áit sin a chuardach.”.

(2) Ní dhéanfaidh an t-alt seo difear do bhailíocht barántais arna eisiúint faoi alt 5 den Acht um Éilliú a Chosc (Leasú) 2001 roimh thosach feidhme an ailt seo agus leanfaidh barántas den sórt sin i bhfeidhm de réir a théarmaí tar éis an tosach feidhme sin.

Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001.

192.—(1) Leasaítear an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001—

(a) in alt 48, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Más deimhin le breitheamh den Chúirt Dúiche, trí fhaisnéis faoi mhionn ó chomhalta den Gharda Síochána, go bhfuil forais réasúnacha drochamhrais ann go bhfuil fianaise ar chion, nó i ndáil le déanamh ciona, a bhfuil feidhm ag an alt seo maidir leis le fáil in aon áit, féadfaidh an breitheamh barántas a eisiúint chun an áit sin agus aon daoine a gheofar san áit sin a chuardach.”.

agus

(b) in alt 52, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Más deimhin le breitheamh den Chúirt Dúiche, trí fhaisnéis faoi mhionn ó chomhalta den Gharda Síochána—

(a) go bhfuil an Garda Síochána ag imscrúdú ciona a bhfuil feidhm ag an alt seo maidir leis,

(b) go bhfuil duine i seilbh ábhair áirithe nó ábhair de thuairisc áirithe, nó go bhfuil rialú ag duine ar an gcéanna, agus

(c) go bhfuil forais réasúnacha drochamhrais ann go bhfuil an t-ábhar ina fhianaise ar dhéanamh ciona nó i ndáil leis an gcéanna, féadfaidh an breitheamh a ordú don duine—

(i) an t-ábhar a thabhairt ar aird do chomhalta den Gharda Síochána chun go dtabharfaidh an comhalta chun siúil é, nó

(ii) rochtain air a thabhairt don chomhalta sin,

láithreach nó laistigh de cibé tréimhse a bheidh sonraithe san ordú.”

(2) Ní dhéanann an t-alt seo difear do bhailíocht barántais arna eisiúint faoi alt 48, nó ordaithe arna dhéanamh faoi alt 52, den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001 roimh thosach feidhme an ailt seo agus leanfaidh barántas nó ordú den sórt sin i bhfeidhm de réir a théarmaí tar éis an tosach feidhme sin.

193.—Leasaítear alt 25 den *Petty Sessions (Ireland) Act 1851* tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír 1:

Leasú ar alt 25 den *Petty Sessions (Ireland) Act 1851.*

“1. All warrants (except as otherwise provided by law) in proceedings in respect of offences punishable either on indictment or summarily issued by the District Court shall be addressed to the superintendent or an inspector of the Garda Síochána of the Garda Síochána district within which the courthouse in which the warrant is issued is situated or the person named in the warrant resides.”

194.—D’ainneoin alt 26 den *Petty Sessions (Ireland) Act 1851*, féadfaidh comhalta den Gharda Síochána barántas chun duine a ghabháil, nó ordú cimithe duine, a fhorghníomhú in aon chuid den Stát.

Barántais áirithe a fhorghníomhú.

195.—(1) Más rud é, tar éis duine a chiontú ar díotáil go bhforchuirtear fineáil, féadfaidh cúirt a ordú go ndéanfar, i gcás ina mainneofar an fhíneáil a íoc go cuí, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí a chur ar an duine a ndlitear air nó uirthi an fhíneáil a íoc.

Príosúnacht nó tochsal agus díol earraí i gcás ina mainneofar fineáil a íoc tar éis ciontú ar díotáil.

(2) Más rud é, tar éis comhlacht corpraithe a chiontú ar díotáil, go ngearrfar fineáil air, féadfar an fhíneáil a thobhach, i gcás ina

mainneofar í a íoc go cuí, trí earraí an chomhlachta chorpraithe a thochsal agus a dhíol.

(3) San alt seo foláionn “fíneáil” aon chúiteamh, costais nó caiteachais de bhreis ar fhíneáil a ordaítear a íoc.

Leasú ar alt 6(2)(a) den Acht um an Dlí Coiriúil 1976.

196.—Leasaítear alt 6(2)(a) den Acht um an Dlí Coiriúil 1976 trí “€3,000” a chur in ionad “£500”.

Leasú ar alt 13 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006.

197.—(1) Leasaítear alt 13 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006 trí fho-alt (1) a scriosadh.

(2) Dá réir sin tá éifeacht leis na leasuithe iarmhartacha seo a leanas ar an alt sin:

- (a) déantar fo-ailt (2) go (10) a athuimhriú mar fho-ailt (1) go (9);
- (b) san fho-alt athuimhrithe (4), cuirtear “fho-alt (3)” in ionad “fho-alt (4)” san áit a bhfuil na focail sin;
- (c) san fho-alt athuimhrithe (6), cuirtear “faoi fho-alt (5)” in ionad “faoi fho-alt (6)” agus trí “i bhfo-alt (5)” a chur in ionad “i bhfo-alt (6), san áit a bhfuil na focail sin;
- (d) san fho-alt athuimhrithe (9), cuirtear “fo-alt (7) nó (8)” in ionad “fo-alt (8) nó (9)”.

SCEIDEAL 1

Alt 64.

MÉADÚ AR PHIONÓIS ÁIRITHE FAOI ACHTANNA NA nARM TINE 1925
GO 2000

An t-alt den Acht	An t-ábhar	An focal (Na focail) a scriosadh	Na focail a chuirtear isteach
(1)	(2)	(3)	(4)
<i>Leasú ar Acht na nArm Teine 1925</i>			
12(4)	Cimeádfídh deighleálaí arm teine clár	caoga punt	€3,000
12(5)		cúig píunt fhichead	€1,500
13(2)	Iníúcha ar stoc deighleálaí arm teine	deich bpúint	€1,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon,
21(4)	airm teine, etc., áirithe do lorg agus do thógaint	ar a chiontú ann ar an slí achmair féadfar, má sé an chéad chionta aige é, fíneáil ná raghaidh thar deich bpúint do chur air agus i gcás an dara cionta no aon chionta ina dhiaidh sin, fíneáil ná raghaidh thar fiche punt	dlífeair, ar é a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €1,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air.
22(2)	Comhachta ballra an Ghárda Síochána	deich bpúint	€1,000
<i>Leasú ar Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach 1990</i>			
7(6)(a)	Tostóirí a shealbhú, a dhíol, etc.	£1,000	€5,000
7(6)(b)		cúig bliana	7 mbliana
8(a)	Arm tine a scaoileadh go meargánta	£1,000	€5,000
8(b)		cúig bliana	7 mbliana
9(7)(a)	Sceana, etc., a shealbhú	£1,000	€5,000
9(7)(b)		£1,000	€5,000
10(3)(a)	Foghail a dhéanamh le scian, etc.	£1,000	€5,000
11(a)	Taispeáint airteagail a d'fhéadfadh mórdhíobháil a dhéanamh	£1,000	€5,000

An t-alt den Acht	An t-ábhar	An focal (Na focail) a scriosadh	Na focail a chuirtear isteach
(1)	(2)	(3)	(4)
12(3)(a)	Cumhacht chun monarú, etc. arm ionsaitheach a thoirmeasc	£1,000	€5,000
12(3)(b)		cúig bliana	7 mbliana
<i>Leasú ar Acht na nArm Tine (Deimhnithe Airm Tine do Neamhchónaitheoirí) 2000</i>			
3(4)(a)	Toirmeasc ar fhaisnéis bhréagach agus ar dheimhnithe airm tine a athrú	£1,000	€2,500
3(4)(b)		£10,000	€20,000

Alt 69.

SCEIDEAL 2

MÉADÚ AR PHIONÓIS ÁIRITHE FAOIN *Explosives Act 1875*

An t-alt den Acht	An t-ábhar	Na focail a scriosadh	Na focail a chuirtear isteach
(1)	(2)	(3)	(4)
4	Pléascaigh a dhéanamh in áit neamhúdaráithe	to a penalty not exceeding one hundred pounds a day for every day during which he so manufactures	, on summary conviction, to a fine not exceeding €5,000 or, on conviction on indictment, to a fine not exceeding €10,000
5	Pléascaigh a choimeád	to a penalty not exceeding two shillings for every pound of gunpowder so kept	, on summary conviction, to a fine not exceeding €5,000 or, on conviction on indictment, to a fine not exceeding €10,000
9	Monarchana pléascach agus armlanna a rialú	to a penalty not exceeding in the case of the first offence fifty pounds, and in the case of a second or any subsequent offence one hundred pounds, and in addition fifty pounds for every day during which such breach continues	, on summary conviction, to a fine not exceeding €5,000 or, on conviction on indictment, to a fine not exceeding €10,000

An t-alt den Acht (1)	An t-ábhar (2)	Na focail a scriosadh (3)	Na focail a chuirtear isteach (4)
10	Rialacha ginearálta maidir le monarchana agus armlanna	to a penalty not exceeding ten pounds, and in addition (in the case of a second offence) ten pounds for every day during which such breach continues	, on summary conviction, to a fine not exceeding €5,000 or, on conviction on indictment, to a fine not exceeding €10,000
11	Rialacha speisialta chun fir oibre i monarchana agus in armlanna a rialáil	forty shillings	€100
13	Ceadúnas a chineachadh agus a chinneadh	twenty shillings	€50
17	Rialacha ginearálta maidir le stórais	to a penalty not exceeding ten pounds, and in addition (in the case of a second offence) ten pounds for every day during which such breach continues	, on summary conviction, to a fine not exceeding €5,000 or, on conviction on indictment, to a fine not exceeding €10,000
19	Rialacha speisialta chun fir oibre i stórais a rialáil	forty shillings	€100
22	Rialacha ginearálta maidir le háitreabh cláraithe	to a penalty not exceeding two shillings for every pound of gunpowder in respect of which, or being on the premises in which, the offence was committed	, on summary conviction, to a fine not exceeding €5,000 or, on conviction on indictment, to a fine not exceeding €10,000
30	Srian ar dhíol pléascach ar mhórbhóithre, etc.	to a penalty not exceeding forty shillings	, on summary conviction, to a fine not exceeding €2,500 or, on conviction on indictment, to a fine not exceeding €5,000
31	Pléascaigh a dhíol le leanaí	thirteen years to a penalty not exceeding five pounds	18 years , on summary conviction, to a fine not exceeding €2,500 or, on conviction on indictment, to a fine not exceeding €5,000

An t-alt den Acht (1)	An t-ábhar (2)	Na focail a scriosadh (3)	Na focail a chuirtear isteach (4)
32	Pléascaigh atá le díol i bpacáistí dúnta lipéadaithe	to a penalty not exceeding forty shillings	, on summary conviction, to a fine not exceeding €2,500 or, on conviction on indictment, to a fine not exceeding €5,000
33	Rialacha ginearálta maidir le pléascaigh a phacáil lena n-iompar	to a penalty not exceeding twenty pounds	on summary conviction, to a fine not exceeding €2,500 or, on conviction on indictment, to a fine not exceeding €5,000
34	Fodhlíthe údaráis cuain	pecuniary penalties not exceeding twenty pounds for each offence, and ten pounds for each day during which the offence continues	on summary conviction, a fine not exceeding €5,000 or, on conviction on indictment, a fine not exceeding €10,000
35	Fodhlíthe cuideachta iarnróid agus canála	pecuniary penalties not exceeding twenty pounds of each offence, and ten pounds for each day during which the offence continues	on summary conviction, a fine not exceeding €5,000 or, on conviction on indictment, a fine not exceeding €10,000
36	Fodhlíthe maidir le calaí ina ndéantar pléascaigh a lódáil nó a dhílódáil	pecuniary penalties not exceeding twenty pounds for each offence, and ten pounds for each day during which the offence continues	on summary conviction, a fine not exceeding €5,000 or, on conviction on indictment, a fine not exceeding €10,000
37	Fodhlíthe maidir le hiompar de bhóthar nó ar shlí eile	pecuniary penalties not exceeding twenty pounds for each offence, and ten pounds for each day during which the breach continues	on summary conviction, a fine not exceeding €5,000 or, on conviction on indictment, a fine not exceeding €10,000
40	Feidhm Chuid I maidir le pléascaigh seachas púdar gunna	to a penalty not exceeding one hundred pounds, and to a further penalty not exceeding two shillings for every pound of such explosive	on summary conviction, to a fine not exceeding €5,000 or, on conviction on indictment, to a fine not exceeding €10,000

An t-alt den Acht (1)	An t-ábhar (2)	Na focail a scriosadh (3)	Na focail a chuirtear isteach (4)
43	Monarú etc. pléascach a bhfuil contúirt ar leith ag baint leo	to a penalty not exceeding ten shillings for every pound of such explosive brought in the ship to a penalty not exceeding ten shillings for every pound of such explosive delivered or sold or found in his possession	on summary conviction, to a fine not exceeding €5,000 or, on conviction on indictment, to a fine not exceeding €10,000 , on summary conviction, to a fine not exceeding €5,000 or, on conviction on indictment, to a fine not exceeding €10,000
55	Cumhachtaí cigirí de chuid an Rialtais	liable to a penalty not exceeding one hundred pounds for each offence	guilty of an offence and liable, on summary conviction, to a fine not exceeding €1,000
56	Fógra chun cleachtais chontúirteacha, etc. a leigheas	to a penalty not exceeding twenty pounds for every day during which he so fails to comply	, on summary conviction, to a fine not exceeding €1,000
63	Fógra i dtaobh tionóiscí	to a penalty not exceeding twenty pounds	, on summary conviction, to a fine not exceeding €5,000 or, on conviction on indictment, to a fine not exceeding €10,000
66	Fiosrúchán faoi tionóiscí	shall for every such offence incur a penalty not exceeding ten pounds and in the case of a failure to comply with a requisition for making any return or producing any document, not exceeding ten pounds during every day that such failure continues	is guilty of an offence and liable on summary conviction, to a fine not exceeding €5,000 or, on conviction on indictment, to a fine not exceeding €10,000
69	Dualgas agus cumhacht údaráis áitiúil	to a penalty not exceeding twenty pounds	, on summary conviction, to a fine not exceeding €1,000
73	Pléascaigh a chuardach	to a penalty not exceeding fifty pounds	, on summary conviction, to a fine not exceeding €1,000
74	Pléascaigh a urghabháil agus a choinneáil	to a penalty not exceeding fifty pounds	, on summary conviction, to a fine not exceeding €5,000 or, on conviction on indictment, to a fine not exceeding €10,000

An t-alt den Acht (1)	An t-ábhar (2)	Na focail a scriosadh (3)	Na focail a chuirtear isteach (4)
77	Pionós ar fhoghlaithe agus foghlaithe a dhíchur	to a penalty not exceeding five pounds to a penalty not exceeding fifty pounds	, on summary conviction, to a fine not exceeding €3,000 or, on conviction on indictment, to a fine not exceeding €5,000 , on summary conviction, to a fine not exceeding €5,000 or, on conviction on indictment, to a fine not exceeding €10,000
79	Príosúnacht mar gheall ar ghníomh toiliúil nó faillí a chuireann beatha nó corp duine i mbaol	of the case, to imprisonment, with or without hard labour, for a period not exceeding six months	of the case— (b) on conviction on indictment, to imprisonment for a term not exceeding 5 years or both the pecuniary penalty and such imprisonment
81	Doiciméid a bhrionnú agus a fhalsú	to imprisonment, with or without hard labour, for a term not exceeding two years	on summary conviction, to a fine not exceeding €5,000 or imprisonment for a term not exceeding 12 months or both or, on conviction on indictment, to a fine not exceeding €10,000 or imprisonment for a term not exceeding five years or both
82	Fógraí a aghlot	two pounds	€100

Alt 101.

SCEIDEAL 3

CIONTA CHUN CRÍOCHA ORDUITHE SRIANTA GLUAISEACHTA

1. An tAcht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 1994

alt 6 (iompraíocht bhagrach, mhaslach nó tharcaisneach in áit phoiblí)

alt 8 (mainneachtain ordachán ó chomhalta den Gharda Síochána a chomhlíonadh)

alt 11 (dul isteach i bhfoirgneamh, etc., le hintinn cion a dhéanamh)

alt 13 (foghail ar fhoirgneamh, etc.)

alt 16 (gráscar)

alt 19 (ionsaí nó bac ar oifigeach síochána)

1. An tAcht um Chionta Neamh-Mharfacha in Aghaidh an Duine 1997

alt 2 (ionsaí)

alt 3 (ionsaí is cúis le díobháil a dhéanamh.)

alt 9 (comhéigean)

alt 10 (ciapadh)

SCEIDEAL 4

Alt 158.

MIONLEASUITHE AGUS LEASUITHE IARMHARTACHA AR ACHT NA LEANAÍ 2001

Leasú Uimh.	An t-alt den Acht	An Leasú
1.	4, 5(2), 6	“, an tAire Oideachais agus Eolaíochta” a scriosadh.
2.	22, 24(2), 25, 26(1) agus (2), 28(2)(a), 30(3)(a), 32, 38(f), 39(3)(i)	“nó frithshóisialta” a chur isteach i ndiaidh “coiriúil” in ailt 22, 24(2), 25, 26(1) agus (2), agus in alt 39 (3) (i) agus “nó fhrithshóisialta” a chur isteach i ndiaidh “choiriúil” in ailt 28(2)(a), 30(3)(a), 32 agus 38(f).
3.	28(2)(c)	“nó go mbeidh sé nó sí ag gabháil d’iompar frithshóisialta eile” a chur isteach i ndiaidh “cionta eile”.
4.	31(2)(b), 39(3)(h)	“nó ar iompar coiriúil nó frithshóisialta breise ag an leanbh” a chur isteach i ndiaidh “cionta breise a dhéanamh”.
5.	54	An t-alt a scriosadh.
6.	71(1)(a)	“i gCodanna 8 agus 12A” a chur in ionad “i gCuid 8”.
7.	95	An míniú ar “ionad coinneála leanaí” a scriosadh.
8.	98(h)	“nó in ionad coinneála leanaí” a scriosadh.
9.	103(1)	Mír (c) a scriosadh.
10.	103(1)(e)	“nó in ionad coinneála leanaí” agus “nó don duine de thuras na huaire i bhfeighil an ionaid, de réir mar is iomchuí” a scriosadh.
11.	142	“nó in ionad coinneála leanaí” a scriosadh.
12.	143	“, i gcás linbh faoi 16 bliana déag d’aois,” a scriosadh.
13.	145	“faoi 16 bliana déag d’aois” a scriosadh.
14.	147	An t-alt a scriosadh.
15.	150	An t-alt a scriosadh.

Leasú Uimh.	An t-alt den Acht	An Leasú
16.	151(1)	“atá idir 16 bliana déag agus 18 mbliana déag d’aois” a scriosadh.
17.	151(2) agus 151(3)	“i scoil choinneála leanaí” a chur in ionad “in ionad coinneála leanaí”.
18.	152	An t-alt a scriosadh.
19.	153	An t-alt a scriosadh.
20.	154	“, in aon ionad coinneála leanaí a ainmneofar faoi alt 150 d’Acht na Leanáí, 2001,” a scriosadh.
21.	158	“cláir agus saoráidí oideachais agus oiliúna iomchuí agus cláir agus saoráidí eile” a chur in ionad “cláir agus saoráidí oideachais agus oiliúna iomchuí”.
22.	167(4)(c)	“don Aire Oideachais agus Eolaíochta” a chur in ionad “don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí”
23.	179	“le toiliú an Aire” a chur isteach i ndiaidh “aon tráth,”.
24.	187	An t-alt a scriosadh.
25.	188	An t-alt a scriosadh.
26.	189	An t-alt a scriosadh.
27.	203(3)	“an tAire agus” a chur isteach roimh “bord bainistíochta” agus “beartais” a chur in ionad “bheartas an bhoird”.
28.	204(9)	“an tAire agus” a chur isteach roimh “an bord bainistíochta” agus “an bhoird” a scriosadh.
29.	214	Fo-alt (2) a scriosadh.
30.	225(2)	“an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí” a chur in ionad “an Aire Oideachais agus Eolaíochta”.
31.	263	“(a) le linn a bheith faoi bhealach go cúirt ó ionad athchuir nó ó scoil choinneála leanaí,” a chur in ionad mhír (a). “(c) le linn a bheith ag feitheamh lena aistriú nó lena haistriú de bhun an Achta seo chuig ionad athchuir nó chuig scoil choinneála leanaí.” a chur in ionad mhír (c).
32.	265	“nó chun áite coinneála a ainmneofar faoi alt 150” a scriosadh.